



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann

2018 - 2021

Uillmhaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil  
[tithiocht.gov.ie](http://tithiocht.gov.ie)





Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland

# Plean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann

2018 - 2021





# UISCE

**riachtanach** don bheatha  
**ríthábhachtach** dár dtimpeallacht  
**lárnach** do phobail  
**criticiúil** dár ngeilleagar



## Brollach

Baineann tábhacht bhunúsach leis an uisce dár saol agus don timpeallacht nádúrtha. Go díreach nó go hindíreach, téann sé i gcion ar gach gné den saol. Tá dea-cháilíocht uisce ríthábhachtach dár bhfolláine, mar dhaoine aonair, mar shochaí, agus mar gheilleagar agus mar thír. Dá bhrí sin, trínár gcáillíocht uisce a chosaint tá acmhainn á cosaint againn atá ríthábhachtach d'Éirinn mar a thuigimid í. Soláthraíonn ár ndobarlaigh uisce óil dúinn, ach is foinsí taitneamhachta iad chomh maith dár ndaoine agus do na cuairteoirí chuig ár dtír araon. Cuireann maoirseacht chúramach ar ár dtimpeallacht uisce taca faoinár bhfolláine agus faoinár ngeilleagar. Tá dea-cháilíocht uisce ina príomhspreagadh de ghníomhaíoch eacnamaíoch amhail agraibhia, cógaíocht agus turasóireacht a bhraitheann ar sholáthar uisce óil sábhlíte agus slán. Ar leibhéal níos bunúsaí fiú, is acmhainn nádúrtha iad ár ndobharlaigh a tugadh ar aghaidh chugainn ó ghlúin go glúin. Táimid faoinár gcomaoín féin agus na nglúnta amach romhainn ár n-acmhainní uisce a chosaint.

Le deich mbliana anuas, tá ár gcáillíocht uisce ina stad. Agus muid ag breathnú ar aghaidh, tá éilimh atá ag méadú ar ár n-acmhainní uisce ó dhaonra agus ó gheilleagar atá ag fás le sárú againn. Tá sé riachtanach go ndéanfaimid bearta láidre lenár gcáillíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú; trí phleananna a dhéanamh agus trí na pleananna sin a chur chun feidhme. Tá an riachtanas sin á bplé againn. Cur chuige úr is ea an *Plean um Bainistíocht Abhantraí* seo maidir le cosaint, feabhas agus bainistíocht inbhuanaithe na timpeallachta uisce. Tá bonn fianaise againnanois atá i bhfad níos fearr chun tacú le forbairt beartas agus tionscnamh náisiúnta úr, agus chun imlonnú beart tacaíochta ar an leibhéal áitiúil a threorú ar bhealach níos éifeachtúla.

Fuaireamar i dteaghmáil le daoine trí chomhairliúchán fairsing ar na leibhéal beartais náisiúnta agus pobail áitiúil. Leis an aiseolas láidir a fuarthas múnláiodh na beartais sa Phlean seo go díreach. D'fhoghlaímíomar ó thaithí ón

gcéad timthriall den phleanáil um bainistíocht abhantraí agus bhreathnaíomar go cúramach ar seachadadh beart ar an talamh níos fearr a chinntí. Le struchtúir úra rialachais agus cur chun feidhme spreagfar seachadadh comhordaithe agus tabharfar guth agus tionchar do dhaoine agus do ghrúpaí ionadaíocha maidir le forbairt agus seachadadh beartas.



Le cur chun feidhme éifeachtach, tá síul againn go bhfeicfimid an tsraith uaillmhianach beart sa phlean aistrithe go feabhsuite inlámhsithe sa cháillíocht uisce in os cionn 700 dobharlach. Leis an infheistíocht de €1.7 billiún i mbonneagar fuíolluisce thar thréimhse an Phlean seo go dtí 2021 tionscnófar tionscadal i dtuairim is 250 limistéaruir beach. Thar an tréimhse chéanna, déanfaidh bearta cinntitheacha i dtreo úsáid inbhuanaithe agus éifeachtach uisce, ag laghdú a ligin ónár líonra uisce faoi 61 billiún lítear in aghaidh na bliana. Cuircimid feabhas ar mheasúnú na rioscaí ar an gcáillíocht uisce inár bpróisis phleanála, agus déanfaimid méadú suntasach ar líonta na ndaoine ar an talún, ag déanamh anailíse ar an gcáillíocht uisce ar leibhéal dotharcheantair uisce agus ag obair le daoine le dul i ngleic le dúshláin.

Bainfear leis sa *Phlean um Bainistíocht Abhantraí* seo as na boinn agus as an móiminteam le haghaidh sheachadadh fadtéarmach an fheabhsair ar an gcáillíocht an uisce. Is iad na struchtúir fheabhsaithe cur chun feidhme agus rannpháirtíocha a bhí ina dtreoir le cruthú an Phlean na boinn le haghaidh aire níos fearr a thabhairt dár dtimpeallacht uisce don todhchaí.

Eoghan Murphy, T.D.

**An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil**



# Clár na nÁbhar

## Brollach

<b>Achoimre Feidhmiúcháin: An Dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí, 2018-2021</b>	<b>i</b>
Réamhrá agus Cúlra	iii
Stádas Cháilíocht an Uisce agus Tréithriú Dobharcheantair	iii
Brúnna Suntasacha ar Dhobharlaigh atá “i mBaoi”	iv
Cuspóirí agus Tosaíochtaí Comhshaoil	v
Clár na mBeart – Achoimre ar na Príomhbhearta	v
An Straitéis Cur Chun Feidhme	vii
Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí agus an Phobail	vii
Torthaí a bhFuitear ag Súil Leo	ix
<b>Cuid 1: Intreoir agus Buneolas</b>	<b>1</b>
1.1 An Dara Timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí i gComhthéacs	2
1.2 Ceantar Abhantraí na hÉireann	3
<b>Cuid 2: An Plean Bainistíochta Abhantraí a Fhorbairt</b>	<b>6</b>
2.1 An Cur Chuige i leith Fhorbairt an Phlean	7
2.2 Struchtúir Thacaíochta maidir le Forbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí	7
2.2.1 An Coiste Comhairleach Polasaí Uisce	7
2.2.2 Grúpa Stiúrtha an Chlár Beart	8
2.3 Naisc le Polasaithe agus le Pleananna Eile Rialtais	8
2.4 Próisis Chomhairliúcháin Phoiblí	8
2.4.1 Comhairliúchán faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce	9
2.4.2 Comhairliúchán Poiblí Díreach faoin bPlean Dréachta Bainistíochta Abhantraí	9
2.4.3 Comhairliúchán Poiblí Áitiúil tríd an Oifig Uiscí Údarás Áitiúil agus Pobal	10
2.5 Tionchar na gComhairliúchán ar an bPlean	11
2.6 Measúnú Comhshaoil agus an Plean	15
2.6.1 Measúnú Straitéiseach Comhshaoil	15
2.6.2 Measúnú Oiriúnachta	15
2.6.3 Comhtháthú na gCeisteanna Comhshaoil sa Phlean Bainistíochta Abhantraí	16
2.7 Conclúid	17

<b>Cuid 3: Athbhreithniú ar an gCéad Timthriall – Bearta Curtha i bhFeidhm agus Torthaí</b>	<b>18</b>
3.1 Na Príomhbhearta Curtha i bhFeidhm chun Tacú le Gnóthú na gCuspóirí Comhshaoil sa Chéad Timthriall de na Pleananna Bainistíochta Abhantraí	18
3.1.1 An Creat Dlí le haghaidh Chur i bhFeidhm na Creat-Treorach Uisce agus na nGníomhartha Gaolmhara	18
3.1.2 An Creat Dlí le haghaidh Chur i bhFeidhm na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh agus na Gníomhartha Gaolmhara	19
3.1.3 LAn Creat Dlí le haghaidh Chur i bhFeidhm na Treorach um Níotráití agus na nGníomhartha Gaolmhara	20
3.2 Bearta Eile maidir le Gnóthú na gCuspóirí Comhshaoil	22
<b>Cuid 4: Staid Reatha an Chomhshaol Uisce</b>	<b>25</b>
4.1 Measúnú ar an Riocht ina bhfuil Uiscí na hÉireann	25
4.2 Stádas Éiceolaíochta Uiscí agus Athruithe sa Chéad Timthriall	26
4.3 Dobharlaigh Atá Modhnaithe Go Mór agus Dobharlaigh Shaorga	28
4.4 Uiscí Atá Feabhsaithe nó Imithe chun Donais	28
4.5 An Meath Leanúnach Fadtéarmach i nDobharcheantair Abhann Ardstádais	30
4.6 Stádas Ceimiceach Uiscí Dromchla	31
4.7 Riocht na Limistéar faoi Chosaint Atá Spleách ar Uisce	32
4.7.1 Uiscí Snámha	32
4.7.2 Ceantair Atá Íogair ó Thaobh Cothaitheach de	33
4.7.3 Ceantair Uisce Óil faoi Chosaint	33
4.7.4 Uiscí Sliogiasc	34
4.7.5 Gnáthóga agus Speicis faoi Chosaint atá Spleách ar Uisce	35
<b>Cuid 5: Tréithriú Dobharcheantar agus Brúnna Timpeallachta ar an gComhshaol Uisce</b>	<b>37</b>
5.1 Rioscaí i dtaca le Dobharlaigh	37
5.2 Forbhreathnú Náisiúnta ar Mheasúnú Riosca	38
5.2.1 Dobharlaigh a mBaineann Cuspóir Ardstádais leo	38
5.2.2 Gnáthóga agus Speicis Atá Spleách ar Uisce i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta	39
5.2.3 Measúnú Riosca ar Uiscí nach bhfuil sa Chlár Náisiúnta MonatÓireachta	39
5.3 Measúnú ar Bhrúnna Suntasacha Comhshaoil	40
5.3.1 Forbhreathnú ar na Measúnuithe	40
5.3.2 Brúnna Suntasacha	42
5.3.3 Dobharlaigh Ardstádas Éiceolaíochta: Brúnna Suntasacha	46
5.3.4 Limistéir faoi Chosaint Atá Spleách ar Uisce i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta: Brúnna Suntasacha	47

<b>Cuid 6:</b>	<b>Cuspóirí Comhshaoil na Creat-treorach Uisce</b>	<b>49</b>
6.1	Cuspóirí Comhshaoil ata Leagtha Amach sa Chreat-treoir Uisce	49
6.2	Beartú Tosaíochta maidir le Pleananna Bainistíochta Abhantrach an Dara Timthrialla	49
6.3	Próiseas agus Tortháí an Bheartaithe Tosaíochta	50
6.4	Dobharlaigh Lasmuigh de na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta	51
<b>Cuid 7:</b>	<b>Bearta chun Ár nDobharlaigh a Chosaint agus a Fheabhsú</b>	<b>53</b>
7.1	Aghaidh a thabhairt ar Bhrúnna ó Thruailliú Idirleata agus Poncfoinse Tuaithe	54
7.1.1	Cóireáil Dramhuisce Tí	54
7.1.2	Córais Chóireála Dramhaíola Tí - Príomhghníomhartha don 2ú Timthriall	55
7.1.3	Aghaidh a thabhairt ar Bhrúnna ó Thruailliú Idirleata agus Poncfoinse Talmhaíochta	55
7.1.4	Bearta Ardleibhéil chun aghaidh a thabhairt ar Bhrúnna ó Thruailliú Idirleata agus Poncfoinse Tuaithe	56
7.1.5	Bearta Tacaíochta maidir le Truailliú Idirleata agus Poncfoinse Talmhaíochta	57
7.1.6	Truailliú Idirleata agus Truailliú Poncfoinse Talmhaíochta – Príomhghníomhartha don 2ú Timthriall	63
7.2	Dul i ngleic le Brúnna ó Dhramhuisce Uirbeach	65
7.2.1	Gníomhartha Ardleibhéil chun Déileáil le Brúnna ó Dhramhuisce Uirbeach	65
7.2.2	Bearta Tacaíochta maidir le Dramhuisce Uirbeach	69
7.2.3	Dramhuisce Uirbigh agus Rith chun Srutha ó Cheantair Uirbeacha – Príomhghníomhartha don 2ú Timthriall	70
7.3	Dul i ngleic le Brúnna ó Fhoraoiseacht	71
7.3.1	Clár Beart chun Aghaidh a Thabhairt ar Bhrúnna ó Fhoraoiseacht	71
7.3.2	Bearta lena Chur i bhFeidhm	74
7.3.3	Príomhghníomhartha don 2ú Timthriall	75
7.4	Dul i ngleic le Brúnna ó Bhaint Móna ó Thailte Móna	76
7.4.1	Clár Bearta chun Aghaidh a Thabhairt ar Bhrúnna ó Bhaint Móna	76
7.4.2	Tailte Móna – Príomhghníomhartha don 2ú Timthriall	79
7.5	Dobharlaigh a Chosaint ó Speicis Choimhthíocha Ionracha	80
7.5.1	Clár Beart chun Dul i nGleic le Speicis Choimhthíocha Ionracha Bruachánacha agus Uisceacha a bhfuil An-Tionchar Acu ar Uiscí Dromchla	81
7.5.2	Speicis Choimhthíocha Ionracha – Príomhghníomhartha don 2ú Timthriall	83
7.6	Bearta chun Riocht Fisiciúil na Timpeallachta Uisce a Chosaint agus a Fheabhsú	84
7.6.1	Clár Bearta chun Riocht Fisiciúil na Timpeallachta Uisce a Fheabhsú	84
7.6.2	Riocht Fisiciúil na Timpeallachta Uisce a Fheabhsú agus a Chosaint – Príomhghníomhaíochtaí don 2ú Timthriall	89

7.7	Dul i nGleic le Brúnna Astarraingthe	90
7.7.1	Measúnú Riosca um Tharraingtí agus Tréithriú Abhantrach	90
7.7.2	Clár Beart chun Dul i nGleic le Brúnna ó Tharraingtí	90
7.7.3	Ag Dul i nGleic le Brúnna Tarraingtí Uisce – Príomhgníomhaíochtaí don 2ú Timthriall	93
7.8	Forléargas ar Bhearta chun dul i ngleic le brúnna eile	94
7.8.1	Uisce agus Pleanáil Talamhúsáide	94
7.8.2	Measúnú agus Bainistíocht ar Rioscaí Tuile	96
7.8.3	Oiriúnú don Athrú Aeráide	98
7.8.4	Sraítéis Náisiúnta um Luaidhe d'Uisce Óil	99
7.8.5	Ceimiceáin Ghuaiseacha sa Timpeallacht Uisceach	100
7.8.6	Bearta le dul i ngleic le brúnna eile – Príomhgníomhaíochtaí don 2ú Timthriall	102
<b>Cuid 8:</b>	<b>Bearta le haghaidh Limistéar faoi Chosaint agus Uiscí Ard-Stádais</b>	<b>104</b>
8.1	Na Ceanglais um Limistéir Uisce Óil faoi Chosaint a Bhaint Amach	104
8.1.1	Soláthairtí Uisce Phoiblí	104
8.1.2	Grúpscéimeanna Soláthairtí Uisce Príobháideacha	107
8.2	Coinníollacha Uisce a Thacaíonn le Láithreáin Natura 2000	108
8.2.1	Gníomhaíochtaí atá Beartaithe maidir le Limistéir Ainmnithe Diúilicíní Péarla Fionnusise	108
8.3	Sraítéis agus Gníomhaíochtaí chun ár nUiscí Ard-Stádais a Chosaint	109
8.3.1	Cuspóirí Ard-stádais	109
8.3.2	Bearta chun Uiscí Ard-stádais a Chosaint agus a Fheabhsú	110
8.4	Aibhneacha agus Lochanna Ard-stádais – Príomhgníomhaíochtaí don 2ú Timthriall	113
<b>Cuid 9:</b>	<b>Anailís Eacnamaíoch d'Úsáid Uisce</b>	<b>114</b>
9.1	Intreoir	114
9.2	Struchtúr Sholáthar Seirbhísí Uisce agus Uisce Dhramhaíola in Éirinn	114
9.3	Éileamh Measta ar Uisce in Éirinn	115
9.4	Ag Úsáid Sonraí Éilimh Uisce chun Bonn Eolais a Thabhairt do Pholasaí na Seirbhísí Uisce	116
9.5	Pleanáil Chun Cinn do na Seirbhísí Poiblí Uisce	117
9.6	Soláthar na Seirbhísí Uisce in Éirinn a Mhaoliniú	118
9.6.1	Costais Réamh-mheasta agus Rialú Eacnamaíoch na Seirbhísí Poiblí Uisce	118
9.6.2	Maoiniú Todhchaí na Seirbhísí Uisce agus Aisghabháil Chostas	119
9.7	Úsáid Uisce atá Éifeachtach agus Inbhuanaithe a Chothú	121

9.8	Éifeachtach Níos Leithne na mBeart ó thaobh Costas de	122
9.9	Anailís Eacnamaíoch agus Úsáid Inbhuanaithe Uisce – Príomhbhearta don 2ú Timthriall	123
<b>Cuid 10:</b>	<b>An Straitéis Chur i bhFeidhm</b>	<b>124</b>
10.1	An Straitéis Ardleibhéal Chur i bhFeidhm	124
10.2	Struchtúir Chur i bhFeidhm	126
10.3	Sreabhchairt Tháscach do Chur i bhFeidhm Bheart Áitiúil agus Réigiúnach	132
10.4	Monatóireacht agus Meastóireacht	134
10.5	Comhordú i gCeantair Idirnáisiúnta Abhantraí	134
<b>Cuid 11:</b>	<b>Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Phoiblí &amp; Pháirtithe Leasmhara</b>	<b>137</b>
11.1	An Fóram Uisce	138
11.2	Oifig Uiscí agus Phobail na nÚdarás Áitiúil	138
11.3	Ciste Forbartha Uisce an Phobail	139
11.4	Roinnt Eolais agus Lónrú	140
11.5	Cumarsáid agus Rannpháirtíocht an Phobail & na bPáirtithe Leasmhara – Príomhghníomhartha don 2ú Timthriall	141
<b>Cuid 12:</b>	<b>Monatóireacht ar Chaighdeán an Uisce</b>	<b>143</b>
<b>Cuid 13:</b>	<b>ETorthaí Ionchais Phlean Bainistíochta Abhantraí an Dara Timthriall</b>	<b>145</b>
13.1	Príomhfhereagraí Polasaí agus a dToradh Ionchais	147
13.2	Torthaí Ionchais Timpeallachta	148
13.3	Achoimre na dTorthaí Ionchais	150

### Buíochas

Íomháanna le Ruairí Ó Conchúir, An Oifig Uiscí Údaráis Áitiúil agus Pobal (OUÚÁP), ar Ich 5 (Abhainn an Chnoic, Uachtar Ard, Contae na Gailimhe); Ich 28 (An Mhaolchearn, Contae Luimnigh); Ich 31 (Abhainn Chárthaí, Contae Chiarraí); Ich 34 (Dúloch, Contae Mhaigh Eo); Ich 42 (An Abhainn Mharbh, Contae Luimnigh); Ich 46 (Mullaghmore, Páirc Náisiúnta Bhoirne, Contae an Chláir); Ich 103 (Clare Glens, Contae Thiobraid Árann); Ich 128; Ich 144 (Loch Liceen, Contae an Chláir).

Íomhá le Jimmy McVeigh, (OUÚÁP), ar Ich 27 (dobharcheantar an Lónáin), Ich 115 (Loch Meilbhe).

Íomhá le Fran Igoe, (OUÚÁP), ar Ich 33.

Íomhá le Ciarán Murphy, (OUÚÁP), ar Ich 96 (Abhainn na Bandan, Contae Chorcaí).

Íomhá le Alan Walsh, (OUÚÁP), ar Ich 134.

Íomhá ar Ich 74 (Portach na Naomh), le caoinchead na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Buíochas le gach aon duine acu.

## Ceantar Abhantraí na hÉireann

**70,273km<sup>2</sup>** Achar iomlán

**46** Limistéar Abhantraí → **4,829** dotharlach



Aibhneacha

Comhlíonadh le caighdeán AE (2015)

**57%**




Lochanna

**46%**



Uiscí Cósta

**79%**



Dobharlaigh  
screamhuisce

**91%**

## Limistéir faoi Chosaint

Comhlíonadh le caighdeán AE (2015)



**140**

Uiscí snámha ainmnithe

**93%**



**64**

Uiscí sliogéisc

**75%**



**358**

Limistéir faoi Chaomhnú  
Speisialta (SACanna)  
ag brath ar uisce)

**60%**

## Achoimre Feidhmiúcháin: An Dréacht-Phlean Bainistíochta Abhantraí, 2018–2021

Tá dea-cháilíocht uisce ríthábhachtach maidir le folláine ár sochaí, ár ngeilleagair agus ár gcomhshaoil. Is ónár n-aibhneacha agus ónár lochanna a thagann ár n-uisce óil, ar ndóigh. Ní hé amháin go bhfuil na haibhneacha agus na lochanna sin ina gcuid riachtanach dár dtimpeallacht nádúrtha, ach tá siad ina sócmhainn luachmhar náisiúnta a mbaineann pobail agus turasóirí taitneamh aisti freisin. Mar sin, má chosnaímid cálíocht ár n-uisce, cabhróimid leis an tsláinte phoiblí a chosaint freisin. Má chuirimid feabhas ar ár dtimpeallacht uisceach, cabhróimid le poist a choinneáil ar bun in earnálacha atá dian ar uisce, amhail na hearnálacha agraibhia agus turasóireachta, ina bhfuil níos mó ná 400,000 post faoi láthair. Má chaomhnáímid na huiscí sin, caomhnóimid ár n-oidhreacht nádúrtha do ghlúine amach anseo.

Leagtar amach sa dara *Plean Bainistíochta Abhantraí* seo an cur chuige nua a ghlaicfaidh Éire i leith a haibhneacha, a lochanna, a hinbhír agus a huiscí cósta a chosaint thar an gcéad cheithre bliana eile. Agus leas á bhaint aige as na ceachtanna a foghlaimíodh ón gcéad *Phlean Bainistíochta Abhantraí*, chuir an Rialtas an Plean seo le chéile ar an mbonn gur Ceantar Abhantraí *aonair* í Éire. Úsáidtear sa Phlean nua bonn fianaise feabhsaithe chun bonn eolais a chur faoi chinnteoireacht ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal áitiúil araon. Rud eile atá taobh thiar de is ea an cur chuige níos láidre agus níos comhtháite a glacadh i leith comhairliúchán poiblí agus rannpháirtíocht phoiblí. Tá tionscnaimh agus beartais nua á dtabhairt isteach ag an Rialtas chun dul i ngleic le cuid mhór de na dúshláin atá romhainn ó thaobh cháilíocht an uisce de. Sa Phlean nua, cuirtear leis na bearta a cuireadh chun feidhme le linn shaolré an chéad phlean agus féachtar le bearta tacaíochta a chur chun feidhme de réir tosaíochta nuair is gá freisin.

Le cur i bhfeidhm éifeachtach an Phlean, is dóigh go dtiocfaidh feabhas ar cháilíocht an uisce i níos mó ná 700 dobarlach in Éirinn. Le hathruithe ar na cineálacha cur chuige talmhaíochta a ghlaictar agus le méadú ar an gcóireáil fuíolluisce uirbigh, ba cheart go dtiocfaidh maolú ar bhrúnna truaillithe freisin. Agus a bhúi leis na struchtúir nua, leis an gcur chuige fianaisebhunaithe nua agus le forbairt inníulachta agus saineolais, réiteofar an bealach le haghaidh dul i ngleic go comhsheasmhach leis an dúshlán fadtéarmach atá roimh chuid mhór geilleagar forbartha.

Dá bharr sin, leagtar an-bhéim sa Phlean ar na struchtúir chearta rialachais agus sholáthair a bhunú ionas gur féidir cur chuige éifeachtach

atá bunaithe ar dhobharcheantair a ghlacadh. Tá tosaíochtaí soiléire leagtha amach sa Phlean. Cinnteoidh sé sin go mbeidh gach geallsealbhóir ag obair le chéile ach leas a bhaint as thíriú láidir ar thortháidear facha a sholáthar. Coimeádann údarás náisiúnta an fhreagracht as cláir náisiúnta a chur chun feidhme. Is le struchtúir réigiúnacha a bhrúfar cur chun feidhme na mbeart tacaíochta tosaíochta chun cinn. Tá rannpháirtíocht fhiúntach geallsealbhóirí agus an phobail á treorú ag an bhFóram Uisce a bunaíodh le déanaí agus ag Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil. Éascaíonn an Fóram Uisce rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus an phobail sa bheartas uisce ar leibhéal náisiúnta. Brúnn Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil rannpháirtíocht agus rannpháirteachas geallsealbhóirí agus an phobail agus comhairliúchán leo chun cinn ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach. Tacaítear leis an rannpháirtíocht sin freisin trí na suíomhanna gréasáin [catchments.ie](http://catchments.ie) agus [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie) agus trí raon leathan gníomhaíochtaí eile arb é is aidhm dóibh rannpháirtíocht a éascú agus a spreagadh.

Áirítear iad seo a leanas leis na bearta is tábhactaí sa Phlean: thart ar €1.7 billiún a bheith á infheistiú ag Uisce Éireann i dtionscadail fuíolluisce, i gcláir fuíolluisce agus i gcothabháil sócmhainní fuíolluisce; 43 duine de mheasúnóirí imscrúdaitheacha údarás áitiúil a imscarádh, ar daoine iad a oibreoidh sna Limistéir Thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta; Clár comhoibríoch nua Tacaíochta Inbhuanaitheachta agus Comhairleach a thionscnamh idir an Rialtas agus an tionscal déiríochta, ar clár é a chuímseoidh 30 Comhairleoir Inbhuanaitheachta a chuirfidh an dea-chleachtas talmhaíochta chun cinn i 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta; rialuithe níos fearr a chur i bhfeidhm le haghaidh

astarraingtí uisce a bhainistiú; "Clár um Dhobharcheantair Phoinc Ghoirm" a fhorbairt agus a chur chun feidhme le haghaidh uiscí ardstádais a chosaint; Ciste Forbartha Uisce Pobail a chruthú chun tacú le tionscnaimh uisce pobail; agus cur chuige comhoibríoch a fhorbairt i leith foinsí uisce óil a chosaint.

Cuspóirí uaillmhianacha atá i gcuspóirí an Phlean, mar atá le feiceáil sa leibhéal tiomantais do na bearta reatha agus sa leibhéal infheistíocha iontu. Tá sé sin le feiceáil freisin san ionchas go gcuirfear bearta tacaíochta chun feidhme i dtuairim is 700 ceann de dhobharlaigh thosaíochta thar

an timthriall seo. Is é an toradh a bheidh ar an méid sin ar fad go mbainfear feabhsuithe stádais amach do thart ar 150 dobharlach. I dteannta struchtúir fheabhsaithe chur chun feidhme agus rannpháirtíocha, ba cheart go ndéanfaí dea-dhul chun cinn ar fheabhsuithe chálífacht an uisce agus ar inniúlacht, eolas agus saineolas a fhorbairt don saol atá romhainn.

Tugtar breac-chuntas san Achoimre Feidhmiúcháin seo ar na príomhghhnéithe de *Phlean Bainistíochta Abhantraí* an dara timthriall. Soláthraítear inti:

- Réamhrá agus cúlra achomair ar *Phlean Bainistíochta Abhantraí* an dara timthriall
- Sonraí faoi phríomhfhionnachtana na dtorthaí is déanaí maidir le cáilíocht an uisce agus torthaí an phróisis tréithrithe riosca i dtaca leis an sciar d'iomlán na ndobharlach ar aimsíodh go bhfuil baol ann nach gcomhlíonfaidh siad ceanglais na Creat-treorach Uisce
- Faisnéis achoimre faoi na brúnna suntasacha ar dhobharlaigh atá i mbaol
- Sonraí faoi chuspóirí comhshaoil na Creat-treorach Uisce agus tosaíochtaí an dara timthriall pleánála seo mar gheall ar mhéid an dúshláin atá ann
- Breac-chuntas ar na heochairbhearta reatha agus tacaíochta (Ó Chlár na mBeart iomlán uainn) atá dirithe ar ár gcuspóirí comhshaoil a chomhlíonadh
- Cur síos ar straitéis agus struchtúir chur chun feidhme an Phlean agus ar na bearta atá á ndéanamh againn chun cumarsáid agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus an phobail a fheabhsú
- Achoimre ar na torthaí a bhfuiltear ag súil leo, bunaithe ar ár mbearta beartaithe agus ár bpleannanna cur chun feidhme

## Réamhrá agus Cúlra

Tá achar 70,273 km<sup>2</sup> ann i gCeantar Abhantraí na hÉireann, áit a bhfuil 46 aonad bainistíochta dobharcheantair a chuimsíonn 583 fho-dhobharcheantar agus 4,832 dhobharlach. Maidir le limistéir faoi chosaint sa cheantar, is ann do 140 uisce snámha ainmnithe, 64 uisce sliogéisc, 47 limistéar atá íogair ó thaobh cothaitheach de agus 358 limistéar caomhantais speisialta ag a bhfuil spleáchas ar uisce. Tá na limistéir chaomhantais speisialta sin comhchruiinnithe feadh bhord farraige an iarthair. Tá forluí suntasach ann idir uisci ardstádais agus limistéir chaomhantais speisialta. Cónaíonn thart ar 4.76 milliún duine i gCeantar Abhantraí na hÉireann. Cónaíonn 33% den daonra i gcathracha, cónaíonn 29% i mbailte agus cónaíonn 38% i limistéir thuaithe. Léirítear na patrúin spásúla sin sa ghá atá ann le seirbhísí uisce agus fuíolluisce. Ar leibhéal náisiúnta, is dírithe go mór ar easpórtálacha atá an geilleagar. Mar sin féin, is iad tosca éagsúla a bhrúnn fás geilleagrach chun cinn sa Cheantar Abhantraí. Baineann tábhacht ar leith leis an earnáil talmhaíochta agus bia i limistéir thuaithe.

Tá sé mar aidhm le *Plean Bainistíochta Abhantraí* an dara timthriall forbairt a dhéanamh ar an dul chun cinn a rinneadh sa chéad timthriall. Ar na príomhbhearta a rinneadh sa chéad timthriall bhí scaoileadh fuíolluisce uirbigh a cheadúnú (agus infheistíocht ghaolmhar á déanamh i gcóireáil fuíolluisce uirbigh) agus cur chun feidhme an Chláir Ghníomhaíochta maidir le Níotrátí (na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta). A bhuí leis an gcéad bheart thusa, méadaíodh go mór leibhéal chomhlíonta agus tionchar an fhuíolluisce uirbigh ar cháilíocht an uisce. Soláthraítear leis an mbeart deireanach bonnlíne shuntasach chomhshaoil nach mór do gach feirmeoir Éireannach í a bhaint amach. Tá sé mar chúis le treochtaí feabhsaithe i leibhéal níotrátí agus fosfáití in albhneacha agus i screamhuisce freisin. Glactar leis, áfach, nach ndearnadh go leor dul chun cinn ar bhearta tacaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme le linn an chéad timthrialla.

Rud ba ghinearálta fós, d'eascair trí cheacht thábhachtacha as an gcéad timthriall agus as na próisis chomhairliúcháin phoiblí. Cuireadh na ceachtanna sin san áireamh agus Plean an dara timthriall á fhorbairt. Ar an gcéad dul síos, níor éirigh le struchtúr na gCeantar Abhantraí éagsúil na pleananna a fhorbairt go héifeachtúil ná a chur chun feidhme go héifeachtach. Ar an dara dul síos, b'amhlaidh nach raibh na struchtúir rialachais agus sholáthair a bhí i bhfeidhm don chéad timthriall

chomh héifeachtach agus a bhíothas ag súil leis. Ar an tríú dul síos, bhí na spriocanna a leagadh síos ró-uaillmhianach agus ní raibh siad bunaithe ar bhonn fianaise sách forbartha.

Ar aon dul leis na trí cheacht thábhachtacha sin, bhaineamar úsáid as trí threoirphrionsabal agus an leagan deiridh den Phlean Forbartha Abhantraí seo á chur le chéile againn. Ar an gcéad dul síos, chun an Plean seo a fhorbairt agus a chur chun feidhme, teastaíonn struchtúir éifeachtacha agus éifeachtúla ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil. Teastaíonn comhtháthú cuimsitheach na struchtúr sin freisin chun a chinntí go mbeidh comhordú éifeachtach ann idir an tuiscint eolaíoch ar na fadhbanna atá le réiteach, forbairt bearais agus soláthar sa phobal. Ar an dara dul síos, ní mór na spriocanna atá leagtha síos sa Phlean a bheith bunaithe ar fhianaise fhóntha agus ní mór iad a bheith uaillmhianach agus indéanta ag an am céanna. Ar an tríú dul síos, ní mór dúinn leanúint dá chinntí go mbeidh bearta éifeachtacha náisiúnta i bhfeidhm chun dul i ngleic le brúnna ar fud an Cheantair Abhantraí ar fad. I gcás nach leor bearta leathana den sórt sin, ní mór soláthar na mbeartatacáiocha a chur in ord tosaíochta agus a chinntí go ndéanfar cur chun feidhme ar “na bearta cearta san áit cheart”.

## Stádas Cháilíocht an Uisce agus Tréithriú Dobharcheantair

Léirítear san fhaisnéis faoi stádas dobharlaigh don tréimhse 2013-15 gur bhain 57% de dhobharlaigh abhann, 46% de lochanna, 31% d'uiscí idirchriosacha agus 79% d'uiscí cósta deastádas nó ardstádas amach. I gcás screamhuisce, tá dea-stádas ag 91% de dhobharlaigh. Ar leibhéal náisiúnta, tá an chuma ar an scéal go bhfuil laghdú 3% tagtha ón tréimhse 2007–2009 ar an lín dobharlach abhann agus lochanna a ndéantar faireachán orthu agus a mbaineann dea-stádas nó ardstádas leo. Ní léirítear sa laghdú sin, áfach, an treocht bhunúsach ón mbliaín 2009 i leith i dtreo feabhas agus meatha i measc dobharlaigh abhann agus lochanna a ndéantar faireachán orthu.

Léirítear i bhfigíúirí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil gur tháinig athrú ar stádas níos mó ná 1,000 ceann de dhobharlaigh abhann agus de lochanna le linn an chéad timthrialla. Léirítear sna torthaí freisin go bhfuil uiscí ardstádais faoi bhrú leantach fós. Sa tréimhse 2013-15, bhí ardstádas ag 10% de na láithreáin abhann a ndéantar faireachán orthu, i gcomparáid le 13% sa tréimhse 2007-2009.


I gcás ár limistéar faoi chosaint, chomhlíon 93% d'uiscí snámha na caighdeáin riachtanacha sa bhliain 2015. I gcás uiscí sliogéise, léirítear san fhaisnéis is déanaí atá ar fáil, a bhain leis an m bliain 2015, go bhfuil luach na treorach micribhitheolaíochta á chomhlíonadh ag 75% de láithreáin. I gcás limistéir chaomhantais speisialta ag a bhfuil spleáchas ar uisce, d'éirigh le thart ar 60% de dhobharlaigh uisce agus geall le 70% de lochanna an stádas riachtanach a bhaint amach. Ní raibh an scéal chomh dearfach céanna i gcás limistéir chaomhantais speisialta in uiscí idirchriosacha, áfach. Níor chomhlíon ach 37% de na limistéir sin na caighdeáin riachtanacha trí dhea-stádas a bhaint amach.

Téann próiseas tréithrithe an Cheantair Abhantraí níos faide ná stádas a aicmiú amháin. Déantar measúnú ann freisin ar cé acu atá nó nach bhfuil baol ann nach gcomhlíonfaidh dobharlach a chuid cuspóirí (i.e. dea-stádas nó ard-stádas). Déantar an measúnú sin trí athbhreithniú a dhéanamh ar fhaisnéis faoi ábhair amhail treochtaí chailíochta an uisce agus brúnna dobharcheantair. Tá saineolas

áitiúil tábhachtach sa chomhthéacs sin. Faoi láthair, tá 2,113 dhobharlach aicmithe mar dhobharlaigh nach bhfuil i mbaol, tá 1,460 dobharlach aicmithe mar dhobharlaigh atá i mbaol agus is gá na dobharlaigh eile a imscrúdú tuilleadh.

### Brúnna Suntasacha ar Dhobharlaigh atá “i mBaol”

Tar éis na dobharlaigh uisce lena mbaineann baol nach gcomhlíonfaidh siad a gcuid cuspóirí a shainaithint, déantar iniúchadh sa phróiseas tréithrithe ansin ar na brúnna suntasacha is cúis leis an mbaol sin. I gcás an 1,460 dobharlach lena mbaineann baol nach gcomhlíonfaidh siad a gcuid cuspóirí, áirítear na nithe seo leis na brúnna suntasacha atá orthu: an talmhaíocht (53%), hidreamhoirfeolaíocht (24%), fuíolluisce uirbeach (20%), an phoraoiseacht (16%), fuíolluisce baile (11%), rith uirbeach chun srutha (9%), baint móna (8%), an tionscal eastóscach (7%) agus mianaigh agus cairéil (6%). I gcás na ndobharlach abhann agus locha atá i mbaol, tá brú suntasach amháin ar 47% díobh agus tá níos mó ná brú suntasach amháin ar an 53% eile díobh.



**Figiúr 1** - Minicíocht na mbrúnna suntasacha agus foinse na mbrúnna ar dhobharlaigh atá Faoi Riosca.

## Cuspóirí agus Tosaíochtaí Comhshaoil

Tríd is tríd, is iad seo a leanas na cuspóirí atá leis an gCreat-treoir Uisce: (1) meath na ndobharlach a chosc agus iad a chosaint, a fheabhsú agus a athbhunú d'fhonn dea-stádas ar a laghad a bhaint amach agus (2) comhlíonadh na gceanglas le haghaidh limistéir ainmnithe faoi chosaint a bhaint amach.

Cé go leagtar na spriocanna deiridh amach go soiléir i gcuspóirí na Treorach, is an-mhór atá na dúshláin a bhaineann leis na cuspóirí sin a chomhlíonadh. Ceann de phríomhchuspoírí an Phlean seo, dá bhrí sin, is ea tosaíochtaí a shainainthint agus a chinntíú go mbeidh cur chun feidhme an Phlean á threorú ag na tosaíochtaí sin. Glacadh na tosaíochtaí fianaisebhunaithe seo a leanas le haghaidh an timthrialla pleanála abhantraí seo:

- ▀ Comhlíonadh iomlán reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpáigh a chinntíú
- ▀ Meath a chosc
- ▀ Na cuspóirí a chomhlíonadh le haghaidh limistéir ainmnithe faoi chosaint
- ▀ Uiscí ardstádaí a chosaint
- ▀ Gníomhartha spriocdhírithe agus treoirscéimeanna a chur chun feidhme i bhfo-dhobharcheantair a bhfuiltear ag díriú orthu d'fhonn (1) spriocdhíriú ar dhobharlaigh atá gar dá gcuspóir a bhaint amach (2) aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna níos casta lena méadófar an t-eolas a fhéadfar a úsáid sa tríú timthriall

## Clár na mBeart – Achoimre ar na Príomhbhearta

Ar aon dul leis na brúnna a sainaithníodh tríd an bpróiseas tréithrithe agus leis na tosaíochtaí atá leagtha amach thusa, is iad seo a leanas na príomhbhearta atá dírithe ar bhogadh i dtreo cuspóirí comhshaoil na Creat-treorach Uisce a chomhlíonadh:

- ▀ Cuirfear Clár Tacaíochta Inbhuanaitheachta agus Comhairleach Talmhaíochta ar bun. Agus iad ag obair faoi threoir ag Teagasc agus ag na comharchumainn déiríochta, cuirfidh 30 Comhairleoir nua an clár sin chun feidhme. Is iad an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na comharchumainn déiríochta a chisteoidh na Comhairleoirí sin. Oibreoidh na Comhairleoirí ar bhonn duine le duine le feirmeoirí chun athrú iompraíoch a bhaint amach trí fheabhas a chur ar chleachtais

talmhaíochta i limistéir ina bhfuil brúnna sainaitheanta ar dhobharlaigh.

▀ Tá Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha á gcur i bhfeidhm ag údarás áitiúla chun tabhairt faoi mheasúnuithe eolaíocha agus chun cur chun feidhme beart maolaithe a bhrú chun cinn ar leibhéal áitiúil. Tosaíodh ar na measúnóirí imscrúdaitheacha a earcú sa chéad ráithe den bhliain 2018 agus rinneadh soláthar do suas le 43 shainbhall foirne a cheapadh faoi lár na bliana 2018. Oibreoidh na daoine sin ar fud na gcúig réigiún.

▀ Cuirfear scéimeanna agra-chomhshaoil chun feidhme tríd an gClár Forbartha Tuaithe. Is é an toradh a bheidh orthu sin go ndéanfar infheistíocht i stóráil aoiligh agus go gcuirfear feabhas ar an dóigh a n-úsáidtear cothaithigh. Go háirithe, cinnteofar leis an gcur chuige spriocdhírithe i leith na Scéime um Agra-Chomhshaoil Ísealcharbóin Glas, a bhfuil 50,000 duine páirteach inti, go ndéanfar bearta tacaíochta cuí ar fheirmeacha chun cáillíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú.

▀ Cuirfear feabhas ar chomhlíonadh na Rialachán um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta tríd an gClár Gníomhaíochta feabhsaithe maidir le Níotráití don tréimhse 2018–2021 agus an córas gaolmhar cigireachta a chur chun feidhme. Is é atá sa Chlár ná bearta feabhsaithe nua cosanta uisce, atá dírithe ar chonairí iompair chothaitheach a idircheapadh agus a bhriseadh agus ar chailleannais dríodair agus chothaitheach chuig uiscí a sheachaint.

▀ Úsáidfear clár aistrithe eolais laistigh den earnáil talmhaíochta chun bainistíocht níos fearr cothaitheach agus bainistíocht níos fearr truaillithe poncfoinse ar an bhfeirm a chur chun cinn. Beidh trí shnáithe i gceist leis an gcur chuige ina leith sin:

- ▀ Féachfaidh an Fóram Náisiúnta um Inbhuanaitheachta Déiríochta le dul i ngleic ar bhealach comhoibríoch leis na dúshláin inbhuanaitheachta eacnamaíche agus comhshaoil ar an bhfeirm don tionscal déiríochta, agus é ag obair ar bhealach níos leithne agus níos straitéisí ná mar a tharlaíonn faoi láthair. Bainfidh an Fóram leas as an mbonn eolais atá forbartha le blianta beaga anuas. Chun an méid sin a dhéanamh, cuirfidh sé treoirchlár a bheidh faoi stiúir ag comharchumainn ar bun ar mhaithle leis an dea-chleachtas a chur chun feidhme ar na feirmeacha roghnaithe. Chomh maith leis sin,

forbróidh sé mórchlár um bainistíocht níos fearr cothaitheach agus bainistíocht níos fearr truaillithe poncfoinse feirme a chur chun cinn, ar clár é a chuirfear chun feidhme d'fheirmeoír déiríochta a bhíonn ag soláthar táirgí do chomharchumainn. Samhlaítear go nglacfar an cur chuige sin mar chuid d'éabhlóid na scéime Origin Green atá ann cheana.

- Déanfar clár aistrithe eolais d'fheirmeoír a chistiú tríd an gClár Forbartha Tuithe, rud a soláthróidh Teagasc agus comhairleoírí earnála priobháidí araon é. Beidh sé mar aidhm leis an gclár sin dul i bhfeidhm ar suas le 20,000 feirmeoir thar an tréimhse 2017-2021.
- Cuirfear córas pleanála bainistíochta cothaitheach ar líne i bhfeidhm lena n-úsáid ag gach feirmeoir. Beidh dualgas éigeantach ar fheirmeoír atá páirteach sa Scéim um Agra-Chomhshaol Ísealcharbóin Glas agus ar fheirmeoír maolaithe an córas sin a úsáid.
- Faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta 2018-21 do chórais fuíolluisce baile, ar plean é atá á thabhairt chun críche ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil foai láthair é, úsáidfear na haschuir ón obair tréithrithe dotharcheantair chun feabhas eile a chur ar an gcur chuige rioscabhunaithe a ghlastar i leith cigireacht a dhéanamh ar umair sheipteacha. Déanfaidh údarás áitiúla thart ar 1,000 cigireacht gach bliain.
- Tá sé beartaithe infheistíocht shuntasach a dhéanamh sa bhonneagar bailithe agus cóireála fuíolluisce uirbigh. Infheisteoidh Uisce Éireann thart ar €1.7 billiún i dtionscadail fuíolluisce, i gcláir fuíolluisce agus i gcothabháil sócmhainní fuíolluisce thar an tréimhse 2017-2021.
- Rinneadh na rialacháin agus an beartas maidir le foraoiseacht a athailíniú chun cur le cuspóirí chálíocht an uisce a bhaint amach. Cuirfear na rialacháin agus an beartas sin chun feidhme ina n-iomláine. Déanfar scéimeanna cistiúcháin foraoiseachta agus acmhainní eile a chur chun cinn agus a imscaradh go straitéisearch chun cálíocht an uisce a chosaint agus a fheabhsú.
- I gcás baint móna, tabharfar reachtaíocht nua isteach chun feabhas a chur ar an dóigh a ndéantar rialáil chomhshaoil ar bhaint móna tráchtala ar mhórscála agus ar mhionscála araon. Maidir leis sin, déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maoirseacht ar chur chun feidhme na Straitéis um Thailte Móna. Cuirfidh Bord na Móna an Straitéis Inbhuanaitheacht 2030 agus an Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht uaidh chun feidhme, ar nithe iad lena dtabharfar aghaidh ar athshlánú fadtéarmach lagphortach.
- Cuirfear an rialachán ábhartha ón Aontas Eorpach maidir le Speicis Choimhthíocha ionracha chun feidhme, mar aon le pleananna sonracha le haghaidh speicis choimhthíocha ionracha ar speicis tosáochta iad. Forbrófar struchtúir shoiléire rialachais agus chomhordaithe ar fud na gcomhlactaí ábhartha. Chomh maith leis sin, bainfear leas as rannpháirtíocht an phobail chun a chinntíú gurb inbhuanaithe go fadtéarmach a bheidh tionscadail atá dírithe ar bhrúnna ó speicis choimhthíocha ionracha a chosc agus a mhaolú.
- Chun dul i ngleic leis na brúnna suntasacha a bhíonn ag teacht as hidreamhoirfeolaíocht, cuirfidh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus lascaigh Intíre Éireann feabhas ar a modhanna measúnaithe agus ar an eolas atá ann ar riocth fisiciúil na n-albhneacha, na lochanna agus na n-uiscí cósta muirí chun bonn eolais a chur faoi bhearta bainistíochta amach anseo. Cuirfidh Oifig na nOibreacha Poiblí bearta maolaithe ar áireamh le linn di cothabháil a dhéanamh gach bliain ar chainéil ina bhfuil níos mó ná 2,000 ciliméadar.
- Ina theannta sin, cuirfidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Grúpa Stiúrtha ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar shreabhadh éisc ar fud dhotharcheantair na Sionainne agus chun moltaí a dhéanamh lena fheabhsú.
- Cuirfidh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil clár astarraingtí uisce ar bun. Chomh maith leis sin, rachaidh sí i mbun comhairle ar chreat comhréireach rioscabhunaithe le haghaidh astarraingtí a rialáil chun úsáid inbhuanaithe leanúnach ár n-acmhainní uisce a chinntíú. Leanfaidh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil le measúnú a dhéanamh ar an riosca a ghabhann le hastarraingtí, agus úsáid á baint aici as faisnéis nua de réir mar a thagann sí chun cinn le linn an dara timthriall.
- Chun ár n-uiscí ardaráis a chosaint agus a athbhunú, cuirfimid "Clár um Dhotharcheantair Phoinc Ghoirm" agus grúpa gaolmhar oibre ar bun. Cinnteoidh sé sin go dtabharfar tú áite d'uiscí ardaráis nuair a bhíonn bearta tacaíochta á gcur chun feidhme agus nuair a bhíonn an cistíú atá ar fáil á leithdháileadh.

▀ I gcás limistéar faoi choisaint:

- ▀ Cuirfear thart ar 350 measúnú riosca ar fhoinsí uisce óil phoiblí i gcrích faoin m bliain 2021. Cuirfear na measúnuithe eile i gcrích faoin m bliain 2027.
- ▀ Tabharfar aghaidh ar na brúnna fuíolluisce uirbigh i gceithre cinn de na huiscí snámha neamhchomhlíontacha atá ann cheana. Déanfar amhlaidh trí Phlean Infheistíochta Uisce Éireann atá luaite thuas.
- ▀ Leanfar le measúnú a dhéanamh ar scaoileadh fuíolluisce uirbigh i gcomharsanacht uiscí sliogéisc chun a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil siad ag cur le teipeanna ar chuspóirí uisce sliogéisc agus, dá réir sin, cé acu atá nó nach bhfuil cóireáil bhrefise fuíolluisce ag teastál ina leith.

Is trí Phlean Infheistíochta Uisce Éireann freisin, agus is de réir cheanglais na Treorach maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh, a sholáthrófar cóireáil níos déine do na 8 gceirtleán neamhchomhlíontacha atá ann cheana a bhíonn ag scaoileadh fuíolluisce chuig limistéir ainmnithe atá íogair ó thaobh cothaiteach de.

### An Straitéis Cur Chun Feidhme

Díreofar inár straitéis cur chun feidhme ar a chinntí go gcuirfear na bearta reatha chun feidhme ina n-iomláine trí na húdaráis ábhartha náisiúnta. I gcás nach leor na bearta sin chun cuspóirí na Creat-treorach Uisce a bhaint amach, díreofar sa straitéis ar bhearta spriodhírithe tacaíochta a chur chun feidhme. Maidir leis an bpróiseas chun roghnú a dhéanamh ar na dobarlaigh a ndíreofar orthu le haghaidh gníomhaiochta trí bhearta tacaíochta, ba trí struchtúir údaráis áitiúil a brúdh chun cinn ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil é. Rinneadh an beartú tosaíochta ar na dobarlaigh trí 5 choiste réigiúnacha, a bhfuil gach ceann díobh faoi chathaoirleacht ag Príomhfeidhmeannach údaráis áitiúil. Úsáideadh na measúnuithe dobarcheantair ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar phointe tosaigh le linn an bheartaithe tosaíochta. Comhaontaíodh na limistéir tosaíochta agus na gníomhartha tosaíochta le geallsealbhóirí ábhartha ina dhiaidh sin bunaithe ar mhórthosca amhail na cineálacha tionchair a bheadh i gceist agus indéantacht.

Agus aird á tabhairt ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn an chéad timthrialla, cinnteofar leis na struchtúir chur chun feidhme go

soláthrófar na bearta ar bhealach comhordaithe éifeachtach. Is é an Coiste Comhairleach um Beartas Uisce, a cuireadh ar bun chun cabhrú leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí seo a ullmhú, a sholáthraíonn an treo beartais ardleibhéil. Déanfaidh sé maoir seacht ar chur chun feidhme an Phlean freisin. Cuireadh Coiste Náisiúnta Comhordaithe agus Bainistíochta ar bun faoin gCoiste Comhairleach um Beartas Uisce chun a chinntí go ndéanfar na bearta a theastaíonn chun ár gcuspóirí a bhaint amach a chur chun feidhme ar bhealach éifeachtúil, éifeachtach agus comhordaithe. Comhordaíonn Grúpa Náisiúnta um Chur Chun Feidhme Teicniúil rianú leanúnach mionsonraithe ar chur chun feidhme an Phlean agus gníomhaíonn sé mar fhóram le haghaidh comhroinnt eolais. Ar deireadh, is iad na struchtúir réigiúnacha údaráis áitiúil, a bhfuil 5 choiste réigiúnacha acu, a bhrúnn soláthar na mbeart tacaíochta chun cinn ar leibhéal áitiúil. Thacaigh Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil leis an obair sin freisin. Agus iad ag oibriú laistigh de na struchtúir sin, déanfaidh gach comhlacht ag a bhfuil baint leis an bPlean seo iarracht éiteas rannpháirtíochta gníomhaíche agus comhair a ghlacadh chun fíorgníomhaíocht agus tortaí dearfacha a sholáthar.

### Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Geallsealbhóirí agus an Phobail

Teachtaireacht shoiléir a tháinig chun cinn le linn na bpróiseas comhairliúcháin phoiblí ba ea an gá atá ann le feabhas a chur ar chumarsáid agus ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus an phobail maidir le cur chun feidhme an Phlean Bainistíochta Abhantraí agus, go deimhin, maidir leis an mórchur chuige comhtháite i leith bainistíochta dobarcheantair. Bhain na hábhair imní le (1) rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus an phobail a éascú sa bheartas náisiúnta uisce agus (2) rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus an phobail a éascú ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil chun cur le soláthar an Phlean é féin.

Chun aghaidh a thabhairt ar an gcéad cheann de na hábhair imní sin, cuireadh an Fóram Uisce ar bun chun rannpháirtíocht geallsealbhóirí a éascú maidir le gach saincheist uisce, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le cáillíocht an uisce agus le cur chun feidhme na Creat-treorach Uisce. Is é an Fóram a chinneann a chlár oibre féin agus an modh ina gcuireann sé na tuairimí agus an analís uaidh in iúl. Cuireann na tuairimí uaidh leis na struchtúir chur chun feidhme atá beartaithe ar gach leibhéal, lena n-áirítear obair an Choiste Chomhairleach um Beartas Uisce.

Brúnn Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil rannpháirtíocht an phobail agus comhairliúchán le pobail agus le geallsealbhóirí chun cinn ar leibhéal áitiúil, agus comhordaíonn sí na gníomhaíochtaí sin ar fud gach ceann de na 31 Údarás Áitiúla. Oibríonn an Oifig chun a chinntíú gurb amhlaidh, mar gheall ar rannpháirtíocht geallsealbhóirí agus an phobail, go mbeidh baint fhiúntach ag an bpobal agus ag geallsealbhóirí leis an gcur chuige i leith bainistíochta dobharcheantair ar fud an cheantair abhantraí.

Ina theannta sin, leanfaidh an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil den obair líonraithe

agus comhroinnte eolais a stiúradh. Tá aip na Creat-treorach Uisce agus an suíomh gréasáin [catchments.ie](http://catchments.ie) araon ina stór fainsnáise agus sonraí agus ina n-uirlis comhroinnte fainsnáise lena gcumasófar bearta a dhíriú agus cur chun feidhme an Phlean a chomhordú ar bhealach níos fearr.

Chinntíomar gur comhtháite leis na struchtúir chur chun feidhme atá na gníomhaíochtaí cumarsáide agus comhroinnte eolais de chuid Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil agus na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil araon agus go n-úsáidfí iad chun cur le forbairt beartais agus le cur chun feidhme an Phlean seo.

## Tortháí a bhFultear ag Súil Leo

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá leagtha amach sa dréachtphlean, táthar ag súil go mbainfear na nithe seo a leanas amach idir seo agus an bliain 2021:

- ▀ A bhúi leis an infheistíocht i gcóireáil fuíolluisce uirbigh, tionscnófar tionscadail in 255 limistéar uirbeacha, cuirfear feabhas ar cháilíocht an uisce agus comhlíonfar ceanglais na Treorach maidir le Córáil Fuíolluisce Uirbigh. Uillmhófar pleannan limistéir dhraenála do 44 cheirtleán.
- ▀ Uillmhófar 353 mheasúnú riosca foinse uisce óil phoiblí san iomlán. Ina theannta sin, déanfar imscrúdú ar 53 sholáthar uisce lena sóráitear na leibhéal lotnaidicídí atá ceadaithe agus, nuair is gá, déanfar gníomh leantach chun sáruithe eile a chosc.
- ▀ Féachfaidh Uisce Éireann le húsáid éifeachtúil inbhuanaithe uisce a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar na nithe seo a leanas: (1) an t-ardleibhéal ligin líonra agus an t-ardleibhéal uisce gan tasc (45% den uisce ar fad a théann isteach sa líonra soláthair) agus (2) an leibhéal an-ard úsáide uisce ag barr an raoin úsáide baile. Infheisteofar €73 mhiliún in aghaidh na bliana suas go dtí an bliain 2021 chun ligean uisce a laghdú faoi 61 mhiliún m<sup>3</sup> in aghaidh na bliana. Bunaithe ar na figiúirí don bliain 2017, laghdófar an ráta ligin ó 45% go 38% faoin mbliaín 2021 dá bharr sin.
- ▀ Cuirfear clár astarraingtí uisce ar bun go luath sa bliain 2018. Cuirfear córas um údarú astarraingtí uisce ar bun go luath sa bliain 2019 freisin.
- ▀ Usáidfear an Clár Gníomhaíochta neartaithe nua um Níotrátí chun dea-bhonnlíne chomhshaoil a sholáthar arís eile don earnáil talmhaíochta. Déanfaidh údaráis áitiúla suas le 6,000 cigireacht feirme gach bliain i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.
- ▀ Cuirfidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, na Comharchumainn Déiríochta agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil acmhainní ar fáil i gcomhar lena chéile don Chlár nua Tacaíochta Inbhuanaitheachta agus Comhairleach Talmhaíochta. Cuimseoidh an clár 30 comhairleoir inbhuanaitheachta: beidh 20 duine díobh lonnaithe laistigh de Teagasc agus beidh an deichniúr eile lonnaithe laistigh de na Comharchumainn.
- ▀ Gheobhaidh suas le 5,000 feirmeoir tacáiocht ó Teagasc tríd an gClár comhoibríoch nua Tacaíochta Inbhuanaitheachta agus Comhairleach, rud a reáchtálfar mar chuid den bhéim mhéadaithe a chuirfear ar aistriú eolais ar mhaithe le hathrú iompraíoch a bhrú i dtreo cleachtais feirmeoireachta níos inbhuanaithe. Beidh an tacáiocht sin dírithe ar shaincheisteanna laistigh den 190 Dobharcheantar tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta. Ina theannta sin, gheobhaidh 18,000 feirmeoir déiríochta comhairle maidir le cleachtais feirmeoireachta inbhuanaithe faoin Tionscnamh Inbhuanaitheachta Déiríochta.
- ▀ Leis an gcéad leagan eile den Phlean Cigireachta Náisiúnta um Chórais Chóireála Uisce Baile (2018–2021), brúfar feabhsuithe chun cinn i bhfeidhmíocht na gcóras sin. Tabharfaidh údaráis áitiúla faoi níos mó ná 4,000 cigireacht thar thréimhse an phlean freisin.
- ▀ Tá Bord na Móna ag obair faoi láthair ar asbhaint móna chun críocha táirgthe fuinnimh a dhíothú faoin mbliaín 2030. Measann sé go n-athshlánófar 9,000 heicteár de lagphortaigh (ina bhfuil 25 thalamh portaigh) faoin mbliaín 2021 agus féachfaidh sé leis na bearta maolaithe is fearr atá ar fáil a chur chun feidhme chun an tionchar a imríonn baint móna ar cháilíocht an uisce a laghdú tuilleadh le linn an phróisis díothaithe.
- ▀ Má chuirtear treoir ar fáil d'údaráis phleanála maidir le pleánáil fhisiciúil agus maidir leis an gcreat-treoir uisce, cabhrófar le huiscí a chosaínt ar aon mheath a thiocfaidh as forbairt mhíchúí amach anseo. Má chuirtear treoir theicniúil thacaíochta ar fáil freisin, cinnteofar go gcuirfear an dea-chleachtas comhshaoil i bhfeidhm nuair a dhéantar athruithe ar uiscí dromchla. Leanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí leis an dea-chleachtas a chur i bhfeidhm le linn di oibreacha cothabháil draenála a chur i gcrích. Déanfar cothabháil ar chainéil abhann ina bhfuil 8,000 km idir na blianta 2018 agus 2021.
- ▀ I dteannta Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil, cuirfear foirne Tacaíochta agus Comhairleacha Údaráis Áitiúil a bheidh bunaithre go réigiúnach i bhfeidhm. Beidh na foirne sin, ina mbeidh suas le 43 bhall san iomlán, páirteach i mbearta maolaithe a chomhordú agus a chur chun cinn sa 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta.
- ▀ Cuirfear Ciste Forbartha Uisce Pobail ar bun chun tacú le tionscnaimh uisce pobail áitiúil ina ndírítear go sonrach ar bhearta atá ag teacht leis na gníomhartha tosaíochta atá sa Phlean seo. Is í Oifig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil a riarfайдh an ciste.

- Tá tosaíocht tugtha do 190 ceann san iomlán de Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta ar bhonn náisiúnta, ar limistéir iad a dtabharfar aird ar leith orthu le linn an timthrialla seo (2018–2021). Tá 726 dhobharlach san iomlán ann sna limistéir sin. Glacfar cur chuige ildisciplíneach agus cur chuige trasghníomhaireachta araon i leith na ggníomhartha.
- Bheidh an idirghníomhaíocht idir na struchtúir nua rialachais uisce, a chuimsíonn na cúig choiste réigiúnacha; an Coiste Náisiúnta Comhordaithe agus Bainistíochta; an Grúpa Náisiúnta um Chur Chun Feidhme Teicniúil; an Fóram Uisce; agus an Coiste Comhairleach um Beartas Uisce ríthábhachtach do chur chun feidhme éifeachtach an Phlean seo.
- Ar bhonn na ggníomhartha thusas, táthar ag súil go gcuirfear feabhas ar cháillíocht an uisce i gcoitinne sna 726 dhobharlach ar tugadh tosaíocht dóibh don timthriall pleanála seo (2018–2021). Mar sin féin, mar gheall ar na castachtaí atá i gceist agus ar an deacracht aitheanta a bhaineann le feabhsuithe stádais a bhaint amach de bharr agaí moille i dtéarnamh nádúrtha agus de bharr na hidirghníomhaíochta idir brúnna éagsúla comhshaoil ar dhobharlaigh, meastar, ar an gceann caol, go gcuirfidh na gníomhartha atá leagtha amach thusas feabhas ar stádas thart ar 152 dhobharlach eile faoin m bliain 2021 agus go mbainfear feabhsuite eile amach ina dhiaidh sin.
- Rachaidh na bearta reatha agus nua chun tairbhe freisin do na dobharlaigh eile atá i mbaol agus nach bhfuil suite laistigh den 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta. Bunaithe ar na hacmhainní a bheidh ar fáil, déanfar measúnuithe imscrúdaitheacha agus tuilleadh gníomhaíochta sna dobharlaigh sin, nuair is gá, trí na próisis um beartú tosaíocha atá ar bun ar leibhéal an choiste réigiúnaigh.

## Achoimre ar na bearta polasaí nua ar imir an t-aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí tionchar orthu

Téama	Beart Polasaí	Rannán
<b>Freagraí Stáit maidir le Bainistíocht Uisce a Fheabhsú</b>	<p>Fóram feabhsaithe le haghaidh rannpháirtíocht pobail a bhunú</p> <p>Struchtúir nua comhordaithe, rialachais agus seachadta a fhorbairt</p> <p>€73 milliún in aghaidh na bliana infheistithe ag Uisce Éireann ar idirghabháilacha chun sceitheadh a laghdú, lena n-áirítear bainistíocht brú, bearta chun sceitheadh a rialú, obair athnuachana ar phriomhphiopaí uisce mar aon le coigiltis leanúnacha don chustaiméir</p>	10 11 9.7
<b>Brúnna ar Dhabharlaigh agus ar Cháilíocht Uisce</b>	<p>Uisce Éireann le €1.7 billiún a chaitheamh ar 255 tionscadal cóireála dramhuisce uirbeach</p> <p>43 ball foirne sna húdarás áitiúla le measúnuithe imscrúdaitheacha a dhéanamh ar dhabharlaigh</p> <p>An Clár Tacaíochta agus Comhairle maidir le hInbhuanaitheacht Talmhaiochta – 30 Comhairleoir Inbhuanaitheachta nua a thabharfaidh comhairle agus tacáocht d'fheirmeoiri sna 190 Réimse Grímh agus san earnáil déiríochta trí cheile</p> <p>Cur chuige comhoibríoch nua i leith foinsí uisce óil a chosaint</p> <p>An scéim deontaísh chun cabhrú leis na costáis a bhaineann le dabhcha shéarachais a fheabhsú i límistéir uisce ardstádais agus i límistéir faoi chosaint a leathnú</p> <p>Tá athailíniú déanta ar rialachán, beartaí agus ar riachtanais a bhaineann le foraoiseacht chun iad a chur in oiriúint do bheartas uisce náisiúnta</p>	7.2 10 7.1 8.1 7.1 7.3
<b>Riocht Fisiciúil Uiscí Dromchla</b>	<p>Measúnú lascaigh Intíre Éireann ar chonstaicí ar ghlúaiseacht iasc i nDhabharlaigh</p> <p>Foilsíú reachtaíochta chun clár astarraingtí agus córas rialaithe a fhorbairt</p> <p>Treoir maidir le huisce agus treoir phleanála d'Údarás Phleanála a fhorbairt</p> <p>Feabhas a chur ar mhodhanna meastóireachta hidrimhoirfeolaíocha</p>	7.6 7.7 7.8 7.6
<b>An Luach atá ar Dhabharlaigh</b>	<p>Rannpháirtíocht LAWCO ag leibhéal an phobail, Clár Abhantrach an Phoinc Ghoirm san áireamh</p> <p>Ciste Forbartha Uisce Pobail nua a fhorbairt</p> <p>Bunú an Fhóraim Uisce</p> <p>Tionscnaimh chomhoibríocha nua d'fhorraí foinsí uisce óil a chosaint</p>	8.3 11 11.3 11.1 8.1

## Torthaí a bhFuiltear ag Súil Leo

**255** Líon na dtograí cóireála dramhuisce a ndearnadh dul chun cinn orthu

**€73m** An méid a infheistíodh chun sceitheadh uisce a laghdú faoi 61 milliún m<sup>3</sup> in aghaidh na bliana  
Sceitheadh a laghdú ó 45% - 38%

**30** Comhairleoir inbhuanaitheachta fostaithe chun an Clár Tacaíochta agus Comhairle maidir le hInbhuanaitheacht Talmhaíochta a sheachadadh

**43** An líon pearsanra a imlonnaíodh chuig Foirne Tacaíochta agus Comhairle Uisce na nÚdarás Áitiúil sna réigiúin

**23,000** Líon na bhfeirmeoirí a gheobhaidh comhairle maidir le hinbhuanaitheacht faoin Tionscadal Inbhuanaitheachta Déiríochta agus faoin gClár Tacaíochta agus Comhairle maidir le hInbhuanaitheacht Talmhaíochta

**4,000** Líon na gcigireachtaí faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta do Chórais Cóireála Dramhuisce Tí

**3,000+** Líon na n-astarraingtí uisce a cláraíodh, agus cuireadh córas údaraithe chun feidhme

Treoir d'údaráis phleanála maidir le pleánail fhisiciúil agus na Creat-Treoracha Uisce

**726** Líon na ndobharlach a bhfuil feabhsúcháin le baint amach acu maidir le cáilíocht ghinearálta uisce

**152** Líon na ndobharlach a dtiocfaidh feabhas ar stádas a gcáilíocht uisce

## Cuid 1: Intreoir agus Buneolas

Tá uisce riachtanach don bheatha. Tá uisce de dhíth ar dhaoine le hól agus le bia a dhéanamh agus tacaíonn uisce leis na plandaí agus ainmhithe atá sa timpeallacht nádúrtha. Tá uisce ríthábhachtach don gheilleagar freisin. Gineann sé agus cothaíonn sé rachmas tríd na réimsí seo a leanas: talmhaíocht, iascaireacht tráchtála, giniúint cumhachta, an tionsclaíocht, iompar agus turasóireacht. Is acmhainn leocheileach é uisce, áfach, agus ní mór é a chosaint. Caithfidh go mbeidh go leor uisce ar fáil agus é den chálíocht chuí chun gur féidir linn an timpeallacht uisceach a chosaint. Faoi Chreat-Treoir Uisce an AE, tá ról ceannasaíochta ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le polasaithe cosaint uisce a forbairt agus a chur i bhfeidhm. Tá gá le gníomhartha coiteanna freisin chun dul i gngleic leis na dúshláin atá ann. Tá saineolas mór teicniúil de dhíth chun pleanáil bainistíochta abhantraí a dhéanamh, ach tá eolas agus peirspictíochtaí na ndaoine a úsáideann an t-uisce ar bhonn laethúil – le hól, don iascaireacht, le snámh ann, don fheirmeoireacht, don déantúsaíocht agus do ghiniúint cumhachta – ag teastáil freisin. Cuimhnímis freisin go bhfuil luach le huisce ann féin agus go bhfuil sé tarraingteach ó thaobh aeistéitice de. Is gné bhunúsach dár saol é uisce agus trí phleanáil abhantraí, is féidir linn a chinntíú go bhfuil tmpeallacht shláintíúil uisce ar fáil do chách.

Tá athrú suntasach tagtha le himeacht ama ar an gcur chuige i leith forbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí agus ar smaointe i dtaca le feidhmiú agus leis na struchtúir a chinnteoidh go mbeidh torthá dearfacha ann. Aithnítear go bhfuil fócas soilléir ar feidhmiú agus ar theagmháil fheabhsaithe le gach earnáil sa tsochaí riachtanach le go mbeidh feidhmiú an phlean Rathúil. Lena chois sin, is léir go gcaithfidh na páirtithe leasmhara go léir a bheith rannpháirteach ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus tá anailís déanta chun a shoileáiriú cad é is gá dúinn a dhéanamh maidir le dobharlaigh go náisiúnta agus go háitiúil. Tá iarracht mhór á déanamh freisin chun comhoibriú a dhéanamh le pobail le go dtuigfidh siad an luach a bhaineann lena n-uiscí áitiúla agus le go gníomhóidh siad lena bhfeabhsú. Mar thoradh ar an bhfócas ar

rannpháir tíocht agus teagmháil le daoine áitiúla, bunaíodh an Fóram Uisce, an Oifig Uisce Údarás Áitiúil agus Pobal agus na suíomhanna gréasáin [catchments.ie](http://catchments.ie) and [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie). Tá tionscnaimh sa phlean bainistíochta abhantraí seo chun an dioscúrsa náisiúnta faoin luach atá le huisce do gach duine againn a forbairt tuilleadh. Tá cur chuige nua i leith feidhmithe, ar a dtugar “bainistíocht chomhtháite dobharcheantair”, in úsáid le tacú le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Abhantraí, agus tá an dobharcheantar (is é sin ceantar a sholáthraíonn uisce d'abhainn agus do na craobh-aibhneacha agus a ritheann an t-uisce go léir ar deireadh go sceithbhealach aonair) in úsáid chun na forais phoiblí, na pobail agus na gnólachtaí uile a thabhairt le cheile.

Tá creat molta lena chinntíú go bhfuil tmpeallacht uisce na hÉireann cosanta agus go ndéanfar í a fheabhsú de réir cuspóirí na Creat-Treorach Uisce, leagtha amach sa dara timthriall seo den Phlean. Chlúdaigh an chéad timthriall den Phlean an tréimhse 2009-2015. Mar gheall ar mhoill maidir le forbairt an dara timthriall, clúdaíonn an Plean áirithe seo an tréimhse 2018-2021. Beidh Plean don tríu timthriall de dhíth don bláthain 2022-2027.

De réir an Phlean Bainistíochta Abhantraí seo, déantar measúnú ar chálíocht an uisce in Éirinn agus cuirtear i láthair tréithriú sonraithe eolaíochtúil na ndobharlach sa tír. Glactar san áireamh sa phróiseas tréithrithe ceisteanna níos leithne a bhaineann le cálíocht uisce, amhail na riachtanais speisialta cálíochta uisce i limistéir faoi chosaint. Aithnítear tríd an bpróiseas tréithrithe na dobharlaigh sin atá *Faoi Riosca* maidir le gan cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a ghnóthú, agus aithnítear na brúnna suntasacha atá mar chuíos leis an riosca sin. Bunaithe ar mheasúnú ar an riosca agus ar bhrúnna, tá clár beart forbartha le dul i gngleic leis na brúnna atá aitheanta agus le hobair i dtreo na cuspóirí riachtanacha maidir le cálíocht uisce agus limistéir faoi chosaint a ghnóthú. Tá próiseas feidhmithe an Phlean agus an clár beart a théann leis leagtha amach thíos agus tá plé ann ar thorthaí ionchais na gníomhartha sin.

## 1.1 An Dara Timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí i gComhthéacs

Is é cuspóir na Creat-Treorach Uisce agus an phróiseas pleánala bainistíochta abhantraí a chinntíú go bhfíorófar na feabhsuithe atá de dhíth ar chálíocht an uisce trí chur chuige i leith bainistiú uisce atá bunaithe ar an dobharcheantar, trí chur chuige comhordnaithe ag páirtithe leasmhara ar fud na hearnála uisce, agus trí theagmháil fhiúntach leis an bpobal agus rannpháirtíocht an phobail i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm na bpleananna.

Sa chéad timthriall den pleánail bainistíocha abhantraí, a chlúdaigh an tréimhse 2009-2015, forbraíodh pleánanna agus cláir ghaolmhara beart bunaithe ar cheithre Cheantar Abhantraí i bPoblacht na hÉireann agus trí cinn eile idirnáisiúnta (lonnaithe i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann araon). Bhí spriocanna uaillmhianacha sna pleánanna sin, mar atá stádas maith a bheith bainte amach ag formhór na ndobharlach faoi 2015.

Is é is aidhm leis an Phlean seo sa dara timthriall tógáil ar ghnéithe dearfacha an chéad timthrialla agus, chomh maith leis sin, foghlaim ó na gnéithe sin nach ndearnadh oiread forbartha orthu agus a raibh súil leis. Chuige sin, déantar an chéad timthriall a chíoradh i gCuid 3. Maidir le comhthéacs an Phlean seo a mhíniú, áfach, tá na trí phríomhcheacht seo a leanas tagtha chun solais, i bpáirt tríd na próisis chomhairliúcháin phoiblí a eagraíodh.

Sa chéad dul síos, ní raibh an struchtúr ina raibh níos mó ná Ceantar Abhantraí amháin éifeachtach ó thaobh pleánanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Is léir anois go bhfuil sé níos ciallmhaire struchtúr abhantrach aonair a úsáid lena chinntíú go mbaintear úsáid as acmhainní go héifeachtach agus go dtéitear i ngleic le dúshláin chomhchosúla ar fud na tíre ar dhóigh sheasmhach.

Sa dara dul síos, ní raibh na struchtúir rialaithe agus seachadta a bhí i bhfeidhm sa chéad timthriall chomh héifeachtach agus a raibh súil leis. Seo ceist a bhaineann leis an bpointe thuas. Mar gheall, i bpáirt, ar líon na gCeantar Abhanraí, bhí na socruithe seachadta róchasta. Bhí an leibhéal maoirseachta ar sheachadadh an chláir agus athbhreithniú leanúnach go háirithe lag. Cé go bhfuil bearta náisiúnta curtha i bhfeidhm go héifeachtach go ginearálta, d'fhéadfaí a argóint nár tuigeadh go maith an tábhacht a bhí le seachadadh áitiúil i gcás roinnt mhaith de na bearta nuair a bhí pleánanna an chéad timthrialla á bhforbairt, nó níos tábhachtaí arís, nuair a bhí machnamh á dhéanamh ar chur i bhfeidhm na bpleananna. Tá na

ceisteanna seo tugtha san áireamh sna struchtúir athbhreithnithe feidhmithe atá leagtha amach sa Phlean seo.

Is é an tríú ponite nach raibh na spriocanna a leagadh amach sa chéad timthriall réadúil. Is amhlaidh a leagadh na spriocanna seo síos tráth nach raibh pleánail bainistíochta abhantraí ach ina coincheap nua ag ballstáit an AE agus ag Éirinn. Leagadh síos iad sa tréimhse sula raibh sé soiléir cad é an tionchar a bheadh ag an gcúl eacnamaíochta ar ár n-acmhainneacht iad a fhíorú. Bhí ceist eile ann, is é sin nach raibh ár n-uaillmhianta bunaithe ar bhonn fianaise a bhí forbartha go leor. Gné lárnach den obair chun an dara timthriall den Phlean Bainistíochta a fhorbairt is ea a chinntíú go bhfuil an bonn fianaise ar a bhfuil cinní bunaithe níos forbartha agus go bhfuil na spriocanna atá leagtha amach sa Phlean inghnóthaithe.

Leis an mbonn fianaise feabhsaithe seo a fhorbairt, tá obair tréithrithe dobharcheantair á dhéanamh ag an GCC chun stádas riosca ár ndobharlach a mheasúnú. De réir riachtanas na Creat-Treorach Uisce, aithníodh tríd an obair tréithrithe dobharcheantair seo stádas na ndobharlach, rinneadh measúnú ar na dobharlaigh a bhí *Faoi Riosca* ó thaobh gan riachtanais na Treorach a ghnóthú, agus aithníodh cad iad na brúnna suntasacha ar na dobharlaigh atá *Faoi Riosca*. Aithníodh tríd an bpróiseas seo na limistéir faoi chosaint agus rinneadh machnamh ar céard a bheadh i gceist le comhlíonadh na riachtanas sna limistéir sin. Tháinig sé chun solais cad iad na saincheisteanna ar gá dul i ngleic leo maidir leis na limistéir sin faoi chosaint nach bhfuil comhlíontach faoi láthair ó thaobh na riachtanas de.

Mar gheall ar an mbonn fianaise feabhsaithe atá tagtha as obair tréithrithe an GCC, tá tuiscint níos fearr againn ar staid reatha an chomhshaol uisce. Fágann sé freisin gur féidir linn measúnú a dhéanamh bunaithe ar fhianaise ar na feabhsuithe atá inghnóthaithe ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon sa tréimhse 2018-2021 agus ina dhiaidh sin. Déanfar an bonn fianaise a fhorbairt tulleadh thar ré an Phlean seo.

Bunaithe ar an trí phríomhcheacht seo, bhí trí bhunphrionsabal mar threoir agus an Plean Bainistíochta Abhantraí seo á fhorbairt. Sa chéad dul síos, tá gá le struchtúir éifeachtacha, éifeachtúla náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla chun an Plean seo a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm – agus ní mór na struchtúir seo a chomhtháthú mar is ceart. Sa dara dul síos, caithfidh na spriocanna

atá leagtha amach sa Phlean seo a bheith bunaithe ar fhiúnaise dhaingean agus ní mór go mbeadh siad uaillmhianach ach inghnóthaithe san am céanna. An tríú pointe ná go gcaithfimid leanúint ar aghaidh lena chinntíú go bhfuil bearta éifeachtacha


náisiúnta i bhfeidhm le dul i ngleic le brúnna ar an gcomhshaol uisce. Sa chás ina bhfaighfear amach nach leor na bearta reatha, tá túis áite tugtha do sheachadadh bearta breise le cur i bhfeidhm “*na mbeart ceart san áit cheart*” a chinntíú.

## 1.2 Ceantar Abhantraí na hÉireann

Is Ceantar Abhantraí aonair náisiúnta atá ann sa dara timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí. Clúdaíonn Ceantar Abhantraí na hÉireann achar 70,273km<sup>2</sup>. Tá sé seo briste síos in 46 aonad bainistíochta dobharcheantair. Tá na haonaid seo bunaithe den chuid is mó ar na ceantair hidriméadracha atá in úsáid ag na húdaráis. Mar shampla, tá an tSionainn roinnte bunaithe ar dhobharcheantair na ggraobh-aibhneacha móra a bhaineann léi. Tá an 46 aonad bainistíochta dobharcheantair briste síos tuilleadh in 583 fo-dhobharcheantair. Tá 4,829 dobharlach sa 583 fo-dhobharcheantar sin. Tá idir 3 agus 15 dhobharlach i ngach fo-dhobharcheantar.

Istigh sa Cheantar Abhantraí tá 140 uisce snámha ainmnithe, 64 uisce sliogasc, 42 ceantar atá íogair ó thaobh cothaitheach de, 358 limistéar faoi chaomhnú speisialta atá spleách ar uisce agus 154 limistéar faoi chosaint speisialta sa Cheantar Abhantraí. Tá na limistéir faoi chaomhnú speisialta dlúite le chéile ó thaobh na geografaíochta de, go háirithe feadh bord farraige an iarthair. Tá na dobharlaigh a bhfuil ardstádas bainte amach acu, nó ar gá go mbeadh ardstádas bainte amach acu, suite go dlúth le chéile chomh maith. Tá cuid mhaith de na huiscí ardstádais i limistéir faoi chaomhnú speisialta atá spleách ar uisce. Tá na limistéir faoi chosaint speisialta níos spréite amach óna chéile, ach ar bhord farraige an iarthair tá siad dlúite le chéile.

**Ceantar Abhantraí na hÉireann**



**Figiúr 1.1 - Ceantar Abhantraí na hÉireann sa dara timhthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí:**

Léiríonn na sonraí is deireanaí Daonáirimh, ó Aibreán 2016, go bhfuil daonra de thart ar 4.75 milliún duine i gCeantar Abhantraí na hÉireann. Léiríonn sonraí faoi dháileadh an daonra ón daonáireamh roimhe seo go bhfuil 24% de dhaonra iomlán an Stáit ina gcónaí i gCathair agus i mbtruachbhailte Bhaile Átha Cliath, agus gurb ann atá an mór-ionad daonra, le 1.1 milliún duine ina gcónaí ann. Tá ceithre mhórchathair eile ann -

Corcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. Tá daonra 200,000 duine ann, i gCathair Chorcaí, agus 52,000 i bPort Láirge. Tá 730,000 duine eile, is é sin 16% den daonra iomlán, ina gcónaí in 39 baile ina bhfuil daonra idir 10,000 agus 40,000 duine iontu. Leagtar amach sa tábla thíos an daonra sna cineálacha éagsúla mórlonnaíochtaí bunaithe ar fhigiúirí daonra 2016 agus ar staitisticí dálite 2011.

Catagóir Lonnaíochta	Líon na Lonnaíochtaí	Cion den daonra (%)	An Daonra Measta
Cathair Bhaile Átha Cliath agus na bruachbhailte	1	24	1,141,914
Mórchathracha eile	4	9	428,218
Bailte ina bhfuil idir 10,000 agus 40,000 de dhaonra	41	16	761,276
Bailte ina bhfuil idir 5,000 agus 9,999 de dhaonra	41	6	285,479
Bailte ina bhfuil idir 1,500 agus 4,999 de dhaonra	82	6	285,479
An chuid eile den tír	Ní bhaineann sé le hábhar	38	1,808,031
<b>Daonra iomlán an Cheantar Abhantraí</b>	<b>Ní bhaineann sé le hábhar</b>	<b>100</b>	<b>4,757,976</b>


**Tábla 1.1 - Patrúin daonra agus lonnaíochtaí i gCeantar Abhantraí na hÉireann**

Gné shuntasach den Cheantar Abhantraí is ea daonra mór tuaithe coibhneasta a bheith in Éirinn. Tá 38% den daonra, nó 1.74m duine, ina gcónaí i gceantair thuaithe. Baineann tréithe ar leith le cion ard den daonra (le hais tíortha Eorpacha eile) a bheith ina gcónaí i gceantair thuaithe. Mar shampla, tá córais dramhuisce nach bhfuil nasctha leis an gcóireáil phoiblí dramhuisce ag thart ar 30% d'áiteanna cónaithe. Ar an dóigh chéanna, tá soláthar uisce óil nach ó scéimeanna uisce phoiblí iad i mbeagnach 20% d'áiteanna cónaithe.

Is tréith den gheilleagar náisiúnta é fócas láidir ar easpórtálacha. €112 billiún luach iomlán na n-easpórtálacha in 2015. Ar na príomhearnálacha easpórtála tá táirgí Leighis agus cógraisfóchta (€30 billiún), ceimiceáin orgánacha (€21 billiún) agus an earnáil leathan bhia, talmhaíochta agus deochanna (€11 billiún). Tá tortaí geilleagracha agus

tiománaithe fás eacnamfóchta ar fud an Cheantar Abhantraí ilghnéitheach áfach – agus is léiriú iad na patrúin spásúla de thorthaí geilleagracha de na patrúin lonnaíochta atá leagtha amach thusa. Tá an éagsúlacht réigiúnach maidir le tábhacht choibhneasta na talmhaíochta ag teacht leis sin: tá cion ard (níos mó ná 12%) díobh siúd atá fostaithe i gceantar na teorann ag obair san earnáil talmhaíochta, le hais 4% i réigiún an Lár-Oirthir agus 0%, geall leis, i gceantar Bhaile Átha Cliath.

Anois go bhfuil comhthéacs don Phlean seo curtha ar fáil, mar aon le cur síos gairid ar thréithe an Cheantar Abhantraí, déanfar cur síos sa chéad chuid eile ar an gcur chuige a bhí ann leis an dara timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí a fhorbairt, lena n-áirítear an mhodheolaíocht a bhí in úsáid agus na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm chun an Plean a fhorbairt.



## Cuid 2: An Plean Bainistíochta Abhantraí a Fhorbairt

## An Plean Bainistíochta Abhantraí a fhorbairt



Agus an *Plean Bainistíochta Abhantraí* (an Plean) á fhorbairt, ghlaic na húdaráis chuí struchtúr trí shraith feidhmithe chucu féin i ndiaidh go ndearnadh buncromhairliúchán poiblí. I Sraith 1, tá an tAire Tithíocha, Pleanála agus Rialtais Áitiúil freagrach as polasaithe, as an reachtaíocht riachtanach agus as acmhainní a chur ar fáil don Phlean. Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) atá i gceannas ar Shraith 2. Tá an GCC freagrach as an bpróiseas tréithrithe dobharcheantar agus as cuidiú agus comhairle a thabhairt don Aire. Tá na húdaráis áitiúla chomhordnaithe, atá freagrach as bearta a chur i bhfeidhm ar an talamh, páirteach i Sraith 3. Tá eolas sonrach ag na húdaráis áitiúla seo a bheidh de dhíth le cuid mhór bearta féideartha a chur i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil.

Rinneadh comhordnú ar struchtúr seo na sraitheanna i dtaca le forbairt an Phlean tríd an gCoiste reachtúil Comhairleach Polasaí Uisce agus trí Ghrúpa Stiúrtha um Chlár Beart. Chuir an Coiste Comhairleach treoir ardleibhéal pholasaí ar fáil, agus i ndiaidh dóibh machnamh a

dhéanamh ar eolas sonrach teicniúil, eolaíochtúil agus ar pholasaithe, d'oibrigh baill an Ghrúpa Stiúrtha le cheile chun Clár Beart a shocrú don dara trimthriall. Chaith an GCC, i gcomhar le húdaráis áitiúla agus forais phoiblí eile, dhá bhliain ag forbairt an eolas theicniúil, eolaíochtúil a raibh baill an Choiste Stiúrtha ag brath air lena gcuid oibre a chur i gcrích. Is ar bonn náisiúnta a rinneadh na measúnuithe dobharcheantair don dara timthriall. Déanfar measúnú níos mionchúisí arís sa dara trimthriall de réir mar a bhaileofar eolas breise ag leibhéal áitiúil (2018-2021).

Is tábhachtach a thabhairt faoi deara go raibh próiseas leathan comhairliúchán phoiblí ann agus go raibh an cur chuige i leith fhorbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí bunaithe air sin. Tógann na pleanná agus struchtúir feidhmithe atá leagtha amach i gCuid 2 ar an gcur chuige comhordnaithe, srathaithe seo i dtaca le seachadadh an Phlean agus ar na próisis teagmhála leis an bpobal agus ar na huirlisí atá forbartha agus úsáidte chun an Plean a sheachadadh.

## 2.1 An Cur Chuige i leith Fhorbairt an Phlean

Tá an cur chuige ar a raibh forbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí bunaithe leagtha amach sna pointí seo thíos. (Tá struchtúr an Phlean ag teacht go mór leis an leagan amach seo thíos.)

- Rinneadh measúnú ar thorthaí an chéad timthriall pleanála. Bhí comhairliúchán poiblí faoi cheisteanna suntasacha bainistíochta uisce in Éirinn mar chuid den ghné seo den phróiseas.
- Rinneadh tréithriú ar an gCeantar Abhantraí. Áiríodh leis sin measúnú ar stádas reatha ár n-uiscí agus aithint dobharlach a mbaineann an riosca leo i láthair na huaire nach mbeidh riachtanais na Creat-Treorach Uisce ina leith comhlíonta.
- Aithníodh na brúnna agus na tionchair shuntasacha a bhíonn ag gníomhaíochtaí daoine agus rinneadh achoimre orthu.
- Aithníodh na limistéir againn atá faoi chosaint agus uiscí ardстádais, agus rinneadh mapáil agus tréithriú orthu.
- Rinneadh athbhreithniú agus mapáil ar líonra monatóireachta na hÉireann.
- Aithníodh cuspóirí comhshaoil agus tosaíochtaí.
- Cuireadh analís ardleibhéal eacnamaíochta ar úsáid uisce i gcrích.
- Leagadh amach clár beart bunaithe ar an bpróiseas tréithrithe agus ar na brúnna a aithníodh. Is é is aidhm leis an gclár beart seo na cuspóirí agus na riachtanais shonraithe a bhaineann leis an gCreat-Treoir Uisce a chomhlónadh.
- Leagadh amach na struchtúir mholtá feidhmithe don Phlean seo.
- Aithníodh tortaí dearfacha a bhfuiltear ag súil lena mbaint amach trí an Phlean seo.
- Cuireadh i bhfeidhm pleananna monatóireachta agus tuairiscithe leanúnaigh.
- Rinneadh Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnú Oiriúnachta ar an bPlean.
- Foilsíodh Plean dréachta Bainistíochta Abhantraí inar leagadh amach na bearta molta chun cuspóirí an phlean a bhaint amach.
- Bhí comhairliúchán leathan poiblí ann faoin bPlean dréachta, trí aighneachtaí scríofa a cuireadh chuig an Roinn agus trí phróiseas leathan comhairliúchán phoiblí áitiúil a rinne an Oifig Uisce Údarás Áitiúil agus Pobal (tá

síad leagtha amach thíos i gCuid 2.2). Bhí cainteanna déthaobhacha ann freisin leis na páirtithe leasmhara.

- Forbraíodh Clár uasdátaithe Beart. Bhí sé seo bunaithe ar an aiseolas a fuarthas.

Léiríonn na pointí thusas an mhodheolaíocht shonraithe a leanadh leis an bPlean seo a cheapadh. Sna codanna thíos, cuirtear síos ar thrí cinn de na príomhstruchtúir tacaíochta a bhí mar dhlúthchuid d'fhorbairt an Phlean: (1) an Coiste Comhairleach Polasaí Uisce, (2) an Grúpa Stiúrtha um Clár Beart, agus (3) na próisis Chomhairliúcháin Phoiblí.

## 2.2 Struchtúir Thacaíochta maidir le Forbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí

### 2.2.1 An Coiste Comhairleach Polasaí Uisce

Bunaíodh an Coiste Comhairleach Polasaí Uisce (faoi I.R. Uimh. 350 de 2014) chun tacú leis an Aire agus comhairle a thabhairt dó/di maidir le forbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí. Tagann an coiste polasaí ardleibhéal seo le chéile uair sa ráithe agus tá na príomheagrais náisiúnta air a chuireann le seachadadh na Creat-Treorach Uisce in Éirinn. Tá ionadaí an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar Chathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach agus tá ionadaithe ó na heagrais seo a leanas air:

- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Roinn Cumarsáide, Gníomhaíthe ar son na hAeráide agus Comhshaoil
- An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
- An Roinn Sláinte
- An Coimisiún um Rialáil Fóntas
- Údarás Áitiúla
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- Uisce Éireann
- Iascaigh Intíre na hÉireann
- Oifig na nOibreacaha Poiblí
- Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann

Fuair an Coiste Comhairleach Polasaí Uisce tacaíocht bhreise ó bhaill an Ghrúpa Stiúrtha um

Chlár Beart, a rinne maoirseacht ar fhorbairt an Chlár Beart agus ar fhorbairt na bpleananna dréachta agus an phlean deiridh.

### 2.2.2 Grúpa Stiúrtha an Chlár Beart

Ba é ról Ghrúpa Stiúrtha an Chlár Beart smaoineamh go sonrach ar obair tréithrithe GCC, ar thorthaí an phróiseas comhairliúcháin phoiblí agus ar chiallachais ceisteanna níos leithne maidir le polasaithe poiblí. B'éigean dóibh forbairt Clár Beart a stiúradh, clár a rachadh i ngleic ar dhóigh éifeachtach leis na brúnna suntasacha a aimsíodh tríd an obair tréithrithe. Bhí baill ó na heagrais seo a leanas ar Ghrúpa Stiúrtha an Chlár Beart:

- An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara
- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- An Oifig Uiscí Údarás Áitiúil agus Pobal
- Uisce Éireann
- Teagasc

Agus an obair seo idir láhma ag Grúpa Stiúrtha an Chlár Beart, rinneadh machnamh ar thorthaí na hoibre tréithrithe agus ar thorthaí roinnt páipéar oibre faoi cheisteanna a bhain le cáilíocht uisce. Chomh maith leis na heagrais liostaithe thusa, bhí páirtithe tábhachtacha eile ranpháirtíteach síos tríd an bpróiseas chun an Phlean seo a fhorbairt. Ina measc bhí an Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, lascaigh Intíre na hÉireann agus an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra sa Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus Oifig na nOibrithé Poiblí. Bhí baill an Ghrúpa Stiúrtha agus na páirtithe leasmhara eile párteach ar bhealach níos leithne freisin agus an obair tréithrithe docheantair ag dul ar aghaidh. Tharla an teagmháil bhreise seo trí chruinnithe déthaobhacha agus trí ghrúpaí oibre a bhí ann cheana féin, mar shampla.

### 2.3 Naisc le Polasaithe agus le Pleananna Eile Rialtais

Gné thábhachtach d'fhorbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí ab ea na naisc le réimsí eile polasaí ar fud an rialtais agus na príomhphleananna agus na príomhchláir atá i bhfeidhm cheana féin nó atá bearaithe a aithint agus a thuiscint. Chuidigh an próiseas Measúnaithe Straitéisigh Comhshaoil leis sin óir tá sonraí ann faoi na pleannanna agus cláir a bhaineann leis an bpróiseas pleannála bainistíochta abhantraí agus a imríonn tionchar air. Áirítear leis na réimsí gaolmhara polasaí úsáid talaimh agus pleannáil spásúil, athrú na haeráide, cosaint ar thuile, an polasaí seirbhísí uisce, bainistíú

dramhaíola, talmhaíocht, iascaigh, foraoiseacht agus talamh portaigh.

Maidir leis na nithe atá thuasluaithe agus le réimsí eile gaolmhara polasaí, bhí polasaithe, pleannanna, straitéisí agus cláir a bhí ann cheana féin san áireamh agus an Plean Bainistíochta Abhantraí seo á fhorbairt. Bhí tábhacht ar leith leis sin i réimsí mar phleanáil, talmhaíocht, foraoiseacht agus talaimh phortaigh, a bhfuil straitéisí nua ina leith glactha cheana féin. Tá tuilleadh eolais le fáil i gCuid 2.6.

### 2.4 Próisis Chomhairliúcháin Phoiblí

Ó cuireadh túis in 2014 leis an bpróiseas chun an dara timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí a fhorbairt, tá ranpháirtíocht an phobail agus teagháil le páirtithe leasmhara ar na gnéithe is mó atá ag tiomáint an Phlean. Is ar an ranpháirtíocht sin atá na tosaíochtaí don timthriall atá chugainn, suas go 2021 agus ina dhiaidh sin, múnlaithe. Tá cuspóirí comhshaoil atá uaillmhianach ach inghnóthaithe leagtha amach i gCuid 6 den Phlean. Beidh ríthábhacht le ranpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara uile – agus an phobail mhór go háirithe – sna céimeanna forbartha agus feidhmithe le go mbainfear amach roinnt mhaith de na cuspóirí seo.

Mar a tugadh le fios i gCuid 1.1 thusas, is é ceann de na príomhcheachtanna a foghlaimíodh sa chéad timthriall den Phlean nach raibh struchtúir rialaithe agus seachadta chomh héifeachtach agus a raibh súil leis chun cuspóirí comhshaoil a ghnóthú ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil araon. Bhí struchtúir fheabhsaithe comhairliúcháin phoiblí de dhíth le:

- Feasacht a ardú faoi cheisteanna cáilíochta uisce agus faoi bhainistíochta uisce in Éirinn.
- Tuairimí faoi cheisteanna uisce atá tábhachtach do dhaoine a bhailiú.
- Tuairimí an phobail faoin bpolasaí ginearálta uisce a fháil, na gníomhartha atá beartaithe sa Phlean Bainistíochta Abhantraí go háirithe.
- Deis a thabhairt do shaoránaigh agus d'eagrais ionadaíochta ionchur a bheith acu sa phróiseas ceapadh polasaithe.
- A chinntíú go bhfuil tacaíocht ann le haghaidh polasaithe agus bearta náisiúnta trína gcur i bhfeidhm go héifeachtach go háitiúil.
- Tairbhe a bhaint as ionchur an phobail maidir le bearta forlíontacha a chur in ord tosaíochta.
- Tionscnaimh uisce faoi cheannas an phobail a chur chun cinn agus an pobal a chumasú chun iad a chur i bhfeidhm.

Gné thábhachtach d'fhorbairt an Phlean Bainistíochta Abhantraí, mar sin, ab ea comhairliúchán cuimsitheach poiblí. Bhí trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí ann maidir leis an bPlean:

- ▀ Bhí comhairliúchán ann in 2015/2016 faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce, a bhfuil sainordú fúithi sa Chreat-Treoir Uisce. Aithníodh tríd an bpróiseas seo ceisteanna suntasacha sa Phlean dréachta Bainistíochta Abhantraí ar gá dul i ngleic leo.
- ▀ Bhí comhairliúchán poiblí náisiúnta ann in 2017 faoi Phlean dréachta Bainistíochta Abhantraí. Thug sé sin deis do dhaoine a dtuairimí faoi na struchtúir agus na bearta atá leagtha amach sa phléchéapéis agus faoin dóigh ar chóir an Plean deiridh a chur in iúl a fhorbairt.
- ▀ Bhí próiseas áitiúil chomhairliúcháin phoiblí ann faoin bPlean dréachta Bainistíochta Abhantraí in 2017. Bhí an próiseas sin ar siúl ag an am céanna leis an bpróiseas náisiúnta comhairliúcháin agus dhírigh sé ar cheisteanna áitiúla faoi chálíocht uisce. Is í an Oifig Uiscí Údarás Áitiúla agus Pobal a d'eagraigh é agus bhí 124 cruinniú eolais poiblí ann ar fud na tíre.

Tá níos mó sonraí faoi na próisis seo leagtha amach thíos.

#### 2.4.1 Comhairliúchán faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce

Bhí comhairliúchán poiblí ann faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce idir Meitheamh agus Nollaig 2015. Cuireadh túis leis le ceardlann agus bhí cuireadh ar na páirtithe leasmhara go léir páirt a ghilcadh inti. Ag éirí as an gcomhairliúchán sin, aithníodh réimse téamaí i gcoitinne a bhain le brúnna comhshaoil agus fachtóirí sochaí. Bhí cur síos ar na téamaí seo ann cheana féin sa Phlean dréachta<sup>1</sup>. Is léir go bhfuil gaolmhaireacht láidir ann idir na ceisteanna a ardaíodh tríd an bpróiseas faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce agus na príomhthéamaí a tháinig chun solais le linn an chomhairliúcháin phoiblí ar an bPlean dréachta.

Bhí 46 freagra san iomlán ann ar an gcomhairliúchán faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce agus cuireadh na ceisteanna is mó a ardaíodh sa Phlean dréachta, a foilsíodh go luath in 2017. Tá siad seo a leanas ar na príomhcheisteanna:

- ▀ An gá le cuir chuige níos straitéisí agus níos comhordnaithe i leith cumarsáide, teaghmáil

leis an bpabal agus teaghmáil le páirtithe leasmhara.

- ▀ An chothromaíocht choibhneasta idir tréithriú iomlán agus an measúnú riosca gaolmhar, agus an gá le bearta a chur in ord tosaíochta agus iad a chur i bhfeidhm.
- ▀ An tábhacht atá leis an earnáil talmhaíochta (agus le gach earnáil, go deimhin) maidir lena bheith ag cur le feabhsuithe ar chálíocht uisce.
- ▀ An tábhacht a bhaineann le hinfheistíocht inbhuanaithe a fháil agus feabhsuithe oibríochtúla a bhaint amach i dtaca le fearais chóireála dramhuisce.
- ▀ An gá le dul i ngleic go sonrach le cailleadh ardstádas uiscí.

Bhí ceardlann lae i mí na Bealtaine 2016 ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil a bhí bainteach leis an gcomhairliúchán faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce chun na ceisteanna a tháinig chun cinn as an bpróiseas comhairliúcháin a imscrúdú agus a fhorbairt tuilleadh agus chun teacht ar chomhthuiscint leo siúd a chuir freagraí isteach mar chuid den phróiseas seo.

#### 2.4.2 Comhairliúchán Poiblí Díreach faoin bPlean Dréachta Bainistíochta Abhantraí

Ar an 28ú Feabhra, 2017, d'fhoilsigh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Plean dréachta Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn, 2018-2021. Fógraíodh go mbeadh fáilte roimh aighneachtaí, tuairimí agus ráitis faoin bPlean a bhí á mholadh trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí sé mhí. Bhí daoine in ann a dtuairimí a chur in iúl faoin dóigh ar chóir an Plean a fhorbairt trí mheáin éagsúla, rud a thug deis don phobal a bheith rannpháirteach. Fuarthas aighneachtaí trí ríomhphost, tríd an bpost agus trí shuirbhé gairid ar líne.

Bhí freagairt an-mhaith ar an bpróiseas. Fuair an Roinn 938 aighneacht go díreach ó dhaoine aonair agus ó ghrúpaí. Ar na grúpaí sin bhí eagrás chomhshaoil, eagrás phobail, údarás áitiúla, ionadaithe polaitíocha agus cuideachtaí. San Fhóram Uisce bhí deis ag cuid mhór páirtithe leasmhara a bhfuil suim ar leith acu i gcúrsaí uisce a dtuairimí a chur in iúl in aon áit amháin. Bhí cur agus cúíteamh ann agus as sin, cuireadh cárpeis chuimsitheach isteach mar chuid den phróiseas seo. Rinneadh anailís ar na haighneachtaí uile agus aimsíodh 22 fothéama atá tábhachtach don phobal. Tá cuid mhaith de na fothéamaí sin nasctha

<sup>1</sup> Ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil:  
[http://www.housing.gov.ie/sites/default/files/public-consultation/files/draft\\_river\\_basin\\_management\\_plan\\_1.pdf](http://www.housing.gov.ie/sites/default/files/public-consultation/files/draft_river_basin_management_plan_1.pdf)

go dlúth le cheile agus nuair a rinneadh grúpáil arís eile orthu, tháinig ceithre théama ardleibhéal chun cinn: "Freagairtí an Stát maidir le Bainistíocht Uisce a Fheabhsú", "Brúnna ar Dhabharlaigh

agus ar Cháilíocht Uisce", "Riocht Fisiciúil Uiscí Dromchla" agus "Luach Dobharlach". Tá siad go léir mar cheannteidil sa tábla seo thíos.

Ardaithe Go Minic	Freagairtí Stát maidir le Bainistíocht Uisce a Fheabhsú	Brúnna ar Dhabharlaigh agus ar Cháilíocht Uisce	Riocht Fisiciúil Uiscí Dromchla	Luach Dobharlach
Gan a bheith Ardaithe Chomh Minic Sin	Cisteanna Polasaí, Rialáil agus Forfheidhmiú	Cleachtas Talmhaiochta	Bainistiú Bithéagsúlachta	Uisce agus Sláinte
	Comhordnú Eagraíochtúil	Saibhriú Cothaitheach	Tuile	Oideachas
	Rannpháirtíocht an Phobail	Foraoiseacht	Astarraingt agus Sruth	Áineas
	Cur i bhFeidhm an Phlean a Chomhordnú	Ceimiceáin Ghuaiseacha	Gnéithe Fisiciúla	Uiscí Ardstdádais
	Acmhainní a Chur Ar Ais agus Tosaíochtaí a Shocrú	Speicis Ionracha	Hidreamor-feolaíocht	
	Leibhéal Uaillmhéine	Aeráid	Pleanáil Úsáid an Talaimh	

Tábla 2.1 - Ceisteanna a pléadh sa phróiseas comhairliúcháin faoin bPlean Bainistíochta Abhantraí

#### 2.4.3 Comhairliúchán Poiblí Áitiúil tríd an Oifig Uiscí Údarás Áitiúil agus Pobal

Fóram eile ab ea na próisis teagmhála leis an bpobal a bhí ag an Oifig Uiscí Údarás Áitiúil agus Pobal. Dhírig an Oifig go mór mhór ar a bheith i dteaghmháil le pobail ar fud na tíre agus ar an tábhacht a bhaineann le cálíocht uisce a chur ina luí orthu. Éisteadh leis na cisteanna a bhí ag déanamh imní don phobal agus spreagadh iad le bheith páirteach i gcúrsaí uisce. Bhailigh oifigigh na hOifge breis agus 1,000 aighneacht ó dhaoine a bhfuil suim acu i gceisteanna náisiúnta agus áitiúla

araon. Bailíodh na haighneachtaí trí theaghmháil phearsanta ag 120 cruinniú eolais, ar líne agus trí chomhráite ar an nguthán.

Bhí na próisis teagmhála seo mar bhealach tábhachtach chun eolas a thabhairt don phobal agus chun a dtuairimí faoi cheisteanna áitiúla agus faoin bPlean dréachta a bhailíu. Tá na fothéamaí a ithníodh leagtha amach sa tábla thíos (Tábla 2.2). Cé gur ceisteanna áitiúla iad, tá siad ag teacht a bheag nó a mhór leis na téamaí atá leagtha amach sa chomhairliúchán díreach.

Ardaithe Go Minic	Freagairtí Stát maidir le Bainistíocht Uisce a Fheabhsú	Brúnna ar Dhabharlaigh agus ar Cháilíocht Uisce	Riocht Fisiciúil Uiscí Dromchla	Luach Dobharlach
Gan a bheith Ardaithe Chomh Minic Sin	Socrú Tosaíochtaí maidir le Fearais (Áitiúla) Uirbeacha Chóireála Dramhuisce	Talmhaíocht	Mionathrú Fisiciúil	Buairimh maidir le Rochtain/ Siúlóidí srí
	Cóireáil Uisce Óil	Dumpáil	Astarraingtí Malaírt Slí	Tionchair ar Cháilíocht Uisce Snámha
	Scoilt Gníomhaithe Stát agus a Ról óna Chéile (soiléireacht faoi fhreagrachtaí, teacht orthu le teaghmháil a dhéanamh leo, freagairtí).	Foraoiseacht	Sioltachán (féadfaidh sé gur ón talamh a thagann sé)	Áineas
		Tionsclaiocht	Bithéagsúlachta	
		Córais Chóireála Dramhuisce Tí		

Tábla 2.2 - Ceisteanna a pléadh i bpróiseas comhairliúcháin an OUPÚÁ

## 2.5 Tionchar na gComhairliúchán ar an bPlean

Tá measúnú déanta ar na tuairimí aonair, ar na fothéamaí agus ar na téamaí atá leagtha amach thuas. Tá siad mar bhunús le bearta atá i bhfeidhm faoi láthair agus le bearta ionchais. Tá cuspóirí comhshaoil á leagan amach a chinnteoidh go bhfuiltear ag dul i ngleic le buairimh ar leith oiread agus is féidir. Ar ndóigh, ní féidir seo a dhéanamh

i gcás gach tuairime i ngach aighneacht, ach tá iarracht déanta againn tionchar an phróiseas comhairliúcháin ar an bPlean a uasmhéadú, de réir raon na Creat-Treorach Uisce agus na n-acmhainní atá ar fáil leis an bPlean a chur i bhfeidhm. Tá achoimre in Tábla 2.3 thíos ar chuid de na polasaithe nua a raibh tionchar ag an gcomhairliúchán poiblí orthu. Tá tagairtí ann freisin don áit sa Phlean ina bhfuil siad le fáil.

Achoimre ar na bearta polasaí nua ar imir an t-aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí tionchar orthu		
Téama	Beart Polasaí	Rannán
<b>Freagraí Stáit maidir le Bainistíocht Uisce a Fheabhsú</b>	<p>Fóram feabhsaithe le haghaidh ranpháirtíocht pobail a bhunú</p> <p>Struchtúir nua comhordaithe, rialachais agus seachadta a fhorbairt</p> <p>€73 milliún in aghaidh na bliana infheistithe ag Uisce Éireann ar idirghabháilacha chun sceitheadh a laghdú, lena n-airítear bainistíocht brú, bearta chun sceitheadh a rialú, obair athnuachana ar phriomhphíopá uisce mar aon le coigiltis leanúnacha don chustaiméir</p>	<span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">10</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">11</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">9.7</span>
<b>Brúna ar Dhabharlaigh agus ar Cháillíocht Uisce</b>	<p>Uisce Éireann le €1.7 billiún a chaitheamh ar 255 tionscadal cóireála dramhuisce uirbeach</p> <p>43 ball foirne sna húdaráis áitiúla le measúnuithe imscrúdaitheacha a dhéanamh ar dhabharlaigh</p> <p>An Clár Tacaíochta agus Comhairle maidir le hInbhuanaitheacht Talmhaíocha - 30 Comhairleoir Inbhuanaitheacha nua a thabharfaidh comhairle agus tacaíocht d'fheirmeoíri sna 190 Réimse Gnímh agus san earnáil déiríochta trí chéile</p> <p>Cur chuige comhoibríoch nua i leith foinsí uisce óil a chosaint</p> <p>An scéim deontais chun cabhrú leis na costais a bhaineann le dabbha shéarachais a fheabhsú i límistéir uisce ardstádais agus i límistéir faoi chosaint a leathnú</p> <p>Tá athailíníú déanta ar rialacháin, beartais agus ar riachtanais a bhaineann le foraoiseacht chun iad a chur in oiriúint do bheartas uisce náisiúnta</p>	<span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">7.2</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">10</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">7.1</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">8.1</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">7.1</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">7.3</span>
<b>Riocht Fisiciúil Uiscí Dromchla</b>	<p>Measúnú lascaigh Intíre Éireann ar chonstaicí ar ghluaiseacht iasc i nDhabharlaigh</p> <p>Foilsíú reacthaíochta chun clár astarraingtí agus córas rialaithe a fhorbairt</p> <p>Treoir maidir le huisce agus treoir phleanála d'Údarás Phleanála a fhorbairt</p> <p>Feabhas a chur ar mhodhanna meastóireachta hidrimhoirfeolaíocha</p>	<span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">7.6</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">7.7</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">7.8</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">7.6</span>
<b>An Luach atá ar Dhabharlaigh</b>	<p>Rannpháirtíocht LAWCO ag leibhéal an phobail, Clár Abhantrach an Phoinc Ghoirm san áireamh</p> <p>Ciste Forbartha Uisce Pobail nua a fhorbairt</p> <p>Bunú an Fhóram Uisce</p> <p>Tionscnaimh chomhoibríocha nua d'fhonn foinsí uisce óil a chosaint</p>	<span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">8.3</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">11</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">11.3</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">11.1</span> <span style="background-color: #0070C0; color: white; border-radius: 50%; padding: 5px 10px;">8.1</span>

**Figiúr 2.1 - Achoimre ar bhearta nua polasaí a raibh tionchar ag an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí orthu**

## Freagairtí Stát maidir le Bainistíocht Uisce a Fheabhsú

Bunaíodh roinnt fóram nua ar mhaithle le teagmháil agus rannpháirtíochta i dtaca le cursaí uisce mar fhreagairt ar cheisteanna a ardaíodh sa chéad dul síos sa chomhairliúchán faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce agus a treisíodh go mór sna comhairliúcháin phoiblí ina dhiaidh sin. Bhí deis ag páirtithe leasmhara ó gach earnáil a bheith rannpháirtíochta i mbainistiú ár n-acmhainní uisce agus é a mhúnlá. Le linn an chomhairliúcháin phoiblí, ardaíodh ceisteanna go seasta de réir na dtéamaí seo a leanas: "Ceisteanna Polasaí, Rialáil agus Forfheidhmiú", "Comhordnú Eagraíochtaí", "Teagmháil leis an bPobal" agus "Comhordnú Cur i bhFeidhm an Phlean". Rinneadh tagairt dóibh i bhformhór na n-aighneachtaí a cuireadh chuig an Oifig Uiscí Údarás Áitiúil agus Pobal agus in 40% de na haighneachtaí a cuireadh chuig an Roinn. Is iad seo 4 cinn de na 6 théama is coitianta sna haighneachtaí uile a cuireadh isteach chuig an Roinn.

Is léir go bhfuil fonn ar dhaoine den phobal mór a bheith rannpháirtíochta go seasta agus ar dhóigh fhiúntach leis an bpróiseas pleánalaí bainistíochta abhantraí. Tá na struchtúir nua feidhmithe agus rannpháirtíochta, mar aon leis an obair iontach atá ar siúl ag an OUÚAP go háitiúil, mar mhodhanna trínar féidir leis an bpobal a bheith páirteach i bhforbairt an Phlean seo agus tionchar a imirt air. Mar gheall ar na feabhsuithe seo agus ar tharmligean tuilleadh freagrachtaí do Choistí Réigiúnacha na n-údarás áitiúil, tá feabhsuithe níos sonraí tagtha ar chálíocht uisce ar leibhéal áitiúil. Mar fhreagairt ar theachtaireacht sheasta a chualathas arís agus arís eile sna próisis chomhairliúcháin, bogadh i dtreo straitéis níos cothromaithe, le bearta áitiúla agus bearta náisiúnta araon. Cé go bhfuil bearta náisiúnta riachtanach do rath an Phlean, tá cur i bhfeidhm "na mbeart ceart san áit cheart" ríthábhachtach chun an dóigh a gcosnaímid ár ndobharlaigh a mhúnlá.

**Brúna ar Dnobharlaigh agus ar Chálíocht Uisce**  
Tá truilliú idirleata tuaithe ó fhoinsí talmhaíochta aitheanta ag an GCC mar bhrú suntasach in 780 (53%) de na dobharlaigh a mbaineann an riosca leo nach mbainfear amach na cuspóirí comhshaoil ina leith. Go dtí seo, is ar leibhéal náisiúnta atá an chuid is mó de na bearta atá ann cheana féin le dobharlaigh a chosaint ó thruilliú idirleata tuaithe (e.g. an Plean Náisiúnta Talmhaíochta, an Plean Forbartha Tuaithe). Aithníodh trí obair tréithríthe dobharcheantair an GCC, agus trí na haighneachtaí a fuarthas i gcéim an chomhairliúcháin, go bhfuil gá le feabhsuite trí bhearta spriocdhírithe curtha i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil. As na haighneachtaí a cuireadh

chuig an Roinn, luaíodh cleachtais talmhaíochta mar ábhar imní in 780 (41%) acu agus ba í an talmhaíochta an dara téama ba mhó i bpróiseas comhairliúcháin an OUÚAP. Ar na ceisteanna ba choitianta a ardaíodh bhí easpa acmhainní chun a bheith i dtéagmháil le feirmeoírí, an gá leis an gclár de bhearta praiticiúla bunaithe ar fhianaise a láidriú, agus an tionchar ionchais a bheidh ag leathnú na straitéise Food Wise 2025 ar chálíocht uisce.

Tá roinnt beart sa Phlean a théann i ngleic leis na buairimh éagsúla a bhaineann le saibhriú le cothaithigh trí chleachtais talmhaíochta, go háirithe ag leibhéal áitiúil. Is iad seo a leanas cuid de na príomhghealltanais atá déanta:

1. Suas le 43 ball foirne réigiúnach ó na húdarás áitiúla a shannadh le bheith páirteach i measúnuithe imscrúdaitheacha ar dhobharlaigh leis na cúiseanna díreacha atá le truaillí uisce a dheimhniú. Níl na measúnuithe seo thírithe ar an talmhaíochta amháin.
2. 30 Comhairleoir nua Inbhunaitheachta Talmhaíochta a chur ar fáil tríd an gClár Tacaíochta agus Comhairle Inbhunaitheachta Talmhaíochta. Is é is aidhm leis an gclár sin go sonrach comhairle agus tacaíocht a thabhairt d'fheirmeoírí a chuirfidh ar a gcumas dóibh cuidiú leis na hiarrachtaí chun cálíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú.
3. Cur chuige comhoibríoch nua a bhunú i dtaca le foinsí uisce óil a chosaint chun foinsí uiscí óil atá Faoi Riosca mar gheall ar ghníomhaíochtaí sa dobharcheantar a bhainistiú agus a chosaint go héifeachtach.
4. Scéim na ndeontas a leathnú ar mhaithle le deisiúcháin, uasghrádúithe agus cur córais nua chóireála dramhuisce tí in áit na seancheann i dobharcheantair abhann a bhfuil cuspóir ann ina leith ardstádas a bhaint amach.

## Riocht Fisiciúil Uiscí Dromchla

Ardaíodh go seasta sna haighneachtaí a fuarthas le linn an chomhairliúcháin ceisteanna faoi thuile agus bearta cosanta ar thuile agus faoi rialú sruthanna uisce agus astarraingtí, agus faoin ngaolmhaireacht atá eatarthu seo agus pleánáil agus forbairt. Braitheadh go raibh laigí sa réimse seo sa chéad timthriall. Bhí roinnt beart nua atá ceaptha le tuiscint níos fearr ar riocht fisiciúil dobharlach a chur chun cinn agus le bainistiú gníomhaíochtaí a rachaidh i bhfeidhm ar riocht

fisiciúil uiscí dromchla sa todhchaí luaite sa Phlean dréachta, a d'fhoilsigh an tAire i mí Feabhra 2017. Tá rocht fisiciúil dobharlach ar cheann de na gnéithe is idirghaolmaire sa Phlean seo, mar féadfaidh na nithe seo a leanas dul i bhfeidhm go mór air: scéimeanna maolú tuile agus cothabhlár draenála artairí, bacainní ar imirce iasc, tionscail amhail an phoraoiseacht agus astarraingt móna, agus pleánáil úsáid talaimh.

Ag aithint dúinn a thábhactaí don phobal mór atá bainistiú gníomhaíochtaí a théann i bhfeidhm ar rocht fisiciúil dobharlach, tá bearta criticiúla tionscnaithe againn a bheidh mar bhunús le feabhsuithe ar stádas fisiciúil ár ndobharlach agus a chinnteoidh go mbeidh siad mar dhlúthchuid dár bpróisis chinnteoireachta. Orthu sin tá siad seo a leanas:

- ▀ Agus túis á chur le forbairt treoir uisce agus pleánála le haghaidh Údarás Phleanála, cuirfear pleánálaite faoi oiliúint i dtaca leis an gCreat-Treoir Uisce agus leis na cuspóirí comhshaoil atá leagtha amach sa Phlean.
- ▀ Gealltanás a fháil ó lascaigh Intíre na hÉireann go gcuirfidh siad túis láithreach lena measúnú ar bhacáiní fisiciúla ar imirce iasc i ndobharlaigh ar fud na hÉireann. Leanfaidh an togra seo ar aghaidh ó bhunobair atá déanta ag lascaigh Intíre na hÉireann agus ó obair atá déanta acu ar thograí taighde, agus beidh tuiscint i bhfad níos fearr ar scála na ceiste a gcaithfear déileáil leis sa tríú timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí mar thoradh air.
- ▀ Reachtaíocht a fhoilsíú le clár astarraingtí níos mó ná 25m<sup>3</sup>/lá a phorbairt. Leis an reachtaíocht seo, leagtar freagracht ar an GCC clár astarraingtí a bhainistiú agus éilíonn sé ar gach astarraingteoir a théann os cionn na tairsí a gcuid sonraí a chur isteach le go gcuirfear ar an gclár iad.
- ▀ Modhanna measúnaithe hidreamoirfeolaíochta a fheabhsú. Tá clár oibre ann atá faoi stíúir an GCC agus tríd an gclár sin tá bonn fianaise éiceolaíochta á chur le chéile chun a aithint cad iad na dáláí fisiciúla atá riachtanach le tacú le stádas maith agus le hardstádas éiceolaíochta. Éascóidh an bonn fianaise seo dearadh bearta feabhsaithe maolaithe ar féidir iad a chur isteach i bpleannanna chun meathlú ar an stádas éiceolaíochta a chosca. Beidh treoir theicniúil thacaíochta faoi bhearta maolaithe bunaithe ar an eolas agus ar na cleachtais is fearr dá bhfuil ar fáil maidir le maolú na n-eifeachtaí éiceolaíochta a bhaineann le forbairt fisiciúil gar d'uiscí dromchla.

Tá cur i bhfeidhm na mbeart áirithe seo – agus bearta eile a bhaineann le hastarraingtí agus pleánáil úsáid talaimh – chun dul i ngleic le brúnna fisiciúla mar léiriú ar ár dtiomantas leanúnach do bheith ag cur lenár n-eolas agus ag feabhsú an smachta atá againn ar na próisis fisiciúla a mbíonn éifeacht acu ar ghnóthú cuspóirí comhshaoil ag dobharlach. Tá fianaise ar an tiomantas daingean seo le fáil freisin i bhfoilsíú pleannanna leathana bainistiú rioscaí tuile atá ullmhaithe ag Oifig na nOibreacha Poiblí.

### **Luach Dobharlach**

Léiríonn na freagairtí a fuarthas le linn na bpróiseas comhairliúcháin dhírigh agus áitiúil an luach ard a mheasann daoine a bheith lenár n-áibhneacha, lochanna, uiscí idir eatar thu agus uiscí cósta. Bhí sé seo le sonrú go háirithe in aighneachtaí príobháideacha agus in aighneachta ó eagrais neamhrialtasacha chomhshaoil. Tá roinnt forbairtí nua ann a bhfuil sé mar aidhm leo rannpháirtíochta sa Phlean a chur chun cinn agus braistint úinéireachta pobal maidir lena ndobharlaigh áitiúla a mhéadú.

Tá na forbairtí seo i bhfoirm struchtúir nua rialaithe agus seachadta agus bearta nua atá curtha isteach sa Phlean chun cuspóirí comhshaoil a ghnóthú. Féachfaidh an Oifig Uiscí Údarás Áitiúil agus Pobal le tógáil orthu sa dara timthriall den Phlean. Beidh acmhainní eile ó na húdarás áitiúla ar fáil don obair seo agus beidh na Comhairleoirí Inbhuanaitheachta Talmhaíochta páirteach ann. Leis an gcomhoibriú idir na gníomhaithe seo agus earnálacha eile sa phobal, féachfar leis an dearcadh atá ag an bpobal ar dhobharlaigh na hÉireann a fheabhsú. Féadfar an méid sin a bhaint amach trí chosaint níos mó ar thruailliú a chur ar fáil, mar shampla, nó trí thionscadail bhere feabhsúcháin a phorbairt.

Bhí na freagrói í bhfách le struchtúr na hOifige Uiscí Údarás Áitiúil agus Pobal agus leis an bplean chun aitheantas níos mó a thabhairt do ról na bpobal. Mar fhreagairt air sin, tá Ciste nua Forbartha Uisce Phobail bunaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Beidh an ciste seo mar spreagadh agus mar ghléas cumasaithe le haghaidh tionscadail phobalbhunaithe atá ag teacht le spriocanna an Phlean Bainistíochta Abhantraí.

Bhí ceisteanna faoi uiscí sláintíúla agus cailleadh uiscí ardstádaí mar théamaí coitianta sna haighneachtaí a fuarthas. De réir an chur chuige phraiticiúil atá i bhfeidhm ag Coistí Reigiúnacha na n-Údarás Áitiúil agus réimsí le haghaidh gnímh á gcur in ord tosaíochta, tuigtear dúinn go luíonn sé le ciall gníomhú i dtaca le foinsí dobharlach chun cuspóirí comhshaoil a ghnóthú feadh cuiislí abhann.

Tá sé mar aidhm ag an “gClár um Dhabharlaigh Phoinc Ghoirm” uiscí ardstádais a chosaint agus a fheabhsú; tá cuid mhór acu seo lonnaithe in uiscí uachtair i gceantair ardtalaimh. Táthar ag súil go mbeidh buntáistí éagsúla ag baint leis an gclár seo, ina measc ardú feasachta agus oideachas faoi bhrúnna, tionscnamh tograí beaga i bpobail agus feabhsú cáilíocht uisce agus na bithéagsúlachta.

Ón tú斯, tá an Plean seo á mhúnlú ag fachtóirí éagsúla, ina measc ionchur ó pháirtithe leasmhara, polasaithe rialtais agus fachtóirí eacnamaíochta agus sochaí. Léiríodh go soiléir i gcéim chomhairliúcháin na gCeisteanna Suntasacha Bainistíocha Uisce agus sa chomhairliúchán poiblí go bhfuil suim ag daoine ar fud an oiléain sa dóigh a mbímid ag bainistiú ár gcuid uiscí agus go bhfuil fonn mór orthu a bheith rannpháirteach ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta araon. Ní fhéadfaí an Plean seo a forbairt gan cuidiú ó dhaoine aonaír, grúpaí pobail, eagrais neamhrialtasacha comhshaoil, páirtithe leasmhara tionsclaíochta, forais rialtais agus eile.

Tá cur i bhfeidhm an Phlean sa chéad cheithre bliana atá romhainn chomh tábhachtach céanna, áfach, agus beidh deis ag gach páirti leasmhar bainistiú cáilíocht uisce in Éirinn a mhúnlú sa todhchaí.

## 2.6 Measúnú Comhshaoil agus an Plean

De réir reacthaíocht Eorpach agus náisiúnta, tá Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Measúnú Oiriúnachta déanta ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil ar an bPlean Bainistíocha Abhantraí. Tugadh na próisis seo san áireamh agus bail chríoch á cur leis an bPlean.

### 2.6.1 Measúnú Straitéiseach Comhshaoil

Bíonn Measúnú Straitéiseach Comhshaoil in Éirinn á rialú ag Rialacháin an Chomhphobail Eorpáigh um Measúnú Comhshaoil ar Phleananna agus ar Chláir Áirithe (I.R. 435 de 2004 arna leasú le I.R. 200 de 2011). Éilitear leo go ndéantar Measúnú Straitéiseach Comhshaoil ar phleananna agus ar chláir áirithe ullmhaithe ag forais reacthúla ar dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha acu ar an timpeallacht.

Rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil scagadh in 2017 maidir leis an ghá le Measúnú Straitéiseach Comhshaoil a dhéanamh i dtaca leis an bPlean Bainistíocha Abhantraí. Cinneadh go mbeadh Measúnú Straitéiseach Comhshaoil de dhíth. Mar aitheantas air sin, tá príseas an Mheasúnaithe curtha i bhfeidhm ar an bPlean. Bhí tionchar ag torthá an Mheasúnaithe,

na bearta maolaithe san áireamh, ar an bPlean Bainistíocha Abhantraí deiridh. Bhí an Measúnú ar síúl go leanúnach agus an Plean á forbairt.

Is iad seo a leanas cuspóirí an phróiseas Measúnaithe:

- ▼ Leibhéal ard cosanta comhshaoil a chur ar fáil
- ▼ Cur le comhtháthú ceisteanna comhshaoil agus pleananna agus cláir áirithe ar dócha go mbeidh éifeachtaí suntasacha acu ar an timpeallacht á n-ullmhú agus á oglacadh, d'fhonn forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn

### 2.6.2 Measúnú Oiriúnachta

Is iad na Rialacháin um Éin agus Gnáthóga Nádúrtha, 2011, arna leasú, agus an tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, le chéile, a aistríonn na riachtanais faoi Airteagal 6 de Threoir an AE um Ghnáthóga, an reacthaíocht is mó a rialaíonn measúnú oiriúnachta in Éirinn.

Leagann an reacthaíocht dualgas dhiana dhlíthiúla ar bhallstáit cosaint, caomhnú agus bainistiú gnáthóga agus speiceas atá le caomhnú a chinntí i ngach Suíomh Eorpach. Leagann Airteagal 6 den Treoir dualgas ar bhallstáit Measúnú Oiriúnachta a dhéanamh i dtaca le haon phlean nó tionscadal a mbeadh éifeacht shuntasach aige ar aon Suíomh Eorpach. Imríonn na tortaí a bhíonn ar a leithéid de Mheasúnú Oiriúnachta tionchar ar na cinní is féidir le húdaráis náisiúnta inniúla a dhéanamh go dlíthiúil maidir le pleananna agus tionscadail a cheadú.

Tá naisc shoiléire idir an Treoir um Ghnáthóga agus an Chreat-Treoir Uisce, tríd an gClár um Limistéir faoi Chosaint, lena n-áirítear Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta atá ainmnithe faoin Treoir um Ghnáthóga agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta ainmnithe faoin Treoir um Chaomhnú Éan Fián (Treoir 79.409/EEC mar atá códaithe trí Threoir 2009/147/EC). Tugtar “Suíomhanna Eorpacha” orthu seo. Leagann Airteagal 6(3) síos an riachtanas maidir le Measúnú Oiriúnachta ar phleananna agus tionscadail ar dócha go mbeidh tionchar acu ar Shuíomhanna Eorpacha den chineál seo.

Agus an Plean Bainistíocha Abhantraí á chur le chéile, rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil scagadh ar an bPlean le haghaidh Measúnú Oiriúnachta in 2017 agus shocraigh siad go mbeadh Measúnú Oiriúnachta iomlán de dhíth. Ullmháodh, mar sin, Ráiteas Tionchair Natura le tuilleadh eolais a chur ar fáil le haghaidh an Mheasúnú Oiriúnachta ar an bPlean Bainistíocha Abhantraí. Is é conclúid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúla, mar an t-údarás

inniuil le haghaidh an Phlean Bainistíocha Abhantraí agus bunaithe ar eolas oibiachtúil, nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bPlean, mar phlean aonair ná i gcomhar le pleannan agus tográ eile, ar shuíomhanna Eorpacha ar bith. Bhí an Measúnú ar siúl go leanúnach agus an Plean á fhorbairt.

Is é an cuspóir atá le próiseas an Mheasúnú Oiriúnachta:

- ▀ A oibriú amach an dócha go mbeidh tionchar suntasach ar shuíomh Eorpach ag pleán nó tionscadal mar phlean aonair ná i gcomhar le pleannan agus tionscadail eile maidir leis na cuspóirí caomhnaithe a bhaineann leis an suíomh.
- ▀ Ní féidir dul ar aghaidh leis an tionscadal ná leis an bpleán go dtí go mbeidh sé deimhnithe nach mbeidh drochthionchar aige ar an suíomh atá i gceist. Sa chás nach féidir a leithéid a dheimhniú, ní mór smaoineamh ar phleananna eile.

### 2.6.3 Comhtháthú na gCeisteanna Comhshaoil sa Phlean Bainistíochta Abhanraí

Bhí an Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus an Measúnú Oiriúnachta ag dul ar aghaidh ag an am céanna a bhí an Plean Bainistíochta Abhanraí á ullmhú. Bhí roinnt deiseanna ann chun go rachadh an dá phróiseas comhshaoil i bhfeidhm ar fhorbairt an Phlean. Tá achoimre déanta orthu thíos:

#### Srianta comhshaoil a aithint

Mar chuid den Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil, rinneadh iniúchadh ar dhálaí bonnlíne comhshaoil maidir le bithéagsúlacht, flóra agus fána, an daonra, sláinte an duine, táirgeadh bia agus sábhálteach, ithreacha agus geolaíocht, uisce, cálíocht an aeir agus fachtóirí aeráide, sócmhainní nithiúla, oidhreacht chultúrtha agus an tírdhreach. Baineadh úsáid as an eolas sin le cuspóirí an Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil a dhíriú, le roghanna malartacha a fhorbairt agus leis na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha a bhaineann le cur i bhfeidhm an Phlean Bainistíochta Abhanraí a mheasúnú.

#### Measúnú ar roghanna malartacha

Baineadh úsáid as an bhonn líne agus as na cuspóirí comhshaoil le ceisteanna tábhachtacha íogaire a aimsiú agus mar bhunús leis na roghanna malartacha agus, ar deireadh, le measúnú a dhéanamh ar an rogha ab fhéarr. Bhí foireann an Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus foireann an Phlean i dteagmháil lena chéile trí chruinnithe agus ceardlanna faoi roghanna féideartha agus cáipéis scóipe an Mheasúnaithe á hullmhú agus ina dhiaidh sin de réir mar a bhí an Plean Bainistíochta Abhanraí á fhorbairt.

#### Moltaí i dtaca le bearta maolaithe le dul i ngleic le héifeachtaí ar an timpeallacht níos leithne

Moladh bearta maolaithe le dul i ngleic le héifeachtaí diúltacha comhshaoil a athníodh le linn an phróiseas measúnaithe. Orthu sin bhí leasuithe ar fhocláiocht na ngníomhartha sa Phlean agus gníomhartha nua leis an timpeallacht agus sláinte an duine a chosaint.

#### Clár riachtanach monatóireachta comhshaoil

Cuireadh i láthair sa Tuarascáil Chomhshaoil le haghaidh an Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil clár monatóireachta comhshaoil le dul chun cinn maidir le cuspóirí comhshaoil a ghnóthú agus spriocanna a bhaint amach a rianú. Tá sé seo comhtháite sa Phlean Bainistíochta Abhanraí. Éascóidh an clár seo an mhonatóireacht leanúnach ar chur i bhfeidhm an Phlean.

#### Comhairliúchán

Le cuidiú le páirtithe leasmhara tuiscint níos fearr a bhaint as éifeachtaí comhshaoil an Phlean Bainistíochta Abhanraí, comhtháthaíodh comhairliúchán faoin Measúnú Straitéiseach Comhshaoil agus faoin Measúnú Oiriúnachta leis na deiseanna comhairliúcháin don Phlean. Sa chéad dul síos, bhí Scópáil le haghaidh an Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus Scagadh le haghaidh an Mheasúnú Oiriúnachta san áireamh, agus bhí an obair seo ag dul ar aghaidh ag an am céanna leis an gcomhairliúchán faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce. Bhí comhairliúchán ar siúl ina dhiaidh sin faoin bPlean dréachta ag an am céanna le comhairliúchán faoin Tuarascáil Chomhshaoil le haghaidh an Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus faoin Ráiteas Tionchair Natura. Rinne an fhoireann níos leithne machnamh ar cheisteanna a ardaíodh i ngach ceann de na cáipéisí chun a chinntíú go mbeadh tuiscint ionmán acu ar na ceisteanna tras-earnála a bhaineann leis an bPlean agus leis an timpeallacht a mbaineann sé léi.

## 2.7 Conclúid

Tá ceachtanna foghlamtha ag an Roinn Tithíochta, Pleánala agus Rialtais Áitiúil ón timthriall pleánala abhantraí maidir leis an tábhacht atá le teagmháil láidir le saoránaigh, pobail agus páirtithe leasmhara. Bhí próisis chuimsitheacha chomhairliúcháin ann agus smaoiníodh orthu go cúramach. Tá bunús láidir againn leis an conclúidí agus tá struchtúir, polasaithe agus bearta nua cruthaithe bunaithe orthu. Cinnteoidh na struchtúir chomhairliúcháin atá i bhfeidhm anois go mbeidh tionchar leanúnach ag tuairimí saoránach agus eagrais ionadaíocha ar na hiarrachtaí seo.

Chomh maith leis sin, mar gheall ar an gcur chuige comhoibríoch trasgníomhaíochta i leith fhorbairt an Phlean Bainistiochta Abhantraí, cinnteofar go mbeidh cuspóirí a bhaineann le cáilíocht uisce san áireamh agus straitéisí agus pleannana nua i réimsí gaolmhara polasaí á ndéanamh, agus go mbeidh siad ag teacht leis na cuspóirí sin oiread agus is féidir. Tá tábhacht ar leith i dtaca leis na nithe seo a leanas: polasaithe pleánala; athrú aeráide a mhaolú go náisiúnta sa todhchaí; cur i bhfeidhm pleannana bainistiú rioscaí maidir le tuile a forbraíodh ar na mallaibh sa todhchaí, agus, ar deireadh, a chinntí go mbíonn comhordnú éifeachtach ann maidir le riacthanais sa Treoir um Thuile agus sa Chreat-Treoir Uisce. Clúdófar na hábhair seo ar dhóigh níos sonraí thíos.



### Cuid 3: Athbhreithniú ar an gCéad Timthriall – Bearta Curtha i bhFeidhm agus Torthaí


Ar na príomhbhearta sa chéad timthriall pleánála bainistíochta abhantraí bhí creata dlíthiúla a chur i bhfeidhm le haghaidh na nithe seo a leanas:

1. Cur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce
2. Córás cheadúnaithe a bhunú le haghaidh sileadh dramhuisce uirbigh
3. Cur i bhfeidhm na Rialachán Dea-Chleachtais Talmhaíochta le huisce a chosaint

4. Cur i bhfeidhm clár cuimsitheach monatóireachta cálíochta uisce agus na ngníomhartha riachtanacha de réir na gcreat dlíthiúil atá bunaithe

Tá cur síos ar na príomhbhearta seo le fáil sa chuid seo. Cuireadh i bhfeidhm bearta forlíontacha nó tacaíochta freisin agus tá cur síos déanta orthu sin thíos chomh maith.

#### 3.1 Na Príomhbhearta Curtha i bhFeidhm chun Tacú le Gnóthú na gCuspóirí Comhshaoil sa Chéad Timthriall de na Pleananna Bainistíochta Abhantraí



Figiúr 3.1 - Feabhsú ionchais de réir na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh

##### 3.1.1 An Creat Dlí le haghaidh Chur i bhFeidhm na Creat-Treorach Uisce agus na nGníomhartha Gaolmhara

Bunaíonn Rialachán na gComphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Uisce Dromchla), 2009 (I.R. 272 de 2009) agus Rialachán na gComphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce), 2010 (I.R. 9 de 2010) ancreat dlí atá de dhíth le cuspóirí comhshaoil na Creat-Treorach Uisce a chur i bhfeidhm. Leagtar síos iontu na critéir agus na caighdeáin chálíochta chomhshaoil chun stádas uisce a rangú, agus leagann siad dualgas ar údarás phoiblí na

céimeanna riachtanacha a thabhairt leis na cuspóirí atá luaite sna pleannana bainistíochta abhantraí a ghnóthú.

Leis an dá thacar Rialachán, *i measc rudaí eile*, éilltear ar údarás cheadúnaithe ceadúnais doirte a imscrúdú agus, nuair is gá, iad a athbhreithniú nuair atá siad ag teastáil d'fhoinn na cuspóirí cálíochta uisce a ghnóthú de réir mar atá leagtha amach sna bpleannana bainistíochta abhantraí.

### 3.1.2 An Creat Dlí le haghaidh Chur i bhFeidhm na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh agus na Gníomhartha Gaolmhara

Tugann na Rialacháin um Dhoirteadh Dramhuisce (Údarú), 2007 (I.R. 684 de 2007) éifeacht do riachtanais na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh (Treoir 91/271/EEC) agus don Chreat-Treoir Uisce (2000/60/EC) in Éirinn. Leagtar amach sa Treoir um Choireáil Dramhuisce Uirbigh na riachtanais maidir le bailiú, cóireáil agus doirteadh dramhuisce uirbigh agus sonraítéar inti na caighdeáin chálíochta ar gá iad a bhaint amach – bunaithe ar mhéid cheirtléáin – sula scaoiltear dramhuisce isteach sa timpeallacht.

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaol (GCC) freagrach as doirteadh dramhuisce uirbigh a cheadúnú agus a rialú. De réir an phróiseas údaraithe, caithfidh an GCC amharc ar riachtanais na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh agus ceadúnas á bhronnadh aici. Nuair is gá, caithfidh an GCC riachtanais a shonrú maidir le cóireáil níos déine – bunaithe ar an “gcur chuige comhcheangailte” atá leagtha amach in Airteagal 10 den Chreat-Treoir Uisce – chun dul i ngleic le riachtanais áirithe cálíochta uisce, amhail riachtanais i limistéir faoi chosaint (uiscí snámhna, uiscí sliogásc agus ceantair atá íogair ó thaobh cothaitheach de san áireamh), nó chun dul i ngleic le caighdeán chálíochta uisce bunaithe ar riachtanais nón ar thosaiochtaí luaithe sna Pleananna Bainistíochta Abhantraí.

Tá Ceadúnas Doirte de dhíth i dtaca le doirteadh ó cheantair uirbeacha ina bhfuil daonra cóibhéiseach le 500 duine nó níos mó. Tá Deimhniú Údaraithe de dhíth i dtaca le doirteadh i gceantair uirbeacha ina bhfuil daonra níos lú ná sin. Chuir an GCC túis le ceadúnú maidir le ceantair uirbeacha in 2007 agus bhí 505 Ceadúnas Doirte Dramhuisce agus 538 Deimhniú Údaraithe bronnta aici<sup>2</sup> faoi dheireadh an chéad timthrialla. Tá sé mar fhreagracht ag Uisce Éireann déanamh de réir na riachtanas a bhaineann leis na ceadúnais agus leis na húdaruithe sin.

Rinneadh infheistíocht shuntasach sa bhonneagar dramhuisce uirbigh le linn an chéad timthrialla, rud a thacaigh le comhlíonadh na riachtanas atá leagtha amach sna Ceadúnais Doirte agus sna Deimhnithe Údaraithe. Tá eolas sonraithe faoi chaiteachas san am atá thart agus faoi chaiteachas réamh-mheasta sa todhchaí le fáil i gCuid 9 den Phlean seo. Sa tréimhse suas go 2014, ba é an Clár Infheistíochta i Seirbhísí Uisce de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil

an phríomhfheithicil le haghaidh infheistíochta sa bhonneagar dramhuisce. Sa tréimhse 2000-2013, cionroinneadh thart ar €3.5 billiún san iomlán ar an gclár infheistíochta caipitil seo; caitheadh €1 billiún de sin sa tréimhse 2009-2013. Mar gheall ar an infheistíocht seo, tháinig feabhas suntasach ar chóireáil dramhuisce le linn an chéad timthrialla. Mar shampla, in 2009, bhí 57% de cheantair uirbeacha ag teacht leis na riachtanais ghaolmhara sa Treoir um Choireáil Dramhuisce Uirbigh ó thaobh soláthar cóireála tánaistí de, ach bhí an figiúr sin ardaithe go 84% de cheantair uirbeacha in 2015.

Cé go ndearnadh dul chun cinn maith sa chéad timthriall, ainmnítear go bhfuil gá le tuilleadh feabhsuithe suntasacha caipitil agus oibríochta chun dul i ngleic go hiomlán le riachtanais na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh agus chun céim a thabhairt i dtreo gnóthú na gcuspóirí sa Chreat-Treoir Uisce. Céim thábhachtach ab ea bunú Uisce Éireann in 2014. Roimh 2014, is 34 údarás áitiúil a chuir seibhísí uisce ar fáil in Éirinn, rud a d'fhág go raibh an tseirbhís scoilte ina giotaí éagsúla ó thaobh bonneagar seirbhísí uisce a sheachadadh. Bhí éiginnteacht ann chomh maith faoi mhaoiniú agus ba thearc an infheistíocht a rinneadh sa tseirbhís thar na scórtha bliain. Bunaíodh Uisce Éireann mar údarás náisiúnta aonair seirbhís uisce chun dul i ngleic leis na heasnaimh sa bhonneagar seirbhísí uisce agus chun deis a chur ar fáil dearcadh fadtréimhseach a thabhairt ar sheirbhísí uisce ag leibhéal náisiúnta. Is é is cuspóir le cur chuige an údarás nua dul i ngleic le heasnaimh maoinithe, a chinntí go bhfuil acmhainní spriocdhírithe go straitéiseach ar riachtanais tosaíochta infheistíochta, agus cur chuige a chur i bhfeidhm i leith infheistíochtaí seirbhísí uisce atá cothromaithe maidir le caiteachas caipitil agus oibríochta. Tríd an méid sin a dhéanamh, cinnteofar go gcuirfear na seirbhísí riachtanacha ar fáil thar am ar an gcostas is lú agus is féidir.

2 Cóireáil Dramhuisce Uirbigh in 2015, GCC (2016)  
<http://www.epa.ie/pubs/reports/water/wastewater/uwwreport2015.html>

### 3.1.3 LAn Creat Dlí le haghaidh Chur i bhFeidhm na Treorach um Níotráití agus na nGníomhartha Gaolmhara

Is í an Treoir um Níotráití an príomhbheart talmhaíochta atá i bhfeidhm le tacú le gnóthú na gcuspóirí sa Chreat-Treoir Uisce. Is é is cuspóir leis uisce a chosaint in aghaidh truaillithe ó níotráití ó fhoinsí talmhaíochta. Cuireadh an Treoir um Níotráití i bhfeidhm in Éirinn trí Rialacháin an Aontais Eorpáigh (Dea-Cleachtas Talmhaíochta maidir le hUiscí a Chosaint) (I.R. Uimh. 605 de 2017). Siocair gur roghnaigh Éire an chríoch iomlán a ainmniú mar an chríoch atá faoi réir na Treorach um Níotráití, cuireadh leibhéal bunúsach cosanta i bhfeidhm maidir le gach dobarlach ar fud na tíre. Is iad seo a leanas na gnéithe éigeantacha de na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta, a chuirtear i bhfeidhm tríd an gClár Gnímh um Níotráití:

- Socrú teorainneacha ar rátaí stoc feirme.
- Tabhairt isteach srianta dlí maidir le cur leasúcháin nítrigine agus fosfair.
- Cothabháil criosanna maolánacha in aice le cúrsaí uisce nach ceadmhach leasuithe a chur iontu.
- Tabhairt isteach “tréimhsí druidte” nuair nach ceadmhach leasúcháin orgánacha ná ceimiceacha a chur le linntréimhsí sa séasúr ina bhfuil an timpeallacht íogair.
- Íos-riachtanais stórála a thabhairt isteach maidir le haoileach stoic bheo.
- Tabhairt isteach riachtanais shonracha maidir le cothabháil clúdaigh ghlasa i dtailte curaíochta.
- Cothabháil taifead maidir le stoc, úsáid talaimh agus leasúcháin a thugtar isteach i bhfeirmeacha.

Bunaíodh an Grúpa Oibre um Cháilfocht Uisce agus Talmhaíochta lena chinntí go gcuirfí bearta i

bhfeidhm go ndéanfaí eolas a chómhálatú. Tagann an Grúpa le chéile ar bhonn ráithíúil agus tá ionadaithe ann ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, ón GCC agus ó na húdaráis áitiúla.

Is iad na húdaráis áitiúla, faoi choimirce na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, is mó atá freagrach as forfheidhmiú. Seo a leanas an sainmhíniú ar an gcóras cigireachta:

- Tá údaráis áitiúla in ann thart ar 2,000 cigireacht a dhéanamh in aghaidh na bliana ar fheirmeacha nár tugadh cuairt orthu riamh cheana nó nach bhfuil cigireacht déanta orthu le roinnt blianta.
- Tá thart ar 1,500 cuairt leantach le bheith ann in aghaidh na bliana sa chás inar tugadh faoi deara neamh-chomhlíonadh éadrom d'fhonn a chinntí go gcuirtear fadhbanna ina gceart. Tá oiliúint curtha ar fáil ag foireann na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara do bhaill foirne údaráis áitiúil lena chinntí go bhfuil cur chuige leanúnach ann i leith cigireachtaí ar fud na tíre.
- Chomh maith leis na cigireachtaí ag na húdaráis áitiúla, déanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara 3,000 cigireacht feirme breise:
  - ▲ Bainfidh 1,650 acu le comhlíonadh na Rialachán um Níotráití a dheimhniú
  - ▲ Bainfidh 1,350 acu le cigireachtaí tras-chomhlíonta.
- Ar deireadh, déanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara seiceálacha riarracháin ar gach feirm maidir leis an teorainn aoileach nítrigine stoic bheo atá leagtha amach sna rialacháin.

Tá achoimre ar leibhéal na gcigireachtaí le fáil sa tábla thíos:

Údarás Cigireachta	Cigireachtaí Bliantúla (feirmeacha)	Cigireachtaí Eile (feirmeacha)	Seiceáil ráta stocála <sup>5</sup>	Lón iomlán na gcigireachtaí ar fheirmeacha
Údaráis Áitiúla	2,000	1,500		3,500
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	3,000		139,000	3,000

**Tábla 3.1 - Cigireachtaí bliantúla feime i gCeanatar Abhantraí na hÉireann<sup>34</sup>**

3 Is é is Clúdach Glas ann barr curtha fréamhaithe a ndearnadh curaíocht éadrom ithreach air i ndiaidh gur baineadh gránach nó barr eile curaíochta. Maolaíonn sé cailleadh cothaitheach intuaslaghtha.  
 4 Is seiceáil riarracháin ar gach feirm í seo lena dheimhniú nach bhfuil an teorainn cheadaithe maidir le nítrigin orgánach sáraithe.

Bunaithe ar na cigireachtaí seo, ba é beagnach 70% an ráta comhlíontachta ag deireadh an chéad timthriallá –bhain formhór na gceisteanna neamh-chomhlíontachta le bainistíocht i gclós na feirme. Cialláonn sé sin gur féidir na leibhéal chomhlíontachta a mhéadú ach mionathruithe a dhéanamh ar bhainistiú clós na feirme (mar shampla, doirteadh beag sadhlais a għlanadha nó uisce glan a chur ar shiúl ó umair stórala). Luaiodh na ceisteanna seo i leabhrán eolais a chuir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chuiġ feirmeoirí, agus beidh gniomhartha amach anseo dírithe ar an dúshlán seo. Lena chois sin, ós rud é gurb í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an għniomhaireachta a bhíonn ag plé le híocaíochtaí a bhaineann le Compholasaí Talmhaíochta an AE, cuireann údaráis áitiúla, Ranna eile agus gniomhaireachtaí eile an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar an eolas faoi fhadhbanna a aimšítear le linn a gcuid cigireachtaí. Féadfaidh sé go ngearrfar pionós airgeadais ar an bhfeirmeoir atá i gceist.

Soláthraíonn an Treoir um Níotrátí le haghaidh méadú ar an teorainn ghinearálta stocála, is é sin 170 kg N in aghaidh an heicteáir sa chás ina bhfuil a Chlár Gnímh um Níotrátí comhaonaithe le Coimisiún an AE ag ballstát agus inar féidir leis a léiriú go bhfuil coinniollacha sonracha comhlíonta aige. Is í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a oibrónn an Maolú Níotrátí agus tá sé ar fáil d'fheirmeacha féaraigh ar bhonn indibhidiúil amháin. Baineann coinniollacha diana leis an maolú, lena n-áirítear samplál éigeantach ithreach, ullmhú plean bainistíocha cothaitheach agus cur isteach taifid leasacháin go bliantúil. Tá méadú tagtha ar líon na maoluithe ceadaithe ó 4,133 in 2007 go breis agus 7,000 in 2017. Déanann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara seiceálacha bliantúla riarracháin ar gach feirm maolaithe, mar aon le cigireachtaí ar fheirmeacha ar 5% d'fheirmeacha maolaithe. Tá na leibhéal chomhlíontachta ar fheirmeacha maolaithe níos airde né mar atá ar fheirmeacha neamh-comhlíontachta; tá siad thart ar 85-90%.

Éilíonn Airteagal 12 de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 73/2009 ar bhallstáit Córas Comhairle Feirmeoireachta a bhúnú le comhairle a chur

ar fáil d'fheirmeoirí maidir le riachtanais tras-chomhlíontachta, iad siúd atá leagtha amach sa Treoir um Níotrátí san áireamh. De réir an Rialacháin seo, tá a leithéid de chóras i bhfeidhm in Éirinn ó bhí 2007 ann. Tá breis agus 700 comhairleoir in Éirinn a fuair oiliúint maidir leis an gCóras Comhairle Feirmeoireachta ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, rud a fhágann go bhfuil aon chomhairleoir amháin ann le haghaidh gach 200 feirmeoir. Tá na comhairleoirí seo mar thacaíocht thábhachtach a chuidíonn le feirmeoirí riachtanais rialála comhlíontachta a bhaint amach. Faigheann siad īocaíocht ó fheirmeoirí chun comhairle a thabhairt maidir le hiarratais ar scéimeanna agus le riachtanais rialála.

Téann na comhairleoirí seo faoi oiliúint ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara uair sa bhliain. San áireamh san oiliúint tá treoir faoi riachtanais tras-chomhlíontachta de réir na Rialachán um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta. Is é is cigireacht tras-chomhlíontachta ann seiceáil lena chinntí go bhfuil feirmeoirí ag comhlíonadh na gcaighdeán comhshaoil, sábhalteachta bia agus bainistiú talaimh atá leagtha amach i reachtaíocht an AE agus/nó i reachtaíocht na tíre. Caithfidh feirmeoirí na caighdeáin seo a bhaint amach chun īocaíochta a fháil faoin Scéim Bhun-Īocaíochta, scéim ar fiú breis agus €1 billiún in aghaidh na bliana é d'fheirmeoirí Éireannacha. In earnálacha áirithe feirmeoireachta, bónn an cúnamh a fhaightear faoin Scéim īocaíochta Dírí mar mhóramh an ioncaim bhliantúil ag feirmeoirí. Le linn na hoiliúna bliantúla, curtEAR béim ar cheisteanna a aimsíodh ar fheirmeacha an bhliain roimhe sin. San oiliúint is déanaí do chomhairleoirí talmhaíochta, bhí seisiún ann faoi chálíocht uisce, éascaithe ag an GCC, a raibh sé mar chuspóir leis tuiscint comhairleoirí ar an tionchar a bhíonn ag cailleadh cothaitheach mar gheall ar an talmhaíocht ar chálíocht uisce a fheabhsú.

Chomh maith leis na Rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta, tá réimse de bearta tacaíochta talmhaíochta ar fáil faoi Phlean Fhorbairt Tuaithé na hÉireann. Tá cur síos déanta orthu i gcuid 3.3 thíos.

### 3.2 Bearta Eile maidir le Gnóthú na gCuspóirí Comhshaoil

Chomh maith leis na trí chreat dlí a pléadh thuas, bhí bearta eile i bhfeidhm sa chéad timthriall, sin nó forbraíodh bearta eile lena linn.

#### ▀ Rialú Cárais Chóireála Dramhuisce Tí:

Tá Rialachán curtha i bhfeidhm (I.R. 2033 de 2012) le hoibriú agus cothabháil córais chóireála dramhuisce tí a rialú. Tá cothabháil leanúnach de dhíth i dtaca leis na córais uile seo, mar aon le baint sloda, lena chinntíú go n-oibríonn an dabhach shéarachais/an fearas cóireála go héifeachtach agus nach dtéann solaid isteach san áit síothlaithe agus bacainn a chur sa píopa dáileacháin. Éillonn na riachtanais seo ar an úinéir a leithéid de chothabháil a dhéanamh.

Tá an GCC freagrach as plean náisiúnta cigireachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le tacú leis na rialachán seo. Foilsíodh an chéad phlean acu sin, Plean Náisiúnta Cigireachta 2013, Cárais Chóireála Dramhuisce Tí, a chlúdaigh an tréimhse 2013 go 2015, i mí Feabhra 2013. Ba é cuspóir an Phlean sláinte an duine agus uisce a chosaint ar na rioscaí a bhaineann le córais chóireála dramhuisce tí trí chur chuige dhá shraith a úsáid ina bhfuil straitéisí oideachais agus feasachta ceangailte le próiseas cigireachta rioscabbunaithe. Is iad na húdaráis áitiúla a chuireann pleannanna náisiúnta cigireachta i bhfeidhm, agus dálítear líon na gcigireachtaí i ngach contae bunaithe ar an riosca ionchais. Dá réir sin, tá fócas ar leith ar cheantair ina bhfuil an riosca ionchais do shláinte an phobail agus d'acmhainní uisce faoi chosaint níos airde. Tá achoimre le fáil i dtuarascálacha foilsithe ar 1,559 cigireacht ar dhabhá séarachais a rinneadh sa tréimhse idir lúil 2013 agus Nollaig 2014. Léiríonn sonrai 2015 go ndearnadh 1,097 cigireacht an bliain sin agus gur eisíodh fógraí comhairle maidir le 488 córas ar theip orthu sa chigireacht. Ó Mheán Fómhair 2017 ar aghaidh, tá na bearta feabhasí riachtanacha curtha i bheidhm in 362 cás agus tá 126 fógra go fóill gan réiteach.

#### ▀ Rialachán um Lotnaidicídí:

Baineann Rialachán 1107 de 2009 de chuid an AE le faomhú lotnaidicídí agus lena gcur ar an margadh, agus tá feidhm leis go díreach i gcás gach ballstáit. Tá seasamh reachtúil níos láidre arís leis an Rialachán seo in Éirinn mar gheall ar na Rialachán um Thárgí Plandúla (I.R. 159 de 2012). Chomh maith leis sin, tá an Treoir um Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí aistrithe isteach i ndlí na hÉireann tríd na Rialachán um

Úsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí (I.R. 155 de 2012). Forálann sé seo le haghaidh clárú agus oiliúint éigeantach úsáideoirí gairmiúla lotnaidicídí (feirmeoirí agus eile) agus le haghaidh cur i bhfeidhm criossanna maolánacha — go háirithe ar thailte thart timpeall ar phointí astarraingthe uisce óil. Go dtí seo, tá oiliúint curtha ar níos mó ná 24,000 feirmeoir. Ó bhí mí na Samhna 2015 ann, ní mór gur úsáideoir gairmiúil cláraithe (feirmeoirí san áireamh) a chuirfidh na tárgí uile cosaint plandaí, agus caithfidh go mbeidh oiliúint oiriúnach faighte ag na daoine seo. Caithfidh siad na prionsabail a bhaineann le bainistiú comhtháite lotnaidí a chur i bhfeidhm freisin lena chinntíú go mbaintear úsáid astu mar is cuí. Tháinig an riachtanas maidir le gach spraeire a bheith tástáilte agus faofa i bhfeidhm i mí na Nollag, 2016, agus cuireadh 4,000 spraeire faoi scrúdú roimhe sin. Tá srianta ann maidir le spraeáil tárgí éagsúla lotnaidicídí bunaithe ar an bhfad ar shiúl ó uisce a bhfuil siad á gcur agus ar mheasúnuithe indibhidiúla riosca. Ní ceadmhach tárgí ina bhfuil MCPA a chur taobh istigh de 5 mhéadar de dhobharlaigh dhromchla. Ní ceadmhach iad a chur ar thailte féaraigh sa tréimhse idir Deireadh Fómhair agus Feabhra ach oiread.

#### ▀ Rialachán um Measúnú Tionchair Chomhshaoil (Talmhaíocht):

Tháinig na Rialachán um Measúnú Tionchair Chomhshaoil i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2011 (I.R. 456 de 2011). Forálann na Rialachán seo le haghaidh scagadh MTC agus próiseas tola faoi choinne feirmeoirí i dtaca leis na trí ghníomhaíochtaí seo a leanas: (1) athstruchtúrú sealúchais talamh tuaithe (2) tosú ar thalamh neamhshaothraithe nó ceantair leathnádúrtha a úsáid le haghaidh talmhaíocht dhian agus (3) déanamh oibreacha draenála ar thailte a bhíonn in úsáid don talmhaíocht. Sa chás ina bhfuil sé de rún ag feirmeoir ceann ar bith de na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh, agus a) ina sáraíonn na hoibreacha molta luachanna tairsí nó b) ina bhfuil na hoibreacha le déanamh i gCeantar molta Oidhreachta Nádúrtha nó i dTearmann Fiadhúlra (nó ina bhféadfaidh sé go mbeidh tionchar acu ar cheantar nó ar thearmann den chineál sin), nó c) ina bhféadfaidh sé go mbeidh éifeacht shuntasach ar an timpeallacht acu, is gá iarratas (ina bhfuil na sonrai faoin obair mholtá) a chur isteach chuig an Róinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le haghaidh scagtha. Bhí 620 iarratas den chineál sin ann san iomlán sa tréimhse 2009 go 2015. Má sháraíonn na hoibreacha molta an tairseach le aghaidh measúnú éigeantach tionchair

chomhshaoil, nó má cheapann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i ndiaidh don scagadh a bheith déanta, gur dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag na hoibreacha molta ar an timpeallacht, ní féidir dul ar aghaidh leis an obair go dtí go bhfaighfear cead ón Roinn chuige. Soláthraíonn na Rialacháin seo cosaint do ghnéithe luachmhara sa tírdhreach, ní hamhán tríd an mbithéagsúlacht a chur chun cinn ach trí chreimeadh agus dríodrú a mhaolú trí ghluaiseacht uisce a shrianadh.

### Clár Forbartha Tuaithe agus an Scéim Ghlas Ísealcharbón Agra-Chomhshaoil:

Is é is rún le Polasaí Forbartha Tuaithe an AE cuidíú le ceantair thuaithe san AE dul i ngleic leis an réimse leathan dúshlán eacnamaíochta, comhshaoil agus sóisialta atá ann sa lá atá inniu ann. In Éirinn, tá maoiniú beagán níos lú ná €4 milliún cionroinnt don tréimhse 2014-2020 (is é sin €2.19 milliún ó bhuiséad an AE agus €1.73 milliún ó chómhaoiniú náisiúnta). Tosaíocht lárnach de Chlár Forbartha Tuaithe na hÉireann is ea éiceachórais a bhfuil baint acu le talmhaíocht agus le foraoiseacht a athstóráil, a chaomhnú agus a fheabhsú.

Is scéim agra-chomhshaoil spriocdhírithe í an Scéim Ghlas Ísealcharbón Agra-Chomhshaoil (ar a dtugtar GLAS) faoin gClár Forbartha Tuaithe. Tá buiséad €1.4 milliún aici le haghaidh 2014-2020, rud a fhágann gurb í an scéim is mó sa Chlár Forbartha Tuaithe í. Tá 50,000 rannpháirtí sa scéim. Nuair a ligtear feirmeoirí isteach sa scéim, deirtear leo cad é an ghníomhaíocht is oriúnaí dá bhfeirm féin agus ansin caithfidh siad bearta a ghlacadh le cálíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú, mar shampla fálta a chur ar chúrsaí uisce (fad beagnach 16,600 km go dtí seo) nó idirbharra a shaothrú (25,000 ha.)<sup>5</sup>. Faigheann feirmeoirí i gceantair uisce ardstádais rochtain ar an scéim chun cinn ar fheirmeoirí i gceantair eile. Ní mór do gach rannpháirtí GLAS comhairleoir Seirbhís Chomhairle Feirme a fhostú lena n-iarratas a dhéanamh agus le plean bainistiú cothaitheach a ullmhú.

Beart tábhachtach tacáiochta eile a bhfuil soláthar déanta lena aghaidh mar chuid den Chlár Forbartha Tuaithe is ea airgeadú stóráil mhéadaithe aoiligh/sciodair. Sa tréimhse 2006-08, sholáthair an Scéim um Bainistíocht Dramhaíl Feirme deontas i gcabhair arbh fhiú €1.2 milliún é do thart ar 43,000 feirmeoir lena n-acmhainní stórála a fheabhsú. Rinneadh infheistíocht €2 milliún i saoráidí stórála

aoiligh/sciodair de thoilleadh 6 milliún m<sup>3</sup>. Sa tréimhse suas go 2013, sholáthair an Scéim Nuachóirithe Spriocdhírithe Talmhaíochta buiséad €90 milliún le bearta mar seo a leanas a mhaoiniú: tithíocht scaoilte a chur ar fáil do chránacha agus stórais bhreise a chur ar fáil le haghaidh aoileach stoic bheo sa bhreis ar an leibhéal a éilítear leis na rialacháin. Chomh maith leis sin, meastar gur caitheadh breis agus €500 milliún ar bhearta cálíocht uisce (thar thréimhse lena n-áirítear an chéad timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí tríd an Scéim Cosaint Comhshaoil Tuaithe (ar cur chuige lánfheirme é i leith cosaint comhshaoil). Caitheadh €226.3 milliún ar bhearta uisce sa timthriall is déanaí den Phlean mar thoradh ar an Scéim um Roghanna Comhshaoil Talmhaíochta. Maoiníodh an scéim seo trí chistí modhnaithe a comhaontaíodh mar chuid den tseiceáil ar shláinte an Chomhpholasaí Talmhaíochta agus le maoiniú mór breise ón Státhiste. Ba sa scéim seo a bhí cur chuige spriocdhírithe seachas cur chuige lánfheirme in úsáid den chéad uair i scéim comhshaoil talmhaíochta in Éirinn.

### An Clár um Dhobharcheantair

**Talmhaíochta:** Bunaíodh an clár seo in 2008 le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí comhshaoil agus eacnamaíochta Chlár Gnímh na hÉireann um Níotráití. Maireann gach tréimhse ceithre bliana le gur féidir analísiú a dhéanamh ar éifeachtúlacht beart, agus foilsítear na torthaí uile i bpáipéir phiarmheasúnaithe. Bíonn 6 dhobharcheantar i gceist agus bíonn breis agus 300 feirmeoir páirteach ann ar bhonn deonach. Tá fianaise ann go mbíonn athruithe suntasacha tairbheacha ann ar chuid mhaith de na feirmeacha rannpháirteacha. Ó tugadh isteach na rialacháin um Dhea-Chleachtas Talmhaíochta in 2014, tá laghdú tagtha ar bharrachais Nítrigine (N) agus Fosfair (P) ag geata na feirme (14% agus 50% faoi seach) agus tá méadú tagtha ar éifeachtúlachtaí úsáide N agus P (2% agus 18% faoi seach) in 150 feirm speisialtóireachta déirfocha. Cuireadh borradh faoin athrú trí úsáid leasacháin cheimiceacha N agus P a laghdú agus trí fheabhsuithe ar aschur solaid bhainne.

Ó thaobh aschur de maidir le cur i bhfeidhm na Treorach um Níotráití in Éirinn agus maidir leis na bearta tacáiochta a bhfuil cur síos déanta orthu thusa, léiríonn treochtaí i dtaca le leibhéal níotráití in aibhneacha, mar shampla, dea-thionchar na mbeart atá ann cheana féin. Rinne an GCC analís

5 Saothraítear idirbharra le sruthlú mianraí amach ón ithir a chosc. Tá siad éifeachtach chun láisteadh níotráití a laghdú agus féadfaidh siad suas le 50 kg nitrigine in aghaidh an heicteáir in aghaidh na bliana a shábháil ó bheith cailte.

ar threochtaí i dtaca le nítrigin ocsaídithe thar an tréimhse 2007-2015 agus fuarhas amach go raibh feabhas ag teacht ar 45% de na suíomhanna a ndearnadh monatóireacht orthu, go raibh 53% acu seasmhach agus nach raibh meathlú ann ach i gcás 2% de na suíomhanna monatóirithe. Go sonrach, don tréimhse mhonatóireachta 2004-2006, bhí 6% de shuíomhanna os cionn na meánmhéide bliantúla  $\text{NO}_3$ , is é sin 25 mg/l, agus faoi 2012 1% an figiúr cui i dtaca le suíomhanna a ndearnadh monatóireacht orthu<sup>6</sup>.

Maidir le treochtaí fosfair, áfach, bhí siad sin níos seasta. Bhí seasmhacht le sonrú in 62% de na suíomhanna monatóirithe thar an tréimhse 2007-2015; bhí feabhas ann i gcás 31% acu agus bhí meathlú ann i gcás 4% acu. Léiríonn sonraí ón monatóireacht a rinneadh in 2012 ar leibhéal ortafosfáití in aibhneacha go raibh os cionn 0.05 mg/l P in 15% de shuíomhanna abhann, le hais 21% in 2006.

---

<sup>6</sup> An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2016. Measúnú Gan Foilsíú - Fócas ar Níotráití agus Fosfar in Uiscí na hÉireann - Tuarascáil ar Níotráití agus Fosfar in Uiscí na hÉireann. GCC, Caisleán Bhaile Sheáin, Éire

## Cuid 4: Staid Reatha an Chomhshaol Uisce

Sa chuid seo den Phlean, tugtar léargas gonta ar an dóigh a ndéantar monatóireacht agus measúnú ar cháilíocht uisce in Éirinn. Tugtar sonraí achoimreacha freisin ar na tortháí is déanaí maidir le cáilíocht uisce. Tá tuilleadh sonraí le fáil sa tuarascáil *Cáilíocht Uisce in Éirinn 2010-2015*<sup>7</sup>. Pléitear chomh maith na hathruiithe stádais a thit amach i dtréimhse an chéad timthrialla.

### 4.1 Measúnú ar an Riocht ina bhfuil Uiscí na hÉireann

Dearadh agus cuireadh i bhfeidhm clár cuimsitheach, ionadaíoch monatóireachta comhshaoil uisce in Éirinn (GCC, 2006<sup>8</sup>) le tacú le cur i bhfeidhm an chéad timthrialla de phleanáil abhantraí. Soláthraíonn an clár monatóireachta bunús le cur síos ar riocht na timpeallachta uiscí agus le measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht na gclár beart i dtaca le gnóthú na gcuspóirí comhshaoil a leagadh síos sa phróiseas pleánala bainistíocha abhantraí. Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach go foriomlán as an gclár monatóireachta a dhearadh agus a bhainistiú, ach tá freagracht as gnéithe áirithe sannta ag an GCC do roinnt forais phoiblí, ina measc údarás áitiúla, lascaigh Intíre na hÉireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Uiscebhealaí Éireann agus an Institiúid Mara. Tá tuilleadh eolais faoin gclár monatóireachta le fáil i gCuid 12 den Phlean seo.

Chun críocha na Creat-Treorach Uisce, tá na huiscí uile grúpáilte de réir cineáil agus roinnt arís eile ina n-aonaid aonair bainistíocha a dtugtar dobharlaigh orthu. Tá 4,829 dobharlach i gCeantar Abhantraí na hÉireann: tá 513 screamhdhobharlach ann, 3,192 abhainn, 818 loch (clúdaíonn 206 acu ceantar níos mó ná 50 ha.), 195 uisce idir eatarthu agus 111 dobharlach cónsta. Tá 33 ceann de na screamhdhobharlaigh modhnaithe go mór. Tá 15 dhobharlach shaorga ann chomh maith.

Tá 332 suíomh monatóireachta sa lónra monatóireachta screamhuisce. Tá an lónra aibhneacha comhdhéanta de 3,193 suíomh monatóireachta a chlúdaíonn 2,345 dobharlach abhann. Tá an lónra lochanna comhdhéanta de 216 loch agus 9 dtaiscumar. Tá an lónra uiscí idir eatarthu comhdhéanta de 80 dobharlach monatóirithe, agus tá 43 dobharlach monatóirithe sa lónra uiscí cónsta.

I gcomhthéacs na hEorpa, is mór an lónra monatóireachta in Éirinn. Mar sin féin, tá roinnt ceantar ann nach bhfuil eolas monatóireachta agaínn a bhaineann go sonrach leis na láithreacha sin. Ina measc tá sruthanna cósta, lochanna ar thalamh ard atá scoite amach agus dobharlaigh chósta san fharraige amuigh. Fágann sé sin nach féidir riocht na ndobharlach sin a fhíorú faoi láthair. Sna ceantair seo, tá measúnú riosca úsáidte ag an GCC chun na rioscaí a aimsiú agus le cinneadh a dhéanamh cén cineál gnímh atá de dhíth, má tá gá lena leithéid ar chor ar bith (féach Cuid 5 faoi thréithriú).

Baineann rangú de réir na Creat-Treorach Uisce maidir le screamhdhobharlaigh le stádas cainníochtúil agus le stádas ceimiceach an screamhuisce. Is stádas maith nó stádas lag a bhronntar ar gach ceann acu.

Maidir le dobharlaigh dhromchla, baineann rangú de réir na Creat-Treorach Uisce le stádas éiceolaíochta agus le stádas ceimiceach. Tá córais éagsúla rangúcháin ann i dtaca le haibhneacha, lochanna, uiscí idir eatarthu agus uiscí cónsta. Ar na gnéithe cáilíochta ábhartha a bhíonn san áireamh agus stádas éiceolaíochta agus féidearthachtaí éiceolaíochta uiscí dromchla á measúnú tá gnéithe bitheolaíochta, na ceimiceáin san uisce agus riocht fisiciúil na ndobharlach.

Tá cúig stádas éiceolaíochta ann maidir le dobharlaigh dhromchla nádúrtha (ard, maith, measartha, lag, olc). Tá cúig rang éiceolaíochta ann maidir le dobharlaigh atá modhnaithe go mór (uasta, maith, measartha, lag, olc). Bíonn an stádas a bhronntar ag brath ar stádas na gné is measa cáilíochta.

Tá sonraí iomlána na measúnuithe stádais le haghaidh tréimhsí roimhe seo, an tuarascáil is déanaí ar Cháilíocht Uisce in Éirinn san áireamh (2010-2015), le fáil ar shuíomh gréasáin an GCC.<sup>9</sup>


7 Cáilíocht Uisce in Éirinn (2010-2015). GCC (2017)

8 [http://www.epa.ie/pubs/reports/water/other/wfd/EPA\\_water\\_WFD\\_monitoring\\_programme\\_main\\_report.pdf](http://www.epa.ie/pubs/reports/water/other/wfd/EPA_water_WFD_monitoring_programme_main_report.pdf)

9 Uarascálacha GCC ar Cáilíocht Uisce in Éirinn: <http://www.epa.ie/pubs/reports/water/waterqua/>

## 4.2 Stádas Éiceolaíochta Uiscí agus Athruithe sa Chéad Timthriall


Tá achoimre ar stádas na n-uiscí uile a ndearnadh monatóireacht orthu sa tréimhse 2010-2015 le fáil i Figiúr 4.1.



**Figiúr 4.1** - Stádas éiceolaíochta uisce dhromchla i dtaca le haibhneacha, lochanna, uiscí idir eatartha agus cósta agus screamhuisce (2010-2015)<sup>10</sup>

<sup>10</sup> Áirítear sna figiúirí seo 33 dotharlach atá modhnaithe go mór (4 abhainn, 16 loch agus 13 uisce idir eatartha agus cósta)

## Stádas Dobharlach Dromchla CTU 2010-2015



**Figiúr 4.2** - Mapa de stádas éiceolaíochta uisce dhromchla le haghaidh aibhneacha, lochanna, uiscí idir eatarthu agus cósta agus screamhuisce (2010-2015)

#### 4.3 Dobharlaigh Atá Modhnaithe Go Mór agus Dobharlaigh Shaorga

Tá achoimre le fáil in Tábla 4.1 thíos ar stádas na nDobharlach Atá Modhnaithe Go Mór agus ar Dhobharlaigh Shaorga sa tréimhse 2010-2015.

Stádas Dobharlaigh atá Modhnaithe Go Mór agus Dobharlaigh Shaorga	Líon na nDobharlach					
	Uasta	Maith	Measártha	Lag	Olc	Stádas gan sannadh
Aibhneacha	0	1	0	2	0	1
Lochanna	0	6	2	1	0	7
Idir Eatarthu	0	0	7	0	0	3
Cósta	0	1	1	0	0	1
Dobharlaigh Shaorga (Canálacha) <sup>12</sup>	0	12	1	1	0	0

**Tábla 4.1 - Achoimre ar stádas de réir na Creat-Treorach Uisce i dtaca le dobharlaigh atá modhnaithe go mór agus dobharlaigh shaorga (poitéinseal éiceolaíochta) sa tréimhse 2010-2015**

Tá measúnú stádais ar dhobharlaigh atá modhnaithe go mór agus ar dhobharlaigh shaorga bunaithe ar an eolas is fearr dá bhfuil ar fáil. Déanfaidh an GCC athbhreithniú ar an mbunús le dobharlach a ainmniú mar Dhobharlach

Atá Modhnaithe Go Mór agus le poitéinseal éiceolaíochta sa dara timthriall d'fhonn modhanna feabhsaithe measúnaithe hidreamoirfeolaíochta a thabhairt san áireamh (féach Cuid 7.6).

#### 4.4 Uiscí Atá Feabhsaithe nó Imithe chun Donais

Tá cáilíocht ár n-uiscí dromchla measártha seasta ó bhí an tréimhse 2007-2009 ann. Mar sin féin, níor baineadh amach an sprioc náisiúnta feabhas 13% ar stádas uisce thar thréimhse sé bliana an chéad timthrialla de bhainistíocht abhantraí. Cé go bhfuil cúrsaí seasta go leor go náisiúnta, tá feabhas tagtha ar chuid de na dobharlaigh agus tá cuid

eile imithe chun donais (Tábla 4.2). Tá an GCC ag measúnú na gcúiseanna atá leis na hathruithe seo faoi láthair, athruithe dearfacha agus diúltacha araon, le go mbeidh bonn eolais acu maidir leis na gníomhartha a bheidh de dhíth le cáilíocht uisce a chosaint agus a fheabhsú.

Catagóir Uisce	An Líon agus an Céadán Dobharlach Nár Tháinig Athrú ar a Stádas Éiceolaíochta i dTimthriall 1	An Líon agus an Céadán Dobharlach Ar Tháinig Feabhas ar a Stádas Éiceolaíochta i dTimthriall 1	An Líon agus an Céadatán Dobharlach a nDeachaigh a Stádas Éiceolaíochta Chun Donais i dTimthriall 1
Aibhneacha	1,227 (57%)	418 (20%)	499 (23%)
Lochanna	122 (59%)	38 (18%)	48 (23%)
Uiscí Idir Eatarthu	63 (79%)	6 (7%)	11 (14%)
Uiscí Cósta	30 (70%)	6 (14%)	7 (16%)
Iomlán	1,442	468	565

**Tábla 4.2 - Athruithe ar stádas éiceolaíochta dobharlaigh dhromchla i dTimthriall 1 (2010-2015)<sup>11</sup>**

11 Abhantrach na Canáile Móire as an Áireamh



Is tiúchan ardaithe cothaitheach (fosfar agus nítrigin) an fhadhb is leithne in Éirinn go fóill maidir le cáilfacht uisce. I dtimpeallacht fionnúisce, is tiúchan ardaithe fosfair an phríomhchúis le tionchair éiceolaíochta in aibhneacha agus i lochanna. Cé go bhfuil an tiúchan fosfair íslithe le blianta anuas, tá an chuma ar an scéal go bhfuil barrchaolú ag teacht ar an treocht síos; tá ardú i ndiaidh tarlú i roinnt aibhneacha ó bhí 2014 ann. Tá fadhb sioltacháin go fóill le fáll i roinnt aibhneacha. Is fachtóir níos suntasaí í nítrigin in uiscí idir eatarthu agus cósta. Tá laghdú suntasach tagtha ar an méid cothaitheach atá ag dul isteach sa chomhshaol muirí ó bhí 1990 ann. Mar sin féin, tá moill tagtha ar an ráta laghdaithe le blianta beaga anuas agus i gcásanna áirithe tá méadú tagtha ar an leibhéal cothaitheach atá imithe isteach sa chomhshaol muirí. Tá cur síos le fáil

i gCuid 7 ar bhearta le dul i ngleic le doirt each cothaitheach isteach in uiscí.

Tá laghdú tagtha ar an lín dobharlach a bhfuil truailliú trom déanta iontu agus táthar ag leanúint leis an laghdú sin i gcónai: níor bronnadh stádas olcach ar 6 dhobharlach abhann faoin gCreat-Treoir Uisce sa tréimhse 2010-2015, le hais 19 sa tréimhse 2007-2009. Baineadh an méid sin amach mar gheall ar mhór-iarracht tríd an gclár "Poinc Dhearga", faoi stíuir an GCC, a cuireadh i bhfeidhm le dul i ngleic leis na fadhbanna sna dobharlaigh seo. Ba iad doirte dramhuisce uirbigh príomhchúis na bhfadhbanna le cáilíocht uisce.


Ag taobh eile an speictrí, táthar go fóill ag cailleadh na suíomhanna abhann is airde cáilíocht agus is cúis buairimh é seo (Cuid 4.5).



#### 4.5 An Meath Leanúnach Fadtéarmach i nDobharcheantair Abhann Ardstádais

Tá an treocht fhadtéarmach mheathlaithe a tugadh faoi deara maidir le líon na suíomhanna abhann ardstádais (Q5 agus Q4-5) go fóill ann (Fígiúr 4.3). Maidir le suíomhanna abhann monatóirithe, bhí ardstádas ag 18% acu sa tréimhse 2013-2015, le hais 32% sa tréimhse 1987-1990. Tá líon an-bheag ar fad suíomh abhann Q5 ann, is é sin uiscí

den cháilíocht is airde; níl ach 21 acu ann anois, laghdú ó bhreis agus 500 sna 1980idí déanacha. Laghdaigh an líon dobarlach ar sannadh ardstádas dóibh faoin gCreat-Treoir Uisce ó 287 in 2007-2009 go 245 in 2010-2015. Tá cur síos le fáil i gCuid 8.3.2 faoi bhearta le dul i ngleic leis an meath ar dhobharcheantair ardstádais.



Fígiúr 4.3 - Meath fadtéarmach breathnaithe ar an méid suíomhanna abhann de cháilíocht ard éiceolaíochta

## 4.6 Stádas Ceimiceach Uiscí Dromchla

Rinneadh measúnú ar stádas ceimiceach uisce dhromchla i ndiaidh go ndearnadh anailís ar liosta an AE ón lónra náisiúnta monatóireachta faireachais de 25 substaint tosaíochta agus de 14 shubstaint ghuaiseacha tosaíochta. Is lónra é an lónra monatóireachta faireachais atá ionadaíoch ar dhobharlaigh dhromchla go náisiúnta; tá sé comhdhéanta de 179 dobharlach abhann, 76 loch, 30 dobharlach idir eatarthu agus 12 dhobharlach cósta.


Mar a raibh súil leis, bhí na Caighdeáin Cháilíocht Chomhshaoil sáraithe ag suíomhanna monatóireachta go forleathan ó thaobh hidreacarbóin aramatacha (PAHanna) agus mearcair de. Aithnítear ag leibhéal an AE, áfach, gur substaintí uileláithreacha iad seo: bíonn siad le fáil go fairsing sa chomhshaoil ar fud an domhain go príomha mar gheall ar shil-leagan ón atmaisféar. Fanann siad sa chomhshaoil uisceach ar feadh na scórtha bliain, agus leibhéal díobh ann a chruthaíonn baol suntasach, fiú amháin má tá beartha móra déanta cheana féin lena laghdú nó le stop a chur le hastuithe díobh. Bíonn cuid acu in ann taisteal bealach fada freisin. Dá bhrí sin, ní hionann torthaí neamh-chomhlíontachta a

bheith ann agus a rá go mbaineann an fhadhb le dobharlach ar leith ná le ceantar abhantraí ar leith.

Go foriomlán, tá an leibhéal comhlíontachta le caighdeáin cháilíocht chomhshaoil maidir le substaintí guaiseacha go fóill ard sna huiscí uile, rud a thugann le fios nach ceist shuntasach na substaintí seo i gcomhshaoil uisce na hÉireann.

Nuair a ghlaictar as an áireamh mearcair agus PAHanna, ar truilleáin iad atá le fáil go forleathan, ní raibh stádas lag ceimiceach ach ag 4 cinn de na 297 dobharlach (is é sin, 1.3% den iomlán – dhá abhairn, loch amháin agus uisce amháin idir eatarthu) (Fígiúr 4.4). Is iad seo a leanas cuid de na substaintí a bhfuil na caighdeáin sáraithe ina leith: miotail (caidmiam, luaidhe agus nicil), dhá lotnaidicíd (atraisín agus siomaisín) agus dé(2eitilheicsil) taláit, ar pláisteachán é.

Bhunaigh an GCC Grúpa Ceimice Náisiúnta Comhshaoil Uiscigh ar na mallaibh. Leis an ngrúpa seo, beidh cur chuige feabhasaithe, straitéisearch ann i leith monatóireacht ar cheimiceáin ghuaiseacha agus ar a mbainistiú sa chomhshaoil uisceach (Féach Cuid 7.8.5).



Fígiúr 4.4 - Stádas ceimiceach dobharlaigh dhromchla monatóirithe (2010-2015)

## 4.7 Riocht na Limistéar faoi Chosaint Atá Spleách ar Uisce


Is éard is limistéir faoi chosaint ann limistéir atá ainmnithe mar cheantair a bhfuil cosaint speisialta ag teastáil ina leith mar gheall ar a thábhachtaí atá siad mar uiscí snámha, mar fhoinsí uisce óil, mar cheantair ina saothraítear sliogéisc nó ina mbaintear iad, mar áiteanna ina bhfuil gnáthóga íogaire nó mar cheantair a dtéann eotrífú go mór i bhfeidhm orthu mar gheall ar ionchur iomarcach fosfair agus/nó nítrigine. Tá cur síos le fáil thíos ar riocht na limistéar seo faoi chosaint ó thaobh uisce de.

### 4.7.1 Uiscí Snámha

Foilsíonn an GCC tuarascálacha bliantúla: "Cáilíocht Uiscí Snámha in Éirinn". Léiríonn na tuarascálacha seo go bhfuil cáilíocht uiscí snámha go seasta ard le roinnt blianta anuas. Sa tuarascáil

is déanaí a foilsíodh maidir le 2016, bhí 130 as 140 d'uiscí snámha, nó 92.9%, ag teacht le luachanna éigeantacha an AE.<sup>12</sup> Rangaíodh 120 uisce snámha (85.7%) mar "Ar Fheabhas" nó "Maith" ó thaobh cáilíocht an uisce de; 114 (83.2%) an figiúr comhfhereagrach in 2015.

Tá achoimre le fáil in Figiúr 4.5 thíos ar na tortaí a léiríonn comhlíontacht le luachanna éigeantacha an AE, maidir le suíomhanna fionnúisce agus cósta araon do na blianta 2010 go 2016, an dá bhliain sin san áireamh. Rachfar i ggleic le brúnna dramhuisce uirbigh i gceithre cinn de na huiscí snámha nach bhfuil comhlíontach faoi láthair trí phleán infheistíochta Uisce Éireann. Tá cur síos ar an obair seo le fáil i gCuid 8.2.



**Figíúr 4.5 - Comhlíontacht maidir le cáilíocht uisce snámha in Éirinn (mar chéadadáin) 2010–2016<sup>13</sup>**

12 Cáilíocht Uisce Snámha in Éirinn, 2016, GCC (2017).

[http://www.epa.ie/pubs/reports/water/bathing/BW%20Report%202016\\_web.pdf](http://www.epa.ie/pubs/reports/water/bathing/BW%20Report%202016_web.pdf)

13 Cuireadh critéir nua níos déine i bhfeidhm, le héifeacht ó 2014, agus tugadh isteach ranguithe breise. San áireamh sa chatagóir "eile" tá uiscí snámha nua-aitheanta agus ceantair ina raibh athruithe móra bonneagair. Tá níos lú samplaí ann ná an 16 shampla atá de dhíth le measúnú foirmiúil a dhéanamh ar na huiscí snámha seo.



#### 4.7.2 Ceantair Atá Íogair ó Thaobh Cothaitheach de

Éilítear ar bhallstáit an AE faoin Treoir um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh (91/271/EEC) ceantair atá íogair ó thaobh cothaitheach de a aithint. Sainmhínítear iad mar "lochanna nádúrtha fionnusce, dobharlaigh eile fionnusce, inbhir agus uiscí cósta atá eotrófach nó a bheidh eotrófach gan mhoill mura ndéanfar gníomh cosanta". Déantar measúnú ar uiscí síos ó dhoirteadh dramhuisce uirbigh ó cheantair uirbeacha ina bhfuil coibhéis daonra os cionn 10,000.

Rinne an GCC athbhreithniú ar na mallaibh ar cheantair atá íogair ó thaobh cothaitheach de. Mar thoradh air sin, aimsíodh 72 doirteadh dramhuisce a raibh coibhéis daonra os cionn 10,000 ag baint leo, agus rinneadh measúnú ar uiscí síos uathu. Bhí fianaise le fáil in 47 de na 72 ceantar go raibh siad íogair ó thaobh cothaitheach de. Áirítear san fhigiúr sin ceantair a bhí aitheanta cheana féin mar cheantair íogaire ó thaobh cothaitheach de.

#### 4.7.3 Ceantair Uisce Óil faoi Chosaint

Éilítear leis an gCreat-Treoir Uisce go ndéantar Ceantair Uisce Óil faoi Chosaint a aithint. Is lochanna, taiscumair, aibhneacha agus dobharlaigh dhromchla iad seo a n-astarraingtear uisce astu

le huisce óil a chur ar fáil do dhaoine. Nuair is gá, déantar cóireáil ar an uisce amh seo lena ionghlanadh go mbíonn sé inólta. Chun uisce a chosaint ar éilliú ó shubstaingtí, rud a d'fhágfadh go mbeadh tuilleadh cóireála de dhíth, ní mór na rioscaí a aithint.

Rinneadh imscrúdú ar an eolas i dtuarascáil de chuid an GCC, is é sin Tuarascáil 2016 um Uisce Óil do Sholáthairí Poiblí agus ar eolas forlíontach eile. Maidir le cáilíocht uisce óil i ndiaidh do chóireáil a bheith déanta air, bhí 99% de na samplaí ag teacht le caighdeán mhicribhitheolaíochta agus cheimiceacha. Éilítear leis an gCreat-Treoir Uisce go gcosnaítear uiscí a bhíonn in úsáid le huisce óil a astarraingt d'fhoinn meathlú ar cháilíocht an uisce a sheachaint. Chun Ceantair Uisce Óil faoi Chosaint a aithint, rinneadh measúnú ar leibhéal lotnaidicídí agus níotráití.


In 2016, theip ar 44 as 904 soláthar poiblí uisce an caighdeán maidir le lotnaidicídí a bhaint amach, agus theip ar dhá sholáthar an caighdeán um níotráití a bhaint amach, de réir mar atá siad leagtha amach i Rialachán an AE (Uisce Óil) 2014. Tá cur síos ar na céimeanna atá á dtabhairt le dul i ngleic leis na ceisteanna seo le fáil i gCuid 8.1.

#### 4.7.4 Uiscí Sliogiasc

Tá 64 ceantar in Éirinn ainmnithe mar uiscí sliogiasc (I.R. Uimh. 268 de 2006, I.R. Uimh. 55 de 2009, I.R. 464 de 2009). Maidir le caighdeáin cháillíocht uisce, bhí an tiúchan tuaslagtha meánach a tomhaiseadh maidir le miotail ag teacht leis na caighdeáin cháillíochta chomhshaoil don tréimhse 2009-2015. Cé go raibh an tiúchan meánach iomlán cróimiam ardaithe i gceithre áit (An tSnaidhm/Dhá Dhoim, an Góilín, An Bhroclais agus Bá Ghaobh Dobhair), is mar gheall ar luach amháin an-ard a bheith cláraithe i ngach cás a tharla sé sin.


Maidir le cáilfacht mhicribhitheolaíochta, bhí an luach treorach E. Coli seasta i rith na tréimhse 7 bliana measúnaithe (2009–2015) (Fígiúr 4.6).

Is iad seo leanas na ceantair ba mhinice ar theip orthu an luach treorach a bhaint amach idir 2009 agus 2015: Cuan Eadargóil, Cuan Bhanú, Beanntraí, Caol Chorcaí Thuaidh, an Cromán, Bá Ghaoth Dobhair, Cionn tSáile, Luacharois Beag, Bá Thrá Lí agus Cuan Loch Garman (istigh agus amuigh). Tá measúnú á dhéanamh ar dhoirte dramhuisce uirbigh in aice le huiscí sliogiasc lena fháil amach an bhfuil siad ag cur leis an teip cuspóirí uisce sliogiasc a ghnóthú agus, ina dhiaidh sin, lena fháil amach an bhfuil cóireáil dramhuisce níos déine de dhíth.



Fígiúr 4.6 - Líon na n-uiscí sliogiasc a bhfuil luachanna treorach E. Coli bainte amach acu ar bhonn bliantúil


#### 4.7.5 Gnáthóga agus Speicis faoi Chosaint atá Spleách ar Uisce



Diúilicín Péarla Fionnuisce

Tá 430 Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta aitheanta ag Éirinn; tá gné amháin ar a laghad atá spleách ar uisce in 358 (83%) acu, is é sin gnáthóga atá spleách ar uisce agus/nó speicis faoi chosaint atá spleách ar uisce. Tá 44 cineál gnáthóige agus 22 speiceas atá spleách ar uisce aitheanta

ag an tSeirbhís Náisiúnta Páirceanna agus Fiadhúlra. Glicitar leis go bhfuil Stádas Fabhrach Caomhnaithe ag cúig cinn (11%) de na gnáthóga sin atá spleách ar uisce agus ag aon cheann déag (50%) de na specis atá spleách ar uisce<sup>14</sup> (Fígiúr 4.7).



**Fígiúr 4.7** - Líon na speiceas agus na ngnáthóga ainmnithe Natura 2000 atá spleách ar uisce ar baineadh amach na cuspóirí caomhnaithe a bhaineann leo (2013–2015)

Tá gnáthóga agus speicis faoi chosaint atá spleách ar uisce le fáil in 825 dobharlach abhann, in 214 loch, in 128 dobharlach idir eatarthu agus in 80 dobharlach cósta. Mar sin féin, níl riachtanais tacaíochta uisce ar eolas ach amháin i gcás cuid de na gnáthóga agus specis atá spleách ar uisce: mar shampla, tá ardstádas ag an Diúilicín Péarla Fionnuisce (*Margaritifera Margaritifera*), tá stádas maith ag an mbradán Atlantach (*Salmo salar*) agus tá stádas measartha ar a laghad ag baint leis an gcráifisc liathdhonn (*Austropotamobius pallipes*). Maidir leis na gnáthóga agus specis a bhfuil na

dálaí tacaíochta uisce ar eolas ina leith, baineadh úsáid as an eolas a bhí ar fáil lena oibriú amach cad iad na láithreacha sonracha, agus ina dhiaidh sin na dobharlaigh, ina bhfuil siad le fáil. Rinneadh measúnú ar gach ceann de na dobharlaigh sin lena oibriú amach cé acu a bhí nó nach raibh na dálaí riachtanacha tacaíochta uisce á mbaint amach ina leith. Sa chás nach raibh siad á mbaint amach, an chonclúid a bhí ann nach raibh na cuspóirí sa Chreat-Treoir Uisce maidir le limistéir faoi chosaint á mbaint amach maidir leis an dobharlach áirithe sin.

<sup>14</sup> Stádas na nGnáthóga agus na Speiceas atá faoi Chosaint an AE in Éirinn, NPWS (2013), <https://www.npws.ie/article-17-reports-0>



Tá 153 dobharlach abhann, 31 loch agus 11 dobharlach idir eatarthu ann nach bhfuil na dálaí tacaíochta uisce maidir le gnáthóga agus speicis faoi chosaint atá spleách ar uisce á mbaint amach ina leith. Tá 39 dobharlach abhann, 55 loch, 18 ndobharlach idir eatarthu agus 9 screamhdhobharlach eile ann a bhfuil na dálaí tacaíochta uisce maidir le gnáthóga agus speicis faoi chosaint atá spleách ar uisce iontu ar eolas ina leith. Níl monatóireacht á déanamh ar na dobharlaigh sin, áfach, agus níl sé soiléir cé acu atá nó nach bhfuil na cuspóirí a bhaineann leo gnóthaithe. Tá tuilleadh monatóireachta de dhíth sna cásanna seo.

Maidir leis an Diúilicín Péarla Fionnusce, tá 27 ndaonra ainmnithe ann agus tá Stádas Mífhabhrach Caomhnaithe ag baint leo go léir. Tá tosaíocht ó thaobh gnímh de déanta den ocht gcinn is fearr acu sin, is é sin 80% den daonra iomlán, agus is dóchúla gur iadsan a thiocfaidh aniar as an stádas mífhabhrach. Tá na daonraí

tosaíochta seo le fáil in 28 dobharlach abhann; bhí an sprioc ardстádaí bainte amach i dtaca le 12 (43%) acu i dtimthriall monatóireachta 2013-2015. Tá cur síos ar bhearta atá bear taithe le fáil i gCuid 8.2.

Tá measúnú déanta ar Éiceachórais Talaimh atá Spleách ar Screamhuisce – seascaínn, turlaigh agus portaigh ina measc – mar chuid den phróiseas measúnaithe le haghaidh Tréithriú agus Rangú Abhantraí. As 63 Éiceachóras Talaimh atá Spleách ar Screamhuisce a athnóidh nach bhfuil na cuspóirí caomhnaithe a bhaineann leo á mbaint amach, measadh go raibh screamhuisce ina fhachtóir féideartha lena aghaidh sin i gcás 29 acu.

Féadfaidh sé go mbeidh critéir bhreise chálíochta uisce agus/nó critéir níos déine ann sa todhchaí maidir le gnáthóga agus speicis áirithe. Tá dhá chineál gnáthóige aitheanta faoi choinne tuilleadh imscrúdaithe faoin bPlean seo (lochanna *marl* agus lochanna olagatrófach) (féach Cuid 8.2).

## Cuid 5: Tréithriú Dobharcheantar agus Brúnna Timpeallachta ar an gComhshaol Uisce

Gné thábhachtach den Phlean Bainistíochta Abhantraí a fhorbairt ab ea tuiscint a fháil ar na brúnna a théann i bhfeidhm ar stádas uisce ionas gur féidir bearta chun na brúnna sin a bhainistiú a roghnú agus a chur i bhfeidhm. Sa phróiseas tréithriú dobharcheantair, arna dhéanamh ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) le cuidíú ó bhaill den Ghrúpa Feidhmithe Náisiúnta Teicniúil, rinneadh measúnú ar na rioscaí a bhain le dobharlaigh nach bhfuil riachtanais na Creat-Treorach Uisce á gcomhlíonadh ina leith, agus aithníodh na brúnna suntasacha atá ar gach dobharlach atá Faoi Riosca maidir le gan na cuspóirí atá luate leo a ghnóthú.

Tagann brúnna comhshaoil chun cinn mar gheall ar "thruailliú poncfhoinse" mar thoradh ar ghníomhartha daoine déanta i láithreacha sonracha (e.g. clóis feirme, fearais chóireála dramhuisce agus córais dabhcha séarachais) nó mar gheall ar "thruailliú foinse idirleata" mar thoradh ar ghníomhartha daoine go forleathan (e.g. spréadh leasúchán ar an talamh agus rith chun srutha ar an dromchla i gceantair uirbeacha).

Tá roinnt mhaith oibre déanta le trí bliana anuas chun na brúnna suntasacha ar uiscí ar scálaí geografacha éagsúla a mheasúnú (dobharlach, fo-dhobharcheantar agus dobharcheantar). Bhí obair ar dhobharlaigh abhann agus locha ar scála fo-dhobharcheantair mar chuid den obair fhiorimlán agus cuireadh i gcrích í in 2016 le go mbeadh sí san áireamh sa Phlean dréachta. In 2017, rinneadh tuilleadh measúnaithe ar scála an dhobharcheantair, mar aon le measúnuithe ar dhobharlaigh idir eatartha, ar dhobharlaigh chósta agus ar screamhdhobharlaigh agus tá siad sin san áireamh sa Phlean deiridh.

Is é príomhsprior an phróiseas tréithrithe seo dobharlaigh uisce agus limistéir faoi chosaint a bhfuil gníomhartha de dhíth ina leith chun na cuspóirí gaolmhara a ghnóthú a aithint, agus brúnna suntasacha a théann i bhfeidhm ar na dobharlaigh sin a aithint freisin. Tríd an bpróiseas tréithrithe, cuirtear eolas tábhachtach ar fáil atá de dhíth le clár beart a fhorbairt agus le Plean réadúil, inghnóthaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

### 5.1 Rioscaí i dtaca le Dobharlaigh

Rinneadh próiseas measúnú riosca le dobharlaigh a aithint a raibh baol ann nach ngnóthófaí cuspóirí ón gCreat-Treorach Uisce ina leith. Rinneadh an riosca seo a mheasúnú bunaithe ar na sonraí monatóireachta don tréimhse 2007-2015, lena n-áirítear sonraí faoi stádas, treochtaí cáilíochta uisce agus scála na ndúshlán atá romhainn chun spriocanna comhshaoil leagtha amach de réir na Creat-Treorach Uisce a ghnóthú. Sa chás ina raibh sé le tuiscint ó na sonraí monatóireachta go raibh baol ann nach mbainfí amach na cuspóirí comhshaoil maidir le dobharlaigh áirithe, rinneadh measúnú leis na brúnna suntasacha a bhí ag dul i bhfeidhm ar stádas an uisce a aithint.

Sa mheasúnú riosca maidir le brúnna suntasacha, glacadh san áireamh na naisc agus an spleáchas idir foinsí brúnna comhshaoil agus na bealaí idir na brúnna sin agus aibhneacha, lochanna agus screamhuisce.

Glacadh san áireamh a íogaire atá roinnt éiceachórás atá bunaithe ar uisce maidir le cothaighigh agus/nó dríodar agus/nó astarraingt uisce mar gheall ar gníomhafochtaí daoine; san áireamh freisin bhí athruithe fisiciúla ar uiscí dromchla – amhail dreidireacht, oibreacha ar bhruacha abhann agus cainéalú – ar féidir leo díobháil a dhéanamh d'éiceachórás uisceacha. Baineadh úsáid as samhlacha leis na ceisteanna agus brúnna comhshaoil is tábhachtach i ngach fo-dhobharcheantar agus leis na príomhréimsí ina mbeadh tortháí feabhsaithe le baint amach a aithint. Bhí fianaise agus saineolas ó réimse foras poiblí san áireamh chomh maith.

Bhí toradh na measúnuithe seo san áireamh agus cuspóirí i leith dobharlach, agus na bearta is gó a dhéanamh lena ngnóthú, á socrú.

## 5.2 Forbhreathnú Náisiúnta ar Mheasúnú Riosca

Léirigh an próiseas tréithrithe an méid seo a leanas i ngach ceann den chúig chatagóir uisce, is é sin 4,829 dobharlach:

- ▀ Tá 2,113 (44%) acu sa chatagóir *Gan a Bheith Faoi Riosca*; tá riachtanais na Treorach á gcomhlíonadh ina leith agus tá an cuspóir comhshaoil stádas maith nó ardarádas a bhaint amach á ghnóthú ina leith.
- ▀ Tá 1,460 (30%) acu *Faoi Riosca*; tá *an baol ann nach ngnóthófar an cuspóir* comhshaoil ina leith stádas maith nó ardarádas a bhaint amach.

▀ Tá 1,256 (26%) acu *Faoi Athbhreithniú* i láthair *na huaire*, rud a chiallaíonn go bhfuil beart i bhfeidhm ach nach bhfuil feabhsú i gcáilliocht an uisce bainte amach go foíll, nó nach bhfuil go leor eolais ar fáil faoi láthair lena rá cé acu atá nó nach bhfuil an dobharlach *Faoi Riosca*. Is coitianta an dara féidearthacht ná an chéad cheann.

Tá staitisticí le fáil in Tábla 5.1 faoi na catagóirí riosca ar bhonn náisiúnta i dtaca le haibhneacha, lochanna, screamhuisce, uiscí idir eatarthu agus uiscí cósta.

Cineál Dobharlaigh	Líon na nDobharlach	Faoi Riosca		Faoi Athbhreithniú		Gan a Bheith faoi Riosca	
		Líon Dobharlach	% na nDobharlach	Líon Dobharlach	% na nDobharlach	Líon Dobharlach	% na nDobharlach
Aibhneacha	3,192	1,184	37	687	22	1,321	41
Lochanna	818	132	16	264	32	422	52
Idir Eatarthu	195	56	29	80	41	59	30
Cósta	111	13	12	34	30	64	58
Screamhuisce	513	75	15	191	37	247	48
Iomlán	4,829	1,460	30	1,256	26	2,113	44

Tábla 5.1 - Achoimre ar an measúnú riosca ar an screamhdobharlach agus ar an dobharlach dromchla

### 5.2.1 Dobharlaigh a mBaineann Cuspóir Ardarádas leo

Tá 384 abhainn, loch, dobharlach idir eatarthu agus dobharlach cósta ann go náisiúnta a mbaineann Ardarádas Éiceolaíochta leo. Áirítear leo 28 dobharlach abhann i ndobharcheantair na n-ocht n-abhainn in bhfuil diúilicín péarla fionnuisce. As an 384 dobharlach, tá an cuspóir

seo á ghnóthú i dtaca le 243 (63%) acu agus tá siad sa chatagóir *Gan a Bheith Faoi Riosca*; tá 14 (4%) acu *Faoi Athbhreithniú*, agus tá 127 (33%) *Faoi Riosca* sa dóigh nach meastar go mbainfear amach an cuspóir ardarádas a bhaineann leo agus go mbeidh tuilleadh gníomhartha de dhíth ina leith.

Cineál Dobharlaigh	Líon na nDobharlach a mBaineann Cuspóir Ardarádas Éiceolaíochta leo	Faoi Riosca		Athbhreithniú		Gan a Bheith Faoi Riosca	
		Líon Dobharlach	% na nDobharlach	Líon Dobharlach	% na nDobharlach	Líon Dobharlach	% na nDobharlach
Aibhneacha	319	112	35	3	1	204	64
Lochanna	37	12	32	2	5	23	62
Idir Eatarthu	12	1	8	2	17	9	75
Cósta	16	2	13	7	44	7	44
Iomlán	384	127	33	14	4	243	63

Tábla 5.2 - Achoimre ar mheasúnú riosca uisce dhromchla i dtaca le Dobharlaigh a mbaineann ardarádas éiceolaíochta leo

## 5.2.2 Gnáthóga agus Speicis Atá Spleách ar Uisce i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta

Tá 155 dobarlach abhann, 31 loch agus 11 dhobharlach idir eatarthu ann nach bhfuil na dáláí tacaíochta uisce a bhaineann le gnáthóga agus le speicis Natura 2000 atá spleách ar uisce á mbaint amach iontu. Tá gníomhartha de dhíth i dtaca le gach ceann de na dobarlacha seo. Tá 39 dobarlach abhann, 55 loch agus 18 ndobarlach idir eatarthu eile ann a bhfuil na dáláí tacaíochta uisce le haghaidh gnáthóig agus speiceas faoi chosaint atá spleách ar uisce ar eolas ina leith ach nach bhfuil monatóireacht orthu ar siúl, rud a fhágann nach fios cé acu atá nó nach bhfuil na cuspóirí a bhaineann leo gnóthaithe.

Gan tuilleadh eolais a bheith ann ó dhobharlaigh chomhchosúla atá faoi bhrúnna comhchosúla, beidh tuilleadh monatóireachta ar na dobarlacha seo de dhíth.


Maidir leis an 29 Éiceachóras Talaimh Atá Spleách ar Screamhuisce agus a measadh go raibh screamhuisce ina chonstaic fhéideartha ar ghnóthú na gcuspóirí caomhnaithe a bain leo, deimhníodh go raibh 3 cinn acu Faoi Riosca agus go raibh an 26 eile *Faoi Athbhreithniú*.

## 5.2.3 Measúnú Riosca ar Uiscí nach bhfuil sa Chlár Náisiúnta Monatóireachta

Mar atá ráite cheana féin, tá líonra monatóireachta na hÉireann fairsing ó thaobh caighdeáin na hEorpa de. Mar sin féin, tá eolas monatóireachta a bhaineann go sonrach le láithreacha áirithe i ndobarlach ar leith in easnamh, sruthanna beaga cósta, lochanna scoite amach ar thalamh ard agus dobarlach chóncha san fharraige amuigh ina measc. Bhí an próiseas measúnaithe riosca in úsáid againn leis na rioscaí sna cásanna seo a aithint.

Léiríonn Figiúr 5.1 na catagóirí riosca atá aitheanta i dtaca le dobarlach neamh-mhonatóirithe. Maidir le dobarlach neamh-mhonatóirithe atá sa chatagóir *Gan a Bheith Faoi Riosca* ní bhaineann

aon bhrúnna suntasacha comhshaoil leo; níl aon ghníomh breise de dhíth ina leith, mar sin, seachas leanúint ar aghaidh leis na bearta atá ann cheana féin. Tá sciar mór de dhobharlaigh chóncha, de dhobharlaigh screamhuisce agus de lochanna sa chatagóir *Gan a Bheith Faoi Riosca*. I gcás aibhneacha agus uiscí idir eatarthu, áfach, tá Athbhreithniú de dhíth sa chuid is mó de na dobarlacha neamh-mhonatóirithe. Ní mór tuilleadh eolais a bhailíú faoi na dobarlacha seo leis an tréithriú riosca a bhaineann leo a dheimhniú agus smaoineofar ar iad siúd atá *Faoi Riosca* a chur sa chlár náisiúnta monatóireachta.



**Figiúr 5.1** - Torthaí measúnú riosca maidir le dobarlach nach bhfuil sonraí sonracha monatóireachta dobarlach ar fáil ina leith (2013–2015)

## 5.3 Measúnú ar Bhrúnna Suntasacha Comhshaoil

### 5.3.1 Forbhreathnú ar na Measúnuithe

Nuar a aithníodh cad iad na screamhdhobharlaigh agus na dobharlaigh dhromchla a bhí Faoi Riosca ó thaobh gan a gcuspóirí comhshaoil a ghnóthú, rinne an GCC measúnuithe sonraithe d'fhoinn a aithint cad iad na brúnna dóchúla suntasacha a bhí mar bhac ar ghnóthú na gcuspóirí riachtanacha comhshaoil i dtaca leis na dobharlaigh sin. Is éard is brúnna suntasacha ann brúnna atá mar chuíos le stádas míshásúil i ndobharlach nó ar dócha go mbeidh siad mar chuíos le stádas míshásúil i ndobharlach. Ní mór bearta a chur i bhfeidhm mar sin le tionchar na mbrúnna seo a mhaolú.

Tá na measúnuithe seo bunaithe ar bhrefis agus 142 tacar sonraiá náisiúnta ina bhfuil eolas ar bhrúnna, tionchair agus suíomhanna fisiciúla le fáil. Chomh maith leis sin, chuir údarás áitiúla, lascaigh Intíre Éireann agus Uisce Éireann eolas agus sonraiá áitiúla ar fáil agus cuireadh san áireamh sa mheasúnú iad. San iomlán, glacadh 17 gcineál brú san áireamh agus tá achoimre le fáil orthu de réir 12 cheannteideal leathana. Tá sonraiá achoimreacha ar an eolas ar baineadh úsáid as agus na brúnna á measúnú le fáil sa tábla seo thíos (Tábla 5.3):

Uimh.	Brúnna Comhshaoil
1	<b>Talmhaíocht</b> Is é seo a leanas a bhí i gceist leis an measúnú ar an talmhaíocht mar bhrú suntasach: táscairí cailíocht uisce, amhail tiúchan ard fosfáití, níotráití agus amóniam, a sheiceáil; a fheiceáil an raibh bealaí dromchla ann a dtiocfadhl le cothaithígh agus dríodár sreabhadh isteach triothu in uiscí dromchla, bealaí mar ithreacha agus fo-ithreacha nach ndraenálann go maith, agus a fheiceáil an raibh bealaí faoi thalamh ann, bunaithe ar mhapaí leochealacha uiscígh agus screamhuisce; mapai a úsáid a léiríonn na ceantair is mó ina dtéann foinsí fostáití isteach i screamhuiscí (tá siad seo bunaithe ar mheastachán maidir leis an lód cothaitheach a chuireann feirmeoirí ar an talamh agus ar thréithe draenála talaimh); agus eolas ó shamhail chionroinnté an GCC maidir le lód foinsí. Tríd an samhail seo, déantar meastachán maidir leis an gcion den lód cothaitheach sa dobharcheantar ar féidir a rá ina leith gur gníomhafochtaí daoine is cúis leis. Chuir na húdarás áitiúla agus cigír lascaigh Intíre Éireann eolas áitiúil agus saineolas breise ar fáil freisin.
2	<b>Córais Chóireála Dramhuisce Tí</b> Bhí an t-eolas seo a leanas san áireamh agus an tionchar a bhíonn ag córais chóireála dramhuisce á mheasúnú: tréithe draenála tírdhreacha (bunaithe ar ithreacha, fo-ithreacha agus mapaí buncharrage) a thugann le fios cad iad na dáláí síothlaithe; sonraiá faoi shuíomhanna agus dlús tithe, go háirthe i gceantair ina bhfuil na tréithe draenála lag; agus eolas ó chigireachtaí déanta ag údarás áitiúla.
3	<b>Dramhuisce Uirbeach</b> Baineadh úsáid as eolas faoi dhoirte ó chórais chóireála dramhuisce uirbigh mar bhunús lena dtionchar a mheasúnú. Fuarhas an t-eolas seo ó réimse foinsí, ina measc na Tuarascálacha Bliantúla Comhshaoil a chuireann Uisce Éireann isteach chuig an GCC, sonraiá agus eolas ó fhoirne ceadúnaithe agus forfheidhmithe an GCC, agus sonraiá monatóireachta comhthimpeallacha suas an sruth agus síos an sruth i dtaca le cuid mhór fearsas. Chomh maith leis sin, bhíothas in ann cionroinnt an lód cothaitheach in aibhneacha atá ann siocair plandaí a bheith ann a thabhairt san áireamh mar gheall ar thorthaí ó shamhail chionroinnté an GCC i dtaca le foinsí lód.
4	<b>Rith chun Srutha Uirbeach</b> Rangaíodh rith chun srutha uirbeach (i. mícheangail naics phríobháideacha uisce bhréin le séaragh stoirmé, doirte ó shéaragh, agus rith chun srutha ó dhromchlaí pábháilte agus neamhpábháilte) mar bhrú suntasach sa chás ina raibh sonraiá monatóireachta ar fáil maidir le ceantair uirbeacha suas an sruth agus síos an sruth ó cheantair uirbeacha, agus sa chás ina raibh sonraiá breise ar fáil ó údarás áitiúla agus ó lascaigh Intíre Éireann agus ó dhaoine ar an láthair.

Uimh.	Brúnna Comhshaoil
<b>5</b>	<b>An Foraoiseacht</b> Rinneadh measúnú ar thionchar na foraoiseachta trí úsáid a bhaint as sonraí monatóireachta cáiliúchta uisce agus as fianaise maidir le tionchair dríodair a breathnaíodh le linn measúnuithe bitheolaíochta. Baineadh úsáid freisin as grianghrafadóireacht anuas lena fheiceáil an raibh plandálacha nua ann nó an ndearnadh glanleagan crann ar na mallaibh. Ar na nithe eile a bhí in úsáid ar mhaithe leis an measúnú bhí mapáil foraoisí ag an Seirbhís Foraoiseachta agus ag Coillte, tréithe draenála ithreach a bhféadfaidís rith chun srutha dríodair a éascú, agus iarratais ar cheadúnais glanleagain.
<b>6,7,8</b>	<b>Tionscal an Astarraingte, an Tionsclaíocht, Dramhaíl</b> Baineadh úsáid as an elolas seo a leanas chun measúnú a dhéanamh ar na brúnna seo: mapaí ina dtaispeántar láithreacha na suíomhanna atá ceadúnaithe ag an GCC agus doirteadh gaolmhar isteach in uisce a bhaineann le Cuid 4 de chuid na nÚdarás Áitiúil; grianghrafadóireacht anuas; mapaí astarraingt móra; elolas ó na foirne sa GCC a bhíonn ag plé le ceadúnú agus forfheidmiú, Tuarascálacha Blianúla Comhshaoil a cuireadh isteach chuig an GCC san áireamh; sonrai faoi mhonatóireachta ar dhoirteadh uisce a bhaineann le Cuid 4 de chuid na n-údarás áitiúil, agus sonraí hidriceimice mar tháscaire de bhrú ar leith, mar shampla amóniam, atá le fáil go minic in uisce i gceantair ina bhfuil talamh portaigh.
<b>9</b>	<b>Speicis Ionracha</b> Ní dearadh measúnú sonraithe ar an tionchar a bhíonn ag speicis ionracha mar is teoranta an t-elolas atá ar fáil fúthu. Baineadh úsáid, áfach, as elolas faoina láithreachta i suíomhanna monatóireachta bitheolaíochta an GCC agus as sonraí ó na húdaráis áitiúla agus ó lascaigh Intíre Éireann.
<b>10</b>	<b>Brúnna Comhshaoil a Théann i bhFeidhm ar Riocht Fisiciúil Uiscí Dromchla (Hidreamoirfeolaíocht)</b> Agus measúnú á dhéanamh ar a shuntasai a bhí na brúnna comhshaoil a bhí ag dul i bhfeidhm ar riocth fisiciúil uiscí dromchla (hidreamoirfeolaíocht), glacadh san áireamh fianaise bhitheolaíochta agus hidreamoirfeolaíochta (is é sin, an riocth fisiciúil) a bhí ar fáil maidir lena dtionchar; bhí an fhianaise seo bunaithe ar elolas monatóireachta. San áireamh bhí measúnuithe ar stádas iasc, Measúnuithe Hidreamoirfeolaíochta ar Aibhneacha, Q-luachanna agus leibhéal suíomhanna. Scrúdaíodh sa mheasúnú na cúiseanna dóchúla leis na tionchair a breathnaíodh, lena n-áiritear athruithe cainéil a bheith déanta (e.g. oibreacha draenála artairí agus cláfort), scéimeanna draenála ar thalamh, gníomhaíochtaí difhoraoisithe agus constaíci ar imirice iasc bunaithe ar na mapaí agus ar na grianghraif anuas a bhí ar fáil. Bhí elolas na muintire áitiúla, curtha ar fáil ag údaráis áitiúla agus ag lascaigh Intíre Éireann, ina chuidiú freisin.
<b>11</b>	<b>Astarraingt/Cur ar Malairt Slí</b> Rinne an GCC measúnú sonraithe scagtha cainníochta ar thionchair fhéideartha brúnna astarraingt uisce ar an éiceolaíocht. Sa mheasúnú seo, cuireadh toirteanna astarraingtthe i gcomparáid le sreabhadh uisce nádúrtha. Baineadh úsáid as tacar sonraí de chuid an GCC faoi astarraingtí a uasdátaíodh ar na mallaibh sa mheasúnú, mar aon le tacair shonraí uasdátaithe faoi dhoirte agus sonraí faoi shreabhadh samhala abhann trí shamhail Hydrotool an GCC. Baineadh úsáid as caighdeáin sreafa hidreamoirfeolaíochta, cosúil leo siúd a bhíonn in úsáid le tionchar astarraingtí a mheasúnú sa Tuaisceart, chun an measúnú a scagadh lena aithint cad iad na haibhneacha agus lochanna a bhfuil an baol ann go mbeidh siad sa chatagóir Faoi Riosca ó thaobh gan na cuspoírí comhshaoil a bhaineann leo a ghnóthú mar gheall ar ró-astarraingt. Baineadh úsáid as sonraí faoi stádas bitheolaíochta ón GCC agus ó lascaigh Intíre Éireann ansin lena fháil amach cé na dobharlaigh go díreach nach raibh na cuspoírí comhshaoil a bhain leo á ghnóthú agus a raibh imscrúdú níos sonraithe de dhíth ina leith.
<b>12</b>	<b>Suíomhanna Truailliche san Am Atá Thart</b> Bhí measúnú ar na suíomhanna seo bunaithe go mór ar shonraí monatóireachta screamhuisce a bhain le truailleáin ar leith ar dócha go dtiocfaidh siad chun cinn agus ar shonraí monatóireachta ceimice agus bitheolaíochta ó suas an sruth agus ó síos an sruth. Bhí an measúnú bunaithe chomh maith ar mhabápaí a léiríonn láithreacha a bhaineann le ceadúnais dramhaíola GCC a géilleadh.


Tábla 5.3 - Eolas úsáidte sa mheasúnú ar bhrúnna comhshaoil ag leibhéal dobharlaigh

### 5.3.2 Brúnna Suntasacha

Nuar a aithnítear cad iad na brúnna suntasacha, is féidir bear ta áitiúla a spriocdhíríú agus léargas a fháil ar leibhéal náisiúnta mar bhunús le bearta uileghabhálacha agus le riachtanais polasaithe náisiúnta. Tá 1,460 dobharlach ann ar fud na tíre – aibhneacha, lochanna, screamuisce, uiscí idir eatarthu agus uiscí cósta – atá Faoi Riosca ó thaobh gan na cuspóirí comhshaoil a bhaineann leo a ghnóthú. Bhí measúnú ar rioscaí agus ar

bhrúnna ina chuidiú leis na bearta atá sa Phlean Bainistíochta Abhantraí seo a dhearadh. Léiríonn Figiúr 5.2 thíos minicíocht na mbrúnna suntasacha atá mar chúis le dobarlaigh a bheith Faoi Riosca.

As na 1,460 dobharlach atá Faoi Riosca, tá tionchar ag aon bhrú aonair amháin ar 765 (52%) díobh, agus tá tionchar ag níos mó ná brú amháin ar an 695 (48%) eile.



**Figíúr 5.2 - Minicíocht na mbrúnna suntasacha ar dobarlaigh Faoi Riosca**

**Talmhaíocht:** Tá an talmhaíocht aitheanta mar bhrú suntasach in 780 (53%) de na 1,460 dobharlach atá sa chatagóir Faoi Riosca ó thaobh gan an cuspóir comhshaoil a bhaineann leo a ghnóthú. Is aibhneacha 629 acu, is lochanna 80 acu, is uiscí costa 8 gcinn acu agus is uiscí idir eatarthu 32 acu; screamhuisce atá in 31 díobh. Tá tionchair na mbrúnna le sonrú i ngach dobarcheantair ach tá siad níos láidre i leath oirthir na tíre, go háirithe i gceantair ina bhfuil ithreaca agus fo-ithreaca gan draenáil mhaith (Figíúr 5.3a) – an Cabhán, Muineachán agus an Mhí, mar shampla – agus ina bhfuil barraíocht fosfair ina fhadhb. Tá brúnna ann ó rith idirleata cothaitheach agus dríodair chun srutha ó thalamh, agus ó thruaillíú poncfoinse a bhaineann le clós feirme. Maidir le dobarcheantair sa deisceart, mar a bhfuil draenáil mhaith ithreaca agus fo-ithreaca, tá tionchar ag barraíocht nítrigine ar na hinbhír a thagann ó na dobarcheantair a chuireann ábhar isteach iontu. Tá tuilleadh oibre de dhith lena fháil amach cad iad go díreach na láithreacha is mó ar gá gníomhartha a dhíriú orthu.

**Hidreamoirfeolaíocht:** Is brú suntasach í hidreamoirfeolaíocht in 345 (24%) dobharlach atá aitheanta mar dhobarlaigh atá Faoi Riosca. Is aibhneacha iad 329 acu, is lochanna iad 10 gcinn acu agus uiscí idir eatarthu iad 6 cinn acu. Baineann an brú le hathruithe fisciúla nól le díobháil a bheith déanta do phróisis ghnáthóige agus do phróisis nádúrtha aibhneacha/lochanna. Baineann brú le cainéalú, draenáil talaimh, dambáí, coráí, bacinní agus loic, ró-innilt, clairoit agus líntéir. Níl an oiread sin fianaise ann go bhfuil patrún spásúil ann mar gheall ar an éagsúlacht ceisteanna a fhágann gur brú suntasach í an hidreamoirfeolaíocht (Figíúr 5.3b). Táthar ag súil go mbeidh eolas agus tuiscint níos fearr againn ar an oiread a théann na brúnna atá aitheanta ar fud na tíre i bhfeidhm ar dhobarlaigh de réir mar a thiocfaidh feabhas ar an eolas agus ar an tuiscint atá againn ar bhrúnna hidreamoirfeolaíchta.

**Dramhusiceuirbeach:** Is brú suntasach é dramhusiceuirbeach in 293 (20%) dobharlach atá aitheanta mar dhobarlaigh atá Faoi Riosca.



Is é seo an briseadh síos: 252 abhainn, 15 loch, 3 uisce cósta agus 23 uisce idir eatartha. Creidtear go mbíonn forscéitheadh uisce stoirmé ag dul i bhfeidhm ar 22 dotharlaigh. Ní mór a thabhairt ar aird go bhfuil doirte éagsúla dramhuisce uirbigh de mhéideanna difriúla ceirt leáin le fáil i gcuid mhór dotharlaigh. Tá fearais chóireála dramhuisce lonnaithe níos dlúithe i leath oirthir na tíre in áiteanna a bhfuil na hionaid daonra is mó (Fíjúr 5.3c).

**Foraoiseacht:** Is brú suntasach í an fhoraoiseacht in 238 (16%) dotharlaigh atá aitheanta mar dhobharlaigh atá *Faoi Riosca*. Is é seo an briseadh síos: 215 abhainn, 18 loch agus 5 screamhdhobharlaigh. Baineann an brú den chuid is mó le dríodar ó għlanleagan, le draenáil, le cur plandaí agus le fréamhú plandaí. Tá an brú suntasach lonnaithe go príomha in uiscí uachtair dotharlaigh agus go minic bónn gaolmhaireacht idir é agus teorainneacha dotharlaigh (Fíjúr 5.3d).

**Astarraingt móna:** Aithnítear go bhfuil astarraingt móna mar chúis le riosca suntasach i dtaca le stádas éiceolaíochta 119 dotharlaigh, is é sin 8% de na dotharlaigh uile atá aitheanta mar dhobharlaigh atá *Faoi Riosca* (Fíjúr 5.3e). Is aibhneacha iad 115 acu, is lochanna iad 3 cinn acu agus screamhuisce atá i gceist le ceann amháin acu. Baineann tionchair chomhshaoil le solaid ar fuaidreamh, amónia agus athruithe hidreamoirfeolaíochta. Tá fianaise ann go bhfuil leibhéal ard amónia á scaoileadh mar gheall ar ghníomhaíochtaí a baineann le hastarraingt móna

le linn an phróiseas draenála agus go bhféadfaidh sé go bhfuil éifeachtaí éiceolaíochta aici, agus ag na solaid ar fuaidreamh, ar na dotharlaigh a bhfuil sí ag dul isteach iontu. Tá sé de rún ag an GCC fiosrúchán a dhéanamh i dtaca le tiúchan cúlra amónia i dtailte portaigh lena fháil amach an factóir féideartha iad atá ag ardú an tiúchan amónia i ndotharlaigh.

**Dramhuisce tí:** Is éard atá i gceist le dramhuisce tí córais dabħá séarachais a baineann le tithe aonair agus fearais neamhcheadúnaithe phrīobháideacha chóireála dramhuisce uirbigh. Is brú suntasach é in 166 (11%) dotharlaigh atá aitheanta mar dhobharlaigh *Faoi Riosca*. Is aibhneacha 137 acu, is lochanna iad 15 cinn acu, is uiscí cósta dhá cheann acu, is uiscí idir eatartha iad 6 cinn acu agus screamhuisce atá i gceist le 6 cinn acu.

**Rith chun srutha uirbeach:** Baineann rith chun srutha uirbeach le meascán de mhícheangail, doirteadh uisce ó shéaraigh agus rith chun srutha ó áiteanna pábhálte agus neamhphábhálte. Is brú suntasach é in 136 (9%) dotharlaigh atá aitheanta mar dhobharlaigh *Faoi Riosca*: 126 abhainn, 2 loch, 1 dotharlaigh cósta agus 7 n-uisce idir eatartha.

**Speicis ionracha choimhthíocha :** Is speicis neamhdhúchasacha iad speicis ionracha choimhthíocha atá taobh amuigh dá réimse nádúrtha agus atá mar bhagairt chomhshaoil nó shocneacnamaíochta ar éiceachórais, gnáthóga agus speicis dhúchasacha. Faoi láthair, tá 37 speiceas aitheanta ar fud an AE mar ardtosaíochtaí



bainistíochta agus tá naoi gcinn acu le fáil in Éirinn. Aithníodh speicis ionracha choimhthíocha mar cheist suntasach bhainistíochta uisce sna comhairliúcháin phoiblí in 2015 faoi cheisteanna suntasacha bainistíochta uisce. Mar shampla, tá taifid ag an Lár-Ionad Náisiúnta Bithéagsúlachta as cuid mhaith ceantar tuaithe de dhá speiceas atá mar bhagairt d'éiceachórais uisceacha agus iad i griosanna bruachánacha. Is iad glúineach bhiorach agus lus na pléisce (balsam Himiléach).

**Tionsclaíocht:** Is brú suntasach í an tionsclaíocht in 101 (7%) dobarlach atá aitheanta mar dhobharlaigh *Faoi Riosca*. Áirítéar leis na brúnna seo saoráidí IPPC (20) agus IE (26) ceadúnaithe ag an GCC agus tionscaill a bhfuil ceadúnais Doirteadh Isteach in Uisce Chuid 4 acu (43) eisithe ag údarás áitiúla. As na 101 dobarlach sin, is aibhneacha 78 acu, is lochanna 3 cinn acu, is dobarlach cósta ceann amháin acu, is dobarlach idir eatarthu ceann eile acu agus screamhdhobharlaigh atá in 18 gcinn acu.


**Astarraingt uisce:** Baint uisce ó dhobharlach dromchla nó ó screamhdhobharlach go buan nó go sealadach atá i gceist le hastarraingt uisce. Féadfaidh sé go mbeidh pumpáil, píobú, cur uisce ar malaир slí isteach i dtollpholl nó i dtobar i gceist le hastarraingt uisce. Is iomaí cúis atá ann le huisce a astarraingt, lena n-áirítéar soláthar poiblí agus príobháideach uisce óil, úsáid thionscláich, úsáid sa tionscal bia agus deochanna, giniúint hidreachumhachta, talmhaíocht agus úsáid san agráithionscal, úsáid fóillíochta (galfchúrsaí, mar shampla) agus úsáid in iascaigh.

Is íseal an tionchar ionchais foriomlán atá ag astarraingtí uisce atá ar eolas ar na dálaí tacaíochta sreafa agus leibhéal in aibhneacha agus i lochanna. Tacaíonn sé sin le torthaí na measúnuithe riosca a rinneadh in 2008 le haghaidh an chéad timhrialla de phleanáil bainistíochta abhantraí.

Go náisiúnta, tá astarraingtí ó 137 (4% de 3,192 san iomlán<sup>15</sup>) dobarlach abhann, 76 (9% de 812 san iomlán<sup>15</sup>) loch agus 41 (8% de 513 san iomlán<sup>15</sup>) screamhdhobharlach aitheanta mar dhobharlaigh a bhfuil tuilleadh measúnaithe le déanamh orthu lena fháil amach an bhfuil tionchar suntasach ag na hastarraingtí sin ar na dálaí tacaíochta sreafa agus leibhéal atá de dhíth le tacú le héiceolaíocht aibhneacha agus lochanna.


Ní mór a thabhairt ar aird go bhfuil na bunmheasúnuithe seo coimeádach mar baineann siad le tionchar ionchais, agus gur dócha go mbeidh leibhéal an tionchar éiceolaíochta iarbhír ar éiceolaíocht aibhneacha agus lochanna níos ísele. Maidir le gach ceann de na 254 dobarlach a bhfuil tuilleadh measúnaithe de dhíth ina leith, beidh measúnú áitiúil ag teastáil ar a gcórais hidreolaíocha. Sa chás ina bhfaighfear amach gur brú suntasach atá i gceist le hastarraingt uisce, ní mór measúnú a dhéanamh ar riocht éiceolaíochta na habhann nó an locha san áit a dtarlaíonn an astarraingt agus i ndobharlaigh díreach thíos ón áit astarraingthe. Bainfear an méid sin amach tríd na meastacháin sreafa sna dobarlach seo a fheabhsú, trí mheasúnuithe níos sonraithe a dhéanamh nuair a bhíonn an sreabhadh rialithe – ag damaí, mar shampla – agus trí shonraí monatóireachta éiceolaíochta a imscrúdú.

15 Dobharlaigh ainmnithe de réir na Creat-Treorach Uisce, mar atá i dtuarascáil 2010-2015 an GCC faoi Cháilíocht Uisce in Éirinn (<http://www.epa.ie/pubs/reports/water/waterqua/Water%20Quality%20in%20Ireland%202010-2015.pdf>)



**Figiúr 5.3 - Mapaí a léiríonn láithreacha ina bhfuil brúnna suntasacha ag dul i bhfeidhm ar uiscí dromchla i dtaca leis na nithe seo a leanas:**


- Talamhaíocht
- Hidreamhoirfeolaíocht
- Dramhuisce Uirbeach
- Foraoiseacht agus
- Astarraingt móna. (an chéad leathanach eile) (Nóta: Tá siad seo bunaithe ar mheasúnuithe riosca déanta go dtí seo).



### 5.3.3 Dobharlaigh Ardstádas Éiceolaíochta: Brúnna Suntasacha

As an 1,460 dobharlach atá aitheanta mar dhobharlaigh atá Faoi Riosca ó thaobh gan na cuspóirí comhshaoil a bhaineann leo a bheith gnóthaithe, tá 127 acu Faoi Riosca i dtaca le gan an cuspóir ardstádas éiceolaíochta a bheith bainte amach ina leith. Ina measc tá 112 abhainn, 12 loch, 2 dhobharlach cósta agus dobharlach idir eatartha amháin. Tá an phróifil riosca difriúil leis an bpróifil maidir le rioscaí ginearálta ar fud na ndobharlach go náisiúnta, rud atá ag teacht le láithreacht na

ndobharlach seo, go tipiciúil i ndobharcheantair uachtair. Tá an fhraoiseachta ina brú suntasacha in 51 (40%) de na dobharlaigh seo. Is brú suntasach í an hidreamoirfeolaíocht in 43 (34%) dobharlach. Brú suntasach í an talmhaíocht in 35 (28%) dobharlach. Is brúnna suntasacha iad astarraingt móna nó cur isteach ar astarraingt móna in 16 (13%) dhobharlach. Maidir le dramhuisce tí, is brú suntasach é in 13 (10%) dhobharlach (Fíjúr 5.4).




**Fíjúr 5.4** - Brúnna suntasacha a théann i bhfeidhm ar dhobharlaigh a mbaineann cuspóirí ardstádais éiceolaíochta leo

### 5.3.4 Limistéir faoi Chosaint Atá Spleách ar Uisce i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta: Brúnna Suntasacha

Tá thart ar 800 dobarlach i suíomhanna Natura 2000 faoi chosaint a bhfuil gnáthóga agus speicis atá spleách ar uisce iontu. Faoi láthair, tá 195 acu ann nach bhfuil na dálaí riachtanacha tacálochta uisce á gcomhlíonadh ina leith.

Is brú suntasach í an talmhaíocht in 80 (41%) de na dobarlaigh seo. Maidir le brúnna suntasacha eile, is brúnna hidreamoirfeolaíochta atá i gceist

in 59 (30%) dobarlach, an fhoraoiseacht an brú suntasach in 44 (23%) dobarlach, agus dramhuisce uirbeach an brú suntasach in 40 (20%) dobarlach. Tá brúnna “eile” ar 40 (20%) dobarlach, lena n-áirítear astarraingt, brúnna antrapagineacha, speicis ionracha, suíomhanna a truaillíodh san am a chuaign thart agus brúnna eile nach bhfuil ar eolas (Fígiúr 5.5).



**Fígiúr 5.5 -** Brúnna suntasacha a théann i bhfeidhm ar shuíomhanna Natura 2000 atá spleách ar uisce



## Cuid 6: Cuspóirí Comhshaoil na Creat-treorach Uisce

Sa Chreat-treoir Uisce leagtar amach na cuspóirí comhshaoil atá le baint amach trí phróiseas um pleanáil abhantrach agus cur chun feidhme na bpleananna sin. Tá cuspóirí sonracha leagtha amach maidir le huisce dromchla, screamhuisce agus limistéir faoi chosaint. Tá na dúshláin atá le sárú chun na cuspóirí sin a bhaint amach an-suntasach. Dá réir sin, is é an príomhchuspóir leis an *bPlean Bainistíochta abhantrach* (RBMP) tosaíochtaí a leagan amach agus a chinntíú go dtreorófar an cur chun feidhme sin leis na tosaíochtaí sin.

### 6.1 Cuspóirí Comhshaoil ata Leagtha Amach sa Chreat-treoir Uisce

In Airteagal 4 den Chreat-treoir Uisce leagtar amach cuspóirí comhshaoil na Treorach go mion, breithnítear inti ar an dóigh is fearr leis na cuspóirí sin a bhaint amach agus sainaithnítear díolúintí féideartha ó na cuspóirí sin. Is iad seo a leanas cuspóirí na Creat-treorach Uisce do na catagóirí éagsúla:

#### Le haghaidh Uiscí Dromchla:

- Meath ar stádas uiscí dromchla a chosc
- Uiscí dromchla a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú, chun dea-stádas a bhaint amach (éiceolaíoch agus ceimiceach) do na dobharlaigh uile
- Dobharlaigh dhianmhodhnaithe agus dobharlaigh shaorga a chosaint agus a fheabhsú chun acmhainneacht mhaith éiceolaíoch agus dea-stádas ceimiceach a bhaint amach do na dobharlaigh sin
- Truaillíú a laghdú de réir a chéile ó shubstaintí tosaíochta agus deireadh a chur le hastaíochtaí, scaoileadh agus caillteanas substaintí guaiseacha tosaíochta isteach in uiscí dromchla nó deireadh a chur leo de réir a chéile

#### Le haghaidh Screamhuisce:

- Meath ar stádas screamhuisce a chosc
- Gach dobharlach screamhuisce a chosaint, a fheabhsú agus a athchóiriú agus cothromáiocht idir tarraingt agus athlónadh a chinntíú, chun dea-stádas screamhuisce a bhaint amach (cainníochtúil agus ceimiceach)
- Treochtaí suntasacha agus marthanacha in airde i dtiúchán na dtrualeán sa screamhuisce a aisiompú

#### Le haghaidh Limistéar faoi Chosaint:

- Na cuspóirí agus na caighdeáin faoinar bunaíodh na limistéir aonair faoi chosaint a chomhlónadh


### 6.2 Beartú Tosaíochta maidir le Pleananna Bainistíochta Abhantrach an Dara Timthrialla

Ní mór dúshláin an-suntasach a shárú chun na cuspóirí sin atá leagtha amach go soiléir sa Treoir a bhaint amach. Dá réir sin, is é an príomhchuspóir leis an *bPlean tosaíochtaí a leagan amach agus a chinntíú go dtreorófar cur chun feidhme an Phlean* seo leis an mbeartú tosaíochta sin.

Ar aon dul leis an méid thus, agus leis an obair um thréithriú atá déanta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), cinneadh an beartú tosaíochta seo a leanas don timthriall seo den Phlean:

- A chinntíú go gcomhlíonfar reachtaíocht reatha ábhartha AE go hiomlán
- Meath a chosc
- Na cuspóirí sonracha uisce a theastaíonn dár limistéir faoi chosaint a chomhlónadh
- Ár ndobharlaigh cuspóra ardaráis a chosaint agus a athchóiriú go sonrach
- Tús áite a thabhairt do dhobharcheantair ina dteastaíonn gníomh lena n-éascófar (1) díriú ar dhobharlaigh i gcás go léirítear le fianaise go bhféadfadh siad feabhsuithe ar stádas a bhaint amach le linn an timthrialla seo agus (2) treoirthionscadail a chur chun cinn i bhfo-dhbharcheantair ina bhfuil ceisteanna níos casta lena dteastaíonn cuir chuige ildisciplíneacha agus trasgníomhairesca
- Obair chun feabhas a chur ar ár n-eolas agus ár dtuisint ar hidreamoirfeolaíocht agus ar bhacainní mar bhrúnna a théann i gcion ar cháillócht an uisce, lena n-áirítear sainaithint scála na gceisteanna sin; an saineolas is gá chun dul i ngleic leis na ceisteanna sin a fhorbairt

## 6.3 Próiseas agus Tortháí an Bheartaithe Tosaíochta



### **Uiscí Dromchlaí**

Maidir leis na dobharlaigh sin a sainaithníodh i Roinn 5 mar a bheith i mBaol nach mbainfidh siad a gcuspóirí comhshaoil amach, is gá go gcuirfí bearta spriocdhírithe chun feidhme maidir leo chun a gcuspóirí faoin bPlean seo a bhaint amach. Ní mór túis áite a thabhairt don dóigh agus don achar ama ina gcuirfear na bearta spriocdhírithe sin chun feidhme chun obair bhereise um thréithriú ar bith eile a theastódh, ar na hacmhainní teoranta atá ar fáil agus ar an am agus na hacmhainní is gá chun bearta cuí a fhorbairt, a chur san áireamh. Le linn fhorbairt an Phlean seo, rinne na húdaráis áitiúla, an EPA agus páirtithe leasmhara eile cleachtadh beartaithe tosaíochta chun na dobharlaigh sin a shainaithínt nach mór beart láithreach a dhéanamh orthu laistigh de thimthriall an phlean seo go dtí 2021. Le linn thréithriú na ndobharcheantar, shainaithín an EPA na dobharcheantair sin atá i mBaol nach mbainfidh siad a gcuspóirí amach nó na dobharlaigh atá Á nAthbhreithníú. Arna stiúradh i gcomhar leis an EPA agus le hOfig Uiscí agus Pobal na nÚdarás Áitiúil, cuireadh ar bun próiseas comhoibríoch ceardlainne ina raibh pearsana sinsearach údaráis áitiúil agus na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad páirteach chun na dobharlaigh sin ar cheart túis áite a thabhairt dóibh le haghaidh gníomhaíochta le linn an timthrialla pleanála seo a shainaithínt ar leibhéal réigiúnach. Bhí an próiseas sin bunaithe ar na tosaíochtaí atá leagtha amach sa roinn seo, ar an bhfianaise ón bpróiseas um thréithriú agus ar shonraí agus eolas an phearsanra údaráis phoiblí. Ba é an toradh ar an bpróiseas beartaithe tosaíochta sin gur roghnaíodh 190 limistéar le haghaidh gníomhaíochta ar fad na 5 réigiún údaráis áitiúil. Laistigh den 190 limistéar sin, roghnaíodh

### **6.4 Dobharlaigh Lasmuigh de na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta**

Sainaithníodh 832 dobharlach mar a bheith i mBaol nach mbainfidh siad a gcuspóirí comhshaoil amach faoin bPlean seo nár cuireadh san áireamh do na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta. Le haghaidh fhormhór na ndobharlach sin, déanfar gníomhaíochtaí spriocdhírithe sa tríú timpeall den RBMP ó 2021-2027. Cé go bhféadfadh sé go mbeadh na dobharlaigh sin faoi réir a lán de na bearta arna sainaithínt i Ranna 7 agus 8 den Phlean seo le linn thimthriall seo an phlean, ní dhéanfar na measúnuithe imscrúdaitheacha níos mionsonraithe, agus ní áireofar na dobharlaigh sna

726 dobharlach ar an iomlán le haghaidh gníomhaíochtaí tosaigh don timthriall RBMP seo.

### **Limistéir faoi Chosaint**

Áirítear leis na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta roinnt dobharlach ar an mbonn nár baineadh amach a gcuspóirí um limistéir faoi chosaint. As an 505 dobharlach sin laistigh de limistéir faoi chosaint (agus lena n-áirítear iad siúd lena bhfuil cuspóirí ard-stádaí), cuireadh 202 ceann díobh san áireamh sna Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta agus beidh siad faoi réir bearta sonracha faoin bPlean seo chun a gcuspóirí um limistéir faoi chosaint a bhaint amach. Tá níos mó eolais faoi na bearta sin tugtha i Roinn 8 den Phlean.

### **Screamhuisce**

Níor cuireadh dobharlaigh screamhuisce san áireamh ó na dobharlaigh atá léirithe i dTábla 6.3 thusas ar líon cúiseanna. Ar an gcéad dul síos, baineann beagnach leath na ndobharlach screamhuisce atá i mBaol nach mbainfidh siad a gcuspóirí comhshaoil amach le saoráidí/suiteálacha EPA-cheadúnaithe, agus déantar bearta chun na fadhbanna a leigheas a bhainistiú trí phróiseas forfheidhmiúcháin ceadúnais an EPA. Ar an dara dul síos, tá formhór na ndobharlach screamhuisce eile atá i mBaol rangaithe mar sin i ngeall ar an méid a chuireann siad le dobharlaigh screamhuisce atá i mBaol. Ar an mbonn go n-áireofar leis na bearta chun dul i ngleic leis an screamhuisce sin beidh bearta chun dul i ngleic le brúnna ar screamhuisce, ní áirítear na dobharlaigh screamhuisce sin sa liosta de 726 dobharlach sna Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta.

cláir oibre atá á bhforbairt ag Coistí Oibriúcháin Réigiúnacha do na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta.

Mar an gcéanna, le haghaidh dobharlach atá le hathbhreithníú lasmuigh de na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta (a bhfuil 896 díobh ann), ní chuirfear bearta sonracha spriocdhírithe ar bith i bhfeidhm le linn an timthrialla pleanála seo; mar sin féin, déanfar monatóireacht leanúnach chun measúnú riosca na ndobharlach a bheachtú roimh Phlean an tríú timthrialla.



## Cuid 7: Bearta chun Ár nDobharlaigh a Chosaint agus a Fheabhsú

Faoi mar atá léirithe i Roinn 5, rinneadh na brúnna suntasacha a théann i gcion ar dhobharlaigh a rangú ina 14 chatagóir. Sa roinn seo léirítear na bearta atá dírithe ar dhul i ngleic leis na brúnna sin. Díritear ann ar na príomhbhrúnna lena mbainfear amach dul chun cinn ar fud an Cheantair Abhanraí (RBD), agus léirítear ann chomh maith an dóigh a ndéanfar níos mó bearta tacáiochta áitiúla agus sainiúil do dhobharcheantair agus do dhobharlaigh a forbairt agus a chur chun feidhme. Tá na brúnna suntasacha ar dhobharlaigh atá *l mBaol* leagtha amach i dTábla 7.1. Léirítear ann chomh maith an fho-roinn ina bhfuil an clár beartaithe beart chun dul i ngleic le gach brú suntasach curtha i láthair.

	<b>Brú Suntasach</b>	<b>Catagóir an Bhirt</b>	<b>Fo-roinn</b>
<b>1</b>	<b>Talmhaíocht</b>	Dul i ngleic le brúnna ó leathadh tuaithe agus foinsí pointe	<b>7.1</b>
<b>2</b>	<b>Córais Fuíolluisce Tís</b>		
<b>3</b>	<b>Fuíolluisce Uirbeach</b>	Dul i ngleic le brúnna ó uisce uirbeach agus rith chun srutha uisce uirbigh	<b>7.2</b>
<b>4</b>	<b>Rith chun Srutha Uirbeach</b>		
<b>5</b>	<b>Foraoiseacht</b>	Dul i ngleic le brúnna ó fhoraoiseacht	<b>7.3</b>
<b>6</b>	<b>Tionscal Eastóscach</b>	Dul i ngleic le brúnna ó fhómhar móna	<b>7.4</b>
<b>7</b>	<b>Speicis Ionracha</b>	Dobharlaigh a chosaint ar speicis ionracha	<b>7.5</b>
<b>8</b>	<b>Modhnú Fisiciúil</b>	Feabhas a chur ar riocht fisiciúil na timpeallachta uisce	<b>7.6</b>
<b>9</b>	<b>Tarraingtí/Atreorú</b>	Dul i ngleic le brúnna aistarraingthe	<b>7.7</b>
<b>10</b>	<b>Brúnna Eile</b>	Uisce agus Pleanáil Talamhúsáide Measúnú agus Bainistíocht ar Rioscáil Tuile Oiriúnú don Athrú Aeráide Straitéis Náisiúnta um Luaidhe d'Uisce Óil Ceimiceáin Ghuaiseacha sa Timpeallacht Uisceach	<b>7.8</b>

**Tábla 7.1 -** Na brúnna suntasacha ar dhobharlaigh atá *l mBaol* agus catagóir na mbeart atá dírithe ar dhul i ngleic leis na brúnna sin.

## 7.1 Aghaidh a thabhairt ar Bhrúnna ó Thruailliú Idirleata agus Poncfoinse Tuaithe

Is iad táirgeacht phríomhúil talmhaiochta agus córais cóireála dramhuisce tí na príomhfhoinse maidir le truailliú idirleata agus truailliú poncfoinse tuaithe. Fuarthas amach sa phróiseas um léiriú caractar dobharcheantar go raibh brú suntasach ag an talmhaíocht i gcás 53% de na dobharlaigh a bhí i mbaol. Aithníodh iad seo go léir: leasachán iomarcacha; ceimiceáin, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear i lotnaidicídí; agus caillteanas dríodair mar gheall ar drochbhainistíocht talún mar na brúnna ar dócha a bheith ar dhobharlaigh áirithe. Aithníodh córais chóireála dramhuisce tí freisin mar bhrú suntasach tuaithe eile agus bhí tionchar ag an mbrú seo ar 11% de na dobharlaigh a bhí i mbaol.

### 7.1.1 Cóireáil Dramhuisce Tí

Beidh na Rialachán um Chóireáil Dramhuisce Tí atá ann cheana agus an córas iniúchta a bhaineann leis, (a bhfuil cur síos níos mine le fáil air i gCuid 3) ina mbearta tábhachtacha thar thréimhse an dara timthriall. Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as plean iniúchta náisiúnta a forbairt agus a mhaoirsíú chun tacú leis na rialacháin.

In 2013, d'ullmhaigh an GCC an chéad Phlean Cigireachta Náisiúnta (NIP) do Chórais Chóireála Dramhuisce Tí a chlúdaigh an tréimhse 2013-2014. D'éiligh an Plean ar údaráis áitiúla 1,000 iniúchadh ar a laghad a dhéanamh gach bliain ar fud na tire. D'fhorbair an GCC modheolaíocht bunaithe ar an riosca chun cuidiú leis na húdaráis áitiúla ionaid a roghnú le haghaidh cigireachtaí. Tugtar aird sa mhodheolaíocht ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag Córás Chóireála Fuíolluisce Tí do shláinte an duine agus do chaighdeán an uisce.

Rinne an GCC mionchoigearaithe ar an modheolaíocht don Phlean Cigireachta Náisiúnta 2015-2017 chun sonraí breise a chur san áireamh a bhí ar fáil d'uiscí snámha; aibhneacha ardstádais; abhantracha lochanna ardstádais agus limistéir ainmnithe sliogéisc. Aithnítear na coigearaithe sin rudaí ón íogaireacht áirithe a bhaineann leis na catagóirí uisce sin go tionchar carnach truaillithe ó Chórais lochtacha um Chóireáil Dramhuisce Tí.

Tugtar le fios sa tuarascáil is déanaí de chuid an GCC faoin dul chun cinn a rinneadh in 2016 maidir le cur i bhfeidhm an Phlean Cigireachta Náisiúnta do Chórais Chóireála Dramhuisce Tí go ndearnadh 1,110 iniúchadh an bhliain sin agus gur theip ar 49% (544) de na córais a ndearnadh iniúchadh orthu. Theip ar 29% (158) acu de bharr saincheisteanna oibriochta agus cothabhála, agus theip ar 24% (131) toisc nár glanadh an sloda amach. Is féidir na teipeanna sin a réiteach trí oibreacha cothabhála agus ní gá leasú struchtúrach a dhéanamh. Beidh gá le feabhsúcháin struchtúracha, áfach, i gcás 29% (158) de na córais nár éirigh leo nuair a rinneadh na cigireachtaí.

Chuaigh an GCC i mbun comhairliúcháin le déanaí faoin tríú NIP a chlúdaíonn an tréimhse 2018-2021. Forbraíodh modheolaíocht nuashonraithe bunaithe ar riosca, trína n-úsáidtear faisnéis fheabhsaithe, chun áiteanna a roghnú lena n-iniúchadh. Leanfaidh an GCC ar aghaidh ag déanamh maoirseachta ar an chaoi a bhfuil gníomhaiochtaí rannpháirtíochta agus feasacha á gcur i bhfeidhm ag na húdaráis áitiúla agus ag páirtithe leasmhara tábhachtacha eile.

Tá scéim deontais ar fáil faoi láthair chun cabhrú le húinéirí áitreabhdh atá nasctha le Córás Chóireála Dramhuisce Tí foc as costais na ndeisiúchán do chórais den sórt sin, nó iad a uasgrádú nó cinn nua a chur ina n-áit, i gcás go n-eascaíonn na hoibreacha go díreach ó iniúchadh a rinneadh faoi Chuid 4A den Acht um Sheirbhísí Uisce 2007 (arna chur isteach faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú) 2012), agus Fógra Comhairleach a bheith eisithe ina dhiaidh sin ag an údarás áitiúil.

Chun tacú leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí agus chun é a neartú, leathnófar an Scéim chun go mbeidh an deontas ar fáil (1) ag teaghlaigh a bhfuil Córás Chóireála Dramhuisce Tí acu atá lochtach agus atá suite laistigh de dobharcheantair a bhfuil cuspóirí Ardstádais ag baint leo agus (2) ag teaghlaigh i Limistéir le haghaidh Gníomhaiochta nuair a aithnítear Córás Chóireála Dramhuisce Tí atá lochtach nuair a bhíonn údaráis áitiúla ag déanamh imscrúduithe dobharcheantair.

### 7.1.2 Córás Chóireála Dramhaíola Tí - Príomhgníomhartha don 2ú Timthriall

Príomhgníomhartha	
1	Cuirfidh an Plean Cigireachta Náisiúnta um Chórás Chóireála Dramhuisce Tí (2018-2021) dlús faoi fheabhsú fheidhmíocht na gcóras, agus déanfaidh na húdaráis áitiúla níos mó ná 4,000 iniúchadh i rith na tréimhse sin.
2	Leathnófar an Scéim Deontas um Chórás Cóireála Dramhuisce Tí chun go mbainfidh níos mó daoine i gceantair íogaire leas as na deontais.

#### 7.1.3 Aghaidh a thabhairt ar Bhrúnna ó Thruaillíú Idirleata agus Poncfhoinsé Talmhaíochta

Is é táirgeadh príomhúil talmhaíochta an phríomhthoinse ó thaobh truailliú tuaithe idirleata agus truailliú poncfhoinsé i gceantair áirithe. Fuarthas amach sa phróiseas um léiriú caractar dotharcheantar go raibh brú suntasach ag an talmhaíocht i gcás 53% de na dobarlaign a bhí i mbaol. Aithníodh iad seo go léir: leasachán iomarcacha; ceimiceáin, lena n-áirítear iad siúd a úsáidtear i lotnaidicídí; agus caillteanas dríodair mar gheall ar drochbhainistíocht talún mar na brúnna ar dócha a bheith ar dhobharlaign áirithe.

Is ar bhunús faisnéise reatha agus treochtaí ratha a aithníodh rioscaí sa phróiseas tréithrithe. Tá plean comhtháite straitéiseach d'fhorbairt na hearnála agraibhia sna deich mbliana atá romhainn leagtha amach i Food Wise 2025, tuarascáil an Choiste Straitéis Agraibhia 2025. Gné an-tábhachtach é sin a chaithfear a chur san áireamh maidir le dul i ngleic le brúnna ar uisce i rith an timthrialla seo de phleanáil abhantracha. Leagtar amach spriocanna uaillmhianacha don tionscal atá le baint amach faoi 2025 i Straitéis Food Wise 2025. Áirítear orthu sin méadú 85% a dhéanamh ar luach onnmhairithe bia agus méadú 70% a dhéanamh ar luach breise san earnáil. Táthar ag súil sa straitéis freisin go dtiocfaidh méadú 65% ar an luach a bheidh ag táirgeadh príomhúil. Aithnítear i Food Wise 2025 luach straitéiseach na hearnála do phobal

na tuaithe in Éirinn agus na príomhdheiseanna a bheidh ann don earnáil amach anseo. Aithnítear ann, áfach, nach féidir "méadú suntasach ar tháirgeadh bia a mheas gan a thionchar ar an gcomhshaoil a chur san áireamh" agus go gcaithfidh na córais táirgeachta bia amach anseo ár n-acmhainní nádúrtha, lena n-áirítear uisce, a bhainistiú agus a chothabháil.

Dá bhrí sin, príomhcholún na straitéisise is ea inbhuanaitheacht agus meastar go bhfuil sí ríthábhachtach maidir le cuspóirí na straitéisise a bhaint amach. Déanann Grúpa Feidhmithe Ardleibhéal - a bhfuil an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara ina chathaoirleach air - maoirseacht ar chur i bhfeidhm moltaí na straitéisise, lena n-áirítear 69 moladh a bhaineann le hinbhuanaitheacht. Ina theannta sin, foilsíodh *Plean Forfheidhmithe Food Wise* chomh maith leis an straitéis agus beidh sé ina mheicníocht thábhachtach lena chinntí go ndéantar fianaise ábhartha a bhailíú, nuair a bheifear á chur chun feidhme, chun bonn eolais a sholáthar do chinntí chun earnáil inbhuanaithe talmhaíochta a bhaint amach agus a chothabháil. Bunaíodh Coiste um Inbhuanaitheacht Chomhshaoil 2025 maidir le Food Wise i 2016 chun measúnú a dhéanamh ar cur ar fáil na hinbhuanaitheachta comhshaoil agus na gniomhaíochtaí maolaithe atá sa *Phlean Forfheidhmithe Food Wise*.

Beidh tionchair dhifriúla ag na hathruithe struchtúracha san earnáil a eascróidh ó Food Wise 2025 i limistéir éagsúla na tíre. Táthar ag súil go méadófar líon na n-ainmhithe sna limistéir sin a bhfuil táirgeadh déiríochta ar siúl iontu. Faoi láthair, tá 7,000 feirmeoir, ar feirmeoirí déiríochta iad den chuid is mó, ag baint tairbhe as cead maidir le ráta stocála níos airde a bheith acu faoin maolú i leith níotráití. Tá na feirmeoirí a bhfuil na díolúiní seo acu faoi réir rialuithe níos déine, amhail pleanáil éigeantach faoi bhainistiú cothaitheach agus sampláil ithreach, cuntais faoi leasachán a sheoladh isteach gach bliain agus níos mó iniúchtaí talún.

Lena chinntí go mbainfear amach an cuspóir maidir le fás inbhuanaithe, ní mór athruithe nuálacha a chur i bhfeidhm laistigh den earnáil, agus beidh sé riachtanach monatóireacht a dhéanamh orthu chun a n-iarmhairtí a mheas. Chun freagra a thabhairt ar an dúshlán sin, tá Clár nua spriocdhírithe um Thacaíocht Inbhuanaitheachta agus Comhairleach á chur i bhfeidhm do 2ú timthriall an Phlean Bainistíochta Abhantraí chun freagra a thabhairt ar na brúnna thuasluaité atá ag teacht chun cinn (féach Cuid 7.1.5).

#### 7.1.4 Bearta Ardleibhéal chun aghaidh a thabhairt ar Bhrúnna ó Thruailliu Ídirleata agus Poncfoinse Tuaithe

Faoi mar a leagtar amach go mion i gCuid 3, is iad na Rialacháin Níotráití agus an Clár Gníomhaíochta Níotráití gaolmhar na bearta bunúsacha atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí seo chun uiscí a chosaint ó thruailliu ó fhoinsí talmhaíochta. Díritear go príomha ar thruailliu uisce a chosc agus a laghdú de bharr chothaitheach (nítrigin agus fosfar) a eascraíonn ó fhoinsí talmhaíochta. Mar sin féin, tá gá le bearta tacáiochta comhlántacha eile freisin chun thruailliu ó fhoinsí talmhaíochta a laghdú. Tá na bearta tacáiochta comhlántacha sin leagtha amach thíos agus áirítear leo (1) tionscnaimh aistrithe eolais chun go nglacfar leis na cleachtais chomhshaoil is fearr (2) an Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020 (3) an Clár Dobharcheantair Talmhaíochta (ACP) agus (4) tionscnaimh monatóireachta agus samhaltaithe chun tionchar na n-athruithe earnála ar chaighdeán an uisce a mheas.

Socrófar i bhforálacha na Rialachán Níotráití agus na bearta gaolmhara atá leagtha amach sa NAP an bhunlíné iosta comhshaoil a gcaithfidh gach feirmeoir in Éirinn a shásamh. Athbhreithníodh na Rialacháin i mí na Nollag 2017 (I.R. 605 de 2017) i ndiaidh athbhreithnithe a rinneadh ar an NAP. Tá bearta san áireamh sa (4ú) NAP nua atá dírithe ar chosaint an uisce a neartú agus leibhéal torthúlachta ithreach a bhaint amach atá i gcomhréir le táirgeadh éifeachtach talmhaíochta agus chaighdeán uisce a chosaint go héifeachtach. Tá siad seo a leanas san áireamh sna bearta nua - fálta a chur timpeall ar eallach chun cúrsaí uisce a chosaint, áiteanna óil a choinneáil i bhfad ó chúrsaí uisce agus cosc a chur ar scaoleadh díreach ó bhóithre feirmeacha chuig cúrsaí uisce - agus díriú freisin ar stop a chur le bealaí iompartha cothaitheach agus deireadh a chur leo agus cosc a chur le caillteanas dríodair agus cothaitheach isteach in uiscí. Is mórfhorbairt é seo go léir i gcomparáid lena bhfuil san 3ú NAP. Tá ceanglais bhreise ann trína leagtar síos teorainneacha maidir le leasacháin a chur ar ithreaca a bhfuil mórchuid d'ábhar orgánach iontu agus tá sé d'aidhm acu cosaint bhreise a thabhairt do cheantair lógaire, go háirithe do láithreáin Natura 2000.


Coimeádfar agus neartófar cur chuige comhtháite an Rialtais maidir le forfheidhmiú an NAP nua (2018-2021). Cинteoidh an grúpa oibre idirghníomhaireachta/ídir-rannach um Chaighdeán Uisce agus um Thalmhaíocht go ndéanfaidh údarás áitiúla iniúchtaí a dhíriú níos

mó ar bhunús tortaí cáilíochta uisce agus aschuir phróisis tréithrithe an Phlean Bainistíochta Abhantraí (mar atá leagtha amach i gCuid 5).

Cé go léiríonn na hathruithe thuasluaithe feabhsú incriminteach tábhachtach ar an gclár gníomhaíochta, ceann de phrómh-mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe NAP ab ea cur chuige comhoibritheach a thabhairt isteach a bheadh dírithe ar iompar daoine a athrú ar leibhéal na feirme. Ba é dearcadh an Ghrúpa ná dá nglacfaí le cur chuige comhoibritheach den sórt sin go mbeadh an seans ba mhó ann maidir le cur i bhfeidhm an NAP a fheabhsú ar leibhéal na feirme agus chun feabhsú suntasach eile a dhéanamh ar chaighdeán an uisce. Sna 63 aighneacht a fuarthas ón bpróiseas comhairliúcháin i leith an Phlean Bainistíochta Abhantraí agus sna haighneachtaí iomadúla a rinneadh i bpróiseas comhairliúcháin an NAP, moladh cur chuige comhoibritheach, spriocdhírithe mar bhealach tábhachtach breise chun dea-chleachtas comhshaoil a chur chun cinn. Bhí roinnt aighneachtaí ó phróiseas comhairliúcháin an NAP i bhfabhar a leithéid sin de chur chuige freisin. Tar éis breithniú a dhéanamh ar mholtaí an Ghrúpa Athbhreithnithe NAP agus na haighneachtaí poiblí, forbraíodh cur chuige comhoibritheach nua agus cuireadh túis leis i mí na Samhna 2017. Tá cur síos ar an gcur chuige sin i gCuid 7.1.2.

Tá cur síos mion ar dhá bheart reachtúla talmhaíochta eile i gCuid 3: na Rialacháin um Lotnaidicídí agus na Rialacháin um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (Talmhaíocht). Tá foráil sa chéad cheann maidir le clárú agus oiliúint éigeantach d'úsáideoirí gairmiúla lotnaidicídí, agus foráil maidir le srianta/criosanna sábháilte cosanta - go háirithe thart timpeall na n-áiteanna óna dtarraingítear uisce óil. Tá foráil sa dara ceann do phróiseas scagtha ó thaobh Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT) agus córas toilithe d'fheirmeoirí maidir le gníomhaíochtaí mar oibreacha draenála talún. Beidh na bearta reachtúla seo tábhachtach fós thar thréimhse an dara timthrialla. Tugtar aghaidh i gCuid 8.1 ar chosaint foinsí uisce óil, agus tá cur síos ann ar an straitéis chomhoibritheach nua atá á ghlacadh chun foinsí uisce óil a chosaint ó éillíú lotnaidicídí. Oibreoidh an straitéis seo i gcomhar leis na Rialacháin Lotnaidicídí. Maidir leis na Rialacháin um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (Talmhaíocht), tabharfar isteach treoir maidir le pleánail úsáide talún agus pleánail bainistíochta abhantraí (féach Cuid 7.8.1). Déanfaidh an treoir seo cur i bhfeidhm na rialachán a neartú.

### 7.1.5 Bearta Tacaíochta maidir le Truailliú Idirleata agus Poncfoinse Talmhaíochta



Chomh maith leis na bearta rialála ardleibhél atá ánglacadh faoi láthair, agus a leanfar ar aghaidh leo agus forbrófar iad le linn an dara timthriall seo, cuirfear i bhfeidhm ceithre phríomhbheart tacaíochta:

- Tionscnaimh um aistrithe eolais agus um ghlacadh go forleathan le dea-chleachtas

- Scéimeanna spriocdhírithe um chomhshaol na talmhaíochta faoin gClár Forbartha Tuithe 2014-2020
- An Clár Dobharcheantar Talmhaíochta
- Monatóireacht ar athruithe earnála agus na tionchair ar chaighdeán uisce a "shamháltú"

### Dea-chleachtas Comhshaoil a chur chun cinn trí Thionscnamh Aistrithe Eolais

Feiceann na páirtithe leasmhar go léir gur "malartú eolais" an bealach lena chinntíú go gcuirfear dea-chleachtas comhshaoil i bhfeidhm ar fheirmeacha. Bíonn torthaí níos dearfaí ann má dhéantar rioscaí comhshaoil agus cúrsáí cothaitheach a bhainistiú níos fearr seachas a bheith ag braith ar ordúithe rialála amháin. Is é an sprioc fhadtéarmach atá i gceist le haistriú eolais ná tacú leis na feirmeoirí go léir a bhíonn ag obair ar an 130,000 feirm in Éirinn glacadh le dea-chleachtas. Agus muid ag gluaiseacht i dtreo an cuspóir seo a bhaint amach, tá tionscnamh nua comhoibritheach á chur i bhfeidhm freisin le linn dara thimthriall an Phlean Bainistíochta Abhantraí. Cuirfidh an tionscnamh comhoibritheach seo dea-chleachtas chun cinn (1) sna 190 Limistéar ar tugadh túis dáití ó thaobh Gníomhaíochta chun dul i ngleic le brúnna comhshaoil atá ann cheana féin (féach cuid 10) agus (2) ar fud na hearnála déiríochta trí Thionscnamh Inbhuanaitheachta na Déiríochta.

### An Clár um Thacaíocht Inbhuanaitheachta agus Comhairleach

Cuirfear an cur chuige comhoibríoch nua ar a dtugtar "An Clár um Thacaíocht Inbhuanaitheachta agus Comhairleach", arna gcomhaontú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, i bhfeidhm ó 2018 go 2021 le tacaíocht ó Thionscal Déiríochta Éireann. Is comhoibriú nuálach é seo idir an Rialtas agus lucht tionscal. Is é cuspóir an chur chuige nua ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'athrú iompraíochta, aistriú eolais a éascú agus torthaí comhshaoil níos fearr ar an bhfeirm a bhaint amach. Bainfear tairbhe i rith an chláir as taithí agus as acmhainní príomhpháirtithe leasmhara earnála agus tionscail, lena n-áirítear an dá Roinn, na húdaráis áitiúla, na comharchumainn déiríochta, Teagasc, An Bord Bia agus na heagraíochtaí feirme.

Cuirfidh grúpa níos leithne gníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara comhairle ar fáil agus tacóidh siad le cur i bhfeidhm an chláir. Déanfar 30 comhairleoir inbhuanaitheachta san iomlán a shannadh don chláir, beidh 20 acu lonnaithe i dTeagasc, agus beidh 10 acu ag feidhmiú laistigh de struchtúir eagrúcháin na bpróiseálaithe déiríochta. Comhordóidh agus stiúrfaidh foireann chomhpháirteach bainistíochta ar a mbeidh daoine ó Teagasc, na húdaráis áitiúla agus na comharchumainn déiríochta/Tionscnamh Inbhuanaitheachta na Déiríochta obair a gcomhairleoirí inbhuanaitheachta ar fad a bheidh páirteach sa chláir.

Beidh na 20 comhairleoir inbhuanaitheachta leabaithe i dTeagasc agus tabharfaidh siad tacaíocht don chláir Limistéir tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta a bheidh á threorú ag na húdaráis áitiúla. Cuirfidh comhairleoirí Teagasc seirbhís chomhairleach duine le duine faoi inbhuanaitheachta ar fáil saor in aisce do níos mó ná 5,000 feirmeoir a bhainistíonn tailte ina bhfuil "limistéir foinse criticiúla" (CSAanna) ardriosca. D'aithin na húdaráis áitiúla na CSAanna, le tacaíocht theicniúil ón GCC (féach cuid 10). Beidh rochtain ag gach feirmeoir faoi leith sna ceantair sin ar chomhairleoir inbhuanaitheachta ard-oilte, a chuirfidh tacaíocht agus cúnamh duine le duine ar fáil chun plean gníomhaíochta inbhuanaitheachta faoi leith a cheapadh dá bhfeirmeacha. Oibreoidh na comhairleoirí inbhuanaitheachta i gcomhar leis na comhairleoirí feirme agus na páirtithe leasmhara eile sa réigiún lena chinntíú go soláthraíonn an clár oibre an toradh is fearr is féidir don limistéar ó thaobh cálíochta uisce de. Oibreoidh gach ceann de na comhairleoirí - idir chomhairleoirí ó Teagasc agus chomhairleoirí ó na comharchumainn - i gcomhpháirtíocht le foirne tacaíochta réigiúnacha na n-údarás áitiúil um chálíocht uisce mar a thuairiscítear i gCuid 10. Oibreoidh comhairleoirí na gcomharchumainn agus comhairleoirí Teagasc i ndlúth-chomhpháirtíocht le chéile sna háiteanna ina bhfuil feirmeacha déiríochta suite i CSAanna. Tacóidh na comhairleoirí go léir leis an gClár trí imeachtaí a eagrú a bheidh dírithe ar fheasacht a spreagadh faoi na gníomhaíochtaí laistigh de na dobharcheantair agus feabhas a chur ar an chaoi a nglacfaidh feirmeoirí leis na cleachtais maidir le caighdeán an uisce agus ar an chaoi a gcuirfidh siad i bhfeidhm iad. Beidh rannphártíocht le grúpaí leasmhara áitiúla thar a bheith tábhachtach i dtaca leis seo.

Beidh na 10 gcomhairleoir inbhuanaitheachta atá lonnaithe sna próiseálaithe déiríochta ar thús cadhnaíochta maidir le Tionscnamh Inbhuanaitheachta a chur i bhfeidhm (féach thíos) - clár athraithe le haghaidh bhunús soláthair na bpróiseálaithe déiríochta. Díreofar sa chláir ar dhea-chleachtas i bPleanáil Bainistíochta Cothaitheach, ar thacú le forbairt agus ar bhainistíocht eifeachtach a dhéanamh ar chlóis agus ar bhóithre feirmeacha agus ar thacaíocht a thabhairt do ghlacadh le dea-chleachtais i CSAanna. I dtosach báire, bunófar 12 tionscadal phíolótacha a mbeidh 360 feirmeoir páirteach iontu agus beidh sé dírithe ar an gcleachtas is fearr a ghlacadh i dtáirgeadh inbhuanaithe déiríochta maidir le cálíocht uisce, astaíochtaí gásacha agus bithéagsúlacht. Le linn thréimhse an Phlean seo go 2021, cuirfidh na comharchumainn

inbhuanaitheacht chun cinn trí na struchtúir atá acu, agus cuirfidh siad an cleachtas is fearr chun cinn i bhfeirmeoireacht agus i bpróisis bhainistíocha cothaitheach i gcás na 18,000 soláthraí atá acu.

Tá túis curtha le hobair ullmhúcháin, agus tá plean oibre straitéiseach agus oibríochtúil foriomlán á fhorbairt ag foireann bhainistíocha an chláir, ar a bhfuil ionadaithe ó Teagasc, na húdaráis áitiúla agus Tionscnamh Inbhuanaitheachta Déiríochta na gcomharchumann.

Dá thoradh sin treoróidh Teagasc Feachtas náisiúnta um Chaighdeán Uisce Talmhaíochta a bheidh ina chuid den Chlár foriomlán um Thacaíocht Inbhuanaitheachta agus Comhairleach. Chuige sin bainfear leas as na hacmhainní atá raon aonad gnó Teagasc.

### Fóram um Inbhuanaitheacht na Déiríochta

Is é an tionscal déiríochta an earnáil is mó a bhfuil acmhainneacht fáis inti agus dá mbainfí amach an acmhainneacht sin chabhródh sé le baint amach aidhmeanna Food Wise 2025. Aithníonn na páirtithe leasmhara uile idir fheirmeoirí, lucht tionscail agus an Rialtas, an gá atá lena chinntíú go mbeidh an méadú sin inbhuanaithe. D'fhoínn inbhuanaitheachta chinntíú amach anseo bhunaigh Cumann Tionscail Dhéiríochta na hÉireann comhfhoram in 2016 ar a bhfuil lucht tionscail, feirmeoirí agus an rialtais - an Fóram Náisiúnta um Inbhuanaitheachta na Déiríochta. Thug an Fóram Tionscnamh Inbhuanaitheachta na Déiríochta isteach ina dhiaidh sin. Déanfaidh an Tionscnamh clár spriocdhírithe aistrithe eolais a thiomáint chun cinn agus a chur i bhfeidhm chun beart éifeachtach a dhéanamh faoi na príomhcheachtanna a foghlaimíodh ón gClár Talmhaíochta um Dhabharccheantair agus chun feabhsú thorthúlacht na n-ithreacha ar fheirmeacha déiríochta a chinntíú. Beidh an Clár um Thacaíocht Inbhuanaitheachta agus Comhairleach ríthábhachtach maidir le tacú le Tionscnamh Inbhuanaitheachta na Déiríochta.

Tá ionadaithe ar an bhFóram ag príomhpáirtheacht leasmhara earnála agus tionscail, i.e. An Bord Bia, comharchumainn déiríochta, eagraíochtaí feirme, Teagasc, an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, údaráis áitiúla agus an GCC.

Táthar ag súil go bhfásfaidh Tionscnamh Inbhuanaitheachta na Déiríochta ó scéimeanna reatha maidir le Bunús Glas, go gcuirfidh sé forbairt inbhuanaithe na hearnála chun cinn, agus

go mbeidh buntáistí maidir le hinmharthanacht eacnamaíoch, cáilíocht uisce agus tionchar aeráide ag baint leis.

### Aistriú Eolais níos forleithne agus Glacadh le Dea-Chleachtas

Tá buisead €100 milliún leithdhálte ón gClár Forbartha Tuaithe le haghaidh clár a bhfuil sé d'aidhm aige go nglacfar le dea-chleachtas trí aistriú eolais, agus moltar i straitéis Food Wise 2025 go gcuirfear an beart sin i bhfeidhm go hiomlán. Is é an aidhm atá leis ná scileanna feirmeoirí agus comhairleoirí talmhaíochta a uasghrádú. Chun forbairt agra-earnála níos inbhuanaithe a chur chun cinn, cuirfear comhairle ar leith ar fáil maidir le saincheisteanna comhshaoil, bithéagsúlachta agus athrú aeráide. De thoradh an chláir dheonaigh seo cuirfear seirbhísí comhairleacha gairmiúla agus aistrithe eolais gairmiúla ar fáil do 20,000 feirmeoirí sna hearnálacha go léir. Cinnteoidh sé i gcás na bhfeirmeoirí sin a fhaigheann na seirbhísí go mbeidh siad gafa leis an gclár agus go nglacfaidh siad leis na pleannanna agus na cleachtais a mholfaidh an tseirbhís chomhairleach.

Chun tacaíocht bhreise a thabhairt do deabhairistíú cothaitheach ar fud na tíre go léir, sheol Teagasc córas um Pleanáil Bainistíochta Cothaitheach ar líne agus chuir siad ar fáil é do gach pleanálaí atá faofa ag an gCóras Comhairleach Feirme. Níl a leithéid de chóras le fáil san Eoraip agus cuirfidh sé úsáid éifeachtach leasacháin chun cinn agus spreagfaidh sé é ar an leibhéal náisiúnta, rud a chiallaíonn go gcuirfear ar fáil é do na feirmeacha sin nach bhfuil na gníomhaíochtaí eile um aistriú eolais ag dul i gcionn orthu. Beidh úsáid an chórais seo éigeantach d'fheirmeoirí sa Scéim Ghlás ar Bheagán Carbón do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) agus d'fheirmeoirí a bhfuil maolaithe acu. Is ionann é sin agus beagnach 60,000 feirmeoirí san iomlán. Is é an príomhfheabhsú atá ag baint leis ná léiríonn sé bainistíocht chothaitheach ar leibhéal na páirce i bhfoirm phictiúrtha agus go léiríonn sé stádas cothaithe páirce i bhfoirm dathchódaithe.

### Tionscnamh Comhoibrítheach um Fheirmeoireacht Chliste

Clár deonach is ea Feirmeoireacht Chliste ([smartfarming.ie](http://smartfarming.ie)) faoi stíúir Cumann Feirmeoirí na hÉireann, i gcomhar leis an GCC. Sa chár sin tugtar le chéile an t-eolas agus an saineolas atá ann cheana faoi éifeachtúlacht acmhainní ó na comhlachtaí acadúla agus comhairleacha is mó in Éirinn agus ó ghníomhaireachtaí stáit agus institiúidí teicniúla. Is í an príomhchuspóir atá le

tabhairt le chéile an eolais agus an tsaineolais sin ná tortaí feirme agus an timpeallacht tuaithe a fheabhsú.

I gcás na bhfeirmeoirí a ghlacann páirt sa Chlár Feirmeoireachta Cliste déantar staidéar ar éifeachtúlacht acmhainní a bhfeirmeacha. Aithnítear sa staidéar sin bealaí chun ioncam feirme a fheabhsú agus an timpeallacht tuaithe a fheabhsú freisin. In 2017 ba é €8,700 an mheánsábháil a rinneadh ar chostais na bhfeirmeacha rannpháirteacha, agus aithníodh bealaí chun laghdú 10% a dhéanamh ar astuithe gáis cheaptha teasa.

Bhain beagnach 50% den cogilteas a aithníodh ar fheirmeacha rannpháirteacha le hábhair chothaitheacha chomhdhlúite a laghdú. Bhí an scéal amhlaidh mar nuair a bhíonn na hithreacha ag na leibhéal torthúlachta is fearr go mbíonn riosca níos lú ann go gcaillfear ábhair chothaitheacha agus baineann na barraí leas níos mó astu. Dá bhrí sin, nuair a thugtar aghaidh ar leibhéal ísle thorthúlachta sna hithreacha ar fheirmeacha, is minic a fheabhsaítear fás féir freisin.

Le linn an timthrialla seo de phleanáil bainistíochta abhantraí, comhoibreoidh Feirmeoireacht Chliste le hoifigigh ó Oifigí Uisce agus Pobail na nÚdarás Áitiúil chun dea-chleachtas a roinnt le feirmeoirí ar mhodhanna chun an bealach a bhriseadh trína ngluaiseann cothaitheach ó fhoinsí go cúrsáil uisce. Oibreoidh Feirmeoireacht Chliste le Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath chun uirlísí tacaíochta a fhobairt maidir le cinntí a dhéanamh chun cabhrú le feirmeoirí táatal a bhaint ar bhealach tráthúil as tortaí tástála ar chállocht uisce agus tabharfaidh siad comhairle faoi ghníomhaiocht cheartúcháin más gá é sin.

Leanfar ar aghaidh sa chlár ag díriú ar thacú le feirmeoirí chun astuithe gáis cheaptha teasa a laghdú agus pleanáil cothaitheach a fheabhsú.

Chuige sin déanfar tástáil ithreach ar thailte na bhfeirmeoirí a ghlacann páirt sa Chlár Feirmeoireachta Cliste agus inseofar dóibh faoi leibhéal thorthúlachta na n-ithreacha, na leibhéal pH atá iontu agus na riachtanais atá acu maidir le leasacháin. Déanfar analís freisin ar chállocht uisce toibreacha baile.

Chun tacú le roinnt na foghlama, leanfar ar aghaidh ag uaslódáil cásanna staideir ar shuíomh gréasáin an chláir: [smartfarming.ie](http://smartfarming.ie). Cabhróidh sé sin le feirmeoirí leanúint ar aghaidh ag déanamh a gcion féin chun timpeallacht na tuaithe a fheabhsú.

## Clár Forbartha Tuaithe 2014-2020

Ós rud é go bhfuiltear ag díriú níos mó ar thortháí maithe comhshaoil a bhaint amach tá cur chuige níos "spriocdhírithe" glactha mar chuid den Chlár Forbartha Tuaithe reatha. Tá sraith beart sa Chlár Forbartha Tuaithe 2014-2020 atá ceaptha chun iomaóchas na hearnála agraibhia a fheabhsú, bainistíocht níos inbhuanaithe a bhaint amach i gcás acmhainní nádúrthaga agus forbairt níos cothromaithe a chinntí i gceantair thuaithé. Tá beagnach €4 billiún á leithdháileadh don Chlár Forbartha Tuaithe 2014-2020, agus tabharfaidh an AE €2.19 billiún den mhéid sin. Glacadh le cur chuige níos spriocdhírithe i leith an chláir reatha seo agus díriú ar dhea-thortháí comhshaoil a bhaint amach. Tá fócas straitéiseach glactha maidir le cuspóirí cáilliochta uisce, agus tá dhá scéim spriocdhírithe um chomhshaoil na talmhaíochta ann faoin gClár Forbartha Tuaithe – GLAS agus an Scéim Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta (TAMS) – a bhfuil róil thábhachtacha acu mar bhearta tacaíochta chun caighdeán an uisce a fheabhsú.

## Scéim Ghlas ar Bheagán Carbóin do Chomhshaoil na Talmhaíochta (GLAS)

Scéim spriocdhírithe um chomhshaoil na talmhaíochta faoin gClár Forbartha Tuaithe is ea GLAS a bhfuil buiséad €1.4 billiún leagtha amach di don tréimhse 2014-2020 agus beidh 50,000 feirmeoir rannpháirteach ann. Is é cuspóir na scéime ná an timpeallacht tuaithe a fheabhsú trí chállocht uisce a fheabhsú, athrú aeráide a mhaolú agus bithéagsúlacht a chur chun cinn. Samplaí de na hidirghabhála chábhachtach a rinneadh ar leibhéal na feirme chun tacú le baint amach an chéad chéim eile den phleanáil abhantracha is é an chaoi a ndearnadh fálú (16,600 km) ar chúrsaí uisce chomh maith le feirmeoireacht ísealchuir a chur chun cinn go forleathan (284,000ha.) agus barraí eatramhacha luathfháis a chur (25,000 ha.). Chun íocaíocht ionlán a fháil faoi théarmaí na scéime, caithfidh feirmeoirí rannpháirteacha comhairleoir talmhaíochta oilte a bheith acu, páirt a ghlacadh in oiliúint maidir le bearta faoi leith agus Pleanáil maidir le Bainistíocht Chothaitheach a bheith déanta acu. Murab ionann agus scéimeanna talmhaíochta comhshaoil roimhe sin ina raibh rochtain chothrom ag gach feirmeoir orthu, tugtar túis áite i GLAS d'fheirmeacha i réimsí ar leith trí phríomhbhearta. Príomhghné den chlár GLAS is ea go dtugtar tosaíocht d'fheirmeacha laistigh de dhobharcheantair leocheileacha agus dobharlaigh ardstádas.



**TScéimeanna Spriocdhírithe um Nuachóiriú Talmhaíochta (TAMS)**  
 Soláthraítear cúnamh deontais d'fheirmeoirí trí TAMS le haghaidh infheistíochtaí a bhaineann leis na hearnálacha muc agus éanlaitheachta, trealamh déiríochta agus stóráil sciodair, dramhuisce agus aoileach eile feirme. Leithdháileadh maoiniú €395 milliún do na hinfeistíochtaí sin agus cuirfidh feirmeoirí €500-600 milliún breise leis an méid sin. Den €395 milliún sin, tá €190 milliún dirithe ar dhá scéim atá mar chuid de TAMS: an Scéim um Leas, Shábhálteacht Ainmhithe agus Stóráil Cothaitheach agus an Scéim um Sciodar Astaíochtaí ísle a Leathadh. Dá thoradh siúd déanfar infheistíocht shuntasach i stóráil chothaitheach, agus i leas níos fearr a bhaint as cothaithigh thar thréimhse an chéad timthriall aile um pleánáil abhantraí. Nuair a cheannófar breis trealamh scaipthe astaíochtaí ísle méadófar an méid sciodair a scaipfear ag baint úsáide as an trealamh seo, agus beidh deis ann leas níos fearr a bhaint as cothaithigh in aoileach agus chun níos lú leasachán ceimiceach a úsáid ar fheirmeacha níos déine. Táthar ag súil go gcuirfidh an Clár um

Thacaíocht Inbhuanaitheachta agus Comhairleach (Alt 7.1.5) chun cinn ar bhealach spriocdhírithe an chaoi a nglacfar le scéimeanna TAMS i limistéir ardriosca.

**Scéimeanna eile an Chláir Forbartha Tuaithe**  
 Táthar ag tacú le cur chuige “ón mbun aníos” maidir le baint amach cuspóirí comhshaoil trí €70 milliún a shannadh faoin gclár do scéimeanna ar a dtugtar “scéimeanna faoi stiúir áitiúil”. Tá an cur chuige seo tógtha ar an taithí a fuair an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ó chur i bhfeidhm “Chlár Feirmeoireachta na Boirne ar mhaithle le Caomhnú” a bhfuil cáil idirnáisiúnta bainte amach aige. Cuirfidh Scéim Diúilicíní Péarla Fionnusisce faoi stiúir áitiúil tacaíocht ar fáil don chéad chéim eile de phleananna abhantracha agus díreofar ar 8 láithreán tosaíochta ó thaobh diúilicíní Péarla Fionnusisce. Cosnóidh sé thart ar €10 milliún agus tá sé le seoladh go luath in 2018. Tugtar sonraí iomlána faoin scéim seo i gCuid 8, ina bhfuil cur síos ar bhearta chun ár gcuspóirí a bhaint amach maidir le limistéir faoi chosaint.

### Clár Dobharcheantar Talmhaíochta (ACP)

Le linn an ACP oibreofar le breis agus 320 feirmeoir i 6 dhobharcheantar chun éifeachtaí comhshaoil agus eacnamaíocha bhearta NAP a chuireadh chun feidhme faoin Treoir um Níotráití a mheas. Léiríonn tortaí an chláir seo gur féidir le dea-chleachtas bhainistíochta cothaitheach agus feirme brú foinse fosfair a laghdú agus leibhéal arda táirgthe a choinneáil. Léirigh an ACP freisin gur féidir athruithe iompair a áirithíú a bhfuil déathionchar acu trí rudaí mar an t-am a athrú nuair a dhéantar sciodar a leathadh lena chur in oriúint don séasúr buaicfháis. Cuireann sé seo le húsáid chothaitheach, cuireann sé srian leis an méid a chailltear san uisce agus cuireann sé éifeachtúlacht fheabhsaithe ar fáil maidir le húsáid chothaitheach, rud a laghdaíonn an méid nítrigine agus fosfair a chailltear in uiscí. Breathnaítear ar mhalartú eolais agus éascú ginearálta ar roinnt na fainnéise mar phríomhbhealaí lena chinntíú go nglacfar leis an gleachtas is fearr. Cuid lárnach den Chlár Clár um Thacaíocht Inbhuanaitheachta agus Comhairleach (Cuid 7.1.5) is ea na ceachtanna a foghlaimíodh ón gClár Dobharcheantar Talmhaíochta a aistriú chuig na feirmeacha go léir.

### Monatóireacht a dhéanamh ar Athruithe Earnála agus Samhaltú ar Thionchair ar Chaighdeán Uisce

Glahtar leis go bhfuil dúshláin shuntasacha ag Éirinn maidir le spriocanna cáiliúchta uisce a bhaint amach agus ag an am céanna táirgeacht á mhéadú san earnáil talmhaíochta. Tugtar túis áite sa straitéis Food Wise 2025 d'inbhuanaitheachta na gcóras táirgthe agus an gá atá le monatóireacht a dhéanamh ar aon rioscaí agus iarmhairtí comhshaoil. Nuair a chuirfidh an GCC tréithriú

dabharcheantar i bhfeidhm agus nuair a chuirfear an Plean Forfheidhmithe Food Wise 2025 i bhfeidhm – agus nuair a dhéanfar monatóireacht dhian, tríd an gClár Dobharcheantar Talmhaíochta, ar shonraí socheacnamaíocha agus bithfhisiceacha (lena n-áirítear sonraí maidir le stádas cothaitheach ithreach, hidreolaíocht, hidreaceimic, stádas éiceolaíoch, úsáid talún, bainistiú cothaitheach agus costais ghaolmhara laistigh de dhobharcheantair aibhneacha) – beidh ardán ar fáil chun monatóireacht agus samháltú a dhéanamh ar aon rioscaí nó iarmhairtí féideartha faoi Food Wise 2025.

Tá ról lárnach ag an gClár Dobharcheantar Talmhaíochta maidir le himscrúdú a dhéanamh ar bhonn eolaíoch chun tionscnaimh mhaolaithe spriocdhírithe a fhorbairt, nuair is gó, chun colún inbhuanaitheachta Straitéis Food Wise 2025 a sholáthar atá ríthábhachtach chun go mbeidh rath air. Tá córas samhailtaithe chomhshaoileacnamaíoch chomhtháite (FARMSCOPE) á fhorbairt faoin gClár Dobharcheantar Talmhaíochta chun na hiarmhairtí a bhaineann le méadú faoi Food Wise 2025 a aithint agus chun comhairle a thabhairt maidir leis na costais agus na buntáistí foriomlána a bhaineann le cleachtais diansaothraithe inbhuanaithe ag scálaí páirce, feirme agus dobharcheantair. Is urlis é FARMSCOPE chun caillteanas truailleán a ríomh ar scála feirme, ar bhunús ar shamhlacha foinse agus trínar féidir leas a bhaint as bearta chun laghduithe spriocdhírithe cothaitheach a bhaint amach ar chostais íosta. Forbrófar tionscnaimh nua spriocdhírithe de réir mar is gó lena chinntíú go mbainfear amach cuspóirí inbhuanaitheachta Food Wise 2025.

### 7.1.6 Truailliú Idirleata agus Truailliú Poncfhoinse Talmhaíochta – Príomhghníomhartha don 2ú Timthriall

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na Príomhghníomhartha don dara timthriall chun dul i ngleic le truailliú idirleata agus truailliú poncfhoinse tuaithe:

Príomhghníomhartha	
<b>1</b>	Clár nua neartaithe is ea an Clár Gníomhaíochta maidir le Níotráití (2018-2021) agus is é sin an príomhbheart talmhaíochta chun truailliú uisce ó chothaithigh (nítrigin agus fosfar) ó fhoinsí talmhaíochta a laghdú is a chosc. Déanfaidh bearta tacaíochta eile atá liostaithe thíos comhlánú air.
<b>2</b>	Coinneofar agus neartófar cur chuige comhtháite an Rialtais maidir le forfheidhmiú an Chláir Gníomhaíochta maidir le Níotráití (2018-2021). Cинnteoidh an grúpa oibre idirghníomhaireseachta/idir-rannach um Chaighdeán Uisce agus Talmhaíocht go ndéanfaidh údarás áitiúla breis iniúchtaí spriocdhírithe ar bhunús na dtorthaí maidir le cáilíocht uisce agus aschuir an phróisis tréithrithe.
<b>3</b>	Beidh na Rialacháin um Lotnaidicídí agus na Rialacháin um Measúnacht Tionchair Timpeallachta Talmhaíochta ina gcuid lárnach de na gníomhartha i rith an dara timthrialla. Déanfar iad seo a neartú trí bhearta tacaíochta eile a bhfuil cur síos déanta orthu.
<b>4</b>	Cuireadh tionscnamh nua comhoibritheach idir an Rialtas agus an tionscal ar a dtugtar “Clár um Thacaíocht Inbhuanaitheachta agus Comhairleach” i bhfeidhm le haghaidh timthriall 2 (2018-2021) chun tacú le cur i bhfeidhm an chleachtais is fearr (1) i 190 Limistéar ar tugadh túis áite dóibh ó thaobh Gníomhaíochta, chun dul i ngleic le brúnna comhshaoil atá ann cheana (féach Cuid 10), agus (2) i gcás na bhfeirmeoirí déiríochta go léir trí Thionscnamh Inbhuanaitheachta na Déiríochta. Déanfar 30 comhairleoir inbhuanaitheachta san iomlán a shannadh don chláir, beidh 20 acu lonnaithe i dTeagasc, agus beidh 10 acu ag feidhmiú laistigh de struchtúir eagrúcháin na bpróiseálaithe déiríochta. Is é cuspóir an chur chuige nua ná spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'athrú iompraíochta, aistriú eolais a éascú agus torthaí comhshaoil níos fearr ar an bhfeirm a bhaint amach.
<b>5</b>	Déanfaidh Tionscnamh Inbhuanaitheachta na Déiríochta – comhfhoram an tionscail, na bhfeirmeoirí agus an rialtais, arna thionscnamh ag Cumann Tionscail Dhéiríochta na hÉireann – a ndícheall chun clár aistrithe eolais a fhorbairt agus cur chun cinn i measc na 18,000 feirm dhéiríochta ar fad. Cuirfidh sé seo na príomhcheachtanna ón gClár Dobharcheantar Talmhaíochta ar fáil go héifeachtach d'fheirmeoirí déiríochta. Táthar ag súil go mbeidh sé seo comhdhéanta de chláir phíolótacha feirmeacha faoi stiúir na gcomharchumann agus de chláir níos leithne maidir le bainistiú cothaitheach agus bainistiú truaillithe feirme poncfhoinse.

## Príomhgníomhartha

6	<p>Ina theannta sin, agus chun dea-chleachtas comhshaoil a chur chun cinn ar fud na n-earnálacha éagsúla talmhaíochta, leithdháileadh €100 milliún ón gClár Forbartha Tuaithe i gcomhair clár aistrithe eolais chun feabhas a chur ar scileanna feirmeoirí agus comhairleoirí talmhaíochta. Le linn saolré an Chláir Forbartha Tuaithe curfear seirbhísí comhairleacha gairmiúla agus aistrithe eolais gairmiúla ar fáil go deonach do 20,000 feirmeoir sna hearnálacha go léir.</p>
7	<p>Cuirfidh Teagasc dea-chleachtas chun cinn maidir le cosaint chaighdeán uisce trína phléighrúpaí agus a sheirbhísí comhairleacha ar an bhfeirm. Éascóidh Teagasc oiliúint comhairleoirí eile nach comhairleoirí Teagasc iad chun éascú a dhéanamh ar chomhairle faoi chaighdeán uisce a scaipeadh níos leithne i measc feirmeoirí. Chun tacáiocht bhereise a thabhairt do dea-bainistíocht cothaitheach ar fud na tíre go léir, sheol Teagasc córas pleanála ar líne um bainistíocht chothaitheach agus cuireadh ar fáil é do na pleanálaithe uile atá faofa ag an gCóras Comhairleach Feirme (FAS). Beidh sé éigeantach d'fheirmeoirí sa Scéim GLAS agus d'fheirmeoirí a bhfuil maolaithe acu an córas sin a úsáid. Is ionann é sin agus beagnach 60,000 feirmeoir san iomlán.</p>
8	<p>Tá buiséad €1.4 billiún ar fáil don Scéim GLAS don tréimhse 2014-2020. Cuid den Chláir Forbartha Tuaithe is ea an scéim. Glacfaidh 50,000 feirmeoir páirt inti i rith na tréimhse sin agus cuirfidh siad gníomhartha i gcrích chun an timpeallacht tuaithe a fheabhsú, lena n-áirítear gníomhartha chun caighdeán an uisce a fheabhsú. Tugtar túis áite sa Scéim GLAS do dhobharcheantair leochaileacha agus ardstdáis, agus leagtar béim láidir ar a chinntíú go dtuigean feirmeoirí na buntáistí comhshaoil a bhaineann lena ngníomhartha. Chomh maith leis sin faoin gClár Forbartha Tuaithe, éascóidh an scéim TAMS infheistíocht iomlán de thart ar €500-600 milliún chun leasuithe ainmhithe a bhainistiú agus a stóráil níos fearr, lena n-áirítear trealamh níos éifeachtaí lena leathadh. Leanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ar aghaidh ag "spriocdhíriú" na scéimeanna agus na n-idirghabhálacha seo i leith comhshaoil na talmhaíochta mar fhreagra ar eolas agus fianaise mar thréithriú na ndobharcheantar atá ag teacht chun cinn.</p>
9	<p>Glahtar leis go bhfuil dúshláin shuntasacha ag Éirinn maidir le spriocanna cáilíochta uisce a bhaint amach agus ag an am céanna an táirgeacht á mhéadú san earnáil talmhaíochta agus ceann de phríomh-mholtaí na straitéise Food Wise 2025 is ea gur cheart monatóireacht a dhéanamh ar thionchar comhshaoil na straitéise. Oibreoidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go dlúth le gníomhaireachtaí ábhartha lena chinntíú go ndéanfar an mhonatóireacht sin. Go háirithe, déanfaidh an Clár Dobharcheantar Talmhaíochta samháltú agus monatóireacht ar thionchair na bhforbairtí talmhaíochta faoi Food Wise 2025 i ndobharcheantair shonracha. Forbróidh an Clár Dobharcheantar Talmhaíochta córas chun samháltú comhtháite eacnamaíochta agus comhshaoil chun iarmháirtí an mhéadaithe faoi Food Wise 2025 a aithint agus comhairle a thabhairt maidir leis na costais fhioriomlána agus na sochair fhioriomlána a bhaineann le cleachtais diansaothraithe inbhuanaithe ar scála páirce, feirme agus dobharcheantair. Forbrófar tionscnaimh nua spriocdhírithe de réir mar is gá lena chinntíú go mbainfear amach cuspóirí inbhuanaitheachta Food Wise 2025.</p>

## 7.2 Dul i ngleic le Brúnna ó Dhramhuisce Uirbeach



Aithníodh sa tréithriú dobharcheantar go bhfuil 293 (20%) abhairn, loch, dobarlach idirchreasa agus uisce cósta *l mBaol* ó dramhuisce uirbeach. Ar na brúnna sin ar an uisce tá scaoileadh amach dramhuisce nach bhfuil cóireáil leordhóthanach déanta air agus scaoileadh amach uisce stoirmé ó am go chéile.

Is é an cuspóir tosaíochta don timthriall pleanála abhantraí seo ná comhlíonadh na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh a áirithí agus cur le feabhsú agus le cosaint uisce i gcomhréir leis na cuspóirí um cháillócht uisce atá leagtha síos sa Phlean seo. Chun an cuspóir seo a bhaint amach ní mór dul i ngleic le scaoileadh amach agus le forscitheadh dramhuisce i gcás ina bhfuil limistéir chosanta (i.e. uiscí sainithe snámha, uiscí sliogéise agus láithreáin Diúilicíní Péarla Fionnuisce) nó uiscí ardstádais i mbaol ó dhramhuisce uirbeach.

Ar an iomlán, tá caiteachas caipitiúil curtha in áirithe i bpleannanna infheistíochta Uisce Éireann chun uasghrádú a dhéanamh ar 255 chóras cóireála dramhuisce. Ina theannta sin, tá Uisce Éireann tar éis túis a chur leis an bpróiseas chun tionscadail nua a aithint don chéad tréimhse infheistíochta caipítí eile a bheidh ann ó 2020 go 2024. Níor aithníodh na tionscadail nua seo, a bheidh faoi réir rialú ioncaim ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas (CRU), agus níor cuireadh san áireamh iad chun feabhsú cáillóchta uisce a thuar chun críocha an Phlean Bainistíochta Abhantraí seo.

Meastar go dtóigfaidh sé roinnt timthriallta infheistíochta ar Uisce Éireann chun dul i ngleic le gach ceann de na brúnna dramhuisce uirbigh a aithníodh. Meastar freisin go dtiocfaidh

tosaíochtaí nua chun cinn le himeacht ama de bharr an fháis a thiocfaidh ar ionaid daonra agus de bharr fhorbartha. Cuirfidh Uisce Éireann na tosca sin agus tosca eile san áireamh, agus déanfaidh athbhreithniú leanúnach ar thortháí tréithrithe na ndobharcheantar agus ceapfaidh tosaíochtaí don infheistíocht a dhéanfar amach anseo.

### 7.2.1 Gníomhartha Ardleibhéal chun Déileáil le Brúnna ó Dhramhuisce Uirbeach

Tá an GCC freagrach as údarú agus rialú a dhéanamh ar scaoileadh amach dramhuisce uirbigh. Bíonn ceadúnas riachtanach i gcás go mbíonn níos mó ná coibhéise 500 duine sa limistéar uirbeach, agus bíonn teastaí údaraithe ag teastáil i gcás dhaonraí uirbeacha faoin tairseach sin. Bíonn ceanglas sna húdaruithe sin go gcaithfear aghaidh a thabhairt ar comhlíonadh na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh agus, nuair is gá é, leibhéal níos airde cóireála a sholáthar chun cuspóir cáillóchta uisce a shainainnitéar i bPlean Bainistíochta Abhantraí a bhaint amach, nó chun ceanglais reachtaíochta an AE a chomhlíonadh. Tá sé de dhualgas ar Uisce Éireann cloí le ceanglais na gceadúnas agus na n-údaruithe sin. Féadfar coinníollacha a leagan síos sna ceadúnais faoi fheabhsúchán oibríochtúla agus bonneagair maidir leis na córais bhailithe agus chóireála araon.

Rinneadh iarracht go forleathan nuair a bhí dara timthriall an Phlean Bainistíochta Abhantraí seo á ullmhú, chun an bonn fianaise eolaíoch a fheabhsú tríd an obair tréithrithe a rinne an GCC agus trí bhearta a aithint, ar bhunús na faisnéise sin, a

mbeidh buntáistí timpeallachta cuí acu. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar cheadúnais um scaoileadh amach dramhuisce uirbigh i go leor cásanna i bhfianaise an bhóinn fianaise feabhsaithe seo agus lena chinntí go dtugtar aitheantas cuí sna ceadúnais do thosaíochtaí agus cuspóirí dara thimthriall an Phlean Bainistíochta Abhantraí seo.

Le linn na tréimhse 2017-2021, tá Uisce Éireann tiomanta do thart ar €1.7 milliún a infheistíú i dtionscadail, i gcláir agus i gcothabháil sócmhainní uisce faoi mar atá ceadaithe ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas go dtí seo. Tá €880 milliún den mhéid sin curtha in áirithe do thionscadail mhóra cóireála dramhuisce<sup>16</sup>. Cé go leanfaidh an tréimhse infheistíochta reatha ar aghaidh go 2021, leanfar ar aghaidh le go leor tionscadal agus cuirfear i gcrích iad i ndiaidh 2021. Tá sé seo mar gheall ar an tréimhse shuntasach a bhíonn ag teastáil chun tionscadail a chur chun cinn ó cheadú tosaigh go céim deartha, go soláthar agus ar deireadh thiar, go tógáil, coimisiúnú agus tabhairt ar láimh. I measc na bpleannanna infheistíochta reatha agus roimhe seo (2014-2016 agus 2017-2021) tá cead tugtha ag an gCoimisiún um Rialáil Fóntas do 255 thionscadal caipítel san ionlán a bhaineann le hionaid nua um chóireáil uisce a thógáil agus le hionaid eile a uasghrádú. Baineann an infheistíocht seo le réimse leathan de limistéir uirbeacha éagsúla. Mar shampla, tá os cionn 2,000 coibhéis daonra i 112 de na limistéir uirbeacha agus tá níos lú ná 500 coibhéis daonra i 40 acu.

Tá foráil ann freisin sa tréimhse infheistíochta reatha (2017-2021), d'fheabhsú a dhéanamh ar chórais bhailiúcháin dramhuisce uirbigh agus tosófar tionscadail i 41 cheantar uirbeacha, agus tá sé beartaithe €349 milliún a infheistíú san ionlán. I roinnt cásanna, tá na hoibreacha seo riachtanach chun déileáil le ceisteanna féideartha maidir le comhlíonadh na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh. Tá sé mar aidhm ag formhór na n-oibreacha, áfach, a chinntíú go dtacaíonn feidhmíocht an chórais bailiúcháin le comhlíonadh leanúnach comhshaoil agus le cuspóirí comhshaoil na Creat-Treorach Uisce a bhaint amach. Chomh maith le feabhsú lónraí bailiúcháin, tá clár Pleananna um Dhraenáil Limistéar (DAPanna) le haghaidh córais bailithe dramhuisce beartaithe do 44 cheantar uirbeacha sa tréimhse go dtí 2021. Is é aidhm na bPleananna sin tuiscint níos fearr a fháil ar fheidhmiú agus ar thionchair na gcóras bailiúcháin d'fhonn a fháil amach na háiteanna sin ina bhfuil gá le hoibreacha feabhsúcháin. Agus tosaíocht á thabhairt do na ceantair uirbeacha a roghnaíodh chun DAPanna a chur i gcrích iontu, táthar ag díriú go príomha ar chomhlíonadh na

Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh agus ar chuspóirí comhshaoil eile a bhaint amach.

Tá sé beartaithe an €465 milliún eile a úsáid le haghaidh cothabháil chaipítel agus ar chláir náisiúnta uasghrádaithe atá le déanamh ar ionaid chóireála dramhuisce agus ar chórais bhailithe dramhuisce.

Ina theannta sin, i gcomhréir le *Plean Straitéiseach um Sheirbhísí Uisce Uisce Éireann*, cuirfear tú le straitéis comhlíonta maidir le dramhuisce in 2018. Tóigfar an Straitéis seo ar na pleananna, na tionscadail agus na cláir atá i bhfeidhm cheana. Díreofar sa Straitéis ar chomhlíonadh na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh, chomh maith le cuspóirí na bPleananna Bainistíochta Abhantraí agus ar an obair a dhéanamh ar chostas inacmhainne agus laistigh den amlíne ar féidir a bhaint amach. Dá bhí sin, déanfar timthriallta rialála agus pleanála abhantracha agus ceanglais reachtaíochta a ailníú lena chéile. Léiríonn amlíne na straitéis an gá atá le comhsheasmhacht a chinntí leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí, chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le dul i gcomhairle le páirtithe leasmhara cuí. Beidh an obair bunaithe ar fhanaise, trína n-ionchorprófar measúnuithe dobharcheantair faoi scaoileadh amach ó shócmhainní Uisce Éireann agus bainfear an úsáid is fearr as aschur leanúnach ó ghniomhaiochtaí tréithrithe dobharcheantar an GCC.

### **Feabhsúcháin Phleanálte maidir le Scaoileadh amach Dramhuisce Uirbigh agus an chaoi a dtacóidh siad chun Cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a Bhaint amach**

Tá cur síos sa chuid seo a leanas ar an chaoi a dtacóidh an infheistíocht chaipítel atá beartaithe ag Uisce Éireann in uasghrádú na n-ionad cóireála dramhuisce agus na gcóras bailiúcháin le baint amach na dtosaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí. Luitear in Agusín 1 na ceantair uirbeacha ina bhfuil sé molta oibreacha caipítel a dhéanamh chun uasghrádú a dhéanamh ar ghléasraí cóireála uisce chun:

1. An Treoir um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh a chomhlíonadh
2. Tacú le cosaint limistéar atá faoi chosaint (uiscí sliogiasc agus snámha)
3. Tacú le cosaint uiscí ardstádais
4. Cabhrú chun nach rachaidh cúrsaí chun donais agus tacú le hoibreacha feabhsúcháin atá thírithe ar chaighdeán uisce

Cé nach mbeidh sé indéanta dul i ngleic le gach brú ó dhramhuisce uirbeach i rith timthrialla infheistíocha reatha Uisce Éireann, déileálfaidh Uisce Éireann leo de réir a chéile ar bhonn tosaíochta le linn timthriallta infheistíochta caipil sa todhchaí agus déanfar é sin laistigh de chreat leanúnach um pleanál bainistíochta abhantrach.


Táthar tiomanta faoi láthair do 255 tionscadal chun uasghrádú a dhéanamh ar ghléasraí cóireála dramhuisce agus tá siad sin le críochnú faoi 2025. Tugtar cur síos in Agusín 1 ar an sceideal atá leagtha amach ó dháta tosaithe (dáta ceadaithe an tionscadail) agus uaidh sin go críochnú agus aistriú an tionscadail. De na 255 tionscadal atá i gceist, críochnófar 101 acu faoi dheireadh 2018, 87 eile faoi dheireadh 2021 agus an 67 eile faoi dheireadh

2025. De ghnáth, féadfaidh tionscadail suas le 7 mbliana a thógáil ón gceadú tosaigh go críochnú agus aistriú, ag brath ar chastacht an tionscadail.

De na 255 tionscadal sin, bhí 93 acu idir lámha cheana féin nuair a ghlaic Uisce Éireann freagracht as seirbhísí uisce poiblí ar an 1 Eanáir 2014.

Rinneadh cuid de chlár caipil Uisce Éireann iad sin tar éis d'Uisce Éireann athbhreithniú a dhéanamh.

Tá túis curtha cheana féin leis na 162 tionscadal atá fágtha, nó tosóidh siad sa tréimhse suas go dtí 2021. Taispeántar líon na dtionscadal a thosaíodh i ngach bliain (ag tosú leis an dearadh tosaigh) mar aon leis an líon acu atá le críochnú go luath san fhigír seo a leanas:



**Figiúr 7.1** - Líon na dtionscadal dramhuisce a thosaíodh agus atá le críochnú go luath gach bliain

Léirítéar sa chairt thusas an dul chun cinn a rinneadh i gcás na 255 tionscadal maidir le huasghrádú gléasraí cóireála dramhuisce agus is fo-thacar iad den infheistíocht iomlán i ndramhuisce sa tréimhse 2014-2021. Nuair a dhéantar é seo a mheas chomh maith le hiarmhéid na hinfheistíocha sa tréimhse reatha, chomh maith le pleanál luath do thionscadail sa chéad tréimhse infheistíocha eile, is féidir linn a fheiceáil go ndéanfar sreabhadh leanúnach infheistíocha in uasghrádú gléasraí dramhuisce i rith dara thimthriall an Phlean Bainistíochta Abhantraí, agus i rith an tríú timthriall pleanála.

Glacadh le cur chuige cúramach chun tuar a dhéanamh faoi cathain a fheabhsófar cáiliúchán uisce, tar éis do na gléasraí uasghrádaithe cóireála dramhuisce a bheith tóigthe agus coimisiúnaithe agus oibreacha feabhsúcháin eile a bheith déanta ar líonraí. Is féidir le héiceachórás nádúrtha roinnt blianta a thógáil chun teacht chucu féin arís i ndiaidh feabhas a bheith curtha ar cháilíocht an dramhuisce a scaoiltear amach. Dá bhrí sin, maidir le feabhsú caighdeáin an uisce a thuar, glacadh le tréimhse chomh fada le 3 bliana chun go bhféadfaí an feabhsú a fheiceáil trí chláir mhonatóireachta ar cháilíocht uisce.

De na 255 tionscadal atá tiomnaithe cheana féin i leith gléasraí cóireála agus 20 uasghrádú eile atá pleanálte do lónraí, cuideoidh 116 acu le feabhsú cáilíochta uisce i 161 dotharach a ithnítear faoi láthair go bhfuil siad *I mBaol* ó dramhuisce uirbeach. Tugann na 159 tionscadal eile aghaidh ar riachtanais a bhfuiltear ag súil leo de bharr fáis sna hionaid daonra agus cabhróidh siad chun nach rachaidh cáilíocht an uisce chun donais de bharr brúna a eascróidh ó fhás amach anseo. Maidir leis na tionscadail nua dramhuisce atá le tosú le linn na chéad tréimhse infheistíochta eile, 2020-2024, cuirfidh siad le feabhsú breise a dhéanamh ar cháilíochta uisce sa tréimhse i ndiaidh 2021.

De na 116 limistéar uirbeacha a scoileann uisce isteach i ndobharlaigh atá *I mBaol*, criochnófar 41 uasghrádú (35%) faoi dheireadh 2018, agus nuair a ghlactar le cur chuige cúramach measfar go mbainfear amach na cuspóirí maidir le stádas uisce i gcás 12 dotharach eile faoi 2021. Criochnófar 59 gcinn eile (51%) faoi dheireadh 2024. Beidh dea-thionchar ag an uasghrádú seo ar 130 dotharach atá *I mBaol*. Ní chuireann sé sin san áireamh aon uasghrádú nua a dhéanfar ar ghéasraí cóireála dramhuisce a thosófar le linn na tréimhse infheistíochta 2020-2024.

### Comhlíonadh na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh

I rith na tréimhse 2016-2024, déanfar uasghrádú caipítel a chríochnú nó a thosú i gcás 32 ionad cóireála dramhuisce uirbigh lena chinntí go sásóidh na leibhéal chóireála agus an acmhainn chóireála riachtanais na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh. Déanfar feabhsú oibriúcháin, lena n-áirítear roinnt oibreaca caipitiúla beaga feabhsúcháin ag 8 n-ionad cóireála dramhuisce breise d'fhonn comhlíonadh a chinntí. Tugtar sceideal an uasghrádaithe caipítel in Agusín 1 agus tugtar sonraí maidir leis na méideanna dramhuisce a chruthóidh an daonra agus na dátaí críochnaithe maidir le gach ceantar uirbeach.

De na limistéar uirbeacha ina bhfuil gá le hoibreacha, beidh an formhór acu comhlíontach faoi dheireadh 2021, lena n-áirítear An Rinn i mBaile Átha Cliath, áit a bhfuil an t-ionad cóireála dramhuisce is mó in Éirinn, agus é ag déileáil le 41% de dhramhuisce na tíre. De na cinn eile, táthar ag súil go mbeidh Steach Maoilín agus Clár Clainne Mhuiris comhlíontach faoi 2023. Níor aithníodh go dtí le déanaí go raibh móroibreaca caipítel ag teastáil i limistéar uirbeacha Fhearna agus An Leachta, a bhfuil beagán os cionn coibhéis daonra 2,000 iontu. Ós rud é go dtógaíonn sé roinnt blianta chun tionscadail a fhorbairt agus a thabhairt go céim na tógála, ní chríochnófar na hoibreacha uasghrádaithe sin go dtí 2023.

### An chaoi a dTacaíonn Feabhsú Scaoileadh Dramhuisce ó Ghléasraí Cóireála Dramhuisce Uirbigh le Tosaíochtaí Pleananna eile

Cuideoidh móroibreaca caipítel atá tiomnaithe cheana féin le caighdeán an uisce a fheabhsú i roinnt réimsí eile, lena n-áirítear uiscí snámha ainmnithe, uiscí sliogéisc, láithreáin Diúilicíní Péarla Fionnusce agus uiscí ardstádais.

### Uiscí snámha ainmnithe

Tá go leor brúnna ar sheacht n-uisce snámha neamhchomhlíontacha faoi láthair. Tá bearta á gcur i bhfeidhm ag Uisce Éireann i ndáil le brúnna ó dhramhuisce uirbeach ag ceithre cinn de na limistéar sin. Tá Uisce Éireann agus Comhairle Contae na Gaillimhe, tar éis oibreaca feabhsaithe a chríochnú ar bhoinneagar an lónra dramhuisce ag Baile an Locháin, Co. na Gaillimhe, agus ag an gClochán, Co. na Gaillimhe, áit a bhfuil breis oibre feabhsúcháin á déanamh. Ina theannta sin, tá oibreaca ar siúl ag an Ros Theas agus i Loch Sionnaigh i gCo. Bhaile Átha Cliath: Tá imscrúdú á dhéanamh ag Uisce Éireann, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an tionscadal taighde Acclimatize<sup>17</sup> chun réitigh fhéidearthá a aithint le haghaidh neamhchomhlíonadh ag Trá Mhuirfean agus ag Dumhach Thrá i mBá Bhaile Átha Cliath.

### Uiscí Sliogéisc Ainmnithe

Chun críocha ceadúnaithe, éilíonn an GCC ar Uisce Éireann measúnú iarmharta a thabhairt faoin tionchar atá uisce a scaoiltear amach ar cháilíochta mhicribhitheolaíoch uiscí sliogéisc, nuair a bhíonn sé sin ábhartha i gcás cibé scoileadh amach atá i gceist. Tá 85 limistéar uirbeacha sa chatagóir sin, agus d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh sé riachtanach cibé ábhar a scaoiltear amach a dhíghalrú chun na huiscí sliogéisc lena mbaineann a chosaint ó aon drochthionchar. Chríochnaigh Uisce Éireann tuarascálacha measúnachta tionchair do na ceantair uirbeacha sin go léir. Ba é conclúid an mheasúnaithe nach bhfuil aon tionchar ar uiscí sliogéisc in 8 gcinn de na cásanna sin. Tá imscrúdú á dhéanamh faoi láthair ar 32 cheann eile, agus tá measúnú níos mionsonraithe á dhéanamh ar an 45 eile.

### Láithreáin Diúilicíní Péarla Fionnusce Ainmnithe

Níl ach ionad cóireála dramhuisce amháin sna 8 ndobharcheantar tosaíochta ó thaobh Diúilicíní Péarla Fionnusce agus tá sé sin ag Uachtar Ard, Contae na Gaillimhe. Tá an gléasra á uasghrádú, agus feabhsóidh na hoibreacha, a chríochnófar in 2018, cáilíocht na n-uisce glactha.

### **Uiscí Ardstádais**

Maidir le dobarlaigh ardstádais, tá uasghrádú mór déanta ar 8 n-ionad cóireála dramhuisce a bhí ag scaoleadh uisce amach in 8 ndobharlach ardstádais, nó críochnófar an obair uasghrádaithe faoi 2024. Críochnófar 7 acu faoi 2021 (féach an Tábla in Agusín 1).

### **7.2.2 Bearta Tacaíochta maidir le Dramhuisce Uirbeach**

Chomh maith leis na bearta ardleibhéal atá luate thusa, tá roinnt beart tacáiochta i bhfeidhm a bhfuil sé d'aidhm acu déileáil le truaillíú ó dhramhuisce uirbeach nó tá siad beartaithe. Orthu siúd tá:

- ▼ Cleachtas oibriúcháin agus cothabhála feabhsaithe
- ▼ Infheistíocht spriocdhírithe i ngléasraí cóireála dramhuisce atá faoi bhun na tairsí
- ▼ Taighde agus nuálaíocht i mbainistiú dramhuisce uirbeach

### **Cleachtas Oibriúcháin agus Cothabhála Feabhsaithe**

Is gá infheistíocht chaipitil a dhéanamh i gcórais chóireála agus bailithe dramhuisce, gus na sócmhainní sin a oibriú ar an mbealach is fearr chun an Treoir um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh a chomhlíonadh agus cuspóirí comhshaoil a bhaint amach. Ceann de na príomhbhuntáistí a bhaineann le húdarás náisiúnta amháin i leith seirbhísí uisce a bheith againn is ea cumas feabhsaithe an údarás sin chun eolas a roinnt níos fearr agus dea-chleachtas a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta. I rith an dara timthrialla seo, leanfaidh Uisce Éireann ar aghaidh ag forbairt agus ag feidhmiú nósanna imeachta oibríochta caighdeánacha maidir le hoibriú, cothabháil agus iniúchadh gléasraí cóireála dramhuisce agus córais

bhailiúcháin. Leanfaidh Uisce Éireann ar aghaidh ag forbairt taifead sócmhainní agus ag déanamh coigearaithe ar acmhainn gléasraí cóireála, rudaí a chabhráonn chun bainistíocht níos f barr a dhéanamh ar shócmhainní.

### **Infheistíocht Spriocdhírithe i nGléasraí Cóireála Dreamhuisce atá faoi bhun na Tairsí**

Aithnítear, i gcásanna áirithe, go bhféadann gléasraí beaga atá faoi réir deimhnithe údaraithe, brúnna suntasacha a chur ar dhobharlaigh ar tugadh tosaíocht ó thaobh gníomhaíochta dóibh sa Phlean Bainistíochta Abhantraí seo. Tá €12 milliún curtha in áirithe i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann don tréimhse 2017-2021 le caitheamh ar ghléasraí den sórt sin.

Cuireadh túis in 2017 le measúnú mionsonraithe ar na roghanna maidir le huasghrádú agus leanfar ar aghaidh leis an obair i rith 2018 agus 2019.

### **Taighde agus Nuálaíocht i mbainistiú Dramhuisce Uirbigh**

Bhunaigh an Coimisiún um Rialáil Fóntas an Ciste um Nuálaíocht Seirbhísí Uisce le go bhféadfaidh Uisce Éireann infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail nuálacha chun iniúchadh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí nua agus ar shocruithe oibriúcháin chun buntáistí a chur ar fáil do chustaiméirí. Ní mór do na tionscadail taighde atá beartaithe raoncuspóirí a chur chun cinn, lena n-áirítear caighdeáin ábhartha chomhshaoil agus cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a bhaint amach. Faoi láthair tá Uisce Éireann páirteach i roinnt tionscadal agus clár taighde – lena n-áirítear clár taighde an GCC, Fondúireacht Eolaíochta Éireann, Fís 2020, INTERREG agus Scéimeanna Taighde Uisce atá mar chuid de Thionscnaimh Cláir Naschta – a thacaíonn le riachtanais fhadtéarmacha earnáil uisce agus dramhuisce na hÉireann.

### 7.2.3 Dramhuisce Uirbigh agus Rith chun Srutha ó Cheantair Uirbeacha – Príomhgníomhartha don 2ú Timthriall

Is iad seo a leanas na príomhgníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar thruailliú ó dhramhuisce uirbeach agus ón rith chun srutha ó cheantair uirbeacha thar thréimhse an dara timthrialla:

Príomhgníomhartha	
<b>1</b>	Infheisteoidh Uisce Éireann thart ar €1.7 milliún i dtionscadail, i gcláir agus i gcothabháil sócmhainní dramhuisce sa tréimhse 2017-2021. San áireamh san infheistíocht sin beidh €880 milliún le haghaidh 255 tionscadal móra cóireála dramhuisce, €350 milliún le haghaidh infheistíocht chaipítel i gcórais bhaillíúcháin i 41 ceantar agus €465 milliún le haghaidh cláir chothabhála chaipítel agus cláir uasghrádaithe náisiúnta.
<b>2</b>	Críochnófar Pleananna um Dhraenáil Limistéar (DAPanna) do chórais bhaillíúcháin dramhuisce i gcás 44 ceantar uirbeacha faoi 2021, agus tabharfar tosaíocht do phleananna bunaithe ar chomhlíonadh na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbigh agus ar bhaint amach cuspóirí comhshaoil eile.
<b>3</b>	Tá caiteachas de €12 milliún san áireamh i bPlean Infheistíochta Uisce Éireann don tréimhse 2017-2021 chun déileáil le gléasraí atá ag cur brú suntasach ar dhabharlaigh.
<b>4</b>	Leanfaidh an GCC ar aghaidh ag údarú agus a rialáil scaoileadh amach dramhuisce ó cheantair uirbeacha.
<b>5</b>	Déanfaidh an GCC athbhreithniú ar cheadúnais um scaoileadh amach dramhuisce uirbigh i bhfianaise an bhoinn fianaise feabhsaithe a úsáideadh in ullmhú an Phlean Bainistíochta Abhantraí seo agus lena chinntíú go léiríonn ceadúnais dramhuisce cuspóirí an Phlean Bainistíochta Abhantraí ar bhealach cuí.
<b>6</b>	Leanfaidh Uisce Éireann ar aghaidh ag forbairt agus ag feidhmiú an chleachtas oibríochta is fearr ar fud a gcuid sócmhainní uile. I measc rudaí eile, is éard a bheidh i gceist leis seo ná cleachtas oibríochta caighdeánacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ngach ionad cóireála dramhuisce, clár iomlán sócmhainní a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainn ghléasraí cóireála.
<b>7</b>	Tosóidh Uisce Éireann ag forbairt a straitéis um ghéilliuúlacht dramhuisce in 2018. Tógfar ar bhunús pleananna, thionscadail agus cláir atá ann cheana agus soláthróidh sé sin straitéis fhadtéarmach lena chinntíú go gcomhlíonfar ceanglais na Treorach um Chóireáil Dramhuisce Uirbeach agus go gcomhlíonfar riachtanais na bpleananna bainistíochta abhantraí ar bhealach éifeachtach ó thaobh costais de.
<b>8</b>	Beidh taighde leanúnach agus nuálaíocht ann i réimsí maidir le bainistíocht dramhuisce uirbigh agus cuirfear maoiniú náisiúnta agus Eorpach ar fáil don obair.

## 7.3 Dul i ggleic le Brúnna ó Fhoraoiseachta

Ós rud é go bhfuil freagracht reachtúil ag an Roinn maidir le foraoiseacht, aithníonn an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go bhféadfadh foraoisí atá ag fás in áiteanna míchúí agus oibríochtaí foraoiseacha atá á mbainistiú go dona drochthionchar a bheith acu ar chállocht uisce agus ar ghnáthóga agus ar speics uisce, go háirithe ó thaobh dríodrú agus ó thaobh cothaitheach a ritheann chun srutha. Dá bharr sin, bíonn cosaint uisce ina cuid lárnach de mheasúnú na Roinne ar gach iarratas ar cheadúnas agus ar dheontas foraoiseachta. Mar sin féin, leagann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an earnáil foraoise níos leithne béim freisin ar an ról suntasach atá ag coillearnacha atá suite go maith agus á mbainistiú i gceart chun caighdeán an uisce a chosaint agus a fheabhsú trí réimse seirbhísí éiceachórais uisce a chur ar fáil.

Tá cur síos i ndoiciméad na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara *Foraoiseacht agus Uisce: Cuspóirí agus Tosaíochtaí Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann 2018-2021 a Bhaint Amach* ar phríomhghnáithe reachtaíochta, beartais, rialála agus cur chun cinn a bhaineann le foraoiseacht atá i bhfeidhmanois chun dul i ggleic le dúshláin agus le deiseanna foraoiseachta faoi atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí. Tá sé d'aidhm ag na bearta sin uisce a chosaint le linn gach oibríocht foraoiseachta, chun foraoisí atá ann cheana a athstruchtúrú i bhfianaise na híogaireachtaí uisce atá ann, agus foraoisí nua a shuíomh agus a dhearadh ar bhealach a chuireann le baint amach na nAidhmeanna Comhshaoil atá sa Phlean seo.

### 7.3.1 Clár Beart chun Aghaidh a Thabhairt ar Bhrúnna ó Fhoraoiseachta

#### Rialú Foraoiseachta

Mar údarás náisiúnta foraoise, tá go leor freagrachtaí ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le gníomhaíochtaí foraoiseachta in Éirinn. Tá siad seo bunaithe go príomha ar an Acht Foraoiseachta 2014 agus ar Rialacháin Foraoiseachta 2017 (I.R. 191 de 2017), a bhfuil forálacha iontu maidir le rialáil foraoiseacha, oibreacha bóthair foraoise, leagadh crann agus leasú ón aer. Faoin gClár Foraoiseachta 2014-2020 a chuireann an Stát cabhair ar fáil dó, cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara bainistiú foraoise inbhuanaithe chun cinn trí scéimeanna tacaíochta éagsúla d'úinéirí talún, lena n-áirítear an Scéim Deontas agus Prémheanna Foraoiseachta, an Scéim um Fheabhsú

Coillearnach, an Scéim um Bóithre Foraoise agus an Scéim um Chaomhnú Coillearnach Dhúchasach.

Sna blianta 2014-2015, tógadh 326 km de bhóithre nua foraoise agus 12,449 heicteár d'fhoraoisí nua ar 1,981 láithreán faoi nósanna imeachta measúnachta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cuimsigh na foraoisí 21% de chrainn leathanduilleacha agus 79% de chrainn bhuaircíneacha. De réir na gcaighdeán riachtanach, ní mór go mbeadh 10-15% de spás oscailte agus de ghnáthóga choimeádta i ngach suíomh (lena n-áirítear coinneáil siar ó uisce) agus 10% de chrainn leathanduilleacha. Eisíodh 4,908 Ceadúnas Gearrtha, a chuimsigh 32,929 heicteár a thanú agus 23,595 heicteár a ghlanghearradh.<sup>18</sup>

Mar an t-údarás comhaontaithe, tá príomhfhereagrachtaí ar an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara freisin faoin gCreat-Treoir Uisce agus na Treoracha maidir le Gnáthóga (mar atá leagtha amach sa reachtaíocht trasúimh), maidir leis an measúnú a dhéanann sí ar aon iarratas ar na gníomhaíochtaí thuas. Mar chuid dá phróiseas measúnaithe, cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara nósanna imeachta éagsúla i bhfeidhm lena chinntí go bhfuil aon cheadúnas/fhaomhadh, má eisítear a leithéid, ag teacht le prionsabail maidir le bainistíocht inbhuanaithe foraoise agus cosaint an chomhshaoil, lena n-áirítear uisce. Áirítear ar ghnáithe den phróiseas sin atreoraithe chuig comhlachtaí éagsúla, comhairliúchán poiblí, scagadh i ndáil le Measúnacht Chúí agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta, cigireachtaí ag Cigiri Foraoiseachta (arna ndéanamh tríd an gCóras Faisnéise Geografaí (GIS), cuairteanna ar an láithreán agus cuairteanna páirce), agus cur i bhfeidhm riachtanas, protacail agus rialacha éagsúla scéim na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

#### Cineálacha Talún i gcomhair Foraoiseachta

Eisíonn próiseas na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le Cineálacha Talún i gcomhair Foraoiseachta (ar cuireadh túis leis i mí an Mhárta 2016) réimse leathan suíomhanna ón Scéim Foraoiseachta ar fhoraíl táirgjúlachta foraoise. Áirítear ar na forais sin dálaí neamhthorthúlachta (mar atá léirithe ag fásra) chomh maith le tosca eile a dhéanann an láithreán a theorannú. Cuimsíonn an t-eisiamh seo go leor gnáthóga (lena n-áirítear fraochmhánná fluchá agus fraochmhánná tirime, bratphortaigh agus portaigh ardaithe, ar gnáthóga

18 An próiseas trína ndéantar na crainn go léir i limistéar sonraithe a leagadh

larscríbhinn I<sup>19</sup> iad ar fad) agus tírdhreacha atá an-íogair ó thaobh uisce de. Cuireann sé sin bac éifeachtach le foraoisiú mar úsáid talún agus mar bhrú féideartha ó na ceantair sin.

### Riachtanais Chomhshaoil maidir le Foraoisiú

Leagtar amach i gCáipéis na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara *Riachtanais Chomhshaoil maidir le Foraoisiú*<sup>20</sup> a eisíodh i mí na Nollag 2016, bearta éigeantacha maidir le gach foraoisiú, cibé an dtugtar cúnamh deontais dó nó nach dtugtar. Déanann na ceanglais seo comhdhlúthú agus nuashonrú ar threoirínlíte comhshaoil roimhe seo agus tá cosaintí breise ann don uisce, lena n-áirítear coinneáil siar feabhsaithe ó uisce; stráicí de choillearnacha dúchasacha a chur taobh le cúrsaí uisce; cosaintí comhdhlúite maidir le rudaí mar dhraenáil, saothrú, leathadh leasacháin agus úsáid luibhicídí ar na láithreáin sin; comhtháthú I.R. 155 de 2012 maidir le húsáid luibhicídí; agus Cuimsiú Tábla maidir le Riosca Féideartha Uisce agus teimpléad um Plean Bainistíochta Uisce, atá le húsáid i gcásanna ina bhfuil imní ar leith ann maidir le cúrsaí uisce. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag ullmhú Dréacht-cheanglais Chomhshaoil maidir le Gearradh Crann.

### Beartas um Ghearradh agus um Athfhoraioisiú

Foilsíodh doiciméad na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara *Beartas um Ghearradh agus um Athfhoraioisiú*<sup>21</sup> i mí na Bealtaine 2017 chun tacú leis an Acht um Fhoraoiseacht 2014, faoi I.R. 191 de 2017. Leagtar amach sa doiciméad an príomhfhorálacha reachtúla maidir le ceadúnú crainn a leagan. Déanann sé aicmiú ar athfhoraioisiú freisin ó thaobh “cuspóirí athfhoraioisiúcháin”, a bhfuil a chuid iarratas agus a cuid treoracha féin le gach ceann acu. Tá feidhm ar leith ag dhá cheann de na cuspóirí athfhoraioisiúcháin seo maidir le hathstructúrú foraoisiú atá ann cheana féin agus atá, mar shampla, laistigh de dobharlaigh a bhfuil cuspóirí ardstádais ag baint leo, i.e. “Athfhoraioisiú ar mhaithe le Clúdach Leanúnach Foraoise” (CCF) agus “Athfhoraioisiú ar mhaithe le Bithéagsúlacht agus Cosaint Uisce” (BIO), chun criosanna leathnádúrtha a chruthú chun cúrsaí uisce a scaradh ó réimsí a bhainistítear níos déine. Tá cur síos sa doiciméad ar chásanna freisin ina bhféadfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara glacadh le gearradh foraoiseacha, mar gheall ar fháthanna sáraitheacha timpeallachta a bhaineann *inter alia* le cúrsaí uisce agus le speicis uisce.

### Comhordú Idirghníomhaireachta

Tá cur síos sa doiciméad a d'eisigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara le déanaí *Foraoiseacht agus Uisce: Cuspóirí agus Tosaíochtaí a bhaint amach faoi Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann 2018-2021* ar an rannpháirtíocht atá molta idir an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus na príomhpháirtithe leasmhara a bhfuil baint acu le cur i bhfeidhm an Phlean. Mar chuid de comhordú idirghníomhaireachta ar shaincheisteanna foraoiseachta, glacfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara páirt i bhfóraim agus i struchtúr éagsúla, lena n-áirítear an Grúpa Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Teicniúil, an Grúpa Oibre Dobharcheantair Phoinc Ghoirm um uiscí ardstádais agus Coistí Oibríochtaí de chuid struchtúr na n-údarás áitiúil réigiúnach. Féadfaidh an grúpa deireanach príomhbhealach cumarsáide a chur ar fáil le muintir na háite. Táthar ag súil go mbeidh tras-oiliúint, foghlaim phiaráil agus idirghníomhaíocht leanúnach idir Cigireacht Foraoiseachta na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara, oifigigh d'fhoireann mheasúnachta na gceantar abhantraí de chuid na nÚdarás Áitiúil, oifigigh Uisce agus Pobal na nÚdarás Áitiúil (LAWCO) agus na Comhairleoirí Inbhuanaitheachta Talmhaíochta.

### Cur Chuige Coillte maidir le Measúnú Riosca don Chomhshaoil:

Ós rud é go bhfuil níos mó ná leath de thailte foraoiseacha na hÉireann ina sheilbh aige, tá ról suntasach ag Coillte maidir le caighdeán an uisce a chosaint ó thionchair a bhféadfadh a bheith ag a chuid oibriochtaí foraoise. Chomh maith leis na rialuithe comhshaoil a chuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i bhfeidhm, mar atá léirithe thuas, tá nós imeachta ag Coillte um Measúnú Riosca don Chomhshaoil chun iarmhairtí comhshaoil féideartha a bhaineann lena oibriochtaí foraoise a mheas agus a bhainistiú. Aithnítear sa nós imeachta um Measúnú Riosca don Chomhshaoil fogaireacht na suíomhanna ó thaobh gníomhaíochtaí foraoiseachta áirithe agus sonraítear na gníomhaíochtaí pleánala agus na roghanna maolaithe a chaithfear a mheas i gcás suíomhanna de chineálacha éagsúla. Dá bhí sin, bíonn measúnú riosca comhshaoil ina dhlúthchuid de gach céim den phróiseas pleánala agus oibriúcháin a bhaineann le leagan crann.

19 Tá liosta in larscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga de 233 cineál gnáthóig Eorpach, lena n-áirítear 71 cineál atá i mbaol imeachtaí ar fad

20 <https://www.agriculture.gov.ie/media/migration/forestry/grantandpremiumschemes/2016/EnvironmentalRequirementsAfforestationDecember121216.pdf>

21 <https://www.agriculture.gov.ie/media/migration/forestry/treefelling/FellingReforestationPolicy240517.pdf>

## Prótacal chun Géarchéimeanna Foraoiseachta agus Uisce a Láimhseáil

Tá prótacal i ndoiciméad na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara *Foraoiseacht agus Uisce: Cuspóirí agus Tosaíochtaí a bhaint amach faoi Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann 2018-2021* chun dul i ngleic le géarchéimeanna ina mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí foraoiseachta ar dhobharlaigh nó ina mbíonn siad i mbaol dá mbarra. Tá creat sa phrótacl maidir le cumarsáid agus tuairisciú idirghníomhaireachta, agus leagtar síos ann an chaoi ar féidir le gairmithe uisce ó eagraíochtaí na bpáirtithe leasmhara géarchéim a thuairisciú, an chaoi inar cheart imscrídú a dhéanamh ar an ábhar, agus na gníomhartha leantacha a bheidh ar fáil chun déileáil leis an scéal.

### Taighde Foraoise agus Uisce

Tá clár taighde na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara maidir le foraoiseachta leagtha amach sa doiciméad *Taighde Foraoiseachta Éireann – Ag freastal ar riachtanais earnáil foraoise na hÉireann go 2017 agus ina dhiadh sin, trí thaighde agus nuálaíocht*.<sup>22</sup> Tá scóip shuntasach sa chlár seo do ghníomhaíochta taighde a bhaineann le huisce. Mhaoinigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tionscadail taighde san am atá thart ina ndearnadh staidéir ar an idirghníomhaíochta idir foraoisí agus uisce. I measc na dtionscadal taighde a rinneadh le déanaí a bhain le huisce agus a bhfuil tionchar acu ar bheartas agus ar chleachtas foraoiseachta tá:

- ▀ Bainistíocht Foraoiseachta ar mhaithe leis an Diúilicín Péarla Fionnuisce (FORMMAR)
- ▀ Taighde Comhcheangailte ar Choiilearnach Bruachánach: Tionscadal 4 bliana (2010-2014) ina ndearnadh staidéir ar chriosanna maolánacha uisceachá i bhforaoisí
- ▀ Measúnú ar Thionchar Oibríochtaí Foraoise ar Chaighdeán Éiceolaíoch Uisce (HYDROFOR): Tionscadal 7 mbliana (2008-2014) arna chómh-mhaoiniú ag an GCC agus ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

### Cur Chun Cinn Foraoiseachta

Cuirtear maoiniú ar fáil trí phacáiste Scéim na Coillearnaí Dúchasáí chun oibreacha suntasacha a dhéanamh i ndáil le soláthar seirbhísí éiceachórás a bhaineann le huisce. Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an scéim i bhfeidhm i gcompháirtíocht le Choiilearnacha na hÉireann, an tSeirbhís Párceanna Náisiúnta & Fiadhúlra, an Chomhairle Oidhreachta, lascaigh Intíre na hÉireann agus páirtithe leasmhara eile ó thaobh coillearnacha dúchasacha. Tá dhá scéim ar leith ann:

▀ Cuirtear maoiniú ar fáil tríd an Scéim um Bunú Choiilearnacha Dúchasacha (NWS Est.) chun coillearnacha dúchasacha nua a chur ar láithreán úrnua oscailte. Tá sé de chumas ag an Scéim seo seirbhísí éiceachórás a bhaineann le huisce a chur ar fáil, mar atá leagtha amach i gcáipéis na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara le déanaí, *Coillearnach ar mhaithe le hUisce* (féach thíos).

▀ Cuirtear maoiniú ar fáil tríd an Scéim um Chaomhnú Choiilearnacha Dúchasacha chun athchóiriú cuí a dhéanamh ar choiilearnacha dúchasacha atá ann cheana féin agus chun coillearnacha dúchasacha a dhéanamh d'fhoraoiseacha buaircíneara rud a dhéanfar go príomha chun bithéagsúlacht na gcoillearnach dúchasach a chur chun cinn ach freisin chun seirbhísí éiceachórás a bhaineann le huisce a chur ar fáil. Tá critéir na Scéime ualaithe i bhfabhar láithréan atá iogair ó thaobh uisce.

### Scéim bheartaithe um Fheabhsú Comhshaoil na bhForaoisí

Airítear sa Chlár Foraoiseachta 2014-2020<sup>23</sup> beart maoinithe dar teideal an Scéim um Fheabhsú Comhshaoil na bhForaoisí. Faoin Scéim seo, beidh deontas seasta ar fáil d'úinéirí foraoise chun gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh agus chun athruithe struchtúracha a bhaint amach laistigh de na foraoisí atá ann cheana agus le linn na huainíochta reatha. Is é cuspóir na Scéime tionchar comhshaoil na bhforaoisí sin a fheabhsú ó thaobh cálíocht uisce, gnáthóga agus speiceas, láithreán seandálaíochta, tírdhreach agus rudaí íogaire eile an chomhshaoil. Tá an Scéim á forbairt faoi láthair; nuair a sheolfar é beidh sé ábhartha ó thaobh foraoisí atá ann faoi láthair i gceantair atá iogair ó thaobh uisce de.

### Dréachtphlean le haghaidh Foraoiseachta agus Diúilicíní Péarla Fionnuisce in Éirinn

Tá plean le haghaidh Foraoiseachta agus Diúilicíní Péarla Fionnuisce in Éirinn á forbairt ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi láthair, a mbeidh baint dhíreach aige le dobharlaigh ardstádais agus limistéir faoi chosaint.

Beidh feidhm ag an bPlean atá beartaite i gcás 27 dobharcheantar (lena n-áirítear Dobharcheantair Thosaíochta 8) na n-aibhneacha sin a ainmníodh mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta le haghaidh Diúilicíní Péarla Fionnuisce. Tá sé d'aidhm aige a chinntí i gcás na ngníomhaíochtaí foraoiseachta go léir atá ceadúnaithe ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara go ndéanfar iad ar bhealach nach gcuirfidh baint amach cuspóirí

22 <https://www.agriculture.gov.ie/media/migration/research/2016/ForestResearchIreland2014180116.pdf>

23 <https://www.agriculture.gov.ie/media/migration/forestry/forestryprogramme2014-2020/IRELANDForestryProgramme20142020230215.pdf>

caomhnaithe na Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta atá i gceist i mbaol, i.e. "Bail fhabhrach caomhantais gnáthóg(a) larscríbhinn I agus/nó speicis larscríbhinn II ar roghnaíodh an Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta ina leith, a choimeád nó a athbhunú."

Déanfar é sin a bhaint amach trí, *inter alia*, Creat Bainistíochta Foraoise a bheidh curtha in oiriúint a chur i bhfeidhm chun an leibhéal riosca a bhaineann le suíomhanna aonair a aithint, agus oibríochtaí oiriúnacha agus an riosca sin a mheatseáil le cheile.

### KerryLIFE

Is comhthairbhí í an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i dtionscadal an AE KerryLIFE atá faoi stiúir na Roinne agus tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, Coillte, Teagasc, Compháirtíocht Forbartha Chiarráí Theas, agus dreamanna eile páirteach ann. Tá KerryLIFE thírithe ar bhainistiú inbhuanaithe talún chun Diúilicíní Péarla Fionnuisce a chaomhnú. Tá KerryLIFE ag baint trialach as réimse leathan cineálacha cur chuige maidir le talmhaíocht agus foraoiseacht, agus féadfar an cur chuige maidir le foraoiseacht a chur i bhfeidhm i bhfad níos leithne san earnáil foraoiseachta. Beidh an tionscadal ar siúl go Mí na Nollag 2019.

### Bearta maidir le Coillearnacha i gcomhair Uisce

Faoi mar atá leagtha síos ina chápéis Coillearnacha i gcomhair Uisce: Coillearnacha dúchasacha nua a chruthú chun uiscí na hÉireann a chosaint agus a fheabhsú, 2016, molann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara beart trína gcuirfear coillearnacha dúchasacha nua faoi NWS Est. agus go gcoinneofar crainn siar ó uisce chun gnéithe tírdhreacha leathnádúrtha buana a chruthú agus seirbhísí éiceachórais a bhaineann le huisce a chur ar fáil. Áirítear orthu sin bogadh dríodair agus rith chun srutha isteach i gcúrsaí uisce a laghdú, cosc a chur le cothaitheach ag rith isteach i gcúrsaí

uisce, cobhsú bruacha, ionchur bia san éiceachórás uisceach, scáthú/fuarú, tuilte a rialú agus aigéadú a mhaolú.

Tá maoiniú ar fáil faoi láthair faoi NWS Est. chun bearta maidir le Coillearnacha i gcomhair Uisce a chur i bhfeidhm, agus tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag iarraidh oibriú le compháirtithe na Creat-Treorach Uisce chun bealaí a aithint lena dhíriú go straitéiseach ar shuíomhanna tábhachtacha, go háirithe ar dhobharlaigh a bhfuil cuspoírí ardstádais ag baint leo, agus chun feirmeoí agus úinéirí talún eile a spreagadh chun glacadh leis.

### 7.3.2 Bearta lena Chur i bhFeidhm

Tá bearta sonracha san áireamh i gcáipéis na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara Foraoiseacht agus Uisce: Cuspóirí agus Tosaíochtaí a bhaint amach faoi Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann 2018-2021 d'fhonn díriú ar chur i bhfeidhm na mbeart atá leagtha amach thusa chun tionchar na ngníomhafochtaí foraoiseachta ar uisce a mhaolú agus cosaint agus caighdeán an uisce a fheabhsú an oiread agus is féidir. Áirítear ar na bearta sin na nithe seo a leanas:

- ▼ Díriú ar chomhordú idirghníomhaireachta
- ▼ Oiliúint agus foghlaim idir piaraí a fhorbairt
- ▼ Bearta a spriocdhíriú ar Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta
- ▼ Díriú ar shuíomhanna foraoiseachta faoi leith chun uisce a chosaint agus a fheabhsú
- ▼ An prótacal thuasluaithe a fhorbairt chun déileáil le heachtraí tromchúiseacha foraoiseacha agus uisce
- ▼ Béim níos mó a leagan ar ghnéithe a bhaineann le huisce nuair a bhíonn iarratais ar cheadúnas foraoise á mheas

### 7.3.3 Príomhgníomhartha don 2ú Timthriall

Is iad seo a leanas na príomhgníomhartha a bhaineann le foraoiseacht atá leagtha amach sa 2ú timthriall den Phlean Bainistíochta Abhantraí:

Príomhgníomhartha	
<b>1</b>	Cuirfidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara na rialacháin, na polasaithe agus na ceanglais a bhaineann le foraoiseacht i bhfeidhm atá á n-ath-ailíníú leis an mbeartas náisiúnta uisce.
<b>2</b>	Leanfaidh Coillte, atá i seilbh breis is leath de thailte foraoiseachta na hÉireann, ag cur i bhfeidhm agus ag coigeartú an cur chuige comhtháite atá aige um Measúnú Riosca don Chomhshaol i gcás a chuid oibríochtaí foraoiseachta.
<b>3</b>	Spreagfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara daoine chun glacadh leis an Scéim Náisiúnta um Bunú Coillearnach agus an Scéim um Chaomhnú Coillearnach Dúchasach, agus cuirfidh bailchríoch ar an Scéim um Fheabhsú Chomhshaol na bhForaoisí agus cuirfidh i bhfeidhm í.
<b>4</b>	Maidir le Diúilicíní Péarla Fionnuisce a chosaint ó bhrú foraoiseachta, déanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an Plean atá beartaithe don Fhoraoiseacht agus Diúilicíní Péarla Fionnuisce in Éirinn a forbairt agus a chur i bhfeidhm, agus leanfaidh sí ar aghaidh i rannpháirtíocht le KerryLIFE, d'fhoinn bearta iomchuí a mheasúnú agus a ghlacadh lena chur i bhfeidhm níos leithne b'fhéidir.
<b>5</b>	Oibreoidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara trí na struchtúir neartaithe um chomhoibriú idirghníomhaireachta le páirtithe leasmhara eile – le húdaráis áitiúla, go háirithe – lena chinntíú go gcuirfear na bearta foraoiseachta i bhfeidhm go straitéiseach. Díreofar go háirithe ar chosaint uiscí a bhfuil cuspóirí ardstádais ag baint leo agus chun na tosaíochtaí eile atá leagtha amach sa Phlean Bainistíochta Abhantraí seo a chur chun cinn.
<b>6</b>	Leanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an GCC ar aghaidh ag déanamh taighde maidir le foraoiseacha agus uisce chun bonn eolas a chur ar fáil do chleachtais foraoiseachta sa todhchaí chun go gcuirfidh siad le caomhnú agus le feabhsú chálíocht an uisce.

## 7.4 Dul i ggleic le Brúnna ó Bhaint Móna ó Thailte Móna

Faoi láthair, ceanglaítear ar thionscail mhóra bainte móna ceadúnas um Rialú Comhtháthaithe ar Thruaillíú a bheith acu ón GCC dá gcuid gníomhafochtaí. Baineann sé seo le baint móna ó limistéir os cionn 50 ha.. Is le Bord Na Móna 6% de thailte móna na hÉireann faoi láthair agus is é sin a bhaineann an méid móna is mó. Is é an Bord an t-aon cheadúnaí freisin faoi láthair. Cuimsíonn na ceadúnais a eisíodh do Bhord Na Móna i leith gníomhafochtaí bainte móna thart ar 79,000ha. san iomlán. Tá móin á baint i thart ar 20,000ha. den talamh sin faoi láthair. Ní limistéar bainte móna é gach limistéar atá laistigh de theorainneacha an cheadúnais, áfach, ós rud é go bhfuil criosanna maolánacha, locháin shiolta, tailte atá á n-athshlánú agus tailte móna nár cuireadh isteach orthu san áireamh iontu. Bainistíonn Bord na Móna níos mó ná 500 lochán siolta. I dteannta na gceadúnas a deonaíodh do Bhord na Móna, tá iarratais ag an GCC faoi láthair ar cheadúnais ó dhá chuideachta phríobháideacha thráchtála chun móin a bhaint.

Aithníodh baint mhóna agus an draenáil a bhaineann léi mar bhrú suntasach i 119 (8%) de na dobharlaigh go léir a fuarthas go raibh siad i mBaol ó thaobh gan cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a bhain leo a bhaint amach. De na 119 dobharlach sin, is aibhneacha 115 acu, is lochanna 3 cinn eile agus is screamhuisce ceann amháin.

De na 119 abhairn atá i mBaol mar gheall ar ghníomhafochtaí a bhíonn ar síúl i dtailte móna, tá 46 (39%) acu i gceantair ina bhfuil tailte móna faoi úinéireacht Bhord na Móna, a bhfuil 87 phortach aige sna limistéir sin. Tá na 73 abhairn eile i mbaol ó gníomhafochtaí eile mar bhaint móna baile, baint móna neamhúdaraithe, tógáil feirme gaoithe, foroiseacht nó gníomhafochtaí thráchtála móna eile.

### 7.4.1 Clár Bearta chun Aghaidh a Thabhairt ar Bhrúnna ó Bhaint Móna Feabhsú Rialuithe Reachtacha

Tá rialachán á ndréachtú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi láthair a chuirfidh córas ceadúnaithe simplithe i bhfeidhm a bheidh á rialáil ag an GCC amháin maidir le baint móna ar mhórscála. Beidh feidhm ag an gcorás nua i gcás baint móna ar aon limistéar atá níos mó ná 30ha., is cuma céan uair a thosaigh an bhaint, agus oibreoidh sé gan bac thar theorainneacha na n-údarás áitiúil. Mar chuid de chur i bhfeidhm Treoracha an AE, beidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta

éigeantach chun iarratais ar cheadúnais a bhreithniú. Déanfar Measúnacht Chuí freisin, de réir mar is gá. Nuair a thabharfar an córas nua isteach, beidh baint mhóna ar aon limistéar níos mó ná 30ha. díolmhaithe ón gceanglas maidir le cead pleanála a fháil, rud a fhágann go mbeidh an bhaint mhóna sin lasmuigh den chóras pleanála.

Nuair a bheidh na socruithe nua maidir le baint mhóna ar scála mór i bhfeidhm, tá sé i gceist córas rialála ar leithligh a fhorbairt sa chaoi go mbeidh baint mhóna ar scála tráchtála níos lú (ar thailte atá níos lú ná 30ha.) faoi chóras nua ceadúnaithe ag na húdaráis áitiúla ina mbeidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí riachtanach de réir mar is cuí, agus beidh cumhachtaí forfheidhmiúcháin acu freisin. Beidh moltaí don chóras údaraithe nua seo faoi réir comhairliúcháin phoiblí sula ndéantar reachtaíocht a dhréachtú chun tacú leis an gcóras rialála nua.

### Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna

D'fhoilsigh Seirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúla na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthai Réigiúnacha, Tuaith agus Gaeltachta Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna in 2016. Tá sé mar aidhm ag an Straitéis seo creat fadtéarmach a sholáthar ina bhféadfar gach talamh móna laistigh den Stát a bhainistiú go freagrach lena chinntíú go ndéanfar an méid is mó is féidir ar mhaithé le leas sóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch na glúine seo agus na nglún atá le teacht. I gcás na n-údarás poiblí atá freagrach as earnálacha a bhfuil baint acu le tailte móna nó atá freagrach as cuspóirí trasghearrtha a chur chun feidhme trína bpleannanna, a mbeartais agus a gcinntí earnála, beidh na húdaráis sin freagrach as cuspóirí na straitéise a bhaint amach ina réimsí feidhme, ar bhealach a bheidh ag teacht le fí, luacha agus prionsabail na straitéise. Maidir le cáilfócht uisce, is í an phríomhphrionsabal atá leagtha síos sa straitéis ná "Cuirfear san áireamh go hiomlán i mbeartais agus i gcinntí a bhaineann le húsáid tailte móna na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheidh acu ar cháillíocht an uisce agus go mbainfidh an Stát amach caighdeán éigeantacha ó thaobh cáilfócht uisce."

Faoin Straitéis, déanfar scrúdú ar lagphortaigh faoi úinéireacht phríobháideach chun úsáidí cuí sa todhchaí a aithint a mbeidh sé mar aidhm acu leas a bhaint as a n-acmhainn chun cur le saibhreas comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta.

Aithnítear go sonrach sa Straitéis go gcuireann baint mhóna brú ar chaighdeán an uisce i gceantair áirithe agus leagtar síos ann gníomhartha



ardleibhéal atá le cur i gcrích ag údaráis phoiblí lena chinntíú nach mbeidh drochthionchar ag aon táirgeadh móna atá ann cheana ar chaighdeán an uisce, agus a chinntíú go bhféadfaidh tailte móna tacú le cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a bhaint amach.

Is iad seo a leanas na gníomhartha sin:

- ▼ Maidir le gach gníomhaíocht a bhaineann le talamh móna, ba cheart a léiriú nach bhfuil drochthionchar acu go leithleach nó in éineacht le gníomhaiochtaí eile ar chuspóirí comhshaoil na Creat-Treorach Uisce, na Mac-treoracha gaolmhara a bhaineann léi ná na rialachán náisiúnta.
- ▼ Níor cheart go ndéanfadh gníomhaiochtaí a bhaineann le tailte móna athrú suntasach ar dhálaí timpeallachta a thacaíonn le láithreáin Natura 2000 sa chaoi go dtéipfeadh ar bhaint amach cuspóir caomhantais na gnáthóige sainithe sin agus trí thátl go gcuirfeadh siad baint amach cuspóirí comhshaoil na Creat-Treorach Uisce i mbaol a bhaineann le limistéir chosanta.

Déanfaidh Grúpa Forfheidhmithe Straitéis na dTailte Móna monatóireacht ar chur i bhfeidhm na ngníomhartha seo, agus ar gach gníomhaíocht eile atá leagtha amach sa straitéis. Leagadh cúram ar Ranna Rialtais agus ar chomhlachtaí éagsúla lena n-áirítear an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an GCC agus Bord na Móna as cur i bhfeidhm na ngníomhaiochtaí. Déanfaidh Grúpa Forfheidhmithe Straitéis na dTailte Móna iarracht a chinntíú go gcuirfear na gníomhartha sonraithe i gcrích agus go gcomhlíonfar cuspóirí na straitéise agus sa chaoi sin cuspóirí na Creat-Treorach Uisce. D'ullmhaigh an grúpa an chéad tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Thailte Móna agus, faoi réir cheadú an Rialtais, foilseofar an tuarascáil sin.

Chomh maith leis an Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna, foilsíodh Plean Bainistíochta Náisiúnta do Limistéar na bPortach Ardaithe faoi Chaomhnú Speisialta 2017-2022 i mí na Nollag 2017. Leagtar amach treochlár sa phlean chun portaigh ardaithe faoi chosaint in Éirinn a bhainistiú, a athchóiriú agus a chaomhnú go fadtéarmach. Tá sé mar aidhm ag an bPlean cothromáiocht chuí a bhaint

amach idir an gá atá le caomhnú agus athchóiriú a dhéanamh ar ghréasán phortaigh na hÉireann agus riachtanais na bpáir tithe leasmhara, agus tugann sé aitheantas don ról tábhachtach atá ag pobail i gcaomhnú agus in athchóiriú na bportach ardaithe. Mar chuid de na pleananna athchóirithe ar leith do láithreán Limistéir Chaomhantais Speisialta na bportach ardaithe, déanfar pleananna bainistíochta draenála a chomhtháthú chun aghaidh a thabhairt ar roinnt ábhar imní maidir leis an chaoi a bhféadfadh níos mó tulite a bheith sna ceantair máguaírd nuair a dhéantar bearta athchóirithe ar phortaigh ardaithe. Forbrófar na pleananna seo, lena n-áirítear measúnú cuí nuair is gá, mar aon le hionchur ó pháirtithe leasmhara agus ó na húdaráis phoiblí agus náisiúnta ábhartha.

#### **Straitéis Inbhuanaitheachta 2030 agus Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2016-2021 de chuid Bhord Na Móna.**

Mar a luadh thusa, i 46 (39%) de na 119 abhainn atá i mbaol mar gheall ar ghníomhaíochtaí i dtailte móna, aithníodh i gcás tailte móna Bhord na Móna (87 acu ar fad) ina bhfuil móin á baint agus oibreacha draenála gaolmhara ar siúl iontu go gcruthaíonn siad brúnna suntasacha.

Tá Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta leagtha amach ag Bord Na Móna maidir le hathshlánú fadtéarmach na lagphortach, trína n-aithníonn siad na hoibleagáidí atá orthu faoin gCreat-Treoir Uisce agus an Treoir maidir le Gnáthóga agus Éin. Tá an plean tóigthe ar thiomantas Bhord na Móna, mar chuid dá Straitéis Inbhuanaitheachta 2030, chun deireadh a chur le baint móna mar ábhar fuinnimh faoi 2030. I measc na bpriomhchuspóirí atá ag Bord Na Móna faoin bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta tá:

- ▀ Trial a bhaint as deiseanna caolaithe nó coinneála amónia i dtailte lagmóna
- ▀ Léarscáil d'earraí agus de sheirbhísí éiceachórás a fhorbairt do thailte Bhord na Móna
- ▀ Cur le gréasán na bportach ardaithe i seilbh Bhord na Móna
- ▀ Clár um athshlánú portach ardaithe a bhunú
- ▀ Treoirínte dea-chleachtais a fhorbairt maidir le hathshlánú agus athchóiriú raon cineálacha tailte móna
- ▀ Monatóireacht agus rialú a dhéanamh ar speicis ionracha

Ina theannta sin, chuir Bord na Móna túis le hobair go luath in 2017 maidir le Measúnuithe Tionchair Timpeallachta a ullmhú dá chuid tailte móna ar fad, lena n-áirítear measúnú cuí, nuair is gá, mar ullmhúchán don chóras simplithe nua ceadúnaithe

a chuirfidh an GCC i bhfeidhm maidir le baint móna ar scála mór (> 30ha).

Tá Bord Na Móna tiomanta do gach talamh móna a athshlánú nuair a chuirfear deireadh le gníomhaíochtaí tárgthe móna de réir mar a éilítear faoi choinníoll 10 dá cheadúnais um Rialú Comhtháthaithe ar Thruailliu atá acu cheana is a d'eisigh an GCC chun táirgeadh tionsclaíoch móna a rialáil. De ghnáth cuimsíonn obair athshlánúcháin coilíníu nádúrtha mar aon le bainistiú spriocdhírithe nó gan é. Is éard atá i gceist le hiar-úsáid ná tailte lagmóna a fhorbairt ar mhaith le húsáidí eile talún. Den 79,000 heicteár de thailte móna atá faoi úinéireacht Bhord na Móna, bhí thart ar 15,600 acu athshlánaithe faoi dheireadh 2017. Talamh imeallach is ea thart ar 12,600 heicteár agus níor forbraíodh iad. Dá bhrí sin, ní gá athshlánú a dhéanamh orthu. Tá an 51,000 ha. atá fágtha fós le hathshlánú. Díobh sin, meastar go mbeidh thart ar 9,000 heicteár (a chlúdaíonn 25 talamh móna) athshlánaithe faoi 2021. Tá sé seo faoi réir roinnt toimhdí, lena n-áirítear go mbeidh lagphortaigh ar fáil lena n-athshlánú. Féadfar cuid de na suíomhanna sin a úsáid amach anseo d'fhorbairt thionsclaíoch (m.sh. i gcomhair fuinneamh in-athnuaithe). Déanfar aon bhrefthniú ar na hathúsáidí a bhainfear astu amach anseo de réir na dtreoirlínte pleanála ábhartha agus i gcomhairle leis na húdaráis ábhartha. Déanfar athúsáidí féidearthá a brefthniú laistigh de chreat athshlánúcháin talún, faoi mar a éillonn na Ceadúnais um Rialú Comhtháthaithe ar Thruailliu.

De na 25 talamh móna breise atá le hathshlánú faoi 2021, baineann 11 acu le 12 dobharlach atá i mBaol ó thaobh gan cuspóirí na Creat-Treorach Uisce a bhaint amach. De na dobharlaigh sin, táthar ag súil go mbainfear amach na cuspóirí i gcás 11 acu faoi 2027. Tá an lag ama a mheastar a bheidh ann sula gcuirfear aisghabháil nádúrtha na n-éiceachórás i gcrích curtha san áireamh sa dáta sin. Ní bhainfear amach an cuspóir i gcás an dobharlaigh atá fágtha go dtí tar éis 2027.

De na 119 dobharlach ar aithníodh go bhfuil brú suntasach orthu mar gheall ar bhaint mhóna agus oibreacha draenála gaolmhara, táthar ag súil go mbainfear amach cuspóirí na Creat-Treorach Uisce i gcás 6 cinn acu faoi 2021. (Níl baint ag aon cheann acu le tailte móna Bhord na Móna.) Táthar ag súil go gcomhlíonfar cuspóirí na Creat-Treorach Uisce i gcás 62 dobharlach eile faoi 2027. (Díobh sin, tá baint ag 21 acu le tailte móna Bhord na Móna.) Táthar ag súil go gcomhlíonfar cuspóirí na Creat-Treorach Uisce i gcás 51 dobharlach i ndiaidh 2027. (Díobh sin, tá baint ag 25 acu le tailte móna Bhord na Móna.)

Ós rud é go n-aithníonn an GCC an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tailte lagmhóna ar chaighdeán an uisce, tá túis áite tugtha acu do na cúrsáil sin mar ábhar do thogra taighde atá le cur san áireamh ina nglao taighde 2018. Baineann an togra le measúnú ar straitéisí maolaithe chun

feabhas a chur ar chaighdeán uisce ó thailte móna draenálte. Má roghnaítear é, tá sé i gceist go ndéanfar an taighde a lánpháirtíú sna trialacha maolaithe leanúnacha atá á ndéanamh ag Bord Na Móna.

#### 7.4.2 Tailte Móna – Príomhgníomhartha don 2ú Timthriall

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na príomhgníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar na tionchair atá ar uisce de bharr móin a bheith á baint ar thailte móna.

### Príomhgníomhartha

1	<p>Tá sé ar intinn ag an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil rialacháin a dhéanamh a luaithe is féidir a éileoidh ar an GCC Measúnacht Tionchair Timpeallachta a dhéanamh maidir le baint móna atá ar siúl faoi láthair ar scála mór agus ar thograí nua chuige sin (<math>&gt; 30\text{ha}</math>) mar chuid den iniúchadh a dhéanann siad ar iarratais ar cheadúnais um Rialú Comhtháithithe ar Thruaillíú don ghníomhaíocht sin. Nuair a dhéanfar na rialacháin seo, forbrófar moltaí le haghaidh comhairliúcháin phoiblí maidir le córas rialála nua a chinnteoidh go mbeidh baint móna ar scála tráchtála níos lú (<math>\leq 30\text{ha}</math>) faoi chóras nua ceadúnaithe ag na húdaráis áitiúla ina mbeidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí riachtanach, de réir mar is cuí, agus beidh cumhactaí forfheidhmiúcháin acu freisin.</p>
2	<p>Déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, mar aon le Grúpa Forfheidhmithe Straitéis na dTailte Móna, maoirseacht ar chur i bhfeidhm Straitéis Náisiúnta na dTailte Móna agus an chéad phlean bainistíocha náisiúnta do líonra na bportach ardaithe ar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta iad. Is iad seo a leanas na príomhchuspóirí atá acu:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>▲ Creat fadtéarmach a chur ar fáil trína bhféadfar gach talamh móna laistigh den Stát a bhainistiú go freagrach lena chinntíú go ndéanfar an méid is mó is féidir ar mhaithe le leas sóisialta, chomhshaoil agus eacnamaíoch na glúine seo agus na nglún atá le teacht.</li> <li>▲ I gcás Plean Náisiúnta Bainistíocha um Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta ar Phortaigh Ardaithe iad 2017-2022, treochlár a leagan amach go sonrach ar mhaithe le bainistíocht, athchóiriú agus caomhnú fadtéarmach na bportach ardaithe faoi chosaint in Éirinn.</li> </ul>
3	<p>Cuirfidh Bord Na Móna a Straitéis Inbhuanaitheachta 2030 agus Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2016–2021, i bhfeidhm a thugann aghaidh ar athshlánú fadtéarmach na lagphortach atá acu.</p>
4	<p>Faoi 2021, déanfaidh Bord Na Móna 25 talamh móna breise a chlúdaíonn thart ar 9,000ha. a athshlánú. Tá sé seo faoi réir roinnt toimhdí, lena n-áirítear go mbeidh lagphortaigh ar fáil lena n-athshlánú.</p>
5	<p>D'aithin an GCC an t-ábhar tosaíochta seo mar ábhar do thogra taighde lena chur san áireamh ina ngairm thaighde 2018. Baineann an togra le measúnú ar straitéisí maolaithe chun feabhas a chur ar chaighdeán uisce ó thailte móna draenálte. Má roghnaítear é, tá sé i gceist go ndéanfar é a lánpháirtíú sna trialacha maolaithe leanúnacha atá á ndéanamh ag Bord Na Móna.</p>

## 7.5 Dobharlaigh a Chosaint ó Speicis Choimhthíocha Ionracha



Diúilicíní Riabhacha

Tháinig speicis choimhthíocha ionracha chun cinn mar ábhar inní ar leith le linn na bpróiseas comhairliúcháin phoiblí chun an plean seo a fhorbairt (féach Cuid 2.3). Cé go bhfuil an fhreagracht reachtach ar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta maidir le speicis choimhthíocha ionracha, is léir ó mhonatóireacht an GCC agus eolas áitiúil ó údarás áitiúla agus ó lascach Intíre Éireann (IIÉ) go bhfuil speicis choimhthíocha ionracha le fáil go forleathan ar fud na tíre.

I measc na n-iarmhaintí a d'fhéadfadh a bheith ag na speicis sin tá athrú ar éiceachóráis (trí bhruacha a chreimeadh, mar shampla), rochtain ar dhobharlaigh a chosc, bac a chur ar fhorbairt talún agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar shláinte an duine. Tá níos lú fadhbanna ag Éirinn mar gheall ar speicis choimhthíocha ionracha ná mar atá ag tíortha Eorpacha eile; mar sin féin de réir mar a tháinig méadú ar dhomhandú tugadh go leor de na speicis uisceacha ba thríoblóidí isteach sa tir le 20 bliain anuas.

Is léir ó thaithí nach bhfuil sé indéanta go teicníúil deireadh a chur leis an chuid is mó de na speicis ionracha nuair a bhíonn siad bunaithe. Is é an chéad tosaíocht atá againn ná cosc a chur le tabhairt isteach speicis choimhthíocha a d'fhéadfadh an-tionchar a bheith acu. Is é an dara tosaíocht atá againn ná na speicis choimhthíocha a dhíothú nó a rialú go héifeachtach ag na

céimeanna tosaigh, sula mbunaíonn siad iad féin go daingean sa tir.

Dá bhrí sin, is iad na príomhchúraimí chun déileáil le speicis choimhthíocha ionracha ná bearta monatóireachta, faireachas, protácaill luathrabhaidh, freagra tapa, rialú agus bithshlándáil. Cuireann an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra maoliniú ar fáil chun go bhféadfaidh an tlond Náisiúnta le Sonrai Bithéagsúlachta seirbhís a sholáthar chun faisnéis faireachais a chur i dtoll a chéile agus a scaipeadh, lena n-áirítear rabhaidh luath faoi theacht ar speiceas coimhthíoch ionrach nó faoi na rioscaí a bhaineann leis.

Beidh ról ríthábhachtach ag Foirne nua Tacaíochta agus Comhairleacha Uisce de chuid na nÚdarás Áitiúil maidir le bailiú agus bainistiú sonrai faoi speicis ionracha<sup>24</sup>. Ós rud é go mbeidh siad ag feidhmiú i ndobharcheantair na ndobharlach ina bhfuil brú suntasach ag speicis den sórt sin iontu cabhróidh siad chun fadhbanna áitiúla a aithint agus a chainníochtú. Áirítear sa treoir um Imscrúdaithe Measúnachta a d'fhorbair an GCC go bhfuil aithint speicis choimhthíocha ionracha uisceacha i measc phríomhchadanna na modheolaíochta measúnaithe agus beidh na tuarascálacha faoi Imscrúdaithe Measúnachta ina bpriomhshraitheanna sonrai chun léargas náisiúnta a thabhairt faoi na speicis choimhthíocha ionracha atá anseo.

<sup>24</sup> Tá na foirne seo, a bunaíodh faoi struchtúr oibríochta an Phlean Bainistíochta Abhantraí, freagrach as na himscrúduithe measúnachta ar na dobharcheantair.

### 7.5.1 Clár Beart chun Dul i nGleic le Speicis Choimhthíocha Ionracha Bruachánacha agus Uisceacha a bhfuil An-Tionchar Acu ar Uiscí Dromchla

**Cur i bhfeidhm Rialachán an AE (1143/2014) maidir le “tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú”** Élítéar le Rialachán an AE (Uimh. 1143/2014) maidir le “tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú” gníomhaíocht ar fud an AE chun a gcuid drochthionchar a chosc, a íoslaghdú nó a mhaolú. Faoi láthair, tá 49 speiceas liostaithe faoin Rialachán, agus tá 9 gcinn acu in Éirinn, agus ní mór aird ar leith a thabhairt orthu. B’fhéidir go gcuirfear leis an liosta seo sna blianta amach romhainn de réir mar a fheabhsaítear ár mbonn eolais.

Tá freagracht iomlán ar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta as an Rialachán a chur chun feidhme cé go mbeidh gá le go leor gníomhaithe – lena n-áirítear an pobal – chun cur chun feidhme éifeachtach a áirithíú.

Forbróidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta Pleananna Bainistíochta le haghaidh bainistiú speiceas a dtugtar tosaíocht dóibh<sup>25</sup> le linn thimhrial seo an Phlean Bainistíochta Abhantraí agus beidh an obair sin ríthábhachtach chun faisnéis a sholáthar faoi bhealaí, maolú bealaí, rialú praiticiúil agus díothú nó srianadh (mura bhfuil díothú indéanta ó thaobh na teicneolaíochta de). Tabharfar tosaíocht do speicis choimhthíocha ionracha ardthionchair atá ag céim luath sa phróiseas ionraidh, agus ar speicis iad ar féidir iad a dhíothú nó rialú suntasach a dhéanamh orthu.

#### Forbairt agus cur i bhfeidhm socruithe soiléire rialachais agus próisis comhordaithe ar fus comhlachtaí poiblí ábhartha

Tá an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ag obair le roinnt páirtithe leasmhara chun socruithe láidre rialachais a chur i bhfeidhm maidir le bainistiú speiceas coimhthíoch ionrach. Is éard a bheidh i gceist leis seo ná go sanfaidh an Rialtas freagracht maidir le speicis choimhthíocha ionracha uisceacha in Éirinn a bhainistiú. Le linn thimhrial seo an Phlean Bainistíochta Abhantraí, forbrófar cur chuige comhleanúnach, comhordaithe náisiúnta maidir le bainistiúche na speiceas ionrach. Éascóidh an cur chuige cumarsáid agus comhoibriú idir údarás ábhartha, lena n-áirítear Ranna Rialtais, lascach Intíre Éireann, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Oifig na nOibreacha

Poiblí, an GCC, údarás áitiúla, an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara agus Foras na Mara. Beidh údarás i dTuaisceart Éireann, eagraíochtaí neamhrialtasacha, páirtithe leasmhara eile agus an pobal san áireamh sa chur chuige seo.

Bunaíodh Grúpa Oibre Talmhaíochta Teagasc um Speicis Eachtracha Ionracha in 2017. Is é cuspóir an ghrúpa feasacht a spreagadh agus faisnéis a sholáthar don tionscal talmhaíochta. Tá saineolas ag an ngrúpa ó Theagasc, an tlonad Náisiúnta le Sonrai Bithéagsúlachta, ranna rialtais, Cumann Feirmeoirí na hÉireann, Coillte agus páirtithe leasmhara tionscail.

Ceann de na chéad rudaí a rinne an grúpa ab ea tú a chur le forbairt ábhar cúrsa oiliúna GLAS faoi speicis choimhthíocha ionracha (IAS). Tá an t-ábhar seo le cur i láthair ag Cúrsaí GLAS do 50,000 feirmeoir i rith 2017/18.

#### Rannpháirtíocht agus tacaíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach tionscadail IAS a áirithíú

Is saincheist thrasghearrthach iad IAS agus caithfidh raon leathan grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara a bheith páirteach san obair má táthar le déileáil go héifeachtach leo. Dá bhrí sin, tá cumas suntasach ag tionscnaimh dhobharcheantar pobail ón mbun aníos ó thaobh bearta áitiúla chun aghaidh a thabhairt ar IAS. Beidh rannpháirtíocht an phobail riachtanach chun go mbeidh rath ar an obair.

Tá eagraíochtaí mar lascach Intíre Éireann, an tlonad Náisiúnta le Sonrai Bithéagsúlachta, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra ag tosú ag obair le pobail agus le grúpaí leasmhara, go háirithe trí oifigigh Uisce agus Pobal na nÚdarás Áitiúil (LAWCO), le cabhrú chun cumas agus scileanna a forbairt chun IAS a rialú agus a bhainistiú. Má bhíonn grúpaí pobail agus páirtithe leasmhara ann atá oilte agus tiomanta is féidir leo acmhainní luachmhara a sholáthar (m.sh. taighde eolaíoch na saoránach, oilrithe deonacha, seaimpíni IAS i gclubanna) chun cur le hiarrachtaí na gcomhlactaí poiblí i réimsí monatóireachta, faireachas, córais luathrabhaidh, freagra tapa, rialú agus bithshlándáil i leith IAS.

Ina theannta sin, roghnaíodh an IAS mar thopaic lena gcur san áireamh i gclár oiliúna GLAS d’fhoífeasacht na bhfeirmeoí agus na gcomhairleoí a spreagadh agus le go mbeadh breis eolais acu faoi na bagairtí a bhaineann le speicis ionracha. Tá notaí faisnéise faoi speicis faoi leith ar fáil anois ar shuíomh Gréasáin na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara<sup>26</sup>.

25 Arna liostú i rialachán an AE 1143/2014

26 <http://www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/glas/glastraining/>

**Forbairt agus cur chun cinn na dtreoirínlínte náisiúnta maidir le bithshlándáil chun cosc a chur le tabhairt isteach agus le scaipeadh IAS, agus a n-iarmhairtí a mhaolú**

Nuir a bheidh socrutithe rialachais nearaithe le haghaidh bainistiú IAS i bhfeidhm, cuirfear cúnamh ar fáil do chomhlachtaí poiblí ábhartha a bhíonn ag obair ag bainistiú agus ag cothabháil sruthchúrsaí nó uiscí. Tabharfar cúnamh do na comhlachtaí sin chun prótacail bithshlándála a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun scaipeadh IAS a chosc. Déanfar na prótacail sin a ullmhú ar dtús d'fhoireann na gcomhlachtaí poiblí ábhartha, ach cuirfear a n-úsáid chun cinn níos leithne freisin i measc úsáideoirí eile uisce.

**Taighde maoinithe ag an GCC ar IAS**

Go dtí seo, rinne an GCC coimisiúnú ar 11 tionscadal taighde ar IAS<sup>27</sup>. Faoi láthair tá an Ghníomhaireacht ag maoiniú dhá thionscadal taighde maidir le cosc, rialú agus díothú IAS. Tá an chéad cheann á stiúradh ag Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus úsáidfear suirbhéanna agus turgnaimh chun eolas a scaipeadh agus chun bithshábháilteach a fheabhsú ag pointí ina bhféadfadh IAS teacht isteach in Éirinn, agus chun scaipeadh tánaisteach laistigh den oileán a laghdú. Tá an dara tionscadal faoi stiúir ag Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus cuirfear treoirlínte inbhuanaithe a bheidh éifeachtach ó thaobh costais de ar fáil chun rialú a dhéanamh ar phlandaí ionracha. Leanfaidh an GCC ar aghaidh ag tabhairt túis áite do thuilleadh taighde ar IAS i nglaonna maidir le taighde uisce amach anseo. Úsáidfear tortaí na dtionscadal taighde sin chun prótacail náisiúnta bithshlándála a fheabhsú agus chun ár dtuiscint ar IAS a fhorbairt roimh an tríú Phlean Bainistíochta Abhanraí in 2021.

---

27 <http://erc.epa.ie/smartsimple/>

### 7.5.2 Speicis Choimhthíocha Ionracha – Príomhgníomhartha don 2ú Timthriall

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas na príomhgníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar IAS bruachánacha agus uisceacha a bhfuil an-tionchar acu ar uiscí dromchla:

Príomhgníomhartha	
<b>1</b>	Cuirfear Rialachán an AE (1143/2014) maidir le “tabhairt isteach agus leathadh speiceas coimhthíoch ionrach a chosc agus a bhainistiú” i bhfeidhm, agus is ar an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta a bheidh an fhreagracht fhioriomlán ach beidh go leor gníomhaithe eile ag teastáil lena chinntíú go gcuirfear i bhfeidhm é.
<b>2</b>	Cuirfear socrutithe rialachais soiléire i bhfeidhm chun IAS uisceacha a bhainistiú in Éirinn, lena n-áirítear freagrachtaí a shannadh agus meicníochtaí comhaontaithe a fhobairt maidir le comhordú. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo faoi stiúir na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus déanfar iarracht comhoibriú trasteorann a chur chun cinn le déileáil leis an bhfadhb.
<b>3</b>	Beidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta ar thús cadhnaíochta maidir le pleannanaí bainistíochta a fhobairt le déileáil le IAS a dtugtar tosaíocht dóibh, agus tabharfar túis áite do IAS ard-thioncair nuair is féidir dióthú nó rialú a dhéanamh orthu.
<b>4</b>	Forbrófar treoirlínte náisiúnta bithshlándála chun cosc a chur le tabhairt isteach agus scaipeadh IAS agus chun a gcuid tionchair a mhaolú.
<b>5</b>	Le tacaíocht ó LAWCO, oibreoidh na comhlachtaí ábhartha Stáit – an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, an tSeirbhís Párceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus lascach Intíre Éireann, go háirithe – chun rannpháirtíocht agus tacaíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a úsáid chun bainistíochta agus rialú fadtéarmach IAS a áirithiú.
<b>6</b>	Trí ghlaonna taighde sa todhchaí, leanfaidh an GCC de bheith ag maoiniú taighde ar IAS, lena n-áirítear iad siúd a mbíonn tionchar acu ar an timpeallacht uisceach. Beidh tionchar ag torthaí thionscadal taighde reatha an GCC ar fhobairt na mbeart rialaithe don chéad timthriall eile den Phlean Bainistíochta Abhantraí in 2021.

## 7.6 Bearta chun Riocht Fisiciúil na Timpeallachta Uisce a Chosaint agus a Fheabhsú

Tá méadú ag teacht ar an bhfianaise go bhfuil riocht fisiciúil (hidreamoirfeolaíocht) uiscí dromchla chomh tábhachtach céanna maidir le héiceachórais shláintíúla a choimeád is atá cáiliúcht an uisce ina gcoinnítear iad<sup>28</sup>. Go sonrach, is údar imní iad leibhéal sioltachán thar a bheith ard. Lena chois sin, is féidir le bacainní fisiciúla in aibhneacha, amhail coraí dothrasnaithe, bac a chur ar ghluaiseacht uisce agus dríodar, agus is féidir leoimirce speiceas iasc áirithe faoi chosaint a chosc chomh maith, rud a théann i gcion dá réir sin ar shláinte a ndaonraí. Fuarthas i bpróiseas an tréithrithe dobharcheantar go raibh hidreamoirfeolafocht ina brú suntasach i thart ar 24% de na dobharlaigh a sainaithniodh mar a bheith *I mBaol*. As na haighneachtaí ó phróisis chomhairliúcháin an RBMP, ardaíodh ceisteanna i 29 díobh a bhain le hidreamoirfeolafocht ar bhealach amháin nó ar bhealach eile. Cé go gcuireadh feabhas suntasach ar an rannpháirtíocht idirnáisiúnta maidir le comhthuiscint a fhorbairt ar na tionchair éiceolaíocha a bhaineann le hathruithe hidreamoirfeolaiochta ar uiscí dromchla, tá a lán oibre le déanamh fós ar fud na hEorpa, go háirithe maidir leis an hidreamoirfeolaíocht a chomhtháthú ar bhealach níos ionmáine i rangú foirmiúil an stádais éiceolaíochta.

Shainaithin an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil gurb é an sprioc dheiridh córas reachtúil rialaithe a bheith i bhfeidhm chun gníomhafochtá a imríonn tionchar ar riocht fisiciúil na timpeallachta uisce a bhainistiú – chomh maith le clár tosaíochta do na huisí a n-imríodh tionchar orthu – faoin am a bheidh an tríú RBMP foilsithe i mí na Nollag 2021. Réamh-mheasann an Roinn go mbeidh an córas rialaithe bunaithe ar rioscaí agus go mbeidh sé comhréireach, agus beidh cur chuige srathaithe ann ar a n-áireofar rialacha ginearálta ceangailteacha, clárú agus ceadúnú. Chun hullmhú lena aghaidh sin, idir 2018 agus 2021, tá obair shuntasach theicniúil beartaíthe ag an EPA agus an IFI, le tacáiocht ó údaráis eile, chun córais a fhorbairt tuilleadh le haghaidh measúnú a dhéanamh ar an riocht hidreamoirfeolaíochta agus a gaol leis an éiceolaíocht. Tá na cláir oibre pleanáilte achoimrithe thíos. Go comhuaineach, faoi 2019, beidh treoir theicniúil ullmhaithe ar na cleachtais comhshaoil is fearr a bheidh ar fáil maidir le maolú na dtionchar fisiciúil- forbartha ar stádas éiceolaíoch an uisce. Ullmhófar foghné threorach ina dtabharfar comhairle do na húdaráis phleanála maidir le cuspóirí RBMP a chur san

áireamh le linn an phróisis phleanála fisiciúla (féach Roinn 7.9.1).

### 7.6.1 Clár Bearta chun Riocht Fisiciúil na Timpeallachta Uisce a Fheabhsú

#### Rialacháin leasaithe um chomhshaol agus pleánáil tugtha isteach ó bhí 2010 i leith

I rialacháin 2011 (Talmhaíocht) um Measúnacht Tionchair Timpeallachta (I.R. 456 de 2011) éilítéar próiseas scagtha agus ceada EPA d'fheirmeoirí maidir le trí ghníomhaíocht: (1) athstruchtúrú ar ghabháltais talún tuaithe (2) tús a chur le húsáid a bhaint as talamh neamhshaothraithe nó limistéir leathnádúrtha le haghaidh diantalmhaíochta agus (3) oibreacha draenála talún ar thailte a úsáidtear le haghaidh talmhaíochta. I gcás go bhfuil sé beartaíthe tabhairt faoi cheann ar bith de na gníomhaíochtaí sin, agus go sáraíonn na hoibreacha beartaíthe a) uasluachanna áirithe nó b) go gcaithfear iad a dhéanamh laistigh de (nó go mbeadh tionchar acu ar) NHA beartaíthe nó anaclann dúlra nó c) go mbeadh tionchar suntasach acu ar an gcomhshaol, ní mór iarratas a dhéanamh leis an DAFM. Breithnítear sa mheasúnú cibé acu an dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach ag na hoibreacha atá beartaíthe ar an gcomhshaol nó nach dóigh. I gcás go sainaithnítear rioscaí, ní cheadaítear oibreacha gan cead ó DAFM. Soláthraítear cosaint bhreise d'uiscí ar athruithe fisiciúla díobhálacha sna rialacháin.

Rinneadh foráil sna Rialacháin um Pleánáil agus Forbairt (Leasú) (I.R. 454) 2011 i leith na tairsi forbartha díolmhaithe maidir le draenáil bogach a laghdú ó 20 ha go 0.1 ha. Rinneadh foráil iontu chomh maith maidir leis an tairseach do MTT éigeantach le haghaidh draenála dá leithéid a laghdú go 2 ha.

#### Feabhsuithe ar Mhodhanna Measúnaithe agus ar Eolas ar Riocht Fisiciúil Uiscí Dromchla

Le taithí chur chun feidhme na Creat-treorach Uisce, ar fud AE agus laistigh d'Éirinn ar aon, léirítear go bhfuil gá le feabhas a chur ar an dóigh a gcuirtear hidreamoirfeolafocht san áireamh, go háirithe i ndáil le measúnú, monatóireacht agus tréithríú ar an stádas éiceolaíochta, agus i ndearadh agus cur chun feidhme beart chomh maith<sup>29</sup>. Bheifí ag súil leis sin ós rud é go raibh an ghné sin de cháilíocht an héiceachórais ina ábhar i measúnú le déanaí, agus tá modhanna fós ag teacht chun cinn.

28 Tionscadal REFORM FP7 AE (REstoring rivers FOR effective catchment Management: <http://reformrivers.eu/reform-results>)

29 Téarma Tagartha le haghaidh Tascgrúpa Ad Hoc ar Hidreamoirfeolaíocht (Dréacht dátaithe Feabhrá 2016) Straitéis Chomhchoiteann Cur chun Feidhme maidir leis an gCreat-treoir Uisce an Treoir um Thuilte - Clár Oibre 2016-2018.



©Iascach Intíre Éireann

D'fhéadfaí a lán buntáistí a ghnóthú ó chur chuige níos cuimsithí a ghlaicadh lena dtomhaistear rocht fisiciúil uiscí dromchla go díreach ar scála níos láidre. Áirítear ar na buntáistí bealach níos cuimsithí agus níos oibiachtúla chun imeachtaí ó rochtaí nádúrtha a thomhas, agus ar an tsú sin éascaíocht a dhéanamh ar bhunú na gcritéar le haghaidh rialachán forbartha amach anseo a bhaineann le modhnuithe ar uiscí dromchla. Leis an gcur chuige sin chomh maith cur fear ar fáil an bonn do na critéir deartha a chuirfear i bhfeidhm i dtionscadail athchóirithe gnáthóg amach anseo. Buntáiste eile a bheidh i gceist ná go soláthrófar bonn láidir agus oibiachtúil chun tacú le cinntí ar cibé acu ar ndearnadh modhnú chomh suntasach sin ar dhobharlach is go bhféadfaí é a chur san áireamh lena n-ainmniú mar Dhotharlach Dianmhodhnaithe. Tá 35 Dobharlach Dianmhodhnaithe ann ar bhonn náisiúnta faoi láthair. A luaithe is a bheidh an cur chuige cuimseach maidir le rocht fisiciúil uiscí dromchla forbartha, déanfaidh an EPA athbhreithníú ar na Dobharlaigh Dhianmhodhnaithe. Cuirfidh measúnú feabhsaithe hidreamoir feolaíochta bonn eolais faoin measúnú ag Oifig na nOibreacra Poiblí ar roghanna maolaithe tuile chomh maith, ar an gcaoi sin tacóidh sé le Pleananna um Bainistíocht Riosca Tuile.

Tá méadú ag teacht ar an bhfianaise gur féidir le lagú ar shláine fisiciúil aibhneacha, lochanna agus uisce idirchriosacha tionchar diúltach a bheith aige ar a n-éiceachórais agus mar sin ar an stádas éiceolaíochta. Cuirfear béis thábhachtach le linn an 2ú timthriall seo ar an mbonn eolais a fhorbairt lena gcuirfear ar ár gcumas a dhearbhú cé chomh suntasach is atá rochtaí fisiciúla maidir le tacú le stádas maith éiceolaíochta agus/nó stádas ard éiceolaíochta in uiscí dromchla. Le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí eile, oibreoidh an EPA chun an

bonn fianaise is gá a fhorbairt.

Chun riochtáí fisiciúla uisce dromchla a chothabháil agus, nuair is gá, a athchóiriú, chun tacú le stádas maith éiceolaíochta agus/nó stádas ard éiceolaíochta, ní mór caighdeáin chomhshaoil a fhorbairt. Le tacaíocht ó ghníomhaireachtaí stáit eile, oibreoidh an EPA le linn an 2ú timthrialla seo chun feabhas a chur ar ár dtuisint ar hidreamoirfeolaíocht na dobharlach dromchla agus na chaighdeáin chomhshaoil riachtanacha a fhorbairt.

Ar leithligh, shainaithin an IFI an gá atá ann le feabhas a chur ar an measúnú ar bhacainní feedh na n-aibhneacha (e.g. corái agus dambai) a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar réimse speiceas iasc imirceach, lena n-áirítear speicis atá faoi choisint na Treorach maidir le hÉin agus maidir le Gnáthóga. Stiúrfaidh IFI clár il-gheall sealbhóirí a bhaileoidh agus a chomhthiomsóidh sonraí chun tacú le forbairt an fhardail bacainní sin ar bhonn náisiúnta. Rangófar é sin de réir mar a chuirfidh siad imirce iasc i mbaol. Beidh an fardal sin ina bhonn eolais faoi chlár athchóirithe tosaíochta a chuirfear i bhfeidhm i dtimthriall 3. Cuirfidh an obair seo le tionscadal AE ar mhórscála chomh maith ar a dtugtar AMBER agus le tuiscint níos mó ar thionchar éiceolaíocha na mbacainní.<sup>30</sup>

D'fhorbairt an EPA agus IFI clár oibre teicniúla don tréimhse 2017–2021 chun feabhas a chur ar mhodhanna measúnaithe agus ar eolas ar rocht fisiciúil uiscí dromchla. Tá siad sin leagtha amach i dTáblaí 7.2 agus 7.3 thíos. Déanfar na cláir oibre a bhainistiú trí ghrúpaí oibre ar a ndéanfaidh na struchtúir úra rialachais agus comhordúcháin RBMP maoirseacht.

<sup>30</sup> Tionscadal taighde ildisciplíneach is ea tionscadal AMBER (Bainistíocht Oiriúnaitheach ar Bhacainní in Aibhneacha Eorpacha) ina bhfuil 20 páirtí páirteach ó 11 thír lena n-áirítear Éire, atá maoinithe ó Chlár Taighde agus Nuálaíochta Fhís 2020 an Aontais Eorpacha.

Céimeanna	2017	2018	2019	2020	2021
1. Feabhas ar eolas faoi hidreamoirfeolaíocht-caidreamh éiceolaíocha					
2. Uirlisí measúnaithe a fhorbairt					
3. Riocht hidreamoirfeolaíochta a mheasúnú					
4. Athbhreithniú ar ainmnithe dianmhodhnaithe					
5. Príomhtháscaire a fhorbairt agus clár monatóireachta a chomhaontú					
6. Bearta cuí a shainainthint					
7. Clár athchóirithe tosaíochta a fhorbairt agus a chomhaontú					
8. Caighdeán cháilfocha chomhshaoil a fhorbairt					
9. Uirlisí a oiriúnú le haghaidh measúnú a dhéanamh ar fhorbairt atá bearaithe					

**Tábla 7.2 - Amlíne ardleibhéal do chlár oibre náisiúnta hidreamoirfeolaíochta an EPA (aibhneacha, lochanna agus uiscí cósta)**

Céimeanna	2017	2018	2019	2020	2021
1. Céim an chur ar bun tosaigh					
2. Uirlis measúnaithe bacainní a fhorbairt a bheidh comhsheasmhach le dea-chleachtas reatha AE					
3. Clár cuimsitheach de shuirbhéanna bacainní agus measúnú riosca i gcomhréir leis na hacmhainní a bheidh ar fáil					
4. Stóráil bunachair shonraí d'fhardal náisiúnta bacainní chun críche ceistiúcháin agus túis áite a thabhairt do bhacainní lena maolú					
5. Beartú tosaíochta struchtúr lena maolú agus sceideal le haghaidh oibreacha beartaithe atá le déanamh i 3ú timthriall an RBMP					
6. Soláthar doiciméad treorach maidir le roghanna maolaithe struchtúraigh agus céadanna/suirbhéanna a theastaíonn i gcomhair maolú bacainní					

**Tábla 7.3 - Amlíne ardleibhéal do bhacainní leibhéal ar chlár oibre imirce**

### Bearta maolaithe corporaithe i gclár cothabháil draenála Oifig na nOibreacha Poiblí

Faoin Acht Dréineála Airtéirighe, 1925, tá sé de dhualgas Oifig na nOibreacha Poiblí obair chothabhála a dhéanamh ar líonra na gcainéal ar a ndearnadh draenáil artaireach. Ó 1990 i leith, d'oibrigh Oifig na nOibreacha Poiblí le IFI agus a réamhtheachtaithe chun straitéisí cothabhála a fhorbairt lena laghdófaí an drochthionchar ar ghnáthóga lena bhféadfaí tairbhe ghnáthóige a sholáthar<sup>31</sup>. Bhí comhthiomsú de shraith Prótacl Bainistíocha Comhshaoil agus Nósanna Imeachta Caighdeánacha Oibriúcháin mar thoradh air sin<sup>32</sup>. Gach bliain, déanann Oifig na nOibreacha Poiblí cothabháil ar thart ar 2,000 km de chainéil ina líonra, ag cloí leis na nósanna imeachta um chothabháil draenála comhshaoil chun an tionchar ar an gcomhshaoil a íoslaghdú. Soláthraítear sa treoir acmhainneacht le haghaidh choinnéail shuntasach na ngnáthóga bruachánach agus le haghaidh athrú na hidreamoirfeolaíochta ionsrutha i suíomhanna oiriúnacha chomh maith.<sup>33</sup> Baintear an ceann deireanach sin a luadh amach trí thochailtí ar féidir an trasghearradh aonfhoirmeach agus/nó fadphróifil an chainéil a athrú leis. Is é seo costas rogha nialais toisc go mbeidh an t-innealra riachtanach ar an láithreán. De dheasca nascacht tuilemhá laghdaithe i gcainéil ar a ndearnadh draenáil artaireach laghdaítear scóir fhioriomlána na Teicníce Measúnaithe (TMC-Aibhneacha)<sup>34</sup> hidreamoirfeolaíochta Abhann don limistéar ar a ndearnadh staidéar Is féidir scóir Mhaithe agus Arda a fháil i leith an chainéil, áfach, le haghaidh cuid de na 8 n-airí a scóráladh i measúnuithe TMC-Aibhneacha.

Éascaíonn treoir um chomhshaoil Oifig na nOibreacha Poiblí scóir Mhaithe agus Arda a bhaint amach le haghaidh roinnt de na n-airónna hidreamoirfeolaíochta a measúnaíodh.

Thar an dara timthriall, leanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí le cothabháil a dhéanamh ar 2,000 km de chainéil gach bliain. Tá an acmhainneacht le cur chun feidhme láidir na nósanna imeachta comhshaoil tionchair dhíobhálacha ar an gcomhshaoil a íoslaghdú agus athrú dearfach hidreamoirfeolaíochta a chur i gcrích i gcainéil draenáilte. In 2008, thionscain Oifig na nOibreacha Poiblí agus IFI clár úr ar a dtugtar an Clár Comhshaoil um Fheabhsú Aibhneacha (EREP), agus tá sé sin i bhfeidhm

faoi láthair. Tá an bhéim sa EREP ar fheabhas hidreamoirfeolaíochta a bhaint amach trí dhá phríomhshnáithe – oibreacha sainiúla um fheabhsú aibhneacha a chur chun feidhme, amhail gairbhéal sceathraí a iompórtáil, agus modhanna comhshaoil a chur chun feidhme i gcothabháil cainéal, amhail athrú ar ghrinneall an chainéil chun seichimh sleamhnú ó linn go scarbhán níos nádúrtha a chruthú. Leanfar leis an gClár le linn an 2Ú timthrialla.

### Pasáiste iasc a fheabhas i ndobharcheantar na Sionainne

In Alt 7.6.1 léiríodh an clár atá á stiúradh faoi láthair ag IFI chun fardal bacainní ar uibheacha a fhorbairt ar bhonn náisiúnta. Rangófar é sin de réir mar a chuirfidh siad imirce iasc i mbaol agus de réir bhaint amach chuspóirí na Creat-treorach Uisce agus na Treorach maidir le Gnáthóga. Beidh an fardal sin ina bhonn eolais faoi chlár athchóirithe tosaíochta a chuirfear i bhfeidhm i dtimthriall 3.

I ndáil le dobharcheantar na Sionainne, is eol go bhfuil tionchar ag láithreacht roinnt struchtúr de dhéantús an duine ar an tSionainn, lena n-áirítéar Damba an Phairtí, ar imirce iasc, suas an abhairn agus síos an abhairn araon. Áirítéar ar na speicis atá buailte, bradáin, eascanna, breac geal, sead fhallacsach, sead alósach agus loimpre mhara. Cé go bhféadfadh tionchar diúltach bheith ag struchtúir de dhéantús an duine ar stoic iasc, tá baint ag ceisteanna eile – lena n-áirítéar rátaí marthana muirí, truailliú uisce agus athrú aeráide – leis chomh maith. Chun an réiteach is fearr ag an bPairtín a chinneadh agus chun tionchar na mbacainní ar imirce iasc go ginearálta i ndobharcheantar na Sionainne a bhreithniú, bunóidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Grúpa Stiúrtha chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhas a dhéanamh ar an bpásáiste iasc ar fud an dobharcheantair. Agus an réiteach is fearr á chinneadh, tabharfaidh an Grúpa Stiúrtha aird ar na ceanglais shocheacnamaíocha, chomhshaoil agus páirtithe leasmharaí i gcoitinne i nDobharcheantair na Sionainne agus ar oibleagáidí na hÉireann faoi threoracha AE. Beidh ionadaithe IFI, Fhoras na Mara, Uiscebealaí Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí, an SPNF, Bhord Soláthair an Leictreachais (BLS) agus Uisce Éireann ar an nGrúpa Stiúrtha. Beidh an Ghrúpa faoi chathaoirleacht na Roinne Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil agus

31 King, J. J., O' Grady, M. F. and Curtin, J. (2000) The Experimental Drainage Maintenance (EDM) programme: engineering and fisheries management interactions in drained Irish salmonid channels. Verh. Internat. Verein. Limnol. 27, 1532-1535

32 <http://www.opw.ie/media/OPW%20Environmental%20Management%20Protocols%20&%20SOPs%20April%20202011.pdf>

33 King, J.J., Lehane, B.M., Wightman, G.D., Dooley, R. and Gilligan, N. (2011) Development and implementation of environmental protocols in river maintenance in Ireland. Water and Environment Journal, 25, 422 - 428.

34 [http://www.epa.ie/wfdstatus/rivers/RW\\_RHAT\\_training\\_guide\\_final\\_20\\_04\\_09.pdf](http://www.epa.ie/wfdstatus/rivers/RW_RHAT_training_guide_final_20_04_09.pdf)

déanfaidh sé a moltaí laistigh 18 mí óna bhunú. Mar chuid den réiteach foriomlán ar na fadhbanna a bhaineann le himirce iasc, déanfaidh an Grúpa moltaí maidir leis an sásra maoiniúcháin is oriúnaí do chlár feabhsúcháin imirce iasc na Sionainne. Tá sé beartaithe chomh maith go gcuirfear plean monatóireachta agus meastóireachta i bhfeidhm chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an chláir. Lena chois sin, cuirfear socrutithe i bhfeidhm le bheith rannpháirteach le grúpaí páirtithe leasmhara áitiúla a bhfuil suim acu i mbainistíocht iascaigh. Leis an bpróiseas rannpháirtíochta coinneofar na grúpaí sin ar an eolas faoi dhul chun cinn agus tuairimí á lorg acu ar na réitigh a bheidh á mbreithniú ag an nGrúpa Stiúrtha.

#### Tacaíocht a thabhairt i leith tionscadail taighde

Thionscain an EPA roinnt tionscadal taighde mar fhreagairt ar an riachtanas um dhul i ngleic le rocht fisiciúil uiscí dromchla. Áirítear ortha sin tionscadal SILTFLUX<sup>35</sup> (a críochnaíodh in 2017), a raibh sé d'aidhm leis tuiscint níos fearr a fhorbairt ar fhlosc dríodair mhín in Éirinn agus tionchair éiceolaíocha an tsoltacháin. Tá sé mar aidhm le tionscadal COSAIN<sup>36</sup> measúnú a dhéanamh ar tionchar comhshaoil, éiceolaíoch agus socheacnamaíoch na mbeart atá ann agus na mbeart ionchasach lena gcuirtear cosc ar rochtain eallach ar shruthchúrsaí. Críochnófar an tionscadal in 2018.

Tá sé mar aidhm le tionscadal DETECT<sup>37</sup> il-éifeachtaí na strusairí comhshaoil atá ag gníomhú ar aibhneacha agus lochanna a fhuascailt, lena n-áirítear maolú fisiciúil na ngnáthóg agus beidh sé críochnaithe faoi 2020. Tá sé mar aidhm le tionscadal RECONNECT<sup>38</sup>, atá á reáchtáil go dtí 2019, modheolaíocht a fhorbairt chun bacainní a shainaithe agus chun túis áite a thabhairt do bhacainní lena modhnú nó lena dtógáil. Sa tionscadal sin táthar ag breathnú ar thionchar socheacnamaíoch thíogáil/mhodhnú na gcoráí agus tugtar na tortaí ar fad le cheile ann chun modheolaíocht ilchrítéar bhailíochtaithe um thacaíocht cinntí i sholáthar chun bonn eolais a chur faoi chinntí i ndáil le rogha bacainne (bacainní) lena dtógáil nó lena modhnú. Déantar measúnú sa tionscadal chomh maith ar thionchar éiceolaíoch agus hidreamoirfeolaíochta na struchtúr is comhchoiteanna in Éirinn, coraí den chuid is mó. Tacóidh na haschuir ón tionscadal sin le clár thuasluaithe IFI chun catalóg náisiúnta bacainní ar imirce iasc a chruthú.

35 SILTFLUX: <http://77.74.50.157/siltflux/>

36 COSAINT: <https://www.dkit.ie/centre-freshwater-environmental-studies/research-projects/lake-catchment-management/cosaint-project>

37 DETECT: <https://www.afbini.gov.uk/articles/detect-project>

38 RECONNECT: <http://www.ucd.ie/reconnect/>

**7.6.2 Riocht Fisiciúil na Timpeallachta Uisce a Fheabhsú agus a Chosaint –  
Príomhgníomhaíochtaí don 2ú Timthriall**

Leagtar amach thíos príomhgníomhaíochtaí an RBMP maidir le hidreamoirfeolaíocht:

<b>Príomhgníomhaíochtaí</b>	
<b>1</b>	Leanfaidh rialacháin atá ann, ina 1) ndéantar soláthar do MTT maidir le maolú a dhéanamh ar na hathruithe talamhúsáide pleánálte ar uiscí agus (2) lenar laghdaíodh an tairseach forbartha díolmhaithe do dhraenáil ar bhogaigh ó 20 ha. to 0.1 ha., le cur le huiscí dromchla a chosaint ar mheath.
<b>2</b>	Cuirfidh an EPA feabhas ar mhodhanna measúnaithe agus ar eolas ar riocht fisiciúil uiscí dromchla trí líon gníomhaíochtaí, lena n-áirítear forbairt Innéacs Cáiliúchta Moirfeolaíochta d'aibhneacha na hÉireann agus úsáid fheabhsaithe as GIS chun measúnú a dhéanamh ar lochanna, uiscí idirchriosacha agus uiscí cósta.
<b>3</b>	Le tacáiocht ó ghníomhaireachtaí eile, forbróidh an EPA chun an bonn fianaise is gó chun an nasc idir sláine fhisiciúil na n-uiscí dromchla agus an stádas éiceolaíochta a dhearbhú. Saineoidh an EPA dálaí tacáiochta comhshaoil cuí chomh maith maidir le hidreamoirfeolaíocha.
<b>4</b>	Stiúrfaidh IFI clár il-gheallsealbhóirí a bhaileoidh agus a chomhthiomsóidh sonraí chun tacú le forbairt an fhardail bacainní sin ar imirce iasc ar bhonn náisiúnta.
<b>5</b>	Cuirfear na bearta maolaithe atá corporaithe i gclár cothabháil draenála Oifig na nOibreacha Poiblí i bhfeidhm le haghaidh oibreacha dá leithéid.
<b>6</b>	Bunóidh an tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil Grúpa Stiúrtha chun athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh maidir le feabhas a dhéanamh ar an bpasáiste iasc ar fud an dhobharcheantar na Sionainne laistigh de thréimhse an Phlean sin.
<b>7</b>	Cuirfear sraith de 4 thionscadal taighde EPA a bhaineann le hidreamoirfeolaíocht (SILTFLUX, COSAINT, DETECT agus RECONNECT) i gcrích, agus bainfear úsáid as a n-aschuir chun bonn eolais a chur faoi ghníomhaíochtaí amach anseo chun maolú a dhéanamh ar iarmháirt na dtionchar hidreamoirfeolaíocha.

## 7.7 Dul i nGleic le Brúnna Astarraingthe

Ceanglaítear sa Chreat-treoir Uisce tarraingtí uisce dromchla nó screamhuisce ar dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach acu ar stádas an uisce. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag an Roinn Tíortha, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar an gcreat rialála le haghaidh tarraingtí uisce (féach Cuid 7.7.2 thíos). Tabharfar tograí úra ar aghaidh agus beidh siad ina n-ábhar i gcomhairliúchán poiblí in 2018. Tá sé beartaithe go ndíreofar sa chórás rialaithe ar na tarraingtí is mó, ag aithint nach gceanglaítear rialuithe sa Treoir ar tharraingtí nach bhfuil éifeacht shuntasach acu ar stádas na ndobharlach. Rachfar i ngleic sa chórás rialaithe úr leis na tarraingtí ar fad ó uiscí dromchla agus screamhuisce, lena n-áirítéar taiscumair. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara sa chomhthéacs sin nár aimsigh an EPA brú tarraingtí ach i 254 (6%) dobharlach ar bhonn náisiúnta mar go bhféadfadh siad a gcuspóirí comhshaoil a chur i mbaol. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ag an EPA ar na rioscái sin ar na dobharlaigh ó bhrúnna tarraingtí. Is cosúil go mbeidh an fíorleibhéal tionchair níos lú ná 6%.

### 7.7.1 Measúnú Riosca um Tharraingtí agus Tréithriú Abhantrach

Chun críche an RBMP seo, rinne an EPA measúnú cainníochtúil ar mhéideanna tarraingtí agus chuir siad i gcomparáid iad le sreabhadh nádúrtha measta d'aibhneacha, leibhéal uisce do lochanna agus leibhéal screamhuisce do dhabharlaigh screamhuisce. Tá méideanna na ttarraingtí a úsáideadh don mheasúnú bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil faoi tharraingtí. Baintear an fhaisnéis sin ó bunachar sonraí tarraingtí a chomhthiomsaigh an EPA le déanaí. Cumhdaítear faoi na sonraí thart ar 2,507 tarraingt, a bhfuil 1,190 díobh ina soláthairtí uisce óil phoiblí, a bhfuil 608 díobh ina ngrúpsholáthairtí uisce nó ina scéimeanna a fhoinsítear go príobháideach agus baineann thart ar 709 le suiteálacha tionscláiocha, plandaí uisce buidéalaithe, gléasraí giniúna cumhactha, cairéil, mianaigh, scoileanna agus soláthairtí príobháideacha. Tá thart ar 1,120 de na tarraingtí sa bhunachar sonraí foriomlán níos mó ná 100 m<sup>3</sup>/sa lá. Astu sin, baineann 85 díobh le saoráidí tionscláiocha ceadúnaithe.

Léirítear sa mheasúnú go bhfuil an leibhéalriosca i ngeall ar bhrúnna tarraingthe in Éirinn íseal. Ar bhonn náisiúnta, as iomlán de 3,192 dobharlach abhann agus 812 dobharlach locha, sainaithníodh 137 dobharlach abhann (4%) agus 76 dobharlach locha (9%) lena n-athbhreithniú tuilleadh lena dhearbhú an bhfuil cuspóirí comhlacthaí na ndobharlach sin á gcur i mbaol

le tarraingtí. As iomlán de 513 dobharlach screamhuisce, sainaithníodh 41 (8%) dóibh lena n-athbhreithniú tuilleadh lena dhearbhú an bhfuil cuspóirí na ndobharlach dromchla sin á gcur i mbaol le tarraingtí screamhuisce. Déanfar measúnú níos mionsonraithe de réir cáis anois lena dhearbhú an bhfuil ag teip go deimhin ar an 254 dobharlach sin a gcuspóirí a chomhlionadh faoin gCreat-treoir Uisce de dheasca tionchar ó bhrúnna tarraingtí. Déanfar an measúnú sin le linn chúrsa an timthrialla pleanála abhantrach suas go dtí 2021. Nuair is gá, sainaithneofar na bearta ceartaitheacha is gá, agus déanfar bearta chun dul i ngleic leis na brúnna sin nuair a thiocfaidh siad chun cinn.

### 7.7.2 Clár Beart chun Dul i nGleic le Brúnna ó Tharraingtí

#### Creat Rialála le haghaidh Tarraingtí Uisce Reachtaíocht á hUillmhú

I mí na Nollag 2017, d'fhaomh an Rialtas tosach oibre ar Scéim Ghinearálta maidir le Bille um Thimpeallacht Uisce (Tarraingtí) agus tá sé beartaithe é a fhoilsíú i Samhradh 2018 agus é a achtú faoi dheireadh 2018. Baineann an bille le forbairt creatra rialála cuí do na tarraingtí ar fad níos mó ná 25 m<sup>3</sup>/sa lá.

Cé go bhfuil sé beartaithe ag an Rialtas reachtaíocht a fhoilsíú faoi shamhradh 2018, tabharfar faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí fhairsing roimhe sin. Bhí rannpháirtfacht tosaigh ar siúl le príomhghráupaí páirtithe leasmhara cheana. Cuirfear tú le comhairliúchán poiblí ar an gcreat rialála agus reachtaíocht bheartaithe i Ráithe 2, 2018.

Tá sé beartaithe go mbeidh creat rialála amháin do na tarraingtí uisce ar fad. Rachfar i ngleic sa chórás úr leis na tarraingtí ar fad ó uiscí dromchla agus screamhuisce ar aon.

Faoi réir thoradh an comhairliúcháin phoiblí, déanfar na hAchtanna 1942 agus 1964 atá ann cheana lena rialaithe tarraingt uisce ag údarás seirbhísí uisce a aisghairm, agus bunófar píosa aonair reachtaíochta príomhúla lena rialaithe tarraingtí uisce. Beidh an cur chuige maidir leis an rialachán bunaithe ar riosca (féach Tábla 7.4 thíos). Rachfar i ngleic le tarraingtí a mbaineann riosca íseal leo don chomhshaol trí bhithin clárúcháin agus rialacha ginearálta ceangailteacha amháin. Teastóidh údarú i leith gníomhaiochtai ardsraithe: d'fhéadfadh ceadúnas "simplí" nó ceadúnas "casta" bheith i gceist leis sin, ag brath ar mhéid na tarraingthe agus an riosca do thimpeallacht an uisce.

Ba cheart don chur chuige a ghlaofar a bheith comhsheasmhach le prionsabail na rialála níos fíorr agus comhréireacht, comhsheasmhacht a áirithíú, an costas ar an oibreoir agus ar an

gcáiníocóir a laghdú, agus an t-ualach riarrachán a laghdú gan dochar a dhéanamh i gcomhthéacs chosaint éifeachtach an chomhshaoil.

Leibhéal an Údaraithe	Tairseach Mhéis agus Tarringtí
Tá rialacha ginearálta ceangailteacha amháin i bhfeidhm	< 25 m <sup>3</sup> /sa lá
Tá maidir le clárú agus rialacha ginearálta ceangailteacha i bhfeidhm	25–250 m <sup>3</sup> /sa lá
Ceadúnas simplí ag teastáil i gcás go bhfuil dobharlach i mBaol ó tharraingt (Clár riachtanach chomh maith)	251–1,000 m <sup>3</sup> /sa lá <sup>39</sup>
Ceadúnas casta i bhfeidhm (Clárú riachtanach chomh maith.)	> 1,000 m <sup>3</sup> /sa lá

**Tábla 7.4 - Céimiúlacht rialála tháscach maidir le tarraingtí uisce agus na tairseacha méide lena mbaineann (tairseacha faoi réir comhairliúchán poiblí)**

Chun comhthéacs éigin a chur ar fáil do na tairseacha atá beartaithe is ionann 25 m<sup>3</sup> sa lá agus an úsáid iomlán laethúil uisce le haghaidh thart ar 100 líon tí. Táthar ag súil go dteastóidh ceadúnú i leith na soláthairtí uisce phoiblí uile a sholáthraíonn Uisce Éireann má tá siad ag tarraingt ó dhobharlaigh i mBaol, toisc go sáraíonn siad an tairseach 250m<sup>3</sup>/sa lá. Le haghaidh grúpscéimeanna uisce, tá sé measta go sáróidh níos mó ná leath na grúpscéimeanna uisce reatha a tharraingíonn a n-uisce féin an tairseach 25 m<sup>3</sup>/sa lá agus beidh orthu clárú. Tá sé tuartha, áfach, nach sroichfidh a oiread grúpscéimeanna an tairseach um cheadúnú. Tá sé measta go sáróidh feirmeoírí ag a bhfuil 200 bó dhéiríochta níos mó an tairseach chlárúcháin 25 m<sup>3</sup>/sa lá agus beidh orthu clárú. Níltear ag dréim le feirmeoírí ar bith an tairseach 250 m<sup>3</sup>/sa lá a shárú.

Déanfar iarratais ar cheadúnas a mheasúnú i gcoinne critéir chomhshaoil chun comhlíonadh chuspóirí na Creat-treorach Uisce, ina n-aonar agus le chéile, a chinntíú. Tá sé beartaithe ag an EPA samhail ríomhairithe um shreabhadh nádúrtha a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na dtarraingtí ar shreafáil nádúrtha chun críche ceadúnaithe. Bunófar clár tarraingtí ar dtús chun cuidiú leis an EPA measúnuithe a dhéanamh ar na tionchair charnacha ó tharraingtí.

Déanfar tarraingtí reatha níos mó ná 250 m<sup>3</sup>/sa lá a athbhreithniú chun scrúdú a dhéanamh ar riosca féideartha ar bith do chuspóirí na Creat-treorach Uisce. Nuair is gá, cuirfear cláir um bearta chun feidhme mar chuid de chéad timthriall eile an RBMP chun dul i ngleic leis na rioscaí a shainainthneofar. Ceadófar tarraingtí úra os cionn 250 m<sup>3</sup>/sa lá, agus iad siúd lena dteastaíonn MTT

nó MO, faoi réir cheanglais na Creat-treorach Uisce a chomhlíonadh.

Níl sé beartaithe táille a ghearradh ar tharraingt uisce. I gcás tarraingeoirí mórscléala, áfach, is dócha go mbeidh táille ceadúnaithe i bhfeidhm chun costais riarrachán an chórais cheadúnaithe a chumhdach.


#### Clár Tarraingtí Uisce

I Ráithe 2, 2018, déanfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil rialachán lena mbunófar clár náisiúnta cuimsitheach tarraingtí uisce, a thabharfar cothrom le dáta ar bhonn seasta. Córas féinchláraithe ar líne a bheidh sa chlár sin. D'fhorbair an EPA an córas ar ardán bogearraí an CRM. Ní mór sonraí gach tarraingtí os cionn 25 m<sup>3</sup>/sa lá a chlárú leis an EPA faoi dháta ordaithe.

Uillmaíodh treoir ina soláthrófar comhairle don tarraingeoir uisce ar an dóigh le méideanna tarraingtí a mheas ar bhonn chineál agus mhéis na gníomhaíochta is cúis leis an tarraingtí.

Meastar in obair a rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil go sáróidh idir 2,500 agus 3,000 tarraingtí an tairseach um chlárú de 25m<sup>3</sup>/sa lá agus caithfear iad a chlárú (Féach Léaráid 7.2).

<sup>39</sup> D'fhéadfadh ceadúnas casta bheith i bhfeidhm i gcás tarraingtí sa raon méide sin, ag brath ar leibhéal an riosca do thimpeallacht an uisce. Dearbhófar an riosca le linn scagtha don mheasúnú comhshaoil agus do mheasúnú oiriúnachta mar a cheangláitear le Treoir an MTT agus leis an Treoir maidir le Gnáthóga.



**Figiúr 7.2 - Líon meastachán na dtarraingtí os cionn 25m³ sa lá ag an tionscal/earnáil**

Ag coinneáil le prionsabail Choinbhinsiún Aarhus maidir le rochtain ar fhaisnéis, rannpháirtíocht phoiblí agus rochtain ar cheartas, coinneofar na sonraí ar an gclár agus cuir fear ar fáil don phobal iad.

#### Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce

Tá freaghracht reachtúil ag Uisce Éireann as bainistíocht chuí agus éifeachtach acmhainní uisce a chinntí ar bhonn náisiúnta, agus as a chinntí go bhfuil rochtain ag gach custaiméir ar sholáthar sábhálte agus slán uisce óil. Freastalaíonn scéimeanna soláthair uisce phoiblí ar 83% den daonra faoi láthair. Oibríonn Uisce Éireann 790 ionad cóireála uisce, ag tarraingt as thart ar 1,173 pointe tarraingthe, roinnte a bheag is a mhór go 70% screamhuisce agus 30% uisce dromchla. I gcomhthéacs méid, tagann thart ar 80% den uisce óil phoiblí as foinsí uisce dromchla, agus thart ar 20% ag teacht ó screamhuisce.

Chun seachadadh soláthair shábhálte agus shláin uisce óil a chinntí, tá Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce á fhorbairt ag Uisce Éireann. Déanfar breac-chuntas sa Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce ar an dóigh a mbogfaidh Uisce Éireann i dtreo soláthar inbhuanaithe, slán agus iontaofa uisce óil thar thréimhse 25 bliain, agus an comhshaoil á chosaint agus tionchair fhéidearthá an athraithe aeráide ar acmhainní uisce á mbreithniú. Foilseofar an Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce le haghaidh comhairliúchán poiblí le linn 2018.

Agus an Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce á fhorbairt, tá na gníomhaíochtaí seo a leanas á ndéanamh ag Uisce Éireann:

- Measúnú ar infhaighteacht na n-acmhainní uisce ar an leibhéal náisiúnta (lena n-áirítear lochanna, aibhneacha agus screamhuisce)
- Measúnú ar an éileamh ar uisceanois agus amach anseo ó thithe, ó ghnólachtaí, ó feirmeacha agus ón tionscal
- Sainaithint limistéar ina bhfuil easnaimh soláthair uisceanois agus easnaimh soláthair uisce a bheidh ann amach anseo, ag cur san áireamh gnáthdhálaí aimsire agus drochaimsire
- Sainaithint, forbairt agus measúnú ar roghanna chun cuidiú freastal ar easnaimh fhéidearthá i soláthairtí uisce
- Breithniú thionchair an athraithe aeráide ar acmhainní uisce na hÉireann
- Plean Triomaigh a fhorbairt ina molta na bearta ba cheart a dhéanamh roimh thriomach agus ina dhiaidh

Ionchuirtear na gníomhaíochtaí sin i gcruthú réamhaisnéisí um chothromaíocht soláthair – élimh le haghaidh soláthairtí uisce phoiblí. Baineann an réamhaisnéisiú le torthaí inbhuanaithe a ríomh, i.e. méid an uisce atá ar fáil lena úsáid ag gach pointe tarraingthe, ag cur san áireamh an ceanglas maidir le dálaí sreafa éiceolaíochta sláintiúla a choimeád, d'fhor a bheith comhsheasmhach le baint amach chuspóirí comhshaoil na Creat-treorach Uisce. Bunaíodh comhthuiscint ar dhálaí sreafa éiceolaíochta sa Treoir Eorpach (Treoir CIS Nóta Uimh. 31 – Sreafaí éiceolaíochta i gcur chun feidhme na Creat-treorach Uisce), agus forbrófar é

sin in Éirinn tríd an gCreat Náisiúnta Rialála beartaithe maidir le Tarraingtí. Déantar an toradh inbhuanaithe a ríomhtar do gach tarraingt a chothromú i gcoinne éilimh thuatha ar sholáthairtí uisce don chéad 25 bliain amach romhainn.

Agus an Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce á ullmhú, beidh ar Uisce Éireann an creat rialála úr le haghaidh tarraingtí uisce a thuairiscítear thusa a chur san áireamh.

#### **Feabhsuithe ar an gClár Náisiúnta maidir le Monatóireacht Hidriméadrachta**

Teastaíonn sreabhadh iontaofa agus/nó meastacháin chothroma le haghaidh dobharlaigh aonair chun tionchar carnach na dtarraingtí ar dhobharlaigh a dhearbhú. Chun soláthar a dhéanamh ina leith sin, tá an fhreagrácht ag an EPA as an gClár Náisiúnta maidir le Monatóireacht Hidriméadrachta faoi Alt 64 den Acht EPA (1992).

#### **7.7.3 Ag Dul i nGleic le Brúnna Tarraingtí Uisce – Príomhgníomhaíochtaí don 2ú Timthriall**

Leagtar amach thíos na príomhgníomhaíochtaí ina ndíritear ar dhul i ngleic le brúnna tarraingtí don 2ú timthriall:

<b>Príomhgníomhaíochtaí</b>	
<b>1</b>	Déanfaidh an EPA measúnú eile ar an 6% de na dobharlaigh a sainaithníodh lena n-athbhreithniú tuilleadh chun a dhearbhú má chuirtear cuspóirí comhshaoil na ndobharlach faoin gCreat-treoir Uisce i mbaol le tarraingtí. Tabharfaidh an EPA comhairle maidir leis na bearta cuí chun na brúnna a sainaithníodh a mhaolú.
<b>2</b>	Déanfaidh an tAire Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil rialacháin i Ráithe 2, 2018, chun clár náisiúnta cuimsitheach agus cothabháilte le haghaidh tarraingtí uisce níos mó ná 25 m <sup>3</sup> /sa lá a bhunú.
<b>3</b>	Déanfaidh an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil comhairliúchán maidir lecreat rialála do tharraingtí níos mó ná 25 m <sup>3</sup> /sa lá chun an reachtaíocht phríomhúil a chur ar aghaidh chuig Tithe an Oireachtas lena mbreithniú níos déanaí in 2018.
<b>4</b>	I ndiaidh comhairliúchán poiblí, foilseoidh Uisce Éireann Chéad Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce na hÉireann faoi dheireadh 2018.

In 2017 thug an EPA a athbhreithniú ar an gClár Náisiúnta Hidriméadrachta maidir le riachtanais amach anseo i gcrích. Tugadh aghaidh san athbhreithniú ar shainmhíniú an lónra náisiúnta, freagrachtaí soláthraithe sonrai hidriméadrachta eile agus na ceanglaí um chothabháil le haghaidh láithreán sa lónra atá faoi fhreagrácht an EPA agus údarás áitiúil. Rinne an EPA a cumas samhlaithe a uasgrádú chomh maith chun measúnuithe níos mionsonraithe ar chothromú uisce a éascú chun tacú le cinntí bainistíochta acmhainní uisce amach anseo.

Mar fhreagáirt ar athbhreithniú an EPA, chuir roinnt údarás áitiúil túis le huasgrádú a dhéanamh ar lón stáisiún hidriméadrachta lena chinntíú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm. B'fhéidir go mbeadh ar údarás áitiúla cláir chothabhála le haghaidh stáisiúin mhonatóireachta a thabhairt cothrom le dáta mar fhreagáirt ar athbhreithniú an EPA.

## 7.8 Forléargas ar Bhearta chun dul i ngleic le brúnna eile

Sna fo-ailt roimhe seo leagadh amach an clár beart a dhíritear ar dhul i ngleic leis na brúnna suntasacha is tábhactaí laistigh den cheantar amhantraí. San fho-alt seo leagtar amach na bearta atá beartaithe chun dul i ngleic le brúnna eile, eadhon, talamhúsáid agus pleanál, riosca tuile, athrú aeráide, luaidhe in uisce óil agus ceimiceáin ghuaiseacha.

### 7.8.1 Uisce agus Pleanál Talamhúsáide

Aithnítear sa RBMP an gá atá le haillíníú agus comhtháthú leis an gcóras pleanála chun bainistíocht éifeachtúil uisce agus comhoiriúnacht idir fás pleanálte agus inbhuanaitheacht an chomhshaoil a chinntiú.

Tá pleanál in Éirinn ríthábhachtach d'fholláine na ndobharlach. Teastaíonn uainn déanamh pleananna ar an leibhéal straitéiseach agus breithniú cúramach a dhéanamh ar iarratais ar chead pleanála. Leis an gcóras pleanála, dá réir sin, cuidítear go mór le cuspóirí uisce trína chinntiú go seachnófar forbairt lena mbainfeadh riosca ar an gcéad dul síos, más féidir, agus trí choinníollacha ionchuí pleanála a chuimsiú i gceadanna pleanála d'fhorbairt úr.


Laistigh den chéimiúlacht phleanála, tá lón pleananna náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhainistíocht uisce agus ar cháilíocht an uisce. Bunaítear leo sin an comhthéacs spásúil le haghaidh forbairt

agus fás inbhuanaithe, agus leagtar amach iontu cuir chuige bearta chun na tionchair ar an gcomhshaoil a laghdú agus a mhaolú.

Ag buaic na céimiúlachta pleanála tá an Creat Náisiúnta Pleanála (CNP) – clár an Rialtais i ndiaidh an Phlean Náisiúnta Spásúil Straitéis (Léaráid 7.2). Beidh trí Straitéis Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha (SRSEanna) faoin CNP agus ní foláir, dá réir sin, go mbeadh pleananna forbartha contae agus cathrach comhsheasmhach leo.

Cuireadh comhairliúchán poiblí ar an dréacht-CNP i gcrích in 2017 agus bhí sé faoi réir Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST). Foilsíodh an CNP i dtús 2018. Beidh na trí SRSE, atá faoi réir MST chomh maith, faoi réir comhairliúchán poiblí.

Is é is aidhm leis na doiciméid um beartas pleanála sin creatáil forbartha fadtéarmacha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chur i bhfeidhm ina mbeidh na páirtithe go léir (ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, na trí chomhthionól réigiúnacha agus na húdaráis áitiúla, chomh maith le leasanna níos leithne na hearnála poiblí agus pobal) ábalta oibriú le chéile chun pleanál agus forbairt inbhuanaithe chuí a chinntiú. Leis na creatáil sin soláthrófar forbairt phleanálte agus inbhuanaithe optamach ar fud na tíre ina hiomláine: go náisiúnta, go réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil.



**Figiúr 7.3** - Struchtúr céimlathach na RBMPanna agus an bheartais phleanála

Is iad na príomhionstraimí beartais lena chinntíú go ndéanfar pleannanna, beartais agus tionscadail a ailíní ar bhealach níos fearr Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta (MST), ar leibhéal déanta pleannanna straitéiseacha agus clár straitéiseach, agus Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT), ar leibhéal tionscadail, lena n-áirítéar iarratais ar phleanáil le haghaidh forbairtí lena mbaineann tábhacht straitéiseach faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006.

Déantar measúnachtaí MST sula nglactar pleannanna nó cláir, ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar thionchar na bpleannanna beartaithe agus a gcuaspóirí ar an gcomhshaol, lena n-áirítéar dobharlaigh, agus iad a úsáid chun bonn eolais a chur faoi roghanna fáis straitéisigh agus lena chinntíú go bhfreagraíonn an timpeallacht tóigthe le híogaireachtaí agus riachtanais na timpeallachta nádúrtha i gcoitinne. Tá an CNP, na SRSEanna, na Pleananna Forbartha Contae agus Cathrach ar fad faoi réir MST éigeantach, agus tá breithniú na dtionchar ar na pleannanna beartaithe ar cháillóocht an uisce agus ar an RBMP ar cheann de na príomhghnéithe de phróiseas an MST.

Ag céim mhionsonraithe bhainistíochta forbartha, cuimseofar sa MTT breithniú ar na tionchair agus na riosca a d'fhéadfadh bheith i gceist ar chuspóirí uisce faoi mar a bhreithnítear laistigh de na doiciméid um beartas pleannála, a ndearnadh MST orthu ar fad, agus an RBMP á bhreithniú go cuí. Beidh bearta seachanta agus maolaithe riachtanacha ar bith iniata.

### Treoir d'Údarás Phleanála

Tá comhtháthú éifeachtúil idir bainistíochta abhantrach agus pleannáil talamhúsáide ríthábhachtach lena chinntíú go bhfuil an fhobairt comhoiriúnach leis na cuspóirí atá leagtha amach inár RBMPanna. As na haighneachtaí a tháinig as próiseas comhairliúcháin an RBMP, luadh ceisteanna talamhúsáide iontu nach mór dul i ngleic leo le linn thimthriall 2 in 23 ceann diobh. Bhí an gá le treoir d'údarás phleanála lárnach i lear mó de na saincheisteanna a tugadh chun suntais.

Tugtar éifeacht ghinearálta don Chreat-treoir Uisce 2000/60/CE le reachtaíocht um pleannáil mar a shainítéar in Alt 1(A) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú. Tá feabhas tagtha chomh maith leis an reachtaíocht um pleannáil 2010 ar an dóigh a bhfuil bainistíochta uisce agus an córas pleannála comhtháite trína cheangal go dtacaíonn pleannanna forbartha le cosaint agus feabhas ar cháillócht an uisce, go háirithe i ndáil le cuspóirí na RBMPanna a bhaint amach.

Ceanglaítear leis an reachtaíocht chomh maith gur cheart suíomh na forbartha a nascadh le hacmhainn cóireála fuíolluisce atá ann cheana agus infheistíocht phleanálte in acmhainn sa todhchaí. Mar sin féin, teastaíonn soiléireacht níos fearr i ndáil leis na céimeanna praiticiúla, cuir chuige agus modheolaíochtaí a úsáidfidh na húdaráis ábhartha chun éifeacht a thabhairt do na ceanglais sin.

Faoi láthair, tá treoir theoranta ar fáil do pleánalaithe maidir le conas na rioscaí do chuspóirí an RBMP a chur san áireamh agus cinntí á ndéanamh maidir le pleannáil agus bainistíochta forbartha. Chun dul i ngleic leis an gceist sin, rinne an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil tionscadal a mheas chun treoir mhionsonraithe a chur ar fáil chun cuidiú le pleánalaithe ina ról, agus chun cuidiú le forbróirí agus páirtithe leasmhara eile freisin iarratais chuí ar chead pleannála a dhéanamh. Tá an fhreagracht bheartais ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le pleannáil spáis araon. Teastóidh tacaíocht sainchomhairleoireachta ó shaineolaithe seachtracha chun cuidiú leis an treoir a ullmhú agus an tionscadal a chur i gcrích. Tá seirbhísí sainchomhairleoireachta á bhfáil faoi láthair agus beidh siad i bhfeidhm i Ráithe 2, 2018. Táthar ag súil go foilseofar an treoir in 2019. Beidh gá le hoiliúint a chur ar na húdaráis phleanála chomh maith maidir leis an treoir a chur i bhfeidhm.

Tá sé beartaithe go soláthrófar modheolaíocht leis an treoir atá beartaithe d'údarás phleanála lena chinntíú go mbeidh na pleannanna forbartha ábhartha agus cinntí pleannála i gcomhréir leis na RBMPanna agus ceanglais na Creat-treorach Uisce. Áireofar ar ullmhú na treorach sin ionchur ó Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, an DAFM, an EPA, IFI, Uisce Éireann, an SPNF, Oifig na nOibreacaha Poiblí agus dreamanna eile, mar is gá.

Agus an treoir á hullmhú, cuirfear san áireamh chomh maith na forbairtí ábhartha le déanaí ar leibhéal AE, lena n-áirítéar treoir a d'fhoilsigh Coimisiún AE le déanaí maidir le maoluithe ó fhorálacha na Creat-treorach Uisce faoi Airteagal 4(7) den Treoir. Cuirfear cásanna Chúirt Breithiúnais an Aontais Eorpaigh, amhail cás C-461/13 – “Cás Weser” – san áireamh chomh maith. Maidir leis sin, tá sé admhaithe go bhféadfadh go mbeadh gá le príosís reachtacha úra chun éascaíocht a dhéanamh ar an bhféidearthacht “maoluithe” a chur i bhfeidhm i gcomhréir le le hAirteagal 49(7), i gcás go mbeidh údar leis sin.

Beidh sé mar aidhm leis an doiciméad treorach:

- ▀ Modheolaíochtaí soiléire atá éasca le cur chun feidhme a bhunú chun cuspóirí an RBMP a bhreithniú ar fud an phróisis phleanála fisiciúla, ó chéim déanta pleán na forbartha go dtí céim cur chun feidhme an tionscadail.
- ▀ A chinntíú go bhforbraítear bearta um maolú chun meath sa stádas éiceolaíochta a sheachaint isteach i gcéim dheardha na dtionscadal bonneagair atá laistigh de na huiscí dromchla nó gar dóibh. Maidir leis sin, beidh ról tábhachtach ag an treoir maidir le cur le cosaint uisce ard-stádais ó mheath a d'fhéadfadh tarlú as forbairt amach anseo (féach Roinn 8.3.2 ar "Blue Dots Catchment Programme").
- ▀ Tionchair dhíobhálacha forbartha mí-oiriúnaí ar chuspóir an RBMP a sheachaint nó a mhaolú.
- ▀ Srianta neamhriachtanacha ar fhás/forbairt inbhuanaithe a sheachaint.
- ▀ A dhearbhú go bhfuiltear ag cloí le treoracha AE agus reachtaíocht bhaile (agus aird á tabhairt ar, mar shampla, threoir le déanaí ón gCoimisiún ar phróiseas Airteagal 4(7) den Chreat-treoir Uisce i ndáil le díolúintí ó na cuspóirí comhshaoil réamhshocraithe arna mbunú sa Treoir).
- ▀ Cur chuige caighdeánaithe ar fud na tíre d'Údarás Phleanála éagsúla a chinntíú.
- ▀ Feabhas a chur go ginearálta ar phróiseas agus ar chuspóirí an RBMP i measc údarás pleánala agus forbróiri.

Anuas air sin, ullmhófar treoir chomhlántach, thacaíochta, theicniúil ar na cleachtais comhshaoil is fearr a bheidh ar fáil maidir le maolú na dtionchar fisiciúil forbartha ar stádas éiceolaíochta an uisce.

Tá sé beartaithe go dtabharfar an treoir theicniúil lena gcuirtear taca faoin treoir phleanála agus uisce sin cothrom le dáta agus ndéanfar í a leathnú ar bhonn tréimhsíúil de réir mar a fheabhsófar an t-eolas agus na cleachtais is fearr atá ar fáil (féach thíos).

I roinnt 7.6 den Phlean seo léirítear an obair atá á déanamh faoi láthair in Éirinn chun feabhas a chur ar mhodhanna measúnaithe hidreamoir feolaíochta d'aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta faoi stiúir an EPA agus IFI. Tá sé tiomnaithe chomh maith don bhonn fianaise éiceolaíochta

a fhorbairt chun na dáláí fisiciúla tacaíochta is gá a fháil chun tacú le stádas maith agus stádas ard éiceolaíochta (GES agus HES, faoi seach). Cuirfear béim shuntasach ar na réimsí sin le linn chéad timthriall eile an RBMP suas go dtí 2021. Ó dhearcadh réamhphleanála, soláthrófar tairbhí suntasacha leis sin. Trí dhálaí fisiciúla tacaíochta a fháil le haghaidh GES agus HES éascófar dá réir sin dearadh na mbeart feabhsaithe um maolú a dhíritear ar chosaint ar mheath sa stádas éiceolaíochta. Déantar treoir theicniúil ar bhearta um maolú a athbhreithniú agus a leasú, más cuí, a luaithe is a shaineofar dáláí fisiciúla tacaíochta do GES agus HES go soiléir. Idir an dá linn, tiocfaidh an treoir sheachadta leis an eolas agus na cleachtais is fearr a bheidh ar fáil maidir le tionchair éiceolaíocha na forbartha fisiciúla in uiscí dromchla agus gar dóibh a mhaolú.

## 7.8.2 Measúnú agus Bainistíocht ar Rioscaí Tuile

Is í Oifig na nOibreacha Poiblí an t-údarás inniúil in Éirinn maidir le Treoir an AE maidir le "Tuilte". Tá an Treoir á cur chun feidhme ag Oifig na nOibreacha Poiblí tríd an gClár náisiúnta um Measúnú agus Bainistíocht ar Riosca Tuile (CFRAM) bunaithe ar dhobharcheantair. Áiríodh leis sin ullmhú 29 Plean Bainistíochta Riosca Tuile don téarma, a bhí faoi réir MST agus MO ar leibhéal pleán agus ullmaíodh iad i gcomhordú le cur chun feidhme na Creat-treorach Uisce, mar atá leagtha amach sna Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile. Foilsíodh na Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile i dtús 2018, i ndiaidh don Aire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad a fhaomhadh.

Rinneadh measúnú ar na bearta is oiriúnaí chun riosca tuile laistigh de gach dobharcheantar a laghdú nó a bhainistiú, ag díriú ar 300 pobal ina bhfuil an baol tuile a sainaithníodh sna Limistéir le haghaidh Gníomh Breise (AFAanna) go bhféadfadh siad bheith suntasach. I ngné amháin den mheasúnú breathnáodh ar thionchar féidearthára mbeart féidearthára ar dhobharlaigh maidir lena gcuspóirí sa Chreat-treoir Uisce a bhaint amach. Leis an measúnú dearbhaíodh ar ardleibhéal na bearta a bhféadfadh bheith ina gcúis le tionchair ó thaobh chuspóirí na Creat-treorach Uisce de, agus iad éagsúil ó thaobh scála agus faid de. Mar chuid dá bhreithniú ar mhálaírt inmharthana chun riosca tuile a bhainistiú don phobal, breithníodh sa mheasúnú chomh maith ar na tionchair agus na tairbhí ar an iomlán do dhaointe agus don tsochaí, don chomhshaoil dár n-oidhreacht chultúrtha agus don gheilleagar ar fud na gcuspóirí ar fad.

### Measúnú a dhéanamh ar Thionchar Féideartha na dTionscadal um Chosaint ar Thuile ar chuspóirí na Creat-treorach Uisce

I ndiaidh na Pleananna Bainistíochta Riosca Tuile a fhaomhadh, is í an chéad chéim eile maidir le dul chun cinn na mbeart bainistíochta riosca atá beartaithe go ndéanfar measúnú agus dearadh níos mionsonraithe ar an leibhéal tionscadail, sula gcuirfear isteach na tograí ar chead pleanála nó taispeántas faoi na hAchtanna Dréineála Airtéirighe. Áireofar leis na measúnuithe sin de ghnáth MTT agus, más gá, MO ar an leibhéal tionscadail ar aon dul leis na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga. Soláthrófar breithmheas mionsonraithe sna measúnuithe ar na tionchair a d'fhéadfadh bheith ag na bearta atá beartaithe ar hidreamoirfeolaíocht agus stádas dobharlaigh agus, más gá, breithmheas mionsonraithe faoi Airteagal 4(7) den Chreat-treoir Uisce (maolú a bhaineann le meath de bharr modhnuithe úra). Forbrófar é sin ar an obair thosaigh a rinneadh le linn ullmhú na bPleananna Bainistíochta Riosca Tuile. D'fhéadfadh an obair atá beartaithe ag an EPA chun feabhas a chur ar mhodhanna measúnaithe do mhoirfeolaíocht aibhneacha (féach Roinn 7.6 ar riocht fisiciúil) bheith ina chuidiú maidir le (1) measúnú a dhéanamh ar thionchar féideartha na mbeart bainistíochta tuile ar chuspóirí na Creat-treorach Uisce, (2) na bearta um maolú is oriúnaí a shainaithint agus (3) tacaiocht a thabhairt i gcomhair cinntí maidir le cur i bhfeidhm na maoluithe in Airteagal 4(7). Oibreoidh an EPA agus Oifig na nOibreacha Poiblí le chéile chun modhanna teicniúla a fhorbairt chun cuidiú a thabhairt le measúnú na dtionchar ó bhearta cosanta tuile.

### Ról Féideartha na mBeart Coinneála Uisce Nádúrtha mar Chuid de Shraith Bhearta um Maolú an RBMP do Thimthriall 2

Tugtar tacaiocht láidir i lín aighneachtaí chuir comhairliúchán an RBMP dúsáid Beart Coinneála Uisce Nádúrtha mar chuid de chlár beart an RBMP, agus an acmhainneacht atá ann le haghaidh a lán tairbhí á haithint. In mí na Nollag 2017, d'íarr an Coiste Comhairleach ar Bheartas Uisce ar an nGrúpa Náisiúnta um Chur chun Feidhme Teicniúil togra a fhorbairt chun Bearta Coinneála Uisce Nádúrtha a chur san áireamh mar chuid de shraith níos leithne de bhearta um maolú a d'fhéadfadh cur leis na cuspóirí comhshaoil atá leagtha amach sa dara RBMP a bhaint amach.

D'fhéadfaí Bearta Coinneála Uisce Nádúrtha a úsáid mar bheart um maolú chun dul i ngleic le fadhbanna cáillíochta uisce mar chuid de chlár um bhearta an dara RBMP. D'fhéadfaí iad a úsáid ar an dóigh chéanna leis na bearta a bhfuil cur

síos déanta orthu sna Scéimeanna Nuachóirithe Talmhaíochta Spriocdhírithe (TAMS) agus Scéimeanna Coillearnaí Dúchasaí an DAFM, rud a sholáthródh a lán tairbhí i ndáil le cálíocht an uisce, bithéagsúlacht, oriúnú don athrú aeráide, iascach, cuspóirí taitneamhachta tírdhreacha agus maolúchán tuile.

Oibríonn Bearta Coinneála Uisce Nádúrtha trí uisce a stóráil nó a mhaolú sa timpeallacht, lenar féidir é a scaoileadh go mall, mar rith chun srutha in aibhneacha agus sruthanna nó trína shú sa mhaoschlár. Trí rith chun srutha a mhoillíú nó a laghdú, is féidir sreafaí tuile síos an abhainn a laghdú. Baintear é sin amach de ghnáth trí athrú a dhéanamh ar chleachtais talamhúsáide sa dobharcheantar, ionas go mbeidh cumas níos mó ag ithreacha chun uisce a stóráil. D'fhéadfadh athshlánú bogach agus tógáil stórais úir, amhail linnte coinneála bheith i gceist leis na hathruithe sin ar an talamhúsáid. Is féidir oibreacha sa chainéal agus lúba abhann a athchóiriú a úsáid chun an sreabhadh a mhoillíú chomh maith.

Tá sé beartaithe ag an EPA tuilleadh taighde a dhéanamh ar Bhearta Coinneála Uisce Nádúrtha trí thús áite a thabhairt do tionscadal thaighde i nGlaobh Thaighde Uisce 2018. Forbraíodh an togra tionscadail i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí. Is iad seo a leanas na cuspóirí leis an tionscadal:

- Bearta úra a iniúchadh
- Breathnú ar conas is féidir bearta reatha a oriúnú chun iltairbhí a bhaint amach i dtimpeallacht Éireannach. Is iad samplaí díobh sin Creat "Ag Obair le Próisis Nádúrtha" de chuid Ghníomhaireacht Chomhshaoil na Ríochta Aontaithe agus tionscadal um Bearta Coinneála Uisce Nádúrtha an Choimisiúin Eorpáigh

Léirítear an gá i bPleananna Bainistíochta Riosca Tuile atá le go n-oibreodh Oifig na nOibreacha Poiblí leis an EPA, údarás áitiúla agus gníomhaireacthaí eile chun, más féidir, bearta lena mbeidh tairbhí ann don Chreat-treoir Uisce agus do chuspóirí na bainistíochta riosca tuile a shainaithint. Beidh an comhoibriú sin ar siúl le linn measúnuithe ar an leibhéal tionscadail ar na hoibreacha fisiciúla agus, níos ginearálta, ar an leibhéal dobharcheantair. D'fhéadfadh sineirgí suntasacha bheith i gceist leis na bearta, ina gcuimsítear Bearta Coinneála Uisce Nádúrtha i lín réimsí, lena n-áirítear bithéagsúlacht agus cuspóirí eile b'fhéidir, lena n-áirítear úsáid as staidéir phíolótacha agus iarratais, nuair is gá.

### 7.8.3 Oiriúnú don Athrú Aeráide

Sonraíonn an Painéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC) go bhfuil téamh an chórais aeráide doshéanta, agus tá sé thar a bheith dóchúil gurbh é tionchar an duine an chús ba mhó leis an téamh a breathnaíodh ó bhí lár an 20Ú haoise ann<sup>40</sup>. Is féidir na tionchair mar thoradh air sin a thabhairt faoi deara ar chórais nádúrtha agus dhaonna ar gach mór-roinn agus ar fud na n-aigéan, agus is sna córais nádúrtha is mó a fheictear fianaise ar thionchair an athraithe aeráide<sup>41</sup>.

Beidh tionchair éagsúla agus fhairsinge ag an athrú aeráide ar a lán gnéithe dár gcomhshaol, lena n-áirítear éiceachórais, acmhainní uisce, talmhaíocht agus limitéir chósta. Léirítear le breathnú go bhfuil níos mó aimsir ró-the agus aimsir ró-fhuar ag tarlú in Éirinn, mar aon le harduithe ar leibhéal na farraige, méaduithe ar an meánteoch agus athruithe ar phatrúin frasaíochta.

Ar bhonn náisiúnta, tá an scála agus an ráta athraithe comhsheasmhach le breathnú agus treochtaí ar bhonn réigiúnach agus domhanda. Tá sé tuartha go leanfaidh na hathruithe sin agus go méadóidh siad thar an fiche nó tríocha bliain amach romhainn, rud a mbeidh dúshláin i ndáil le soláthar uisce mar thoradh air<sup>42</sup>:

- ▶ Tá laghduithe suntasacha tuartha ar na meánleaibhéal fearthainne bhliantúla an earraigh agus an tsamhraidh. Beidh brú méadaithe ar an soláthar uisce mar thoradh ar tharlú níos minice de shealanna triomaigh.
- ▶ Tá sé tuartha go dtiocfaidh méadú ar líon na stoirmeacha móra, as a leanfaidh rioscaí ar an mbonneagar uisce.
- ▶ Cruthófar riosca méadaithe ar uiscígh chósta agus ar an soláthar uisce de bharr ardaithe ar an leibhéal na farraige agus méaduithe<sup>43</sup> ar an teocht.

Tá suim an-suntasach ag an bpobal in aghaidh a thabhairt ar thionchar an athraithe aeráide ar uiscí. Ardaíodh an téama mar Cheist Shuntasach ar Bhainistíocht Uisce i gcomhairliúcháin SWMI na Roinne Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, a rinneadh in 2016, agus arís i gcomhairliúchán na Roinne ar an dréacht-RBMP, ina raibh 14 aighneacht ina leagadh amach buarthaí daoine faoi éifeachtaí an athraithe aeráide ar uisce. (Tá tagairt déanta den dá

phróiseas comhairliúcháin i Roinn 2.4).

Teastaíonn próiseas láidir, solúbtha agus fadtéarmach maidir le pleináil d'oiriúnú don athrú aeráide in Éirinn, in ainneoin na dtorthaí maolaithe atá bainte amach.

### Creat Náisiúnta na hÉireann um Oiriúnú

D'fhaomh an Rialtas chéad Chreat Náisiúnta reachtúil na hÉireann um Oiriúnú (NAF), a forbraíodh faoin Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 (Acht na hAeráide)<sup>44</sup> an 19 Nollaig 2017. Sainítear sa NAF, ar a ndéanfar athbhreithniú gach cúig bliana, an straitéis náisiúnta le haghaidh na mbeart oiriúnaithe a chur i bhfeidhm sna hearnálacha éagsúla agus ag na údarás áitiúla ina limitéir riarracháin chun laghdú a dhéanamh ar leocharaileacht na Stáit i leith éifeachtaí diúltacha an athraithe aeráide agus chun leas a bhaint as éifeachtaí dearfacha a d'fhéadfadh tarlú. Ní shainaithnítear suíomhanna sonracha sa NAF nó ní bheartaítear bearta nó tionscadail oiriúnaithe sna hearnálacha aonair ann. Agus urramú á thabhairt do phrionsabal na coimhdeachta, forbrófar bearta mionsonraithe oiriúnaithe laistigh de na hearnálacha agus ar fud na n-earnálacha, lena n-áirítear an earnáil rialtais áitiúil, i gcomhréir leis na beartais atá leagtha amach sa NAF.

Ceanglófar leis an NAF ar an Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil pleán sonrach um oiriúnú earnála a ullmhú i ndáil le cálíocht an uisce agus bonneagar seirbhísí uisce faoin réimse téamach um bainistíochta acmhainní uisce agus riosca tuile. Ceanglaítear le hAlt 6 d'Acht na hAeráide go n-iarrfaidh an Rialtas, laistigh de thrí mhí ó fhoilsiú an NAF, ar na hAirí ábhartha pleannána um oiriúnú earnála a ullmhú, agus sonróidh sé an t-achar ama chun iad a chur isteach. Mar sin, gheobhaidh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil an t-iarratas seo roimh mhí na Bealtaine 2018, mar aon leis an achar ama riachtanach chun iad a chur isteach. Tá an Roinn tiomanta do phlean cuimsitheach na hearnála uile a dhréachtú laistigh den achar ama a bheidh sonraithe. Beidh an pleán earnála ina chéim ríthábhachtach maidir le príomh-leocharaileacht aeráide na hearnála uisce in Éirinn a shainaithint. Sainaithneofar ann chomh maith na roghanna um oiriúnú a chuideoidh le hathléimneacht agus cumas oiriúnaitheach na haeráide a fhorbairt laistigh den earnáil uisce. Beidh an pleán ina chéad chéim thábhachtach lena chinntíú go ndéanfar an

40 Tuarascáil ar Chúigiú Measúnú IPCC, 2013

41 Tuarascáil Sintéise IPCC ar Athrú Aeráide 2014

42 Creat Náisiúnta na hÉireann um Oiriúnú Lch 33

43 Tá sé tuartha go dtiocfaidh méadú suas le 0.8 m ar leibhéal na farraige, agus téamh de 1.9 °C faoi dheireadh an chéid

44 <https://www.dccae.gov.ie/en-ie/climate-action/publications/Pages/National-Adaptation-Framework0118-4235.aspx>

t-athrú aeráide a phríomhshruthú go hiomlán sa bheartas uisce in Éirinn, lena n-áirítear trí phleanáil bainistíochta abhantrach.

Déantar an beartas náisiúnta um oriúnú in Éirinn a chomhordú trí choiste náisiúnta stiúrtha um oriúnú, faoi chathaorleacht na Roinne Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil. Áirítear ar an gcoiste baill ó na hearnálacha ábhartha chomh maith le dreamanna eile, amhail an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, an EPA agus an earnáil rialtais áitiúil. Déanann an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus Uisce Éireann ionadaíocht ar son na hearnála uisce ar an gcoiste earnála.

Tiocfaidh an beartas um athrú aeráide in Éirinn, lena n-áirítear beartas don earnáil uisce, chun cinn le himeacht ama mar fhreagairt ar mheasúnuithe lena n-áirítear ar thionchair agus ar leochaileacht. Próiseas leanúnach is ea pleanáil um oriúnú, trínar féidir pleannanna agus gníomhaíochtaí a mhodhnú agus a athrú de réir mar a chuirfear faisinéis agus taighde úr ar fáil. Ag cur san áireamh ábharthacht trasearnála na bainistíochta uisce, beidh sé tábhachtach chomh maith go n-ullmhófar pleannanna earnála in earnálacha eile a bheidh ailínithe le spriocanna an RBMP. Chun comhtháthú beartas a chinntí agus acmhainneacht ar bith le haghaidh sineáigí agus comhthairbhí a shainaithe, beidh sé tábhachtach go mbeidh earnálacha eile páirteach i gceisteanna faoin aeráid a luaithe is féidir.

#### 7.8.4 Straitéis Náisiúnta um Luaidhe d'Uisce Óil

Míotal a tharlaíonn go nádúrtha is ea luaidhe a fhaightear i gcarraigeacha, ithir, uisce agus aer. Ó bhí na 1970í ann, tá imní atá ag méadú ann maidir leis an riosca don tsláinte ó neamhchosaint ar luaidhe. Cé gur baineadh roinnt de na foinsí luaidhe sa chomhshaol (trí bhearta amhail an cosc ar phéint luaidhe agus tabhairt isteach an pheirí gan luaidhe), tá pluiméireacht agus píobáin luaidhe fós ina bhfoinse fhéideartha neamhchosanta. Le blianta beaga anuas, rinneadh bearta chun dul i ngleic leis an riosca sin.

Íslíodh an teorainn dhlíthiúil do luaidhe in uisce óil i mí na Nollag 2013 ó 25 micreagram in aghaidh an lítr go 10 micreagram in aghaidh an lítr (a chuirtear in iúl mar chodanna in aghaidh an bhiliúin chomh maith).

D'fhoilsigh an ríaltas Straitéis Náisiúnta chun an Neamhchosaint ar Luaidhe san Uisce Óil a

Laghdú<sup>45</sup> an 9 Meitheamh 2015. Mar fhreagairt ar mholtáí na straitéise sin, d'fhoilsigh Uisce Éireann, i ndiaidh tréimhse comhairliúcháin phoiblí, Plean um Maolú Luaidhe san Uisce Óil<sup>46</sup> an 10 Bealtaine 2017. Sainaithnítear bearta sa phlean sin chun na rioscaí a bhaineann le láithreacht na luaidhe san uisce óil a mhaolú.

Bunaithe ar na sonraí atá ar fáil faoi láthair, measann Uisce Éireann go bhfuil píobair luaidhe in thart ar 180,000 maoin chónaithe in Éirinn agus i lear mór foirgneamh tráchtála agus poiblí chomh maith. Aithnítear sa Straitéis gurb é an straitéis fhadtéarmach is éifeachtaí na píobáin soláthair luaidhe ar fad ar an ngréasán poiblí (i gcás go mbainfeadh Uisce Éireann iad) agus laistigh d'áitribh phriobháideacha (i gcás go mbainfeadh úinéirí réadmhaoine iad) a bhaint. Chun na críche sin, tá túis á chur ag Uisce Éireann ar chlár 10 mbliana chun na píobáin phoiblí soláthair luaidhe a athsholáthar agus tá sé ag obair leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil ar Staidéar ar Athrú lompráiochta chun breathnú ar dhreasachtaí agus ar bhearta féidearthára chun ráta an athsholáthair laistigh de réadmhaoine príobháideacha ag úinéirí réadmhaoine a mhéadú.

Toisc go nglacfaidh sé go leor blianta leis an sprioc sin a bhaint amach, molann Uisce Éireann, mar bheart eatramhach um maolú, athbhreithniú a dhéanamh ar suas le 400 ionad cóireála uisce i ndáiil leis an gcás go bhféadfaí cóireáil cheartaitheach uisce a thabhairt isteach. I ndiaidh an athbhreithnithe sin, is cosúil go roghnófar thart ar 140 ionad cóireála uisce chun an chóireáil cheartaitheach uisce a thabhairt isteach, ina gcuimseofar cóireáil ortafosfáite agus coigeartú pH, thar an ngearrthéarma go dtí an meántéarma. Leis na bearta sin déanfar laghdú ar chumas na luaidhe tuaslagadh isteach in uisce a ritheann trí phíobáin.

Chun an seans go mbeadh tionchar ar an gcomhshaol a laghdú ó chaillteanas fosfair, díreoidh Uisce Éireann ar límistéir inar léiríodh riosca do neamhchosaint ar luaidhe. Is cás go bhfuil sé inmharthana ón taobh teicniúil, eacnamaíoch agus comhshaoil de amhlaidh a dhéanamh, cuirfidh Uisce Éireann cóireáil cheartaitheach chun feidhme. Tá sé beartaithe an clár sin a chur i bhfeidhm thar thrí bliana, faoi réir measúnuithe comhshaoil sainiúil don láithreán.

Tá an acmhainneacht le fosfar tionchar a imirt ar an gcomhshaol, agus go háirithe ar dhobharlaigh, trí phróiseas saibhrithe cothaitheach agus

45 <http://www.housing.gov.ie/water/water-quality/lead-drinking-water/national-strategy-reduce-lead-drinking-water-published>

46 <https://www.water.ie/docs/Lead-in-Drinking-Water-Mitigation-Plan.pdf>

eotrófaithe. Dá bhrí sin, beidh gá le breithniú ar riosca an tionchair ar an gcomhshaol, na conairí trína bhféadfadh an fosfar breise gabhdóirí comhshaoil a sroicheadh agus bearta féideartha um maolú chun tionchar dá leithéid a chuíteamh.

Tá measúnuithe comhshaoil sainiúil don láithreán á ndéanamh i ngach crios soláthair uisce. I gcás go sainaithnítear riosca suntasach do ghabhdóirí comhshaoil a bhaineann le cóireáil ortafosfáite, cuirfeart na bearta riachtanacha um chosaint chomhshaoil chun feidhme.

### 7.8.5 Ceimiceáin Ghuaiseacha sa Timpeallacht Uisceach

Faoi mar a sonraíodh roimhe seo, seachas dhá shubstaint sheasta (mearcair agus PAHanna), tá leibhéal an neamhchomhlíonta maidir leis na Caighdeán Cháilíochta Timpeallachta le haghaidh Substaintí Tosaíochta agus Substaintí Guaiseacha Tosaíochta an-íseal in Éirinn agus níl sé ina ábhar imní. Den chuid is mó, tagann sáraithe chun cinn mar gheall ar láithreacht miotal a tharlaíonn go nádúrtha i limistéir ar mhórán mianraí a bhfuiltear ar an eolas fúthu, go háirithe i gcás go ndearnadh mianadóireacht iontu.

Le linn gnáthmhonatóireachta, braitheadh lón lotnaidicídí – lena n-áirítear Meiceapróp, MCPA agus 2,4-D – ag tiúchain ísle i lón mór aibhneacha. Ba é MCPA an tsubstaint ba mhó a tugadh faoi deara (a braitheadh i 63% de na haibhneacha ar a ndearnadh suirbhéireacht) agus Meiceapróp ina dhiadh sin (a braitheadh i 44% de na haibhneacha ar a ndearnadh suirbhéireacht) agus 2,4-D ansin (a braitheadh i 28% de na haibhneacha ar a ndearnadh suirbhéireacht). Tá suntasacht leibhéal na lotnaidicídí a braitheadh á meas, go háirithe i gcomhthéacs na cosanta d'uisce óil. Tarlaíonn sáraithe ar chaighdeán an uisce óil go príomha mar gheall ar láithreacht MCPA, a braitheadh i 3% de na soláthairtí uisce phoiblí ar a ndearnadh monatóireacht in 2016.

Rinneadh athruithe ar reachtaíocht uisce AE ó thosach an chéad timthriall de na Pleananna Bainistíochta Abhantrach. Rinne athbhreithniú le Treoir 2013/39/AE ar na caighdeáin cháilíochta timpeallachta le haghaidh lón substaintí tosaíochta, cuireadh substaintí úra leis an mbunliosta agus cuimsíodh caighdeáin cáiliúchta timpeallachta le haghaidh gnéithe cáiliúchta bitheolaíochta. Déantar foráil sa Treoir athbhreithnithe maidir le Substaintí Tosaíochta chomh maith i leith Liosta Faire a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar thiúchain truailleán atá ag teacht chun cinn agus substaintí eile atá ina n-ábhar imní sa timpeallacht uisceach. Chuir

an EPA tú le monatóireacht do na substaintí ar an Liosta Faire. Léirítear le torthaí ó 2016 agus 2017 gur cé gur braitheadh cuid de na substaintí in uiscí na hÉireann, ní mheastar go bhfuil siad ann i dtiúcháin shuntasacha.

Úsáideann Éire acmhainní suntasacha faoi láthair maidir le monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar láithreacht agus ar thiúchán thimpeallacht uisceach na substaintí ceimiceacha atá ina n-ábhar imní. Is iad gníomhaireseachtaí agus ranna stáit éagsúla ag a bhfuil freagrachtaí reachtúla a bhaineann le cáilíocht an uisce a dhéanann an mhonatóireacht.

Ar leith ó sin, tá na ballstáit freagrach as substaintí ceimiceacha eile a shainainn nach bhfuil liostaithe i dTreoir 2013/39/AE a d'fhéadfadh bheith sa timpeallacht uisceach ar leibhéal lena gcuirfí an comhshaoil i mbaol. Tugtar "truailleán shonracha" orthu sin, agus ceanglaítear ar na ballstáit caighdeán cháilíochta timpeallachta a fhorbairt ina leith chun iad a bhainistiú dá réir.

### Cur chuige Straitéiseach maidir le Monatóireacht agus Bainistiú Ceimiceán Guaiseach sa Timpeallacht Uisceach

Cé go bhfuil leibhéal na substaintí guaiseacha aitheanta in Éirinn íseal go dtí seo, aithnítear an gá atá le cur chuige níos straitéisí agus níos réamhbbreathnaithí maidir lena mbainistiú – go háirithe agus truailleán úra ag teacht chun cinn sa timpeallacht uisceach. Tá saineolas teicniúil suntasach ar fud réimse comhlachtaí stáit i réimse na substaintí guaiseacha a bhféadfaí úsáid níos fearr a bhaint as trí chomhordú feabhsaithe. I gcomhairliúcháin an RBMP, sainaithníodh ceimiceáin ghuaiseacha in uisce i 27 ceann de na haighneachtaí mar cheist nach mór í a bhainistiú ar bhealach níos fearr tríd an bpróiseas pleanála abhantrach.

Mar fhreagairt ar na hábhair imní sin, bhunaigh an EPA Grúpa Náisiúnta um Cheimic Timpeallachta Uisci in 2018 chun saineolas náisiúnta ar cheimiceáin ghuaiseacha a bhunú agus a chothabháil sa timpeallacht uisceach, agus cur chuige níos straitéisí agus níos réamhbbreathnaithí a ghlacadh maidir le bainistiú na gceimiceán guaiseach. Tugann an Grúpa saineolaithe le chéile i monatóireacht, measúnú agus bainistíochta ceimiceán guaiseach ó a lán de na gníomhaireseachtaí náisiúnta a mbraitheann a sainchúraim ar thuisint a bheith acu ar fhoinsé, ar chinniúint (lena n-áirítear monatóireacht) agus ar thionchar na gceimiceán sa timpeallacht uisce. Tá an Grúpa faoi chathaoirleacht an EPA agus cuimsítear ann ranpháirtithe ó eagraíochtaí amhail an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus

Rialtais Áitiúil, Foras na Mara, Uisce Éireann, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, DAFM, Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann, údarás áitiúla agus an Roinn Cumarsáide, Gníomhú Aeráide agus Comhshaoil.

Tionscnamh comhoibríoch is ea an Grúpa Náisiúnta um Cheimic Timpeallachta Uiscí a úsáidfear chun moltaí a dhéanamh maidir le hathbhreithníú agus monatóireacht a dhéanamh ar na substaintí ceimiceacha atá ina n-ábhair imní. Déanfar measúnú ar na rioscaí a bhaineann le substaintí dá leithéid ó thaobh comhshaoil agus shláinte an duine de, agus tabharfar comhairle maidir leis na substaintí sin a bhainistiú amach anseo. Trí chomhroinnt saineolais agus eolais, déanfaidh an Grúpa Náisiúnta um Cheimic Timpeallachta Uiscí an méid seo a leanas:

- ▀ Gníomhú mar fhóram chun ceisteanna a shainaithint maidir le láithreacht substaintí ceimiceacha i dtimpeallacht uisceach na hÉireann
- ▀ Measúnú a dhéanamh ar na rioscaí a bhaineann le substaintí ceimiceacha sa timpeallacht uisceach ó thaobh comhshaoil agus shláinte an duine de


- ▀ Comhroinnt faisnéise, saineolais agus sonraí a éascú agus a spreagadh
- ▀ Forbairt agus cothabháil na tacar sainscileanna teicniúla a éascú de réir mar is gá
- ▀ Cuir chuige a mholadh maidir le caighdeán cháillíochta timpeallachta a shocrú le haghaidh truailleán shonracha in Éirinn, agus maidir le forbairt na hinniúlachta sin amach anseo
- ▀ Bonn eolais a chur faoi chláir um monatóireacht le haghaidh substaintí tosaíochta, substaintí guaiseacha tosaíochta, substaint an liosta faire agus truailleán shonracha
- ▀ Comhairle a thabhairt don Choiste náisiúnta Comhairleach ar Bheartas Uisce i ndáil le bainistíocht amach anseo ar shubstaintí ceimiceacha lena gcuirtear an timpeallacht uisceach agus sláinte an duine i mbaol

Tiocfaidh an Grúpa Náisiúnta um Cheimic Timpeallachta Uiscí le cheile dhá uair sa bhliain ar a laghad chun na gníomhaíochtaí atá léirithe thusa a chur chun cinn agus déanfaidh an Grúpa Náisiúnta um Chur chun Feidhme Teicniúil maoirseacht dhíreach orthu.

### 7.8.6 Bearta le dul i ngleic le brúnna eile – Príomhghníomhaíochtaí don 2ú Timthriall

Leagtar amach thíos na príomhghníomhaíochtaí don dara timthriall maidir le dul i ngleic le brúnna eile:

Príomhghníomhaíochtaí	
<b>1</b>	Uillmhóidh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil treoir ardleibhéil do na hÚdarás Phleanála maidir leis an ngaol idir pleanáil fhisiciúil agus pleanáil bainistíochta abhantrach. Soláthrófar modheolaíocht leis an treoir atá beartaithe d'Údarás Phleanála lena chinntí go mbeidh na pleananna ábhartha agus cíntí pleanála i gcomhréir leis na pleananna bainistíochta abhantrach agus ceanglais na Creat-treorach Uisce.
<b>2</b>	Déanfaidh Oifig na nOibreacha Poiblí measúnú ar an leibhéal tionscadail ar na bearta fisiciúla ábhartha ar fad atá beartaithe do bhainistíochta tuile roimh phleananna a chur isteach le haghaidh taispeántais, lena n-áirítear, más gá, breithmheas mionsonraithe faoi Airteagal 4 den Chreat-treoir Uisce. Forbróidh an Grúpa Náisiúnta um Chur chun Feidhme Teicniúil togra chun Bearta Coinneála Uisce Nádúrtha a chur san áireamh mar chuid de shraith níos leithne de bhearta um maolú a d'fhéadfadh cur leis na cuspóirí comhshaoil atá leagtha amach sa dara RBMP a bhaint amach.
<b>3</b>	Oibreoidh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil lena chinntí go dtugtar aghaidh ar na gníomhaíochtaí ábhartha a bhaineann leis an timpeallacht uisce sa Chreat Náisiúnta um Oiriúnú don Athrú Aeráide.
<b>4</b>	Déanfar measúnuithe comhshaoil sainiúil don láithreán ar chriosanna soláthair uisce ar bith i gcás go bhfuil cóireáil ortafosfáite beartaithe mar chuid den Straitéis Náisiúnta um Luaidhe d'Uisce Óil.
<b>5</b>	In Eanáir 2018, bhunaigh an EPA Grúpa Náisiúnta um Cheimic Timpeallachta Uiscí chun saineolas náisiúnta ar cheimiceáin ghuaiseach a bhunú agus a chothabháil sa timpeallacht uisceach, agus cur chuige níos straitéisí agus níos réamhbhreathnaithí a ghlacadh maidir le bainistiú na gceimiceán guaiseach.



## Cuid 8: Bearta le haghaidh Limistéar faoi Chosaint agus Uiscí Ard-Stádais

Faoi mar atá léirithe i Ranna 4 agus 5, tá dul chun cinn suntasach le déanamh fós maidir leis na ceanglais dár limistéir faoi chosaint a bhaint amach. Sa roinn seo leagtar amach an clár beartaithe beart maidir le Limistéir Uisce Óil faoi Chosaint, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta maidir le spleáchas ar uisce agus uiscí ard-stádais.

### 8.1 Na Ceanglais um Limistéir Uisce Óil faoi Chosaint a Bhaint Amach

Leis an gCreat-treoir Uisce ceanglaitear go ndéanfar na Limistéir Uisce Óil faoi Chosaint a shainaithint. Is ionann iad sin agus taiscumair, lochanna, aibhneacha agus na dobharlaigh screamhuisce óna dtarraingítear uisce chun uisce chur ar fáil do dhaoine lena ól. Nuair is gó, déantar an t-amhuisce sin a chóireáil chun é ionú go dtí an caighdeán uisce óil. Ní mór na rioscaí a shainaithint chun uisce a chosaint ar éilliu ó shubstaintí a mbeidh níos mó gó, nuair a tharlaíonn sé, le tuilleadh cóireála dá bharr. I gcás go sainaithnítear rioscaí agus go bhfaightear go bhféadfadh sé go bhfull truailliú ag tarlú san amhuisce mar gheall ar thalamhúsáid faoi leith, féadfar Criosanna Cosanta a mharcáil. Féadfar gníomháiochtáí a spriodhíriú sna criosanna sin chun dul i ngleic le truailliú, ionas gur féidir cóireáil bhreise amhuisce a sheachaint.

#### 8.1.1 Soláthairtí Uisce Phoiblí

Faoi láthair, oibríonn Uisce Éireann 790 ionad cóireála uisce a tharraingíonn as thart ar 1,173 pointe tarraingthe, roinnte a bheag is a mhór go 70% screamhuisce agus 30% uisce dromchla. I gcomhthéacs méid, tagann thart ar 80% den uisce óil phoiblí as foinsí uisce dromchla, agus tagann

thart ar 20% as screamhuisce. Freastalaíonn na scéimeanna soláthair uisce phoiblí sin ar 83% den daonra. Cuireadh measúnú riosca ardleibhéil i bhfeidhm cheana mar chuid de phróiseas pleánala infheistíochta 2017-2021 chun cuidiú le léargas náisiúnta ar riachtanais infheistíochta a fhorbairt. Tá sé beartaithe ag Uisce Éireann Plean um Shábhálteach Uisce Óil a ullmhú do gach soláthar uisce, ach glacfaidh sé sin cúpla timthriall infheistíochta lena chur i gcrích. I bPlean um Shábhálteach Uisce Óil sainaithnítear na rioscaí féideartha ar fad don soláthar uisce, ón dobharcheantar go dtí an tomhaltóir, agus leagtar amach ann na bearta um maolú agus na nósanna imeachta a chaithfear a chur i bhfeidhm chun na rioscaí sin a bhainistiú. Breathnófar ar 6 ghné i gach Plean um Shábhálteach Uisce Óil: cosaint foinsí, amhuisce, cóireáil, dáileadh, custaiméirí agus bainistíocht.

#### Cosaint Foinsí Uisce Óil Phoiblí

Ag feitheamh chur i gcrích na bPleananna um Shábhálteach Uisce Óil, tá Uisce Éireann ag obair ar chlár chun Measúnú Riosca Foinse a dhéanamh do gach soláthar uisce óil ar fad. Is é is cuspóir leis na measúnuithe riosca sin foinsí uisce óil a shainaithint a bhféadfadh gó a bheith le bearta a dhéanamh chun dobharcheantar fhoince an uisce óil a chosaint, agus ar an tsúi sin an gó le tuilleadh cóireála ionúcháin amach anseo a sheachaint. I dTábla 8.1 leagtar amach clár beartaithe Uisce Éireann chun 353 Measúnú Riosca Foinse a chur i gcrích faoi dheireadh 2021, agus déanfar an chuid eile sa chéad timthriall infheistíochta eile.

Bláin	Dul chun Cinn Pleanáilte	Líon Curtha i gCrích
2016	Measúnuithe Riosca Foinse, curtha i gcrích mar chuid de Phleananna iomlána um Shábhálteach Uisce Óil, a rinneadh cheana le haghaidh mórhionscadail chaipitil.	55
2018	Measúnuithe Riosca Foinse, atá le déanamh mar chuid d'athbhreithniú ar phleananna cosanta foinse atá ann cheana agus criosanna gabhála, arna bhforbairt roimhe sin ag an EPA, ÚÁ agus GSI.	148
2018	Measúnuithe Riosca Foinse, atá le déanamh mar chuid d'ullmhú Plean Náisiúnta Acmhainní Uisce	100
2021	10 Measúnú Riosca Foinse in aghaidh na bliana le cur i gcrích ó 2017-2021	50
Iomlán		353

Tábla 8.1 - Clár Uisce Éireann chun Measúnú Riosca Foinse na bPleananna um Shábhálteach Uisce Óil a ullmhú

Tá cur chuige comhoibríoch á dhéanamh chun na foinsí uisce óil atá i mbaoil ó ghníomhaíochtaí laistigh den dobharcheantar a bhainistiú agus a chosaint go héifeachtúil. Forbrófar an cur chuige sin ar chomhar idir Uisce Éireann, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), na húdaráis áitiúla, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Teagasc agus rannán lotnaidicídí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Mar an t-údarás náisiúnta seirbhís atá freagrach ar deireadh as seirbhísí uisce phoiblí a sholáthar agus a fhorbairt, comhordóidh Uisce Éireann an tionscnamh. Tá Uisce Éireann freagrach chomh maith as a chinntíú go bhfuil an t-uisce óil sábháilte agus slán agus go gcomhlíonann sé na Rialacháin maidir le hUisce Óil.

Mar sin féin, níl an t-údarás riachtanach, an raon ionlán saineolais nó an cumas is gá chun measúnú a dhéanamh ar chosaint foinsí uisce óil a chur chun feidhme ag Uisce Éireann é féin. Chun na beartha sin a sheachadadh ar an leibhéal áitiúil, comhoibreoidh Uisce Éireann leis an EPA, na húdaráis áitiúla, rannáin lotnaidicídí na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann (GSI).

Tá an EPA freagrach as na Rialacháin maidir le hUisce Óil a fhorfheidhmiú. Oibreoidh Uisce Éireann leis an EPA lena chinntíú go dtabharfar túis áite mar is ceart le haghaidh gníomhaíochta do na foinsí a mbaineann na rioscaí is airde leo. Oibreoidh Uisce Éireann go dlúth leis an GIS, an EPA agus údaráis ábhartha eile chun teacht ar chur chuige maidir le limistéir uisce óil faoi chosaint, criosanna cosanta a mharcáil agus a mhápal – agus an riosca laistigh de na limistéir a bhainistiú de réir mar is cuí.

Tá an príomhról ag údaráis áitiúla maidir le bainistíocht chomhtháite dobharcheantar sa phróiseas pleanála abhantrach. Tosaíocht le haghaidh an dara RBMP is ea iad na cuspóirí a bhaineann leis na limistéir faoi chosaint, lena Limistéir Uisce Óil faoi Chosaint, a bhaint amach. Thug údaráis áitiúla faoi bheartú tosaíocha na Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta ar an leibhéal réigiúnach trí na Coistí Bainistíochta Réigiúnacha (féach Roinn 10) agus na Coistí Oibriúcháin Réigiúnacha. Laistigh de na Limistéir sin le haghaidh Gníomhaíochta, sainaithneofar agus cuirfear chun feidhme bearta um maolú agus um chosaint chun na cuspóirí comhshaoil a cinneadh sa RBMP a bhaint amach.

I gcás go bhfuil lotnaidicídí ina n-ábhar imní, tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara freagrach as na Rialacháin maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí (I.R. 155 de 2012) a chur chun feidhme, ina ndíritear ar thionchair dhíobhálacha úsáid lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaoil a laghdú – agus ar na rioscaí a bhaineann le tionchair dá leithéid a laghdú. Áirítear ar phríomhghnéithe oiliúint agus clárú úsáideoirí gairmiúla, dáileoirí agus comhairleoirí; trealamh cur i bhfeidhm lotnaidicídí a thástail; agus úsáid as Srianadh Comhtháite Lotnaidí a chur chun cinn. Tá sé sin tacaithe ag clár forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear cigireachtaí agus seiceálacha ag pointí dáileacháin mórdhíola agus miondíola agus ag áitreabhbh feirmeoirí, údarás áitiúil, cumann gailf agus úsáideoirí deiridh eile, lena chinntíú nach gcuirtear ach tárgí ceadaithe ar an margadh agus go mbaintear úsáid fhreagrúil astu. Déanann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara cathaoirleacht ar an nGrúpa Náisiúnta Gníomhaíochta Lotnaidicídí agus Uisce Óil (NPDWAG) chomh maith, a bhfuil cur síos déanta air i Roinn 8.1.1. Comhordóidh an NPDWAG a gníomhaíochtaí le gníomhaíochtaí Ghrúpa Náisiúnta Cur chun Feidhme Teicniúil an RBMP atá faoi chathaoirleacht an EPA, de réir mar is cuí.

Tá an fhreagracht fhoriomlán ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil as na rialacháin maidir le huisce óil, ullmhú agus cur chun feidhme na RBMPanna agus maoirseacht agus tacaíocht an rialtais áitiúil. Coimeádfaidh an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maoirseacht láidir beartaí maidir le cur chun feidhme an phróisis um chosaint foinsí uisce óil atá léirithe sa RBMP seo.

Ba é tátal tuarascáil an EPA in 2016 maidir le soláthairtí uisce óil<sup>47</sup> go bhfuil cáilfacht an uisce óil i soláthairtí poiblí fós ard (99.9% de chomhlíonadh micribhitheolaíochta agus 99.5% de chomhlíonadh ceimiceán). Mar sin féin, braitheadh teipeanna dianseasmhacha lotnaidicídí i roinnt soláthairtí. Bhí sáruithe ar chaighdeáin mhicribhitheolaíochta agus níofráite maidir le maidir le líonta beaga soláthairtí chomh maith. Ba é MCPA, a úsáidtear le haghaidh rialú luachra i bhféarach, an lotnaidicíd is forleithne a braitheadh. Áiríodh ar gníomhaíochtaí riachtanacha a shainaitheant an EPA plean a chur i bhfeidhm chun foinsí uisce óil agus pointí aistarraingthe a chosaint ar lotnaidicídí agus úsáid fhreagrach as lotnaidicídí a chur chun cinn.

Tá gníomhaíochtaí á ndéanamh cheana chun déileáil le teipeanna dianseasmhacha lotnaidicídí

47 Tuarascáil uisce óil do sholáthairtí uisce phoiblí 2016. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

i ndobharcheantair roinnt soláthairtí uisce óil. Tá siad sin léirithe thíos. Maidir le bainistíocht riosca ar uisce óil ó thruailleán eile amhail níotráit agus cripteaspóiridiam, tá Uisce Éireann ag dul i ngleic faoi láthair leis na rioscái sin trí chóireáil nó trí bhearta eile, seachas trí chosaint foinsí. Mar sin féin, tá Uisce Éireann ag leanúint le measúnuithe riosca foinse a dhéanamh agus cinnfidh sé a mhéid is a bhféadfadh gá bheith le bearta cosanta foinse breise amach anseo.

### Tosaíochtaí maidir le Cosaint Foinsí Uisce Óil do Soláthairtí Uisce Phoiblí do dhara timthriall an RBMP

Rinne Uisce Éireann agus an EPA athbhreithniú ar an bhfaisnéis is déanaí agus, amhail Eanáir 2018, shainainthi siad 53 soláthar uisce óil dromchla ina raibh caighdeáin lotnaidicídí sáraithe. Teastaíonn gníomhaíocht tosaíochta do 4 cinn dóibh sin i ngeall ar sáruithe buanseasmhacha ar an gcaighdeán um lotnaidicídí uisce óil thar 4 mhí nó níos mó le linn an tséasúr spraeála lotnaidicídí. Is iad sin na dobharcheantair do sholáthar Mhainistir na Féile (ag síneadh isteach go Ciarraí, Corcaigh agus Luimneach), soláthar uisce Longfort Láir (ag síneadh isteach go Ros Comáin agus Liatroim), soláthar uisce Choill an Treoigh-Chill Chainnigh (ag síneadh isteach go Cill Chainnigh agus Laois) agus soláthar uisce an Chaisleáin Nua Thiar (ag síneadh isteach go Luimneach agus Corcaigh). Cé gur caighdeáin réamhchúram iad na caighdeáin agus nach gcuirtear sláinte an duine i mbaol láithreach le mionsáruithe, teastaíonn gníomhaíocht ar an leibhéal áitiúil chun an riosca maidir le sáruithe lotnaidicídí buansheasmhacha a laghdú. Níor dhearnadh sáruithe chomh minic ar an 49 soláthar uisce eile agus teastaíonn imscrídú agus, nuair is gá, beart leantach a dhéanamh chun tuilleadh sáruithe a chosc.

Bhunaigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara Grúpa Náisiúnta Gníomhaíochta Lotnaidicídí agus Uisce Óil (NPDWAG), arb é an cuspóir leis tacáiocht a thabhairt chun caighdeáin lotnaidicídí na Treorach um Uisce Óil a chomhlíonadh ag an bpóinte aistarraigthe agus in uisce cóireáilte araon. Déanann an NPDWAG é sin trí fheabhas a chur ar comhoibriú (lena n-áirítear naisc le grúpaí náisiúnta eile), feasacht a ardú, dul chun cinn agus gníomhaíochtaí arna ndearnadh ag na páritithe leasmhara ábhartha a rianú, ag fónamh mar fhóram le haghaidh freagairtí atá ag ardú maidir le fadhbanna/srianta faoi leith, bearnaí i mbeartais agus cur chun feidhme a shainaithint, faisnéis a chomhroinnt, comhairle sláinte a chaighdeánu agus a chinntiú go ndéantar bearta cuí sa RBMP.

Áirítear ar bhaill an Ghrúpa Gníomhaíochta an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Cónaидhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce, údarás áitiúla (lena n-áirítear LAWCO), an FSS, Teagasc, Cumann Soláthróirí Bainne Uachtarlainne na hÉireann, an IFA, Cónaoidhm na gCeannaithe Miondíola Agraceimicigh, an Cumann Sláinte Ainmhithe agus Plandaí (APHA), Aontas Gailf na hÉireann, Cumann Maoirseoirí Chúrsaí Gailf na hÉireann, Cumann Conraitheoirí Tírdhreaca na hÉireann agus Cumann Crua-earraí na hÉireann.

Déanfar dhá thionscnamh bunaithe ar dhobharcheantar le linn dhara timthriall an RBMP chun dul i ngleic le ceisteanna neamhchomhlíonta atá ann cheana a bhaineann leis an 53 soláthar uisce a luadh thus. Déanfaidh eagraíochtaí éagsúla na tionscnaimh a stiúradh agus a chomhordú, faoi mar a thuairiscítear thíos sa roinn seo. Déanfar an dul chun cinn a thuairisciú don NPDWAG.

### Soláthairtí Uisce Phoiblí Tosaíochta Ilen mbaineann Sáruithe Lotnaidicídí Buansheasmhacha

Déanfar dianchlár monatóireachta laistigh de na 4 dhobharcheantar ar thug Uisce Éireann agus an EPA túis áite dóibh, is iad sin na soláthairtí uisce seo a leanas: Mainistir na Féile, Longfort Láir, Choill an Treoigh-Chill Chainnigh agus an Caisleán Nua Thiar. Beidh sé sin maoinithe ag cuideachtaí a bhfuil páirt á glacadh acu i scéim maoirseacht táirgí tionscaltreoraithe an MCPA, atá á comhordú ag APHA. Le tortaí na monatóireachta sin cuirfear bonn eolais faoi fhorbairt na mbeart cuí, más gá, agus faoi shainaithint na réimsí sonracha maidir leis na bearta sin a spriocdhíriú. Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ag breathnú ar úsáid fhéideartha criosanna maolánacha neamhspraeála sínte sna dobharcheantair sin, má leírítar le tortaí na monatóireachta go bhfuil gá le beart dá leithéid lena chinntiú go bhfuil cáilíocht an uisce óil á cosaint ar an gcaighdeán riachtanach. Soláthróidh an Clár Tacaíochta agus Comhairleacha um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (ASSAP) arna stiúradh ag Teagasc (faoi mar a thagraítear i Roinn 7.1) tacaíocht maidir leis an dea-chleachtas comhshaoil in úsáid lotnaidicídí sna dobharcheantair sin a chur chun cinn. Bunóidh Uisce Éireann foireann um chosaint foinsí uisce óil don dara timthriall bainistíochta abhantrach. Soláthróidh an fhoireann sin feidhm chomhordaíthe ai measc pártithe leasmhara agus gníomhaíochtaí agus tacaíocht ar bith eile is iomchuí leo chun toradh rathúil a bhaint amach.

### Treoirchlár um Chosaint Foinsí do Sholáthairtí Uisce Phoiblí

Trína fhoireann um chosaint foinsí uisce óil, comhordóidh Uisce Éireann treoirchlár ar fhothacar an 49 soláthar uisce eile, nár taispeánadh a oiread sáruithe ar chaighdeán na lotnaidicídí iontu. Tá sé admhaithé go bhféadfadh an liosta seo athrú toisc go sainaithneofar foinsí sa mhonatóireacht ina dtiocfaidh sáruithe chun cinn agus ina n-iméoidh siad le himeacht ama. Trialfear monatóireacht nuálach agus straitéisí bainistíochta sa treoirchlár a bheidh dírithe ar laghdú a dhéanamh ar éillíú lotnaidicídí in uiscí óil. Áireofar sna straitéisí sin teicneolaíochtaí samplála éighníomhacha a úsáid chun foinsí éillíúcháin a shainaithint agus chun éifeachtúlacht na mbeart bainistíochta a rianú.

Eagrófar ceardlann roimh lár 2018 ag a roghnóidh páirtithe leasmhara an NPDWAG na soláthairtí uisce píolótacha ón 49 ceann a sainaithníodh. Agus na soláthairtí uisce á roghnú don treoirchlár, cuirfear teacht salach le tosaíochtaí atá ann cheana san áireamh, amhail an 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta a sainaithníodh trí na Coistí Réigiúnacha (féach Roinn 10), chomh maith le riachtanais agus infhaighteacht acmhainní. D'fhéadfadh comhcheangal tionscnamh athraithe iompair i measc na bpáirtithe leasmhara éagsúla, agus más cuí, gníomh forfheidhmiúcháin ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i ndáil le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí bheith i gceist leis na roghanna bainistíochta. Agus an comhcheangal beart bainistíochta is fearr á chinneadh, breathnófar ar an eolas agus an taithí a fuarthas ó thionscnaimh chomhchosúla eile a rinne páirtithe leasmhara san am a chuaigh thart chun dul i gneileac le sáruithe ar chaighdeánin an uisce óil. Forbrófar sonraí an treoirchláir sa cheardlann atá pleanálte.

Leathnófar na straitéisí a fhorbrófar le linn an treoirchláir um chosaint sonraí – lena gcur chun feidhme ag páirtithe leasmhara ábhartha – chuirg soláthairtí uisce óil eile arna sainaithint mar a bheith i mbaoil teipeanna lotnaidicídí.

#### 8.1.2 Grúpscéimeanna Soláthairtí Uisce Príobháideacha

Óna bhunú, tá tacáiocht á tabhairt ag an NFGWS don chur chuige “foinse go sconna” maidir le soláthar seirbhísí uisce óil agus d'fhorbair siad Córás Dearbhaithe Cáilíochta bunaithe ar AGPRC (Analísis Ghaise agus Phointí Rialúcháin Criticiúla) atá in úsáid anois ar fud na hearnála.

Is é cuspóir an NFGWS pleananna cosanta foinsí a chur i gcrích le haghaidh thart ar 380 grúpscéimeanna uisce rialálte a fhoinsítear go príobháideach (GSUanna) sa thír. In 2012,

d'fhorbair an NFGWS straitéis chuimsitheach le haghaidh pleanál cosanta foinsí do na GSUanna a fhoinsítear go príobháideach. Ba é b'aidhm leis an straitéis sin cuidiú leis na GSUanna a bpleannanna cosanta foinsí sainiuil dá scéim féin a chur i bhfeidhm. Rinneadh é sin i gcomhar leis an GSI (le haghaidh foinsí screamhuisce) agus Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan (le haghaidh foinsí uisce dromchla).

Cuireadh túis le Céim 1 den obair sin in 2013. Ba éard a bhí i gceist leis an gcéim sin réamh-mheasúnuithe cosanta foinsí, mapáil dobharcheantar agus marcáil Criodanna Gabhála a fhorbairt. Tá an obair sin curtha i gcrích anois ar fhormhór na GSUanna agus tá sé le bheith curtha i gcrích ar thart ar 40 scéim eile in 2018.

Le haghaidh Chéim 2 den tionscadal seo, tá sé beartaithe pleananna cosanta foinsí iomlána a fhorbairt ó na sonraí a bailíodh le linn Chéim 1 le haghaidh gach GSU a fhoinsítear go príobháideach. Cuirfear túis le Céim 2 in 2018 agus cuirfear i gcrích é thar thréimhse cùig bliana. Tá plein gníomhaíochta chun an obair lena mbaineann agus na costais ghaolmhara a shainaithint á chur i gcrích faoi láthair ag an NFGWS. Go dtí seo, sainaithníodh 8 GSU chun an chéim seo den tionscadal a phíolótú, lena n-áirítear 1 dobharcheantar uisce dromchla móré i gContae Mhuineacháin agus 7 gCriodanna Gabhála screamhuisce i gContae Ros Comáin.

Is é an cur chuige atá beartaithe maidir le Céim 2 go dtabharfar túis áite ar dtús do GSUanna atá lonnaithe i Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta arna sainaithint ag na Coistí Oibriúcháin Réigiúnacha maidir le pleananna cosanta foinsí a chur i gcrích, mar aon le GSUanna lasmuigh de na limistéir ina bhfuil fadhbanna cosanta foinsí faoi leith. Díreofar i ngach plein ar bhonn eolais a chur faoi GSUanna faoi ghuaiseacha féideartha laistigh den dobharcheantar, clár monatóireacht amhuisce a fhorbairt, bearta praiticiúla cosanta foinsí a dhéanfaidh na GSUanna a shainaithint agus feasacht a chruthú laistigh den dobharcheantar faoi chuspóirí foriomlána na Creat-treorach Uisce agus an tábhacht a bhaineann leis an bhfoinse uisce óil a chosaint. Lena chois sin, tabharfar túis áite do bhunscoileanna ar bith atá bainteach leis na GSUanna sin maidir le cur i bhfeidhm leanúnach chlár oideachais “All about Water” an NFGWS. Déanfar GSUanna a spreagadh go gníomhach chun oideachas a chur ar a mballraíocht níos leithne – trí dháileadh nuachtítreacha agus bileoga faisnéise GSU – maidir leis an tábhacht a bhaineann le gach dobharlach, lena n-áirítear foinse GSU a chosaint. Spreagfaidh an GSU cothabháil níos fearr ar fhuíolluisce tís chomh maith.

## 8.2 Coinníollacha Uisce a Thacaíonn le Láithreán Natura 2000

Maidir le gnáthóga agus speicis uisce-spleácha atá faoi chosaint faoin Treoir maidir le hÉin agus Gnáthóga, is é ról an phróisis um pleanáil bainistíochta abhantrach cur le coinníollacha uisce a thacaíonn le Stádas Caomhaontais Fabhrach a bhaint amach. Agus an RBMP á ullmhú, díríodh an measúnú riosca a rinne an EPA do na limistéir Natura 2000 uisce-spleácha faoi chosaint ar na rioscaí do na caighdeáin/cuspóirí uisce a bunaíodh chun tacú le Dea-Stádas Éiceolaíochta. Meastar gur leor an dea-stádas éiceolaíochta, arb é cuspóir réamhshocraithe na Creat-treorach Uisce é, chun tacú le limistéir Natura 2000 uisce-spleácha faoi chosaint. Is eisceacht é an Diúilicín Péarla Fionnusce, agus bunaíodh caighdeáin níos doichthe maidir le coinníollacha uisce sa dlí chun an speiceas sin a chosaint. Mar sin féin, aithnítear go mbeidh gá leis sin a athbhreithniú i gcásanna áirithe, má bhíonn nó nuair a bheidh fianaise úr ar fáil.

De réir sainmhínithe, is iad na gnáthóga agus na speicis atá liostaithe sna Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga na cinn is mó atá faoi bhagairt agus i mbaol ar fud na hEorpa. Tá roinnt de na cineálacha gnáthóige agus speiceas uisce-spleách liostaithe an-íogair i leith brúnna comhshaoil, agus b'fhéidir nach leor caighdeáin/cuspóirí uisce chun tacú le stádas caomhantais fabhrach i ngach cás. I gcásanna eile, d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le paraíméadar bhireise uisce chun tacú le stádas caomhantais fabhrach. Forbraiodh agus bunaíodh Cuspóirí Cáillíochta Éiceolaíochta sa reachtaíocht maidir le pobail Diúilicín Péarla Fionnusce i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta atá ainmnithe lena gcosaint, lena n-áirítear gnéithe breise agus caighdeáin bhireise Cáillíochta (féach na gníomhaíochtaí beartaithe thíos). Níor cinneadh cuspóirí sonracha do Limistéir faoi Chosaint Speisialta fós ag an gceim seo, agus mar sin cuireadh cuspóir réamhshocraithe maidir le dea-stádas a bhaint amach i bhfeidhm.

Tugtar túis áite do dhul i ngleic leis na limistéir sin faoi chosaint a gceaptar nach bhfuiltear ag baint na coinníollacha uisce a theastaíonn amach iontu. Tabharfar túis áite dóibh sin le tuilleadh imscrúdaithe agus beart leantach a dhéanamh orthu, de réir mar is gá. D'fhéadfadh bearta tacáiochta a chur chun feidhme agus/nó tuilleadh monatóireachta nó taighde a dhéanamh bheith i gceist leis an mbeart leantach. Shainaithin an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an EPA 2 ghnáthóig thosaíochta faoi chosaint lena mbaineann éiceachórais iogaire a bhféadfadh sé nach bhfuil go leor cosanta á tabhairt dóibh leis na caighdeáin um cháillíocht uisce do Dea-Stádas Éiceolaíochta. Lochanna marla agus lochanna olagatrífacha is ea iad sin. Le linn an dara timthriall seo, tabharfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an EPA túis

áite don dá ghnáthóig sin lena n-imscrúdú agus forbróidh siad coinníollacha tacaíochta comhshaoil cuí. Bainfear úsáid astu sin chun bonn eolais a chur faoi bhearta bainistíochta amach anseo, más gá.

### 8.2.1 Gníomhaíochtaí atá Beartaithe maidir le Limistéir Ainmnithe Diúilicín Péarla Fionnusce

I gcás limistéir ainmnithe Diúilicín Péarla Fionnusce limistéir, bunaíodh coinníollacha a thacaíonn le cálíocht an uisce atá ionann le hArd-Stádas Éiceolaíochta. Sholáthair an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta straitéis náisiúnta um chaomhnú don speiceas in 2011, inar tugadh túis áite do bhearta a chur chun feidhme ar scála dobharcheantair le haghaidh 8 daonra Diúilicín Péarla Fionnusce arb ionann iad le chéile agus 80% den daonra náisiúnta iomlán. Is iad tionchair hidreamoirfeolaíochta, dríodrú agus saibhriú na príomhbhchrúnna is cúsí le Diúilicín Péarla Fionnusce a bheith i staid chaomhaontais a rangaítear mar a bheith neamhfhabhrach.

Le linn an dara timthrialla seo, tugadh túis áite do bhearta tacaíochta, nuair is gá. Áireofar ar na bearta sin Limistéir ainmnithe Diúilicín Péarla Fionnusce a bhunú. In 2018, faoin straitéis náisiúnta um chaomhnú do Dhiúilicín Péarla Fionnusce, tá Scéim Agra-Chomhshaoil arna Stiúradh go hÁitiúil (LLAES) dar luach €10 milliún á seoladh ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i gcomhar leis an EPA le haghaidh na 8 Limistéar ainmnithe do Dhiúilicín Péarla Fionnusce thuslauite le haghaidh gníomhaíochta tosaíochta. Arna mhaoiniú tríd an gClár Forbartha Tuaithe, glacfaidh an LLAES cur chuige “ó bhun aníos” maidir le compháirtíocht agus bainfidh sé leas as taithí thionscadal LIFE Chiarráí, inar dírfodh ar dhobharcheantair na Cárthaí agus Pholl Gorm Chiarráí. Díreofar sa scéim ar suas le 800 rannpháirtí. Áirítear ar na hidirghabhálacha a bheartaitear:

- Rochtaí ar uisce óil a athrú ar shiúl ó aibhneacha
- Rochtaí ainmhithe ar aibhneacha a chosc ag baint úsáid as fálú
- Suíomhanna chun beostoc a choinneáil ar fheirmeacha a athrú
- Uainíocht gníomhaíochtaí feirmeoireachta áirithe a athrú chun riosca truaillithe a laghdú
- Talamh bhruachánach a ghéilleadh don scéim
- Talamh a thiontú go bogaigh
- Crainn leathanduilleacha a chur chun dríodar agus sruth cothaitheach isteach i sruthchúrsa ar bith a chosc

Ar aon dul leis an straitéis náisiúnta um chaomhnú, déanfaidh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara a Plean maidir le Foraoiseacht agus DPF in Éirinn a thabhairt chun críche agus a chur chun feidhme, ina gcuimsítear Creat Bainistíochta Foraoiseachta chun an leibéal riosca a bhaineann le láithreán aonair a shainainthint agus gníomhaíochtaí cuí chun dul i ngleic leis an riosca sin a roghnú. Chun é sin a bhaint amach, tá sé beartaithe go gcuimseofar sa chreat sin réimse leathan cur chuige nuálach, lena n-áirítear bunú coillte dúshasacha, tiontu go foraoiseacht le cumhdach leanúnach, athghiniúint nádúrtha a úsaíd, tógáil shealadach bóithre foraoiseachta, aistarraingt cáblaí agus baint foraoise. Maidir leis an Scéim um Bunú Coillte Dúchasach (i.e. an tsamhail Coillte d'Uisce) agus an Scéim um Chaomhnú na gCoillte Dúchasach, a bhfuil an dá ceann dfobh ar fáil faoin gClár Foraoiseachta 2014–2020, is cosúil go mbeidh siad ina bpriomhthacaíochtaí le haghaidh chur chun feidhme an Phlean atá beartaithe laistigh de na 8 Dhobharcheantar Tosaíochta Diúilicíní Péarla Fionnuisce agus na 19 dobharcheantar Diúilicíní Péarla Fionnuisce eile.

Le linn an dara timthrialla seo, déanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta athbhreithniú agus leasú, de réir mar is gá, ar an Straitéis Náisiúnta um Chaomhnú, ina gcuimseofar torthaí na dtionscnamh thusa chomh maith le torthaí na gclár monatóireacht agus taighde ábhartha. Foilsíodh cuspóirí caomhnaithe sainiúil don láithreán le haghaidh Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta do Dhiúilicíní Péarla Fionnuisce maidir le líon Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta, agus foilseoidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta na cuspóirí caomhnaithe do gach Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta do Dhiúilicíní Péarla Fionnuisce faoi dheireadh 2018. Leanfaidh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta chomh maith le monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar dhaonraí na nDiúilicíní Péarla Fionnuisce agus a ghnáthóig, agus tabharfaidh sé faoi bhearta praiticiúla tosaíochta um chaomhnú. D'fhéadfadh gníomhaíochtaí laistigh den Straitéis Náisiúnta Tailte Móna, pórú cuidithe, tuilleadh staidéar géiniteach daonraí agus treoir maidir le measúnú ar thionchair éiceolaíocha na dtionscadal atá beartaithe bheith i gceist leis na bearta sin.

### 8.3 Straitéis agus Gníomhaíochtaí chun ár nUiscí Ard-Stádaí a Chosaint

Tá cosaint na n-uiscí ard-stádaí ar cheann de phríomhthosaíochtaí an RBMP seo. Freastalaíonn uiscí ard-stádaí go minic mar chraobh-aibhneacha agus uiscí uachtair do dhobharlaigh níos mó. San RBMP cuirtear béisí faoi leith ar


chosaint na n-uiscí ard-stádaí mar cheann de na príomhthosaíochtaí agus, nuair is féidir, féachtar ann le creat a chur ar fáil maidir le hard-stádas roinnt dobharlach a athneartú, i gcás gur tharla meath ó bhí thús an chéad timthrialla um pleanáil bainistíochta abhantrach ann.

Is iad na príomhdhúsláin breathnú ar dhobharlaigh a mheath go dtí faoin ard-stádas ó bhí thús an chéad timthrialla pleanála a athneartú ann, chun dobharlaigh ard-stádaí atá i mbaol meatha a chosaint agus chun monatóireacht a dhéanamh ar bhrúnna comhshaoil a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le meath dobharlach ard-stádaí eile. Léiríodh le monatóireacht go bhfuil roinnt dobharlach gar don teorainn ard-stádaí/deastádaí agus go n-athraíonn siad idir ard-stádas agus dea-stádas, agus bíonn stádas measartha acu corruiar. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, súil a choinneáil ar fhíor fheabhsuithe nó meath sna dobharlaigh sin, agus iad a bhainistiú mar is cuí mar dhobharlaigh cuspóra ard-stádaí.

#### 8.3.1 Cuspóirí Ard-stádaí

Faoi mar atá léirithe i Roinn 5 den Phlean seo, tá 384 dobharlach ar an iomlán ann lena mbaineann cuspóir ard-stádaí. Astu sin, meastar faoi 243 díobh *Nach bhfuil Baol ann nach mbainfidh siad a gcuspóir amach, agus tá an 141 dobharlach eile rangaithe mar a bheith / mBaol nó Faoi Athbhreithniú*. Beidh an 141 dobharlach sin ina bhfócas gníomhaíochtaí lena chinntíú go mbainfidh siad a gcuspóirí amach thar chúrsa an timthrialla pleanála seo, agus ina dhiadh sin. As an 141 dobharlach sin, tá 64 díobh laistigh den liosta de Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta a bhfuil túis áite tugtha dóibh i Roinn 5 den Phlean seo le haghaidh measúnú imscrúdaitheach eile agus, más gá, bearta a chur chun feidhme chun a gcuspóirí a bhaint amach. Leanfar le bearta ina gcuirtear béisí thánaisteach ar uiscí ard-stádaí (e.g. bearta Glas, Ísealcharbóin, na Scéime Agra-Chomhshaoil, foraoiseachta) a chur chun feidhme, más cuí, sa 77 dobharlach lasmuigh de na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta.

Laistigh de na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta, tá an fhéidearthacht ann go mbainfidh 39 ceann den 64 dobharlach a gcuspóir ard-stádaí amach faoi 2021, agus go bhféadfadh sé go dtéipeadh ar an 25 dobharlach eile ard-stádas a bhaint amach mar gheall ar neamhchinnteacht faoin mbrú (brúnna) a bhaineann leis an dobharlach agus na bearta cuí a chuirfear chun feidhme. Laghdófar an neamhchinnteacht sin de réir mar a sholáthróidh na measúnuithe imscrúdaitheacha faisnéis níos soiléire faoi na brúnna suntasacha.



### 8.3.2 Bearta chun Uiscí Ard-stádais a Chosaint agus a Fheabhsú

Forbraíodh bearta atá ann ina ndírítear ar uiscí ard-stádais a chosaint agus a fheabhsú le blianta beaga anuas chun dul i gneileac le brúnna suntasacha ina n-aonair agus i gcomhcheangal. Áirítear ar na bearta sin bearta Glas, Ísealcharbón, Scéime Agra-Chomhshaoil (GLAS), foraoiseachta, an pleán cigireachta na gcóras cóireála fuíolluisce tís (DWWTS) agus an Clár Gníomhaíochta Níotráite. Leanfar leis na bearta sin a chur chun cinn i ndobharcheantair ard-stádais le linn an timthriallá leanála seo.

Sa Phlean seo, forbraíodh líon beart úr i gcás go bhfuil cosaint agus feabhsú uiscí ard-stádais ina phríomhchuspór. Áirítear orthu sin an Clár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta; síneadh le scéim deontais DWWTS le haghaidh tithe a chuireann uiscí ard-stádais i mbaol; bunú "Clár Dobharcheantar Baill Ghoirm; agus forbairt tionscadail Chomhtháite LIFE. Tá breac-chuntas déanta ar na bearta sin sna ranna thíos.

#### Bearta Talmhaíochta

Sa scéim agra-chomhshaoil GLAS, arna riarr ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, tá cosaint uiscí ina príomhchuspór agus rinneadh í a mhodhnú lena cion le cosaint dobarlach ard-stádais a threisiú. Soláthraítear rochtain tosaíochta ar an Scéim d'fheirmeoirí a bhfuil a

ngabháltais teorantach le dobarlach ard-stádais. Tá rannpháirtíocht in GLAS coinníollach dá réir sin go dtabharfaidh an feirmeoir faoi bhearta cosanta uisce, lena n-áirítear (más cuí) imill bhruachánacha a bhunú agus fálú a thógáil chun rochtain eallaí a chosaint. Is é beart cosanta uisce an dara glacadh is airde de bhearta uile GLAS. (Tá tuilleadh eolais maidir le GLAS tugtha i Roinn 7.1).

Maidir le brú leanúnach ar dhobharlaigh ó thalmhaíocht, mhaoinigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara tionscadal taighde ar a dtugtar HARMONY<sup>48</sup>. Arna stiúradh ag Teagasc, tá imscrúdú á dhéanamh faoi HARMONY ar thionchar na talmhaíochta i ndobharcheantair ard-stádais. Tá sé mar aidhm leis an tionscadal taighde agra-chomhshaoil agus uirlisí socheacnamaíocha a chomhtháthú chun bearta bunaithe ar fhianaise a sholáthar le haghaidh bainistíocht cothaitheach sna dobharcheantair íogaire sin. Bíonn an talmhaíocht sna limistéir sin fairsing de ghnáth, agus d'fhéadfadh brú suntasach i ndobharcheantair íogaire bheith mar thoradh ar bhainistíocht neamhleor cothaitheach ar fheirmeacha. Sainaithníodh leis an taighde glacadh íseal le táistíl ithreach agus pleánáil bainistíochta cothaitheach laistigh de gach dobharcheantar, rud a mbíonn úsáid neamhéifeachtach leasacháin agus droch-athdháileadh cothaitheach ar fud na feirme mar thoradh air. Bíonn riosca suntasach

48 <https://www.teagasc.ie/environment/water-quality/harmony/>

ar cháilíocht an uisce mar thoradh ar úsáid neamhéifeachtach leasachán, agus léirítear i dtorthaí an taighde go dtí seo an gá atá le tacáiocht chomhairleach spriocdhírithe um agrachomhshaol d'fheirmeoírí sna limistéir sin chun éifeachtúlacht úsáide leasachán fosfair níos mó a bhaint amach agus chun laghdú a dhéanamh ar rioscaí ar chaillteanas in uiscí. Mar chomhlánú le tortaí an tionscadail seo tá an fhoráil úr i Rialachán GAP, 2017, lena gcuirtear teorainn ar chur i bhfeidhme Fosfair ar ithreacha orgánacha, rud a mbeidh comhchoibhneas láidir aige ar dhobharcheantair ard-stádais.

Sa Chlár Tacaíochta agus Comhairleach um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta, atá léirithe i Roinn 7.1.2, taigfear comhairle spriocdhírithe d'fheirmeoírí sna Limistéir Foinse Criticíúla (arna sainaithint ag údarás áitiúla agus an EPA) chun athrú ar iompar a spreagadh agus tacú leis, aistriú eolais a éascú, cuidiú a thabhairt le bearta cur chun feidhme faoin RBMP seo agus feabhsuithe a dhéanamh ar cháilíocht an uisce i ndobharlaigh ard-stádais.

### **Bearta Foraoiseachta**

Rinneadh beartais foraoiseachta le déanaí a ailníú go soiléir le cuspóirí na Creat-treorach Uisce. Áirítear orthu sin athruithe i ndáil le beartas um athchur (mar atá leagtha amach i mbeartas doiciméid *Felling & Reforestation* na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus le hinfigháitacht na scéimeanna tacaíochta ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, atá saincheapthaanois chun bearta cosanta uisce a chur san áireamh. Áirítear orthu sin an Scéim um Bunú Coillte Dúchasacha, an Scéim um Chaomhnú na gCoillte Dúchasacha agus Scéim maidir le Feabhsú Comhshaoil Foraoisí (tá an ceann deireanach a luadh á thabhairt chun críche ag tráth fhoilisiú an Phlean seo). Áirítear ar na Ceanglais éigeantacha um Chomhshaol maidir le Foraoisí, a eisíodh i mí na Nollag 2016, forálacha feabhsaithe le haghaidh cosaint uisce le linn foraoisithe agus luathfhorbairt foraoisí. Lena chois sin, cuirtear bunú seirbhísí éiceachórais a bhaineann le huisce arna sholáthar ag crios comhcheangailte slánachar uisce agus coillearnaí dúchasáí chun cinn sa Scéim um Bunú Coillte Dúchasach. Táthar ag breathnú anois ar conas is féidir na bearta sin a spriocdhíriú agus a chur chun cinn i ndobharcheantair thosaíochta, amhail dobharcheantair ina bhfuil aibhneacha agus lochanna ard-stádais.

Tá tuilleadh eolais maidir le bearta foraoiseachta tugtha i Roinn 7.3.

### **Scéim Deontais le haghaidh Córás Chóireála Fuíolluisce Tís**

Díoreofar i bPlean Náisiúnta Cigireachta úr an EPA (2018–2021) ar líon níos airde cigireachtaí a dhéanamh ar dhobharlaigh atá i mbaoil laistigh de na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta réamhluaithe, i gcás gurb eol go bhfuil DWWTSSanna ina mbrú suntasach. Gabhfar leis sin cion mór den 64 dobharlach atá i mbaoil lena bhfuil cuspóir ard-stádais arna léiriú i Roinn 8.6.1 laistigh den chlár Cigireachta DWWTSS.

Tá an Scéim Deontais DWWTSS beartaithe arna leagan amach i Roinn 7.1 den Phlean seo deartha go sonrach chun feabhas a chur ar DWWTSSanna a sainaithníodh tríd an bPlean Náisiúnta Cigireachta mar a bheith lochtach nó a shainaithin an EPA mar go bhféadfadh siad uiscí ard-stádais a chur i mbaol. Nuair a aimsítear DWWTSS laistigh de dhobharcheantar marcáilte dobharlaigh ard-stádais agus go dteastaíonn é a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar, cáileoidh an sealbhóir tí go huathoibríoch i leith an deontais (faoi réir ceanglais incháilitheachta eile a shásamh).

### **Bunú “Clár Dobharcheantar Baill Ghoirm”**

**Bunófar “Clár Dobharcheantar Baill Ghoirm” i dtús 2018, chun ard-stádas éiceolaíochta ar líonra dobharcheantar abhann agus locha a chosaint agus a athneartú.**

Soláthrófar leis an gClár bealach chun aird agus acmhainní a dhíriú ar fud réimse gníomhaireachtaí maidir leis sin. Forbrófar an Clár seo i gcomhthráth leis na bearta atá léirithe i Roinn 8.6 agus comhtháthófar an Clár leis na bearta sin chun brúnna ar uiscí ard-stádais a íoslagnéid, agus nuair is féidir, a dhíothú. Lena chois sin, déanfar é a chomhordú le cur chun feidhme na LLAESanna cuí (lena n-áirítear an Scéim um Dhiúilicín Péarla Fionnúisce atá léirithe i Roinn 8.5). Stiúrfaidh Comhordaitheoir Dobharcheantar Baill Ghoirm tiomanta a cheapfaidh na húdarás áitiúla bainistíochta an Chláir chun tacú leis an nGrúpa Oibre Dobharcheantar Baill Ghoirm.

De bharr íogaireacht a lán dobharlach ard-stádais, d'fhéadfadh sé bheith deacair cineál agus suíomh beacht an bhrú (na mbrúnna) a théann i gcion ar na dobharlaigh sin a dhearbhú le cruinneas dóthanach. Faoi mar a luadh i Roinn 8.6.1, beidh an obair mheasúnaithe imscrúdaithigh a dhéanfaidh LAWCO agus oifigigh na Foirne Tacaíochta agus

Comhairlí sna Limistéir thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta ríthábhachtach lena chinntíú go gcurfear na bearta sonracha maidir le huisceard-stádais a chosaint chun feidhme mar is ceart, agus beidh comhordú na hoibre sin ina chomhpháirt lárnach den "Chláir Dobharcheantar Baill Ghoirm".

Bunófar Grúpa Oibre Dobharcheantar Baill Ghoirm roimh lár 2018 chun iarrachtaí agus acmhainní a chomhordú agus a dhíriú i measc líon gníomhaireachtaí tábhachtacha. Áireofar leis na príomhpháirtithe leasmhara atá bainteach leis na bearta earnála atá mionsonraithe sa RBMP seo a sheachadadh. Bunófar an Grúpa Oibre sin ar an leibhéal náisiúnta, agus tuairisceoidh sé don Ghrúpa Náisiúnta Cur chun Feidhme Teicniúil, agus beidh sé faoi chathaoirleacht Chomhairle Contae Chiarraí. Soláthroidh an EPA tacaíocht agus comhairle theicniúil don Ghrúpa.

Bhí ceardlann ar siúl ag deireadh 2017 chun na príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt le chéile agus chun prionsabail agus cuspóirí bunaidh an "Chláir Dobharcheantar Baill Ghoirm" a fhobairt. Forbraíodh clár oibre tosaigh le haghaidh 2018 chun túis a chur leis an bpróiseas chun aitheantas agus feasacht faoin gClár a fhobairt agus túis a chur lena chomhtháthú san obair atá á déanamh cheana, nó atá beartaithe faoin gClár Beart. Stiúrfaidh Grúpa Oibre Baill Ghoirm an clár oibre seo agus déanfaidh an Comhordaitheoir Baill Ghoirm é a bhainistiú. Áireofar na tionscnaimh seo a leanas leis:

- Ceapfaidh údarás áitiúla Comhordaitheoir Baill Ghoirm chun gníomhaíochtaí an chláir a chomhordú agus a bhainistiú.
- Forbróidh na húdarás áitiúla plean cumarsáide agus ranpháirtíochta don "Chláir Dobharcheantar Baill Ghoirm" chun a thábhacht ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta a leagan amach go soiléir.
- Déanfaidh an Grúpa Oibre moltaí maidir le bainistíochta láithreán ard-stádais laistigh de dhobharlaigh lena bhfuil cuspóir ard-stádais.
- Comhoibreoidh páirtithe leasmhara le Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha LAWCO chun rioscaí do chláilfacht an uisce i ndobharcheantair bhaill ghoirm a shainainthint trí mheasúnuithe imscrúdaitheacha.
- Cuirfear feabhas ar an malartú fasnáise laistigh de ghníomhaireachtaí agus ina measc chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí laistigh de dhobharcheantair Bhaill Ghoirm (e.g. athrú ar thalamhúsáid, forbairtí úra) a bhféadfadh maolú a bheith mar

thoradh orthu amach anseo, agus déanfar beart ceartaitheach luath chun rioscaí do chláilfacht an uisce a dhíothú.

- Cuirfidh an Grúpa Oire bunú tionscnamh dobharcheantar faoi stiúir an phobail sa "Chláir Dobharcheantar Baill Ghoirm" chun cinn agus tacoidh sé leis.
- Cuideoidh an Grúpa Oibre leis an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil maidir le togra a fhobairt le haghaidh togra tionscadail chomhtháite LIFE (féach an roinn thíos).
- Sainaithneoidh an Grúpa Oibre riachtanais taighde, chun bonn eolais a chur faoi bhainistíoch limitéar ard-stádais.

Thar an gclár oibre tosaigh a luadh thusa, glacfaidh an Grúpa Oibre Baill Ghoirm ról níos réamhghníomhái i gcur chun feidhme na mbeart agus i ranpháirtíocht leis na páirtithe leasmhara – go háirithe Ranna Rialtais – chun an Clár Baill Ghoirm a chomhtháthú i gcinntí beartais thart ar bhrúnna aitheanta. Áireofar iad seo a leanas ar aidhmeanna fadtéarmacha an Ghrúpa Oibre:

- Líonraí Dobharcheantar Baill Ghoirm a nascadh chun ilgħnóthachain ó chur chun feidhme na mbeart agus comhordú feabhsaithe thar theorainneacha áitiúla agus réigiúnacha a chinntí (e.g. trí phleananna forbartha)
- Straitéis fhadtéarmach a fhobairt chun feabhas a chur ar ár dtuisceint ar na príomhchúiseanna le caillteanas ard-stádais (beidh nascacht tríd an tionscadal LIFE atá beartaithe tábhachtach sa straitéis sin)
- Straitéis láidir a chur chun feidhme maidir le cosaint agus feabhsú uiscí ard-stádais, lena n-áirítear moltaí maidir le rialú forbartha

#### Tionscadal Comhtháite LIFE a fhobairt

Tá togra a ullmhú ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil faoi láthair maidir le Tionscadal Comhtháite LIFE AE maidir le cosaint agus athchóiriú dobarlach ard-stádais. Tionscadail mórsclá (réigiúnach nó náisiúnta) arna gcómhaoiniú ag AE is ea iad Tionscadail Chomhtháite LIFE a dearadh chun pleananna nó straitéisí comhshaoil a chur chun feidhme. Díritear i dtogra na hÉireann ar threocht fadtéarmach an mheatha i lín na láithreán abhann agus locha ard-stádais a aisiompú agus beidh sé nasctha go mór le forbairt an "Chláir Dobharcheantar Baill Ghoirm".

Bainfidh an togra le "Nóta Coincheapa" (á fhobairt faoi láthair), ina bhfuil príomhghnéithe

agus príomhchuspóirí an tionscadail, i R3/4 in 2018. Má fhaomhann an Coimisiún Eorpach an Nótá Coincheapa, cuirfear an togra tionscadail ionlán isteach faoi R2 in 2019. D'fhéadfadh thart

ar €17 milliún (thart ar €10 milliún ó chistí AE agus an chuid eile ó fhoinsí náisiúnta) bheith i gceist le togra maidir le Tionscadail Chomhtháite LIFE.

## 8.4 Aibhneacha agus Lochanna Ard-stádais – Príomhgníomhaíochtaí don 2Ú Timthriall

Leagtar amach thíos príomhgníomhaíochtaí pleanálte a bhaineann le haibhneacha agus lochanna ard-stádais:

Príomhgníomhaíochtaí	
<b>1</b>	Le bearta atá ann cheana – amhail scéim GLAS, scéimeanna foraoiseachta agus cigireachtaí DWWTs – leanfar le cosaint uiscí ard-stádais a chur chun cinn. Tabharfar tús áite do ghlacadh na scéimeanna sin i limistéir ard-stádais.
<b>2</b>	Tá sé beartaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil leasú a dhéanamh ar an Scéim Deontais um Fheabhsú DWWTsanna chun feabhsú DWWTsanna a d'fhéadfadh dul i gcion ar uiscí ard-stádais laistigh de Limistéir thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta a sholáthar.
<b>3</b>	Ag aithint go bhfuil sé ina thosaíocht uiscí ard-stádais a chosaint, forbrófar agus cuirfear chun feidhme “Clár Dobharcheantar Bhaill Ghoirm” Bunófar leis sin líonra dobharcheantar abhann agus locha lena mbeidh an cuspóir comhroinnte uiscí ard-stádais éiceolaíochta a chosaint agus a athneartú. Déanfar an Clár seo a chomhtháthú le struchtúir cur chun feidhme níos leithne agus éascóidh sé úsáid sírithe acmhainní ar dhobharcheantair Bhaill Ghoirm.
<b>4</b>	Chun an “Clár Dobharcheantar Bhaill Ghoirm” a bhunú agus a chomhordú, bunófar Grúpa Oibre Dobharcheantar Baill Ghoirm in 2018, ina gcuimseofar na páirtithe leasmhara uile, agus beidh sé faoi chathaoirleacht Chomhairle Contae Chiarraí. Ceapfaidh an Grúpa Oibre Comhordaitheoir Baill Ghoirm tiomanta don chlár.
<b>5</b>	Tá forbairt Tionscadail Chomhtháite LIFE AE curtha chun cinn ag an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun uiscí ard-stádais a chosaint agus a fheabhsú agus a chomhtháthú san obair faoin “gClár Dobharcheantar Bhaill Ghoirm”. Má fhaomhtar maoiniú AE lena aghaidh, táthar ag súil go dtosóidh an tionscadal sin in 2020.

## Cuid 9: Anailís Eacnamaíoch d'Úsáid Uisce

Soláthraíonn an chuid seo den doiciméad analís achomair eacnamaíoch d'úsáid uisce agus cur síos ar sheirbhísí uisce laistigh de cheantar abhantraí na hÉireann. Soláthraítear ann fasnéis faoi struchtúr sheachadadh na seirbhísí uisce in Éirinn, in éineacht le meastachán d'úsáid uisce de réir na hearnála agus de na costais a bhaineann le soláthar na seirbhísí uisce. Tugann Cuid 9 achoimre freisin ar an tstí ina dtarláinn pleanáil chun cinn san earnáil agus conas a mhaoineofar seirbhísí uisce thar an tréimhse go dtí 2021. Leagtar amach na bearta pleanálte i dtaca le gnéithe eacnamaíocha úsáide uisce, agus déantar cur síos ar chomhthéacs níos leithne úsáide uisce in Éirinn.

### 9.1 Intreoir

Cuireann Alt 9 den Chreat-Treoir Uisce (CTU) iachall ar na ballstáit prionsabal aisghabháil chostais na seirbhísí uisce a chur san áireamh, lena n-áirítear costais timpeallachta agus acmhainní, de réir an phrionsabail “focadh an truaillitheoir”. Ní mór go gcuirfeadh an aisghabháil chostas san áireamh anailís eacnamaíoch de na costais sin a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce, lena n-áirítear tuartha fadtéarmacha a dtugtar fúthu do chuspóir Ailt 5 agus Aguisín III. Leagann Alt 9 amach an gá atá ann freisin dreasachtaí sásúla a chinntíú chun acmhainní uisce a úsáid go héifeachtach, agus an gá atá ann le cuidiú sásúil ó na húsáideoirí éagsúla uisce (lucht an tionscail, teaghlaigh agus lucht talmhaíochta) maidir le haisghabháil na gcostas. Agus sin á dhéanamh acu, is féidir go gcuirfidh ballstáit an AE san áireamh éifeachtaí sóisialta, timpeallachta agus eacnamaíocha aisghabháil na gcostas san áireamh, chomh maith le cúinsí tíreolaíochta agus aeráide an réigiún. Ina theannta sin, ligéann Alt 9 do na ballstáit sin ina bhfuil sé ina chleachtas seanbhunaithe, gan forálacha aisghabháil na gcostas a chur i bhfeidhm, nuair nach gcuireann sin isteach ar chuspóirí agus ar ghnóthachtáil chuspóirí na treorach.

Tá feabhas tagtha ar sholáthar na sonrái agus an taighde a bhaineann le húsáid uisce in Éirinn thar thréimhse an chéad timthriall phleanála faoi abhantracha. Den chuid is mó, baineann sin leis an gclár athchóirithe uisce, lena n-áirítear údarás amháin náisiúnta seirbhísí uisce do sheirbhísí uisce phoiblí agus uisce dhramhaíola, lena n-áirítear rialú neamhspleách eacnamaíoch na hearnála sin. Aithnítear gur gá tuilleadh feabhas a chur ar na sonrái agus ar an bhfaisnéis a bhaineann leis an earnáil, chomh maith le hanailís ghaolmhar eacnamaíoch na sonrái seo. Leanfar ar aghaidh

le forbairt na hoibre seo thar thréimhse an dara timthriall. Ina theannta sin, aithnítear freisin gur gá feabhas a chur ar thuiscint eacnamaíoch agus éifeachtúlacht ó thaobh costais de na mbeart níos leithne bainistíochta dobharcheantair a chuirtear i bhfeidhm chun feabhas a chur ar chaighdeán an uisce.

### 9.2 Struchtúr Sholáthar Seirbhísí Uisce agus Uisce Dhramhaíola in Éirinn

Trí anailís a rinneadh ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) fuarthas amach go soláthraítear uisce ólacháin 83% de na daoine ag an soláthar poiblí a chuireann Uisce Éireann ar fáil<sup>49</sup>. Roimh 2014, seachadadh seirbhísí uisce phoiblí in Éirinn ag 34 údarás áitiúil aonair a ghníomhaigh mar údaráis uisce. Le teacht Uisce Éireann ar an saol bunaíodh údarás aonair náisiúnta seirbhísí uisce chun na seirbhísí seo a sheachadadh. D'éascaigh sin cur chuige níos comhtháite i dtaca le seachadadh seirbhísé trí chinntíú cur chuige níos comhsheasmháí agus níos dírithe i leith beartú tosaíochta na hinfheistíochta, trí éifeachtacht a spreagadh i seachadadh an infrastruchtúir agus trí fhorbairt an dea-chleachtais oibríochtúil a chinntíú ar fud na sócmhainní uisce phoiblí agus uisce dhramhaíola.

Soláthraítear uisce ólacháin 7% eile de na daoine ag scéimeanna grúpa poiblí nó príobháideacha. Is scéimeanna grúpa iad na scéimeanna uisce grúpa phoiblí a sholáthraítear ar an mórchóir ag Uisce Éireann, agus déanann na scéimeanna uisce grúpa phríobháideacha uisce ólacháin a asbhaint, a chóireáil agus a dháileadh ar a gcuid ball. Go ginearálta is é atá sna scéimeanna uisce grúpa príobháideacha ná grúpaí comhoibríocha a sheachadann seirbhísí uisce ólacháin ar phobal áitiúla in áiteanna faoin tuath, mar a bhfuil an costas ard a bhainfeadh le soláthar infrastruchtúir tar éis cur ar fáil soláthair phoiblí a fhágáil neamh-inmharthana. Faigheann an 10% eile den phobal a gcuid uisce ólacháin ó thobair phríobháideacha.

Cuireann Uisce Éireann uisce ólacháin ar fáil do 83% den daonra, ach de réir sonrái an Daonáirimh tá céadán na dteaghlaigh (66%) atá ceangailte leis na seirbhísí poiblí uisce dramhaíola a sholáthraítear ag Uisce Éireann níos ísle. Cé acu bíonn córais aonair nó córais ghrúpa cóireála uisce dhramhaíola ag an 31% eile den phobal – figiúr atá i gcomhréir, cuid mhór, le lón daonra na tuaithe in Éirinn.

49 Focus on Private Water Supplies 2016, GCC 2017  
<http://www.epa.ie/pubs/reports/water/drinking/focusonprivatewatersupplies2016report.html>

Tá thart ar 164,000 cuntas custaiméara neamhtheaghlaigh ag Uisce Éireann chomh maith; baineann 51% acu sin le huisce amháin agus baineann an 49% eile leas as seirbhísí uisce agus uisce dhramhaíola.

### 9.3 Éileamh Measta ar Uisce in Éirinn

Maidir leis an éileamh ar uisce san earnáil tí, tá sonraí cruinne curtha ar fáil ag méadrú na dteaghlach maidir leis an éileamh ar uisce in aghaidh na réadmhaoine. I Mí Aibreán 2017, tháirg an Phríomhoifig Staidrimh (POS) an chéad scaoileadh staitisticiúil in Éirinn maidir le tomhaltas teaghlaigh uisce i 2015.<sup>50</sup> Bunaíodh an scaoileadh seo ar shonraí méadar do suas le 771,348 méadar uisce. Meántomhaltas de 383 lítear in aghaidh an lae a fuarthas. Tá san áireamh ann gach ligean uisce ó thaobh an duine phríobháidigh de, san áit ina dtarlaíonn sin. Táirgfeart an scaoileadh staitisticiúil seo ar bhonn bliantúilanois, agus solathróidh sé uirlis thábhachtach do mhonatóireacht tomhaltais teaghlaigh ón soláthar poiblí uisce tríd an dara timthriall agus thairis sin amach.

Chinn tuarascáil a rinne an Coimisiún um Rialáil Fóntais (CRF) níos déanaí, sin rialór eacnamaíoch Uisce Éireann, ar leithigh gurb é an meánéileamh in aghaidh an árais chónaithe ná 125,000 lítear in aghaidh na bliana<sup>51</sup>. Cuireadh an analís seo i gcrích ag cur san áireamh na riachtanais bhriseachta a cuireadh ar an CRF, tar éis achtú an Acharta um Sheirbhísí Uisce a cuireadh i bhfeidhm le déanaí, ar 17 Samhain 2017.

Leasaíonn an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2017 an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2007. Tá mar chuid den leasú seo cur isteach na nAlt nua 53A-53F isteach san Acht. Cuireann Alt 53A iachall ar CRF athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an ráta éilimh thar thréimhse 12 mhí do sheirbhísí uisce a sholáthraítear ag Uisce Éireann d'árais chónaithe, agus tuarascáil a thabhairt don Aire faoina chinneadh. Bhí a gcéad tuarascáil sa chomhthéacs seo bunaithe ar úsáid iarbhir na gcuastaiméirí méadraithe Uisce Éireann i 2016. Tá cinneadh an CRF i gcomhréir, go ginearálta le hanailísí a rinneadh roimhe seo, foilseachán na POS san áireamh. Tá na tortaí rud beag éagsúil ag an POS i gcomparáid leis an CRF mar gheall ar

fhachtóirí áirithe, leithéidí úsáid mhodheolaíochtaí agus tréimhsí anailíse éagsúla.

Maidir leis an éileamh ar uisce ag an earnáil tráchtala, tá 96% de na 164,000 cuntas neamhtheaghlaigh a bhfuil eolas orthu ceangailte don soláthar poiblí uisce agus/nó do shéarach uisce dramhaíola méadraithe<sup>52</sup>. Tá Uisce Éireann tar éis cuntas neamhtheaghlaigh a astriú ó údarás áitiúla go hUisce Éireann, agus cuirfear feabhas ar chruinneas na sonraí neamhtheaghlaigh trí dhá chlár a dhírionn ar athchóiriú na gcóras méadar níos lú neamhtheaghlaigh agus na méadar mór neamhtheaghlaigh. Cuirfidh sin bonn eolais faoi fhorbairt todhchaí na dtograí tálle neamhtheaghlaigh. Tá an t-éileamh ionmlán reatha measta do na cuastaiméirí neamhtheaghlaigh seo le fáil sa raon idir 330–350 milliún lítear in aghaidh na bliana, ag cuimsíú úsáid neamhtheaghlaigh mhéadraithe agus neamh-mhéadraithe. Is ionann sin agus éileamh ionmlán uisce neamhtheaghlaigh sa raon 120–128 milliún m<sup>3</sup> per annum.

Déanann an clár thíos achoimriú ar an éileamh measta uisce don soláthar poiblí uisce a chuirtear ar fáil ag Uisce Éireann do dheireadh 2017. Tugtar míniú ann ar an éileamh poiblí teaghlaigh agus neamhtheaghlaigh agus do chaillteanais mheasta líonra.

Úsáid mheasta uisce do sheirbhísí poiblí uisce do dheireadh 2017	Úsáid mheasta bhliantúil uisce (milliún m <sup>3</sup> )
Éileamh teaghlaigh <sup>53</sup>	205
Éileamh neamhtheaghlaigh <sup>54</sup>	124
Caillteanais líonra (fíorcaillteanais & caillteanais dhealraitheacha) <sup>55</sup>	273
Éileamh oibríochtúil (sruthlú an phríomhlíonra agus cothabháil na líonraí)	6
Éileamh measta ionmlán uisce (lonchur dáileacháin)	608

**Tábla 9.1 - Éileamh measta bliantúil uisce ólachán do na seirbhísí poiblí uisce**

50 Scaoileadh POS: Domestic Metered Public Water Consumption, 25 Aibreán 2017; [http://pdf.cso.ie/www/pdf/20170505102345\\_Domestic\\_Metered\\_Public\\_Water\\_Consumption\\_2015\\_full.pdf](http://pdf.cso.ie/www/pdf/20170505102345_Domestic_Metered_Public_Water_Consumption_2015_full.pdf)

51 CRU Report to the Minister: Review of Demand for Water Services, 15 Nollaig 2017; <https://www.cru.ie/wp-content/uploads/2017/12/CRU17339-CRU-Report-to-the-Minister-Review-of-Demand-for-Water-Services.pdf>

52 Tá an fhaisnéis seo bunaithe ar shonraí billeála 2013.

53 Is figiúr éilimh ionlán é seo a úsáidtear do mheastachán caillteanas. Tá sé bunaithe ar shonraí méadraithe, ach tá san áireamh ann freisin éilimh tí ar sholáthair uisce ghrúpa agus líonraí príobháideacha eile.


54 Is figiúr éilimh ionlán é seo a úsáidtear do mheastachán caillteanas. Tá sé difriúil ó na figiúirí a eascraíonn as méadrú/billeáil. Tá sé bunaithe ar shonraí a sholáthraítear ag údarás áitiúla agus tá mar chuid de éileamh uisce ó bhulcmhéadair. Tá mar chuid de freisin éileamh agus caillteanais mheasta ar líonraí a fheidhmítear ag grúpcéimeanna poiblí uisce agus ag eastáit phríobháideacha.

55 Meastar fíorcaillteanais agus caillteanais dhealraitheacha sa soláthar poiblí ón difríocht idir uisce cóireáilte a théann isteach sa dáileachán, agus an t-uisce sin a úsáidtear ag cuastaiméirí an tsoláthair poiblí agus ag Uisce Éireann do chuspóirí oibríochtúla. Bunaithe ar mhéidíonna ionmlána measta an uisce chóireáilte ag dul isteach sa dáileachán de 608m<sup>3</sup> per annum, meastar na caillteanais (fíorcaillteanais agus caillteanais dhealraitheacha) ag 273m<sup>3</sup> per annum; a thugann luach táscach de 45% den uisce ar fad a théann isteach sa soláthar bunaithe ar shonraí 2017.

Tá méid na sonraí srianta atá ar fáil d'úsáid uisce ag teaghlaigh teoranta. Ag glacadh leis, áfach, go mbaineann sonraí éilimh an CRF le teaghlaigh freisin atá i scéimeanna príobháideacha uisce ghrúpa agus do na teaghlaigh sin a bhfuil tobair aonair acu, bheadh a n-úsáid uisce iomlán ag thart ar 44 milliún m<sup>3</sup> per annum.

Ina theannta sin, is úsáideoir suntasach uisce í an earnáil talmhaíochta in Éirinn, agus an úsáid iomlán uisce don earnáil sin measta ag 153 milliún m<sup>3</sup> per annum. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara go n-asbhaintear mórchuid (thart ar 90%) den úsáid uisce san earnáil talmhaíochta ó screamhuisce, rud a fhágann nach bhfuil baint ag soláthar na seirbhísí uisce leis sin.<sup>56</sup>

## 9.4 Ag Úsáid Sonraí Éilimh Uisce chun Bonn Eolais a Thabhairt do Pholasáí na Seirbhísí Uisce



**Figiúr 9.1 - Tomhultas Tí Méadraithe Uisce Phoiblí de réir Deicíle, 2014 agus 2015. Foinse: POS**

Soláthraíonn na sonraí faoi éileamh uisce ólacháin do na daoine sin atá ceangailte don soláthar poiblí bonn soiléir franaise chun bonn eolais a thabhairt don pholasáí maidir le feabhas a chur ar éifeachtacht úsáid an uisce sna blianta atá le teacht. Taispeánann na sonraí atá ar fáil ó Eurostat go bhfuil na leibhéal asbhainte per capita ard in Éirinn, i gcomparáid le ballstáit eile de chuid an AE.<sup>57</sup> Taispeánann na sonraí Eurostat atá ar fáil go bhfuil leibhéal per capita asbhainte in Éirinn ard, i gcomparáid le ballstáit eile de chuid an AE. Taispeánann na sonraí gurb é méid an uisce a asbhaintear don soláthar poiblí uisce in Éirinn ná 135.5m<sup>3</sup> in aghaidh an duine per annum. Seo an dara ráta asbhainte is airde in aghaidh an duine per

annum don soláthar poiblí uisce san AE; téann an raon ó 31.3m<sup>3</sup> i Málta suas go 159.1m<sup>3</sup> san Iodáil.

Maidir leis na leibhéal iarbhíre tomhultais in Éirinn, taispeánann na sonraí atá ar fáil ó na méadarí uisceanois go bhfuil an tomhultas per capita san earnáil teaghlaigh i gcomhréir leis na gnáthleibhéal san AE. De réir analíis an CRF ar shonraí méadraithe do 2016 ba é an meántomhultas in aghaidh an duine ná 47m<sup>3</sup> per annum. Bhí sin bunaithe ar léamh méadarí a chuir Uisce Éireann ar fáil don CRF. Cuireadh figíúirí asluiteacha (is é sin le rá, figíúirí a bhain le daoine a raibh tomhultas an-ard ar fad nó an-íseal ar fad acu) san áireamh san analíis. Bunaithe ar shonraí Eurostat, tá sin fós cuid mhór

56 The Water Footprint of Irish Beef and Dairy Products, Bord Bia agus Ollscoil Cranfield, Feabhra 2012. [https://dspace.lib.cranfield.ac.uk/bitstream/1826/8756/3/The\\_Water\\_Footprint\\_of\\_Irish\\_Meat\\_and\\_Dairy\\_Products-2012.pdf](https://dspace.lib.cranfield.ac.uk/bitstream/1826/8756/3/The_Water_Footprint_of_Irish_Meat_and_Dairy_Products-2012.pdf)

57 Eurostat Statistics Explained, Water Statistics, Lúnasa 2017 [http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Water\\_statistics](http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Water_statistics) (Féach go háirithe Fig. 3 maidir le hasbhaint uisce don soláthar poiblí agus Tábla 5 maidir le húsáid uisce in aghaidh an duine ag an earnáil teaghlaigh i mBallstáit an AE).


laistigh de raon an tomhaltais teaghlaigh uisce i mballstát eile an AE, agus tá sé cuid mhór níos ísle ná an tomhantas ina lán ballstát.

Tá leibhéal arda asbhainte uisce le fáil in Éirinn, ach freisin tá na leibhéil tomhaltais laistigh de noirm an AE, agus tá sin comhsheasmhach leis an bhfianaise nach bhfuil tásc ná tuairisc ar 45% den uisce cóireálte, mar gheall ar chaillteanais líonra. Léiríonn na sonraí asbhainte agus méadraithe, mar sin de, gur trí aghaidh a thabhairt ar mhéid na gcaillteanas líonra is mó an acmhainn chun feabhas a chur ar éifeachtacht maidir le húsáid an uisce ón soláthar poiblí.

Soláthraíonn na sonraí méadraithe do theaghlaigh, a fhoilsítear ag an POS agus ag an CRF, faisnéis thábhachtach freisin faoi dháileachán úsáide uisce trasna na dteaghlach, agus faoi conas is fearr bearta éifeachtúlachta a bhaint amach. Cuireann Figiúr 9.1 (thíos), atá bunaithe ar shonraí POS, úsáid uisce i láthair de réir deicíle. Is é atá i gceist leis an gcéad deicíl ná na 10% de na teaghlaigh

is ísle úsáid uisce, agus is é an deichiú deicíl ná an 10% de na teaghlaigh is airde úsáid uisce. Taispeánnan na sonraí go bhfuil i gceist leis an deichiú deicíl ná 43% den úsáid uisce ar fad ag teaghlaigh. I bhfocail eile, úsáideann na húsáideoirí uisce teaghlaigh a bhaineann leis an deicíl 10% is airde 43% den uisce a chaitear laistigh den earnáil teaghlaigh. Ina staidéar, fuair CRF amach go gcaitheann 7% de na custaiméirí 31% den éileamh iomlán uisce. Fuair analís CRF amach go n-úsáideann an 1% is airde i measc na gcustaiméirí méadraithe 16% den uisce ar fad. Baineann an 5% is airde i measc na gcustaiméirí 27% den uisce ar fad.

Bunaithe ar an gcinneadh seo, is léir go bhfuil mar chuid den chur chuige is éifeachtaí i dtaca le húsáid níos inbhuanaithe agus níos éifeachtaí an uisce phoiblí (1) aghaidh a thabhairt ar na leibhéil arda de ligean líonra agus d'uisce gan tásc agus (2) aghaidh a thabhairt ar an leibhéal an-ard úsáide uisce ag leibhéal is airde na húsáide teaghlaigh.



## 9.5 Pleanáil Chun Cinn do na Seirbhísí Poiblí Uisce

Le bunú Uisce Éireann i 2014, d'éirigh an phleanáil chun cinn do sholáthar na seirbhísí uisce ag an leibhéal náisiúnta níos struchtúrtha agus níos dírithe. I gcomhréir le forálacha an Acharta um Sheirbhísí Uisce, thárg Uisce Éireann Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce (PSSU) i 2015. Leagann sin amach straitéis ardleibhéal atá le cur i bhfeidhm thar 25 bliana. Tá sé mar aidhm ag an straitéis, mar shampla, cinntíú go soláthraítear

uisce ólacháin glan sábháilte, go mbainistítear uisce dramhaíola go héifeachtach agus go dtarlaíonn cosaint agus tacaíocht oiriúnach timpeallachta láimh ar láimh le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Bhí an PSSU faoi réir ag dhá bhabhta comhairliúcháin phoiblí agus faomhadh é ag an Aire i Mí Dheireadh Fómhair 2015. Ní mór an PSSU a athbhreithniú agus a nuashonrú ar a laghad gach cúig bliana.

I dtéarmaí an leibhéal riachtanaigh infheistíochta, aithníonn an PSSU gá le leibhéal infheistíochta caipítil de thart ar €600 milliún *per annum* “chun caighdeán shásula a bhaint amach de chomhlíonadh uisce ólacháin agus uisce dramhaíola, agus chun tacú le fás na tíre”. Is ionann sin agus thart ar €14 billiún thar thréimhse an phlean, mar atá luaite sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN). Tá an caiteachas oibríochtúil riachtanach sa bhereis ar an riachtanas infheistíochta caipítil seo.

Cothaíonn an PSSU an phleanáil ghearrthéarmach/mhéantéarmach atá leagtha amach i bPlean Gnó Uisce Éireann, a chlúdaíonn an tréimhse 2015-2021. Leagann Plean Gnó Uisce

Éireann amach straitéis chun roinnt cuspóirí a chomhlíonadh, lena n-áirítear cloachlú an mhúnla oibríochtúil, bheith ag forbairt mar fhóntas ardfheidhmíocha, ag seachadadh coigiltí chostais oibríochtúil de €1.1 billiún thar an tréimhse go 2021. Forbrófar pleán don tréimhse 2019 go 2024 le linn 2018, pleán a léireoidh Ráiteas Polasai na Seirbhísí Uisce atá le foilsíú i 2018 freisin. Cuirfear sin i gcomhthíacs an PSSU agus leagfar na tosaíochtaí amach sa PFN. Léiriú iad seo ar infheistíochta ionchais ar luach €8.5 billiún sa tréimhse go 2027. Nuashonrófar an Plean seo le linn 2018. Déanann an PSSU, an Plean reatha Gnó agus an PFN go léir tosaíocht de chomhlíonadh riachtanais threoracha agus rialacháin an AE.

## 9.6 Soláthar na Seirbhísí Uisce in Éirinn a Mhaoiniú

### 9.6.1 Costais Réamh-mheasta agus Rialú Eacnamaíoch na Seirbhísí Poiblí Uisce

Roimh bhunú Uisce Éireann, tugadh faoi chaiteachas oibríochtúil agus caipítil do sholáthar seirbhísí uisce ag 34 údarás áitiúil ar leith, iad ag gníomhú mar údarás seirbhísí uisce. I dtéarmaí na gcostas stairiúil seo, le déanaí d’fhoilsigh an POS staitisticí do chaiteachas oibríochtúil agus caipítil san earnáil don tréimhse 2000–2013.<sup>58</sup>

Ó bhí 2014 ann, tabhaíodh gach costas oibríochtúil agus caipítil do sholáthar seirbhísí poiblí uisce ag Uisce Éireann. Leagann Plean Gnó Uisce Éireann an leibhéal pleanálte caiteachais oibríochtúil agus chaipítil amach thar an tréimhse 2015–2021, is é an rialóir eacnamaíoch, an CRF, a shocraíonn an caiteachas oibríochtúil agus an infheistíochta chaipítil iarbhire atá ceadaithe.

Do thréimhsí áirithe rialála, cuireann Uisce Éireann pleananna bearaithe caiteachais oibríochtúil agus chaipítil (bunaithe ar an PSSU agus ar Phlean Gnó Uisce Éireann) faoi bhráid an CRF. Déanann an CRF athbhreithniú ar na moltaí seo, tugann sé faoi chomhairliúchán poiblí agus ansin cinneann sé an t-ioncam a bhfuil sé ceadaithe ag Uisce Éireann aisghabháil don tréimhse. Soláthraíonn an t-ioncam ceadaithe seo aisghabháil chostas do chostais oibríochtúla agus do chaiteachas caipítil, agus ionchorpráinn sé freisin dúshláin éifeachtacha a fhhorchuirtear ag an CRF.

I mí na Nollag 2016, d’eisigh an CRF a chinneadh maidir le hioncam ceadaithe Uisce Éireann don

tréimhse 2017–2018.<sup>59</sup> Cheadaigh an CRF caiteachas oibríochtúil d’Uisce Éireann de €710 milliún do 2017 agus €685 milliún do 2018. Cuireann na liúntais oibríochtúla seo iachall ar Uisce Éireann bearta éifeachtúlachta de 5% *per annum* do 2017 agus 2018 laistigh dá chuid costas inrialaithe oibríochtúla. Déanfaidh an dúshlán éifeachtúlachta seo cogilteas carnach de 20% a sheachadadh don chustaiméir thar an tréimhse 2015–2018. Beidh costais oibríochtúla don tréimhse 2019–2021 faoi réir ag socruite ar rialála todhchaí a dhéanann CRF. Maidir le costais chaipítile, cheadaigh an CRF costais chaipítile Uisce Éireann i braghanna 2015 de €523 milliún do 2017 agus €629 milliún do 2018. Is ionann sin agus laghdú de 10.6% i gcomparáid le togra Uisce Éireann, bunaithe go príomha ar dhúshláin éifeachtúlachta socraithe ag CRF.

Is iad, mar sin de, na costais iomlána cheadaithe oibríochtúla agus chaipítile do 2017 agus 2018 ná €1.233 milliún agus €1.314 milliún faoi seach.

Tar éis socrú 2016 an CRF ar ioncam ceadaithe Uisce Éireann do 2017–2018, achtaíodh an tAcht um Sheirbhísí Uisce 2017. D’éisigh an reachtaíocht seo go gcuirfí céimeanna breise i gcrích roimh an gcéad phróiseas eile athbhreithnithe rialála ag an CRF. Tá san áireamh sna céimeanna seo forbairt ráitis pholasáí faoi sheirbhísí uisce (ag an Aire) agus pleán maoinithe straitéisigh (ag Uisce Éireann). Más é socrú an CRF ná próiseas buiséadach

<sup>58</sup> Public income and expenditure on water supply and wastewater treatment, An Phríomhfoig Stáitrimh, Meán Fómhair 2017: <http://www.cso.ie/en/releasesandpublications/er/iews/incomeandexpenditureonwatersupplyandwastewatertreatment2013/>


<sup>59</sup> Irish Water Second Revenue Control 2017–2018, Páipéar Socraithe, CER/16/342, 12 Nollaig 2016, [http://www.cer.ie/docs/001108/CER16342%20CER%20Decision%20on%20Irish%20Water%20Revenue%20for%202017-2018%20\(4\).pdf](http://www.cer.ie/docs/001108/CER16342%20CER%20Decision%20on%20Irish%20Water%20Revenue%20for%202017-2018%20(4).pdf)

an Rialtais a chothú, ansin ní mór an socrú sin a dhéanamh luath go leor le go mbeadh sin indéanta.

Chun am a cheadú do na céimeanna seo, shocraigh an CRF rialú ioncaim reatha 2017-2018 a leathnú amach de bhliain amháin le go gcuimseofaí 2019. Ciallaíonn sin go gcuirfear túis leis an gcéad rialú eile ioncaim ó Mhí Eanáir 2020. Tá sé i gceist go gclúdódh sin tréimhse de chúig bliana agus go gcloíí leis an bpróiseas a leagtar amach san Acht um Sheirbhísí Uisce 2017. Beidh an tréimhse níos faide ina cabhair ag Uisce Éireann chun bheith ag pleanál do agus bheith ag cur i gcrích na hoibre atá riachtanach chun bearta éifeachtúlachta

costais agus feabhsú seirbhise a spreagadh thar roinnt blianta. Tugann sé am a dhóthain do Uisce Éireann freisin chun an infheistíocht chuí chaipitil a dhéanamh a chuirfidh ar a chumas bearta éifeachtúlachta a sheachadadh thar thréimhse ilbhliantúil.

Le síriú anois ar an tréimhse reatha – infheistíocht chaipitil i seirbhísí uisce thar thréimhse an dara timthriall PBA seo – leagann an chairt thíos amach an caiteachas tabhaithe agus réamh-mheasta caipitil do sholáthar seirbhísí poiblí uisce thar an tréimhse 2014-2021.



**Figiúr 9.2 - Caiteachas iarbhír (2014 - 2017) & caiteachas tuarthá (2018 - 2021) caipitil ar uisce poiblí ólacháin & uisce dramhaíola**

Bíonn an CRF ag obair ar bhonn leanúnach chun feabhas a chur ar thrédhearacht i dtéarmaí an bhealaigh ina rialáinn sé an earnáil agus feidhmíocht Uisce Éireann araon. Gné thábhachtach d'obair an CRF is ea cinntíú go gcaitear ioncam Uisce Éireann go cúi chun feabhas a chur ar sheirbhísí do chustaiméirí. Chun seo a éascú, d'fhoilsigh an CRF a chéad Mheasúnú Feidhmíochta Uisce Éireann i Mí Lúnasa 2017. Foilsodh an dara tuarascáil i Mí Feabhra 2018. Tuairiscíonn na measúnuithe seo de chuid an CRF faoi chreatlach de 19 méadracht phríomhfheidhmíochta a úsáidfear chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht agus ar dhul chun cinn Uisce Éireann le himeacht ama. Clúdaíonn an mhéadracht seirbhís do chustaiméirí, feidhmíocht timpeallachta, caighdeán na seirbhise don soláthar uisce, sláine an tsoláthair uisce agus na seirbhise séarachais. Foilseofar tuarascálacha sa todhchaí go leathbhliantúil ag an CRF.

## 9.6.2 Maoiniú Todhchaí na Seirbhísí Uisce agus Aisghabháil Chostas

Is é atá i gceist leis an bpróiseas a dtugtar achoimre faoi thuas, mar a bhforbraíonn Uisce Éireann Plean Straitéiseach Seirbhísí Uisce, le tacaíocht ó phleananna gnó gearrthéarmacha/ meántéarmacha, ná cur chuige láidir maidir le pleanál chun cinn laistigh den earnáil. Chomh maith leis sin, cinntíonn rialú timpeallachta tríd an GCC agus rialú eacnamaíoch tríd an CRF go mbíonn pleannanna agus cláir Uisce Éireann comhsheasmhach le bheith ag comhlíonadh dualgas timpeallachta agus go seachadtar iad ar bhealach atá éifeachtach go heacnamaíoch. Cinntíonn na próisis chomhairliúcháin a úsáidtear chun na pleannanna seo a fhorbairt freisin go mbíonn ionchur agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara lárnach i dtaca le forbairt phleananna. Agus na pleannanna agus na struchtúir forbartha chun seachadadh éifeachtach agus éifeachtúil

na seirbhísí poiblí uisce agus uisce dramhaíola a chinntíú, tá cinnteacht mhaoinithe lárnach do chinntíú go gcuirtear seachadadh chun cinn faoi mar a bhí beartaithe.

Maidir le húsáideoirí tráchtála, ó bhí 1998 ann is é Polasaí Náisiúnta Praghsála Uisce an Rialtais ná na costais iomlána sin a bhaineann le soláthar seirbhísí uisce agus uisce dramhaíola a ghearradh ar chustaiméirí neamhtheaghlaigh. Go stairiúil, ghearradh agus bailíodh táillí neamhtheaghlaigh ag údarás áitiúla aonair. Ó bhí 2014 ann, tá Uisce Éireann freagrach as soláthar seirbhise do chustaiméirí neamhtheaghlaigh. Don tréimhse rialála seo (Deireadh Fómhair 2014–Mí na Nollag 2016) ba é luach mheastacháin athbhreithnithe bhilleála Uisce Éireann ná thart ar €185 milliún *per annum* (praghsanna 2015). Cuireadh túis le billeáil dhíreach na gcuistaiméirí neamhtheaghlaigh ag Uisce Éireann i 2017.

Go luath, tosóidh CRF próiseas comhairliúcháin phoiblí a bhunóidh Creatlach Tháille Neamhtheaghlaigh Uisce Éireann do sholáthar uisce agus seirbhísí uisce dramhaíola. Faoi láthair, tá Uisce Éireann ag cur i bhfeidhm táillí neamhtheaghlaigh na n-údarás áitiúil a bhí i bhfeidhm ar 31 Nollaig 2013. Is ann do raon leathan leibhéal táille neamhtheaghlaigh, catagóirí táille, modhanna billeála, socruthe billeála agus timthriall billeála ar fud na tíre. Is ann do bhréis is 500 táille neamhtheaghlaigh i measc 164,000 cuntas neamhtheaghlaigh. Cuimsíonn siad seo idir asraoin bheaga mhiondíola agus ceangail mhóra thionsclaíocha. Tá sé tábhachtach bogadh i dtreo bealaigh níos cothroime agus caighdeánaithe chun táillí neamhtheaghlaigh a ghearradh, a bheadh ar aon dul leis an mbealach a úsáidtear le haghaidh seirbhísí eile, leithéidí gás agus leictreachas. Beidh ar chreatlach tháille Uisce Éireann cinntíú freisin go ndéanann úsáideoirí uisce agus uisce dramhaíola neamhtheaghlaigh ranníocaíocht shásúil i leith aisghabháil chostais na seirbhísí uisce. Tar éis comhairliúcháin phoiblí, táthar ag súil leis go gcuircfear na rátaí táille nua i bhfeidhm i dtreo dheireadh 2019.

Don tréimhse 1997-2014, d'íoc an Státhiste na costais chaipítíl, oibríochtúla agus chothabhála do sholáthar seirbhísí poiblí teaghlaigh uisce agus uisce dramhaíola. Tugadh táillí uisce teaghlaigh isteach ar 1 Eanáir 2015. Bhí sé i gceist go

mbeadh méid an ioncaim ó chustaiméirí teaghlaigh thart ar €270 milliún *per annum*. In éineacht leis na táillí neamhtheaghlaigh, a rabhthas ag súil leis go mbeadh i gceist leo san iomlán thart ar €230 milliún *per annum*, bheadh de thoradh air sin táillí iomlána chuig na custaiméirí de thart ar €500 milliún *per annum*. D'fhan an cheist seo, áfach, de bheith ag gearradh airgid as seirbhísí teaghlaigh uisce thar a bheith conspóideach trí 2015 agus 2016. Tar éis olltoghcháin i Mí Feabhra 2016, mar chuid de phróiseas bunaithe an Rialtais, baineadh amach “comhaontú muiníne agus soláthair” a d’eascaigh bunú Rialtais mhionlaigh. Rinne an comhaontú seo soláthar do phróiseas breithniúcháin maidir le maoiniú todhchaí na seirbhísí poiblí teaghlaigh uisce agus uisce dramhaíola, agus maidir le cur ar fionraí gaolmhar na dtáillí uisce. I Mí Mheithimh 2016 vótáil an tOireachtas chun na táillí a chur ar fionraí chun ligean don phróiseas breithniúcháin seo tarlú. Bhí 3 chéim mar chuid den phróiseas, is é sin le rá:

- ▼ Bunaíodh coimisiún saineolach faoi sheirbhísí poiblí teaghlaigh uisce chun tuairisc a thabhairt faoi mhaoiniú na seirbhísí poiblí teaghlaigh uisce in Éirinn agus chun moltaí a dhéanamh maidir le múnlá inbhuanaithe fadtéarmach maoinithe do sheirbhísí teaghlaigh uisce agus uisce dramhaíola. Thug an coimisiún saineolach seo a thuairisc i Mí na Samhna 2016.<sup>60</sup>
- ▼ Ansin scrúdaigh sainchoiste Oireachtas na moltaí seo, i seisiún poiblí go príomha, agus thug sé a chuid moltaí i Mí Aibreáin 2017.<sup>61</sup>
- ▼ I Mí Aibreáin 2017 chomh maith, vótáil an tOireachtas ag tacú leis na moltaí a rinneadh ag Sainchoiste an Oireachtas.

Chlúdaigh tuairisc Shainchoiste an Oireachtas raon réimsí, lena n-áirítear maoiniú agus aisghabháil chostas; rannpháirtíocht phoiblí, ról na rialóirí; comhlíonadh dhlí an AE; bearta caomhnaithe; cothromas agus cothroime; méadrú; agus athbhreithniú todhchaí na straitéise molta.

Tá reachtaíocht riteanois le haghaidh fhorálacha thuairisc an choiste, mar atá riachtanach, san Acht um Sheirbhísí Uisce 2017<sup>62</sup>. I measc rudai eile, déanann an reachtaíocht soláthar do na rudaí seo a leanas:

60 Report on the funding of domestic public water services in Ireland (Samhain 2016) <http://www.oireachtas.ie/parliament/media/committees/futurefundingofdomesticwaterservices/Report-of-Expert-Commission-on-Domestic-Public-Water-Services.pdf>

61 Oireachtas Committee report on the future funding of domestic public water services in Ireland (Aibreán 2017) (<http://www.oireachtas.ie/parliament/mediazone/pressreleases/2017/name-41671-en.html>)

62 An tAcht um Sheirbhísí Uisce 2017, Uimhir 29 ó 2017, achtaithe ar 17 Samhain 2017 <http://www.irishstatutebook.ie/eli/2017/act/29/en/html>

- ▀ Tá an tAire chun ráiteas polasaí seirbhísí uisce a leagann amach cuspóirí agus tosaíochtaí polasaí an Rialtais maidir le soláthar seirbhísí uisce, lena n-áirítear comhlíonadh dualgas chun an timpeallacht a chosaint agus chun feabhas a chur uirthi.
- ▀ Ansin tá iachall ar Uisce Éireann plean ilbhliantúil straitéiseach maoinithe a chur faoi bhráid an Aire a mbeidh mar chuid de meastachán do na costais oibríochtúla agus chaipítíl a bhaineann le soláthar na seirbhísí uisce de réir an ráitis pholasaí faoi sheirbhísí uisce. Tabharfaidh an plean straitéiseach maoinithe breac-chuntas ar na socrutithe agus ar na bearta atá leis an PSSU 25 bliana a chur i bhfeidhm thar thréimhse an phlean maoinithe.
- ▀ Ceadófar agus foilseofar an plean straitéiseach maoinithe seo ag an Aire (le mionathruithe nó gan iad). Sa phlean seo leagfar amach an maoiniú beartaithe le haghaidh Uisce Éireann do thréimhse an phlean agus tabharfar cinnteacht maoinithe do Uisce Éireann. Fanfaidh na meastacháin maoinithe sa phlean straitéiseach maoinithe faoi réir ag rialú iomlán eacnamaíoch ag an CRF.
- ▀ Beidh úsáidéoirí tráchtala uisce fós faoi réir ag aisghabhál iomlán na gcostas.
- ▀ Suas go tairseach ainmnithe, iócfar as costais an tsoláthair sheirbhíse d'úsáideoirí teaghlaigh trí mhaoiniú ón rialtas lárnach. Socrófar an tairseach ag 1.7 uair réta measta an CRF le haghaidh élimh ag áras cónaithe. Tá sé cinnte ag anailís an CRF gurb é an meánrátá élimh ag áras cónaithe ná 125,000 lítear *per annum*. Tá méid na tairsí socraithe, mar sin de, ag 213,000 lítear in aghaidh an árais chónaithe *per annum*. Gearrfar táille ar na custaiméirí sin a úsáideann uisce thar an tairseach seo as an éileamh farasbairr. Tá sé de chumas ag an CRF athbhreithnithe rialta a chur i gcrích chun an meántomholtas a áireamh, agus déantar soláthar dó gur féidir an t-iolraitheoir seo de 1.7 a laghdú le himeacht ama ach ní laistigh den chéad tréimhse 5 bliana, agus ní gan réiteach dearfach a bheith faigte ag an Oireachtas.
- ▀ Beidh úsáid teaghlaigh uisce thar an tairseach seo faoi réir ag táille, agus socrófar leibhéal an táille chéanna ag an CRF, ag cur san áireamh costas soláthar na seirbhísí uisce.

Cuirfear moltaí eile de chuid an Choiste i bhfeidhm ó thaobh riarracháin de, mar shampla cinntíú an mheascáin is éifeachtaí de mhéadrú uisce. Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara freisin go socróidh ráiteas polasaí na seirbhísí uisce, ullmhaithe ag an Aire, atrialta todhchaí an PSSU chomh maith le pleannána gnó a ullmhófar ag Uisce Éireann sa todhchaí.

## 9.7 Úsáid Uisce atá Éifeachtach agus Inbhuanaithe a Chothú

Tá sé lárnoch don pholasaí atá i bhfeidhm anois go ndéanfaí úsáid uisce atá éifeachtach agus inbhuanaithe a chothú. Faoi mar ar tugadh breac-chuntas air thusa, seo a leanas dhá phríomhghné de chuid an chur chuige seo: (1) rátá arda na gcaillteanas líonra a laghdú agus (2) meicníocht ghéarrtha tháillí a bheith i bhfeidhm mar a bhfuil na húsáideoirí teaghlaigh sin a úsáideann uisce thar an tairseach chomhaontaithe faoi réir ag táille. Tá roinnt beart tábhachtach chun úsáid uisce atá éifeachtach agus inbhuanaithe a chothú pleanálta don tréimhse 2018-2021. Leagann an liosta seo a leanas amach cuid de na bearta is tábhacthaí:

- ▀ Suas go 2021, tá sé beartaithe ag Uisce Éireann thart ar €73 milliún a infheistiú per annum chun sceitheadh uisce a laghdú. Tá raon idirghabhálacha á gcur i bhfeidhm, lena n-áirítear gníomhaíochtaí bainistithe bhrú, bearta gníomhacha rialaithe sceite uisce, athnuachan na bpriomhliónraí uisce agus coigilteas leanúnach ó thaobh na gcustaiméirí de. Tá na hidirghabhálacha seo ag díriú ar thart ar 61 milliún  $m^3$  *per annum* uisce a bheadh le

sábháil faoi 2021 le hais bonnlíne 2017.

- ▀ Beidh úsáid teaghlaigh uisce atá thar an tairseach ar tugadh breac-chuntas uirthi thusa faoi réir ag táille, a socrófar leibhéal an táille chéanna ag an CRF, ag cur san áireamh costas soláthair na seirbhísí uisce. Cinnteoidh sin go ndreasaíonn meicníochtaí praghsála úsáid éifeachtach san earnáil teaghlaigh.
- ▀ Aithnítear an méadrú mar rud atá thírbhachtach chun na sonraí agus na huirlí riachtanacha a bheith againn chun an polasaí seo a chur i bhfeidhm. Tá sé i gceist ag Uisce Éireann leanúint air de bheith ag leathnú amach dul i bhfód an mhéadraithe san earnáil teaghlaigh, ag uasghrádú freisin caighdeán an mhéadraithe neamhtheaghlaigh. Sa chomhthéacs seo, rinneadh soláthar do chlár de mhéadrú áras ilúsáideoirí agus d'fheistiú méadar ar réadmhaoine nua agus athchóirithe. Laistigh den chlár faoi sceitheadh uisce tabharfar aghaidh ar úsáid ard teaghlaigh ar dhá bhealach. I gcás na dteaghlaigh méadraithe, cuirfear na forálacha

táille úsáide farasbairr i bhfeidhm agus leanfar ar aghaidh de bheith ag tairiscint scéime "Chéad Réiteach Saor in Aisce". Shábháil an scéim seo thart ar 100 milliún lítear in aghaidh an lae ó bhí 2015 ann. Beidh custaiméirí de chuid Uisce Éireann nach bhfuil méadar acu faoi dhliteanas ag táille freisin má bhaineann siad úsáid iomarcach as uisce. Aithneofar sceitheadh uisce ar réadmhaoine neamh-mhéadraithe trí mhéadair cheantair, trí mhéadrú foirgneamh ilúsáideoirí agus le linn aimsiú sceite líonra. Tairisceofar méadar dá leithéid de réadmhaoine (nuair a bhíonn sin indéanta), chomh maith le deisiú an chéad réitigh. Dá mbeadh tuilleadh gníomhaíochta ag teastáil, tabharfar aghaidh ar an sceitheadh trí


## 9.8 Éifeachtacht Níos Leithne na mBeart ó thaobh Costas de

I gcomhréir le gnáthnósanna imeachta caiteachais phoiblí, tá cláir agus tionscadail aonair atá bearaithe don timthriall pleanála abhantraí seo faoi réir ag an analís éifeachtacha ó thaobh costais de nó ag an analís costais tairbhe de ar gnách go gcuirtear i gcrích iad sula ndéantar infheistíocht. Cé gur gá bearta a chur i bhfeidhm ar fud na n-earnálacha ar fad a athnítear sa PBA mar cinn a chuireann brúnna suntasacha ar na dobharlaigh, tá infheistíocht i gcóireáil uisce dramhaíola uirbigh ar cheann de na réimsí is suntasaí caiteachais a bheartaítear. Faoi mar ar tugadh breac-chuntais air, cinntítear éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chaiteachais sa réimse seo trí rialú eacnamaíoch Uisce Éireann ag an CRF. Treisítear seo tuilleadh tríd an bpróiseas socráithe tosaíochta agus ailínithe chaiteachais phleanánilté i réimse an uisce dhramhaíola uirbigh i dtéarmaí na gcuspóirí polasaí sin a leagtar amach sa PBA.

fhorálacha an Achta um Sheirbhísí Uisce 2007, a ligeann d'Uisce Éireann bearta a dhéanamh le cinniú go réitítear an sceitheadh.

► Sa deireadh thiar thall, is é an cuspóir a bhaineann lena leithéid de bhearta ná cinniú go n-úsáidtear uisce ar bhealach inbhuanaithe agus nach dtéann soláthar seirbhísí uisce i bhfeidhm ar bhaint amach chuspóirí an CTU. Cinnteoidh cur i bhfeidhm Uisce Éireann an Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce (a dtugtar breac-chuntas air i gCuid 7.7.2) tuiscint níos fearr ar na brúnna sin atá ar na dobharlaigh mar gheall ar sholáthar na seirbhísí uisce, agus éascóidh sé bainistiú feabhsaithe ár gcuid acmhainní nádúrtha uisce, nuair a theastaíonn sin.

I dtéarmaí beart níos ginearálta, agus go háirithe i dtéarmaí na mbeart leathan chun tacú le feabhsuithe i gcaighdeán an uisce, aithnítear nach raibh an measúnú ar éifeachtacht ó thaobh costais de láidir go leor le linn chéad timthriall na bpleannanna bainistithe abhantraí. Seo rud nach mór é a chur ina cheart sa timthriall seo, agus cinnteoidh na struchtúir bhainistíochta threisithe agus chomhordaithe atá i bhfeidhmanois chun maoirseacht a dhéanamh ar sheachadadh na mbeart atá mar chuid de Phlean Bainistíochta Abhantraí na hÉireann (PBA) do 2018-2021 gur féidir monatóireacht níos cúramaí a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar éifeachtacht bheart, sa tsúl gur féidir tabhairt faoi analís atá éifeachtach ó thaobh costais de. Cuirfidh sin bonn eolais níos fearr faoin gcinnteoireacht maidir le forbairt bheart sa todhchaí.



## 9.9 Anailís Eacnamaíoch agus Úsáid Inbhuanaithe Uisce – Príomhbhearta don 2ú Timthriall

Leagtar amach thíos na príomhbhearta a bhaineann leis an réimse seo:

Príomhbhearta	
1	Mar rialóir eacnamaíoch Uisce Éireann, faomhóidh an CRF costais Uisce Éireann agus leanfaidh sé air de bheith ag spreagadh beart éifeachtúlachta laistigh dá bhonn costas. Mar shampla, tá iachall ar Uisce Éireann bearta éifeachtúlachta a sheachadadh de thart ar 20% laistigh dá chaiteachas oibríochtúil inrialaithe boinn thar an tréimhse ó thíos 2015 go deireadh 2018.
2	Déanfaidh an CRF monatóireacht freisin ar sheachadadh Uisce Éireann le hais an airgid a chaitear agus foilseoidh sé faisnéis chun feabhas a chur ar chúrsáí trédhearcachta sa chomhthéacs seo. Foilseoidh an CRF, go háirithe, Tuairisci Measúnaithe Fheidhmíochta Uisce Éireann ar bhonn leathbhliantúil.
3	Leanfaidh an CRF air de bheith ag obair i dtreo bhunú agus chur i bhfeidhm tacair chomhoiriúnaithe de tháillí uisce agus dreamhuisce neamhtheaghlaigh a rachaidh chun tairbhe na gcuastaiméirí i dtéarmaí trédhearcachta, cothromais agus simplíochta. Tá obair den chineál céanna á cur chun cinn ag an CRF maidir le tabhairt isteach tacar comhoiriúnaithe tháillí le ceangal leis na córais uisce agus uisce dramhaíola. Beidh an réimeas fós bunaithe ar chinntíú go ndéantar aisghabháil iomlán ar na costais ó úsáideoirí neamhtheaghlaigh uisce agus dramhaíola uisce.
4	Íocfar costas soláthar na seirbhísí teaghlaigh trí mhaoiniú ón rialtas lárnach suas go tairseach de 1.7 uair an méid atá measúnaithe ag an CRF mar mheántomholtas gach cuastaiméara theaghlaigh. Beidh úsáid uisce na dteaghlaigh thar an tairseach seo faoi réir ag táille, a socrófar a leibhéal ag an CRF, ag cur san áireamh costas soláthar na seirbhísí uisce. Feidhmeoidh an táille seo chun aghaidh a thabhairt ar na leibhéal an-arda úsáide atá le sonrú i measc líon beag úsáideoirí teaghlaigh faoi mar a léirítear ag an analís ar tugadh fúithi ag an CRF agus ag an POS. Is é an príomhfhocas eile le haghaidh éifeachtachta i dtaca le soláthar seirbhísí uisce ná laghdú an sceite uisce. Tá infheistíocht de €73 milliún pleanálte chun sceitheadh a laghdú faoi 61 milliún m <sup>3</sup> per annum faoi 2021 i gcomparáid le leibhéal 2017, agus ina dhiaidh sin chuig leibhéal atá inbhuanaithe go heacnamaíoch.
5	Cuirfidh Uisce Éireann a Phlean Náisiúnta Acmhainní Uisce i bhfeidhm. Cinnteoidh sin tuiscint níos fearr agus bainistiú fadtéarmach ar bhrúnna asbhainte a eascraíonn as soláthar seirbhísí uisce agus tacóidh sé le bainistiú leanúnach inbhuanaithe ár gcuid acmhainní uisce.
6	Forbrófar an analís eacnamaíoch tuilleadh ar bhonn leanúnach trí phlean bainistithe abhantraí an dara timthriall chun cinntíú go ndéanfar monatóireacht ar bhearta níos leithne caighdeáin uisce a chuirtear i bhfeidhm le linn an timthriall seo maidir lena gcostas agus lena n-éifeachtacht chun bonn eolais níos fearr a chur faoi fhorbairt agus faoi chur i bhfeidhm beart sa todhchaí.

## Cuid 10: An Straitéis Chur i bhFeidhm

Leagann an plean seo, *An Plean Bainistíochta Abhantraí* (PBA) amach raon beart ar aidhm leo dul i dtreo chuspóirí Chreat-Treorach Uisce an AE (CTU). I dtéarmaí straitéis a cheapadh le cur i bhfeidhm, ní mór aithint go bhfuil na bearta pleináilte éagsúil, go bhfuil i gceist leo páirtithe leasmhara iolracha agus go gcuirfear i bhfeidhm iad ag cur san áireamh na hacmhainní atá ar fáil. Cuimsíonn na bearta pleináilte idir bhearta náisiúnta a chuirtear i bhfeidhm ag údarás náisiúnta (leithéidí Plean Infheistíochta Caipítíl Uisce Éireann agus Clár Gníomhaíochta na Níotráití) agus bearta bainistíochta fodhobharcheantair agus bearta a bhaineann le comhlachais shonracha uisce, ar gá iad a athscagadh agus a chur i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil. Cabhróidh tionscnaimh nua – lena n-áirítear an Clár Tacaíochta agus Comhairleach Inbhuanaitheachta Talmhaíochta, an Scéim leathnaithe Dheontas um Chórais Chóireála Uisce Dramhaíola Theaghlaigh agus scéimeanna coille dúchasáí na Seirbhise Foraoise – chomh maith le tionscnaimh phleanáilte, leithéidí ullmhú treorach pleinála agus uisce, rud atá ar siúl faoi láthair, agus forbairt Bheart Coinneála Uisce Nádúrtha, cabhróidh siad ar fad leis na húdarás áitiúla chun feabhsuithe caighdeán uisce a spreagadh ag an leibhéal áitiúil. Ina theannta sin, tá i gceist le bearta leithéidí an Fóram Náisiúnta Inbhuanaitheachta Déiríochta ná cur chuige a bhfuil páirtithe leasmhara i gceannas air i dtaca le cur i bhfeidhm an CTU, cur chuige nár forbraíodh le linn an chéad timthriall. Ar a bharr sin aithnítear an ról ríthábhachtach a bhaineann le monatóireacht chur i bhfeidhm, chomh maith leis an ngá atá ann le himscrúdú breise agus le hathscagadh na mbeart sin nuair nach dtuigtear go hiomlán fós cúis bheacht na hiarmhairte ar an stádas uisce. Dúshlán sonrach, mar sin de, is ea leithdháileadh éifeachtach agus éifeachtúil na n-acmhainní atá ar fáil idir cur i bhfeidhm beart, cur i gcrích tréithrithe bhereise agus monatóireacht.

Tugann na ceachtanna a fuarthas ón gcéad timthriall, a leagtar amach i gCuid 1 den PBA seo, tugann siad le fios gur éirigh níos fearr linn bearta a chur i bhfeidhm trí pholasáí agus trí chláir náisiúnta ná trí bhearta sonracha dobharlaigh. Is léir freisin gur ghnáth gurbh iad na bearta sin a spreagadh ag údarás aonair a cuireadh i bhfeidhm go rafar, mar shampla, Clár Gníomhaíochta na Níotráití agus iniúchtaí tras-chomhlíonta. Ar a bharr sin, agus measúnú a dhéanamh aige ar chéad timthriall an PBA, dúirt an Coimisiún Eorpach an méid seo, “níorbh ann d’aois chomhlachas aonair a raibh an fhreagracht deiridh acu” agus freisin gur bhain “struchtúir ilroinnti institiúideacha, droch-

chaidrimh agus droch-chumas in-institiúideacha agus idirinstitiúideacha” an bonn den chumas pleannanna a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm araon.

Go deireanach, tá an gá aitheanta ag an bpróiseas comhairliúcháin phoiblí d’fhorbairt an PBA feabhas a chur ar chur chuige i leith, agus struchtúir le haghaidh, cumarsáide – agus an rud céanna a dhéanamh do ranpháirtíocht an phobail agus pháirtithe leasmhara. Rinneadh iarrachtaí suntasacha dul i gcomhairle le daoine maidir leis an dréachtPBA. Bhí mar chuid den phróiseas comhairliúcháin breis is 120 cruinniú faisnéise poiblí, a eagraíodh ag Oifig Uiscí agus Phobail na nÚdarás Áitiúil (OUPÚÁ). De thoradh air sin, fuarthas 938 n-aighneacht ag an Roinn go díreach, agus fuair OUPÚÁ breis is 1,000 aighneacht áitiúla. As na haighneachtaí a fuarthas, thagair 87 acu don ghá atá ann le comhordú feabhsaithe ar fud na gcomhlachas poiblí, thagair 52 acu leis an ngá atá ann le comhordú feabhsaithe chur i bhfeidhm pleannanna agus thagair 43 acu don ghá atá ann le ranpháirtíocht fheabhsaithe phoiblí.

Tá sé mar aidhm ag an straitéis agus ag na struchtúir atá i bhfeidhmanois maidir le cur i bhfeidhm an PBA dara timthriall seo aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo. Rinneadh feabhsuithe suntasacha freisin i dtéarmaí faisnéis a sholáthar don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile i gcomhthéacs chur i bhfeidhm an phlean seo. Áirítear ar na feabhsuithe seo forbairt an tsuímh ghréasáin [catchments.ie](http://catchments.ie), foilsíú nuachtlitreacha rialta dobharcheantair agus foilsíú léarscáileanna na limistéar ardtosaíochta gníomhaíochta ar shuíomh gréasáin [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie). Leagtar amach na bearta atá molta chun feabhas a chur ar an réimse seo i gCuid 11 den PBA seo.

## 10.1 An Straitéis Ardleibhéal Chur i bhFeidhm

Faoi mar a tugadh faoi deara i gCuid 5 den PBA seo, comhlíonann 44% d’ár gcuíd dobharlaigh riachtanais an CTU, sin nó táthar ag dréim leis go gcomhlíonfaidh siad iad. Do na dobharlaigh seo táthar ag súil leis gur leor cur i bhfeidhm iomlán na mbeart sin ar ann dóibh cheana, chomh maith le monatóireacht leanúnach. Maidir le dobharlaigh a bhaineann le cuspóirí Ard-Stádais, bunaíodh clár sonrach darb ainm “Clár Dobharcheantair Spota Ghoirm” chun na brúnna timpeallachta ar uisce a bhainistiú sna dobharcheantair seo. Tá grúpa oibre le bunú i Ráithe 2 2018 agus is é Comhairle Chontae Chiarraí a bheidh mar chathaoirleach air sin (féach Cuid 8.3.2).

Do na dobharlaigh sin atá i mBaol nach gcomhlíonfaidh siad riachtanais an CTU, cuirfear i gcrích diríú níos fearr ó thaobh na mbeart sin ar ann dóibh cheana chomh maith le cur i bhfeidhm bheart breise forlíontach. Spreagfar diríú na mbeart ag an leibhéal réigiúnach agus beidh sé bunaithe ar an bhfianaise ó phróiseas tréithrithe an dobharcheantair, ar na cuspóirí agus ar na tosaíochtaí sin atá leagtha amach sa phlean seo agus ar cheisteanna níos leithne socheacnamaíocha agus féidearthachta chun beartú tosaíochta comhaontaithe beart a bhaint amach do thréimhse an phlean seo. Tá an próiseas seo deartha le go mbeadh sé dinimiciúil agus inoiriúnaithe d'fhaisnéis nua de réir mar a bhíonn sin ar fáil trí mheán tuilleadh tréithrithe agus tuilleadh measúnaithe.


I dtaca leis na struchtúir chur i bhfeidhm b'fheasach dúinn na dúshláin seo a leanas

- ▀ Cuimsíonn na bearta ó bhearta náisiúnta ag údaráis náisiúnta go réitigh a ceapadh go háitiúil do chomhlachais aonair uisce.
- ▀ Teastaíonn gníomhaíocht chomhordaithe ag na comhlachais phoiblí inniuila iomadúla. Bheifí in ann diríú níos fearr ar na bearta ar ann dóibh cheana trína leithéid de chomhordú.
- ▀ Teastaíonn bainistiú ag an leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta ar gníomhartha chun cinntíú go gcuirtear na bearta cuí i bhfeidhm sna háiteanna cearta chun na tortaí a theastaíonn a bhaint amach.
- ▀ Ní mór cinntíú go bhfanann úinéireacht na gníomhartha san áit cheart, agus go bhfuil an t-eolas, an saineolas, an t-údarás agus na hacmhainní atá ag teastáil ag na daoine sin atá freagrach as cur i bhfeidhm na gníomhartha chun na gníomhartha céanna a chur i bhfeidhm.
- ▀ Nuair is gá sin, ní mór tacú le cur chuige deonach ag forfheidhmiú éifeachtach.
- ▀ Tá tuilleadh oibre tréithrithe agus measúnachta ag teastáil do na dobharlaigh sin nuair nach dtuigtear an riosca go hiomlán go fóill. Teastaíonn measúnuithe eolaíocha dá leithéid de dhobharlaigh chun an tuiscint seo a athscagadh sa tstí gur féidir diríú ar na bearta cearta, ach aimseofar cothromaíocht idir an gá seo agus an riachtanas atá ann le bearta a chur i bhfeidhm nuair a bhfuiltear ag súil le tortaí dearfacha timpeallachta, sa tstí go gcinntítear úsáid is fearr na n-acmhainní.
- ▀ Déanfar monatóireacht ar agus tuairisceofar faoi na gníomhartha a sheachadtar, ar na hacmhainní a bhaíneann leis na gníomhartha sin agus ar na hiarmhairtí a bheidh ar chaighdeán an uisce dá mbarr, agus déanfar sin ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil a bhaíneann leas optamach as an teicneolaíocht.
- ▀ Cuirfear pleananna, gníomhartha agus dul chun cinn in iúl go héifeachtach agus ar bhealach tráthúil agus tréðhearcach ag an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

## 10.2 Struchtúir Chur i bhFeidhm

Bunaithe ar na dúshláin ar tugadh breac-chuntas orthu thusas, agus ag tógáil ar na struchtúir athchóirithe (Fígiúr 10.1) a úsáideadh chun an plean seo a phorbairt (a bhfuil breac-chuntas orthu i gCuid 2), táthar ag baint úsáide as na socruite atá leagtha amach thíos chun timthriall seo an PBA a chur i bhfeidhm. Cé go bhfuil, do chuspóirí an Phlean seo, na socruite oibre leagtha amach go foirmeálta chun cur i bhfeidhm rafar a chinntí, aithnítear go hiomlán gur caidrimh chomhtháite agus chomhoibríoch oibre idir páirtithe leasmhara

a bheidh ríthábhachtach le go n-éireodh leo. Dá bharr sin, déanfaidh gach comhlachas a bhaineann le forbairt an phlean seo iarracht glacadh le héiteas de bheith ag glacadh páirte agus ag obair go gníomhach le chéile, ar bhonn laethúil agus trí na struchtúir rialachais ar tugadh breac-chuntas orthu, chun bainistiú comhtháite dobharcheantair a phorbairt agus a sheachadadh ar an talamh. Chuige sin, bunaíodh Coistí Oibríochtúla ag gach ceann de na cúig Choiste Réigiúnach údarás áitiúil.



Fígiúr 10.1 - Struktúir rialachais agus comhordaithe do chur i bhfeidhm PBA an dara timthriall

### An Coiste Comhairleach um Pholasaí Uisce (CCPU)

Soláthroidh an CCPU ar ann dó cheana, a bunaíodh i 2014 mar chuid de na struchtúir d'úllmhúchán agus do chur i bhfeidhm an PBA, treoir ard-leibhéal pholasáí agus monatóireacht an chur i bhfeidhm thar thréimhse an PBA seo. Tabharfaidh an CCPU comhairle don Aire freisin maidir le dul chun cinn an phlean agus maidir le hullmhú na gclár beart sin atá riachtanach chun na cuspóirí timpeallachta a bhaint amach. Beidh ionadaí de chuid an Aire fós mar chathaoirleach ar an CCPU; faoi láthair Rúnaí Cúnta de chuid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil is ea an t-ionadaí sin (RTPRÁ).

### An Fóram Uisce:

Bunaíodh an Fóram Uisce go foirmeálta i 2017 faoin Acht um Sheirbhísí Uisce 2017 (Uimh. 29). Eintiteas neamhspleách atá ann agus tá

lánrogha aige a chlár oibre féin a chinneadh chomh maith leis na meáin a úsáidtear chun a chuid tuairimí agus a chuid analíse a chur in iúl. Tá feidhmeanna an Fhóram leathan agus tá mar chuid díobh comhairle a thabhairt don CCPU maidir le pleannan bainistíthe abhantraí faoi cheisteanna a bhaineann le cuspóirí an CTU, agus faoi cheisteanna gaolmhara a bhaineann le bainistiú thimpeallacht agus acmhainní uisce intíre uisceach. Faoi mar a d'íarr an tAire, is féidir go scrúdóidh an Fóram ceisteanna eile a bhaineann le cúrsaí uisce, lena n-áirítear cur i gcrích taighde a bhaineann leis na cúrsaí sin, agus comhairle a thabhairt don Aire dá réir.

Is féidir leis an bhFóram idir 20 agus 40 ball a bheith aige (cathaoirleach san áireamh). Faoi láthair tá 26 dhuine ina mbaill den fhóram, agus iad ag déanamh ionadaíochta ar eagraíochtaí agus ar earnálacha a bhfuil spéis acu i gceisteanna

uisce. Áirítear orthu seo grúpaí tomhaltóirí; tomhaltóirí de chuid Uisce Éireann; grúpaí pobail; iontaobhais aibhneacha; grúpaí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí uisceach, leithéidí iascaireacht agus spóirt uisce; earnálacha a bhfuil spéis ar leith acu i gceisteanna uisce, leithéidí na hearnálacha talmhaíochta agus gnó; an earnáil phobail agus an earnáil dheonach; an earnáil timpeallachta agus eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar cúrsaí tuaithe in Éirinn agus earnáil na grúpscéime uisce. Soláthraíonn an Fóram idirphlé idir réimse na heolaíochta, rannpháirtíocht saoránach/pháirtithe leasmhara agus polasaí uisce.

### An Coiste Náisiúnta Comhordaithe & Bainistíocha (CNCB)

Tá an Coiste Náisiúnta Comhordaithe & Bainistíocha (CNCB) bunaithe ag an CCPU chun cinntíú go mbainistítear na Cláir Bheart go gníomhach thar thréimhse chur i bhfeidhm an phleán agus chun an cur chuige comhpháirtíochta a leabú a chuirtear i gcrích agus an dréachtPBA á fhorbairt. Soláthraíonn an CNCB an t-idirphlé riachtanach idir réimse na heolaíochta, polasaí agus seachadadh cláir. Comhaontaíonn sé agus déanann sé maoirseacht ar na cláir iomlána oibre agus tuairiscíonn sé don CCPU maidir le dul chun cinn. Tabharfaidh an CNCB aghaidh ar chonstaicí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le cur i bhfeidhm agus, nuair a bhíonn a leithéid riachtanach, tabharfaidh sé comhairle don CCPU maidir le riachtanais pholasáí sa todhchaí. Beidh an CNCB freagrach freisin as maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú Phleananna Bainistíocha Abhantraí agus Chlár Beart ar son an CCPU. Is í an RTPRÁ atá mar chathaoirleach ar an CCPU le hionadaithe ón RTPRÁ agus ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) chomh maith le cathaoirligh na gcoistí réigiúnacha.

### An Grúpa Náisiúnta um Chur i bhFeidhm Teicniúil (GNCFT)

Déanann an GNCFT maoirseacht ar chur i bhfeidhm teicniúil an PBA ag leibhéal náisiúnta agus soláthraíonn sé fóram chun gníomhartha comhordaithe a chinntíú i measc na bpáirtithe ábhartha Stáit go léir. Tugann sé aghaidh freisin ar aon bhacaínní oibríochta ú i dtaca le cur i bhfeidhm ar féidir go n-eascródh siad. Is í an GCC atá mar chathaoirleach ar an ngrúpa agus i measc a chuid ball tá na húdaráis áitiúla, OOP, lascaigh Intíre Éireann (IIÉ), Teagasc, An RTIM, an tSeirbhís Foraoise, Coillte, SPNF agus comhlachais eile chur i bhfeidhm, de réir mar is cuí. Déanfaidh GNCFT athbhreithniú ar dhul chun cinn ar bhonn leanúnach, iad ag soláthar nuashonruithe don CNCB faoi chur i bhfeidhm agus faoi éifeachtacht na mbeart. Is fóram é freisin an GNCFT do mhalartú eolais

agus do chothú chomhsheasmhacht an chur i bhfeidhm réigiúnaigh. Mar an comhlacht atá freagrach go reachtúil as tuairisc a thabhairt faoin CTU, comhordóidh an GCC rianú leanúnach chur i bhfeidhm gníomhartha agus, i gcomhar le dreamanna eile agus trí mheán an chláir mhonatóireachta, tabharfaidh sé faoi mheasúnú éifeachtacht na ngníomhartha sin. Beidh struchtúir agus acmhainní NIECE (Lónra do Chomhlíonadh agus d'Fhorfheidhmiú Timpeallachta na hÉireann) ar fáil ag an ngrúpa i rith an ama tríd an Lónra Bainistíocha Dobharcheantair a bunaíodh i 2014.

### Struchtúir Réigiúnacha Údarás Áitiúil

Tá coistí réigiúnacha na 5 údarás áitiúil, le tacaíocht ó OUPÚÁ, freagrach as seachadadh comhordaithe beart ag an leibhéal réigiúnach agus áitiúil agus as cinntíú comhsheasmhactha ó thaobh cur chuige de trasna na réigiún. Déantar cathaoirleacht ar na 5 choiste réigiúnacha ag leibhéal an Phríomhfhéidhmeannaigh, le rannpháirtíocht ghníomhach agus le comhairle theicniúil ón GCC. Tacaítear le gach coiste ag Coiste Oibríochtaí úil le ballraíocht a bhaintear as na comhlachais ábhartha phoiblí agus chur i bhfeidhm go léir, agus cathaoirleacht déanta air ag leibhéal an Stiúrthóra Sheirbhíse.

Táirgeoidh na cúig Choiste Réigiúnach Clár Réigiúnach Comhtháite Bainistíocha Dobharcheantair do thréimhse an PBA seo (2018-2021). Tá an obair ar na cláir seo ar siúl go leanúnach. Leagfaidh na cláir amach na limistéir sin a ndearnadh tosaíocht díobh le haghaidh gníomhaíochta ag leibhéal an dobharlaigh, an fhdhobharcheantair agus/nó an dobharcheantair, de réir mar is cuí. D'aithin an próiseas tosaíochta 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta do thimthriall 2. Tugtar liosta na Limistéar Tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta in Agusín 1. Déanfar athbhreithniú ar an gclár go bliantúil de réir mar a bhíonn sonraí nua ar fáil agus/nó de réir mar a shocraítear tosaíochtaí nua. Tá an chéad athbhreithniú, atá ar siúl cheana féin, ag déanamh measúnachta ar aighneachtaí faoin dréachtPBA a fuarthas ó bhaill den phobal tar éis an phróisis aiseolais agus rannpháirtíochta. Leagfaidh na cláir réigiúnacha amach freisin na bearta atá le cur i bhfeidhm i ngach limistéar ábhartha agus cé hiad na comhlachais fhreagracha atá leis na bearta seo a achtú. Leagfaidh siad amach freisin conas a dhéanfar teagmháil le pobail agus le páirtithe leasmhara eile, agus conas a chuir fear san áireamh iad.

Beidh struchtúir na n-údarás áitiúil lárnach le rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar éifeachtacht na mbeart a chuirtear i bhfeidhm. Soláthróidh siad, mar shampla, tuarascálacha bliantúla faoi

dhul chun cinn. Tá ról ríthábhachtach ag struchtúir na n-údarás áitiúil freisin chun tacú le forbairt agus le cur i bhfeidhm pholasáí náisiúnta trína ranpháirtíocht sa CCPU agus sa CNCB. Faoi mar a dtugtar breac-chuntas níos mionsonraithe air sa chuid seo den tuarascáil, tá ról tábhachtach freisin ag Oifig Uiscí agus Phobail na NÚdarás Áitiúil (OUPÚÁ) sna struchtúir seo; ní hí an ghné is lú den ról sin ná an ghné a bhaineann le cinntíu ranpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara le cur i bhfeidhm bheart ag an leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Cuirfidh na hacmhainní sin atá laistigh de OUPÚÁ, lena n-áirítear seirbhísí chomhairleora thiomanta mhaoinithe phobail agus bunú Chiste nua Phobail Fhorbartha Uisce a riartar ag OUPÚÁ, cuirfidh siad ar chumas na n-údarás áitiúil tionscnaimh phobail le ceannaireacht áitiúil a chothú chomh maith le tacú leo, tionscnaimh ar aidhm leo feabhsuithe áitiúla chaighdeáin uisce a spreagadh.

Tógann na struchtúir chur i bhfeidhm seo ar eilimintí rafara an chéad timthriall, agus freisin tugann siad aghaidh ar easnaimh maidir le cur i bhfeidhm áitiúil agus réigiúnach, maoirseacht náisiúnta, ranpháirtíocht phoiblí agus cumarsáid. Tugtar breac-chuntas ar na struchtúir chun ranpháirtíocht phoiblí agus cumarsáid a fheabhsú sa chéad chuid eile, agus tá mar chuid díobh bunú an Fhóram Uisce, a gcuirfidh na haschuir uaidh bonn eolais faoin obair ag gach leibhéal den struchtúr cur i bhfeidhm.

Leanfaidh na húdarás áitiúla – leithéidí an RTPRÁ, an RTIM, Uisce Éireann, an GCC agus dreamanna eile – orthu de bheith ag spreagadh cur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta, ach freisin cabhróidh na struchtúir réigiúnacha leis na húdarás seo comhordú agus síriú níos fearr a dhéanamh ar an bpróiseas cur i bhfeidhm. Sa deireadh thiar thall, áfach, fanann an chinnteoireacht dá leithéid de bhearta leis na húdarás inniuála náisiúnta, cionn is gur gá dóibh beartú tosaíocha a dhéanamh ag an leibhéal náisiúnta, i gcomhthéacs ceisteanna níos leithne socheacnamaíocha agus inacmhainneachta.

## Tacaíocht Réigiúnach & Foirne Chomhairleacha na NÚdarás Áitiúil

Chun na Cláir Réigiúnacha Chomhtháite Bhainistíochta Dobharcheantair a chur i bhfeidhm, tá údarás áitiúla ag tabhairt isteach foirne réigiúnacha tacaíochta agus comhairleacha chun measúnuithe eolafocha a chur i gcrích agus chun cur i bhfeidhm bheart maolaithe a spreagadh ag an leibhéal áitiúil. Beidh na foirne tacaíochta agus comhairleacha i bhfeidhm idir túis agus láir 2018 agus beidh siad mar chuid de OUPÚÁ. Cuireadh túis le hearcaíocht do suas le 53 dhuine don phearsanra eolaíoch i Ráithe 1 2018. Sannfar baill fhoirne do gach ceann de na cúig réigiún. Foinseofar saineolas breise speisialaithe de réir mar a theastaíonn, cé acu ó chomhlachais eile chur i bhfeidhm a bhfuil an saineolas ábhartha acu, trí earcú foirne breise eolaíche nó trí sholáthar tacaíochta saineolaí comhairliúcháin.

Beidh fócas tosaigh na bhFoirne nua Tacaíochta agus Comhairleacha ar thógáil ar obair na gceardlann dobharcheantair trí chur i gcrích tuilleadh measúnuithe chun gach limistéar le haghaidh gníomhaíochta a thréithriú go leibhéal cuibhrinn/scála-láithreáin. Ceadóidh seo gan a bheith ag díriú na mbeart maolaithe ach amháin ar na limistéir sin a dteastaíonn siad uathu. Ceann de phríomhchuspóirí an phróisis PBA is ea cur i bhfeidhm an bhírt chirt san áit cheart.

I dtosach báire beidh measúnuithe breise deascbhunaithe, ach, nuair is gá sin, déanfar imscrúduithe allamuigh ina ndiaidh sin. Beidh sé mar aidhm ag na measúnuithe seo faisnéis atá ar fáil cheana a dheimhniú agus a shoileáriú, sin ní faisnéis nua a sholáthar faoi ábhar sonrach nó faoi cheist shonrach nach dtuigtear go maith, nó a marcáladh mar rud a dteastaíonn imscrúdú breise uaidh sna ceardlanna. Bíonn measúnuithe breise atríallach, agus bailítear agus measúnaítear faisnéis nua beagán ar bheagán, de réir mar a fheabhsaítear ár dtuiscint faoi riosca, iarmháirtí agus éifeachtúlacht bheart sonrach.

Tá treoir agus clár oliúna do na foirne réigiúnacha tacaíochta agus comhairleacha á bhforbairt faoi láthair chun cinntíu go bhfuil na nósanna imeachta a chuirtear i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil dian agus comhsheasmhach.

<b>Príomhchéimeanna do Mheasúnú Breise na Limistéar</b>	
<b>1</b>	Tabharfar faoi mheasúnú na sonraí eolaíocha is déanaí atá ar fáil, lena n-áirítear na tuarascálacha tréithrithe dhobharcheantar, chun tuiscint dhomhain a fháil ar gach limistéar le haghaidh gníomhaíochta. Comhairliúchán leis na comhlachais ábhartha phoiblí.
<b>2</b>	Aithneofar bearnaí sonraí nó bearnaí maidir le tuiscint na rioscaí sa dobharcheantar.
<b>3</b>	Cuirfear i gcrích staidreamh scóipe agus pleanáil an mheasúnaithe bhrefise a theastaíonn. Beidh sé mar aidhm ag an gcleachtadh pleanála na limistéir a íoslaghdú laistigh de na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta a dteastaíonn tuilleadh measúnaithe uathu. Aithneoidh sé freisin aon chláir mhonatóireachta chaighdeáin uisce ar chóir iad a chur i bhfeidhm.
<b>4</b>	Sula gcuirtear tús leis an obair allamuigh, eagróidh na Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha cruinnithe poiblí chun eolas a thabhairt do pháirtithe áitiúla leasmhara agus don phobal go ginearálta faoin gclár oibre agus chun aon fhaisnéis brefise áitiúil a bhailíú ar féidir go gcuirfeadh sé bonn eolais faoin bpróiseas.
<b>5</b>	Déanfar tuilleadh athbhreithithe agus nuashonraithe ar fhaisnéis faoi agus ar thuisceint an dobharcheantair.
<b>6</b>	Siúlfar cois sruthán agus cois aibhneacha agus déanfar suirbhé orthu laistigh de na limistéir le haghaidh gníomhaíochta, agus déanfar cinntí ar scála cuibhrinn agus láithreáin ag úsáid uirlise Aip an CTU. Le linn suirbhéanna dobharcheantair, taifeadfar breithniúcháin, tógfar grianghraif, agus cuirfear samplálacha i gcrích, nuair is cuí. Gheofar faisnéis agus tuairimí ó úinéirí áitiúla talaimh.
<b>7</b>	Nuair a bheidh an obair allamuigh curtha i gcrích déanfar anailís ar na sonraí a bhailítear agus bainfear ciall astu, chomh maith leis na sonraí ar fad ar ann dóibh cheana. Aithneofar gach gníomh cuí maolaithe. Is féidir go molfar cláir brefise mhonatóireachta chaighdeán an uisce freisin.
<b>8</b>	Tarlóidh comhairliúchán ag an leibhéal áitiúil chun na gníomhartha optamacha maolaithe a aithint a theastaíonn chun na feabhsúcháin riachtanacha chaighdeáin uisce a bhaint amach.
<b>9</b>	Soláthroidh na Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha tacaíocht agus comhairle leanúnacha maidir le cur i bhfeidhm na ngníomhartha maolaithe laistigh de na limistéir le haghaidh gníomhaíochta.
<b>10</b>	Dearfar táscairí oiriúnacha feidhmíochta do rianú dul chun cinn. Déanfar monatóireacht ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta (PTF) agus úsáidfear iad chun dul chun cinn a rianú.
<b>11</b>	Tabharfaidh na Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha tuairisc faoi thorthaí an mheasúnaithe brefise sa limistéar le haghaidh gníomhaíochta. Soláthroidh na Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha aiseolas do na páirtithe leasmhara.

Is féidir na measúnuithe a chuirtear i bhfeidhm ag an leibhéal áitiúil a chatagóiriú i 10 gcineál ghnearálta, faoi mar a gcuirttear síos orthu i gClár 10.1 Ag brath ar na castachtaí atá i gceist, creata ama idir laethanta agus míonna a bheidh ag teastáil chun measúnuithe a chomhlánú.

Catagóir	Measúnú Imscrúdaiteach & Meastóireacht Bheart
1	Tuilleadh soláthair fhaisnéise (m.sh. ó IIÉ, na húdaráis áitiúla, an GCC)
2	Measúnú deascbhunaithe poncfhoinsé
3	Measúnú dhobharlach neamhshannta, a éilíonn cuairt(eanna) allamuigh
4	Poncfhoinsí rialaithe, a éilíonn cuairt(eanna) allamuigh
5	Siúlóid srutháin (dobharcheantair) chun foinsí iolracha a mheasúnú i limistéar sainmhínithe (1 km) abhann (úsáidte mar an bonn chun riachtanais acmhainne a mheasúnú)
6	Siúlóid srutháin (dobharcheantair) i limistéir uirbeacha
7	Siúlóid srutháin (dobharcheantair) le linn limistéar abhann >1 km
8	Siúlóid srutháin (dobharcheantair) le linn aibhneacha cuspóra ard-stádais éiceolaíoch (ASÉ)
9	Measúnú lochanna, a éilíonn cuairteanna allamuigh
10	Measúnuithe screamhuisce, a éilíonn cuairteanna allamuigh

**Tábla 10.1** - Catagóirí de mheasúnú imscrúdaiteach

Is é an toradh a bheidh ar an bpróiseas agus ar na comhairliúcháin bhereise mheasúnuithe ag an leibhéal áitiúil ná liosta den mheascán optamach de bhearta maolaithe a meastar iad a bheith riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar gach ceann de na brúnna suntasacha i gcomhlacht uisce. Tríd an gCoiste Réigiúnach Oibríochtúil, ansin cuirfear plean in áit leis na comhlachais ábhartha chur i bhfeidhm chun na bearta a chur i bhfeidhm.

Forbrófar an próiseas seo le himeacht ama de réir mar a bhíonn faisnéis nua ábhartha ar fáil, agus de réir mar a théann an cur i bhfeidhm ar aghaidh. Táthar ag súil leis go leasófar an t-ábhar agus go gcuirfear in oiriúint é, bunaithe ar thaithí agus ar riachtanais allamuigh.

### Bearta Maolaithe

Beidh roinnt acmhainní agus tacar beart maolaithe ar fáil ag Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha Uisce na nÚdarás Áitiúil ónar féidir leo tarraingt agus ar féidir leo iad a chothú ag scála an chomhlachais áitiúil uisce. Tugtar breac-chuntas orthu seo thíos. Chun aghaidh a thabhairt ar a lán de na ceisteanna a bhfuiltear ag súil leis go dtabharfar aghaidh orthu ag an leibhéal áitiúil, comhaontaíodh roinnt socrutithe agus protácal oibre chun déileáil le ceisteanna earnála trí struchtúir rialachais agus chomhordaithe an PBA. Nuair a aithníodh rioscaí forleathana córasacha timpeallachta ach gan aon bheart oiriúnach

ceartaitheach nó maolaithe a bheith ar fáil, atreorófar na ceisteanna seo suas trí struchtúir rialachais an PBA lena réiteach ag an leibhéal oiriúnach. Nuair is ann do choimhlintí soiléire idir polasaí uisce agus polasaithe eile – leithéidí polasaithe talmhaíochta nó úsáide talaimh – atreorófar na coimhlintí seo don CCPU, le moltaí le haghaidh réitigh.

Beidh roinnt acmhainní agus beart maolaithe ar fáil do na Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha chun feabhsuithe caighdeáin uisce a spreagadh ag leibhéal áitiúil, ag brath ar na brúnna a aithníonn siad ag an scála áitiúil. Seo a leanas na bearta:

1. Mar a bhfuil an talmhaíocht ag cur le fadhbanna caighdeáin uisce, bainfear feidhm as comhairleoirí ón gClár Tacaíochta agus Comhairleach Inbhuanaitheachta Talmhaíochta chun comhairle agus tacaíocht a sholáthar d'fheirmeoirí i Limistéir Fhoinsé Ríthábhachtacha (LFR) chun comhlíonadh riachtanais an Chláir Ghníomhaíochta Níotráití (CGN) a bhaint amach agus chun deachláchtas timpeallachta a chothú. Is féidir nach n-éileoidh cuid de na bearta bainistíochta ag leibhéal na feirme ach athruithe cleachtais. Is dócha go mbeidh idirghabháil níos dírí i gceist le bearta eile – leithéidí ionchuir truailleáin go huiscí a stopadh.

Tá roinnt scéimeanna agus tionscnamh in áit nó ar an mbealach ar féidir go mbeidh sé, ag brath ar chuínsí áitiúla, oiriúnach iad a úsáid ag leibhéal áitiúil chun feabhsuithe i gcaighdeán an uisce a bhaint amach. I gcás na dtailte talmhaíochta atá laistigh de na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta, tá sé i gceist go gcuirfear oiliúint ar na comhairleoirí inbhuanaitheachta talmhaíochta agus go mbeidh siad an-eolach maidir le raon na scéimeanna tacaíochta atá ar fáil d'fheirmeoirí, agus iad in inmhe comhairle a thabhairt faoi na bearta maolaithe is oiriúnaí atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí a aithnítear sna feirmeacha faoi thrácht. Áirítear ar na scéimeanna atá ann cheana na Scéimeanna Dírithe Nuachóirithe Talmhaíochta (SDNT) agus Scéimeanna Coillte Dúchasacha na Seirbhise Foraoise.

Tá túis curtha ar obair freisin faoi threoir an Ghrúpa Náisiúnta Chur i bhFeidhm Theicniúil (GNCFT) chun tacar Beart Coinneála Uisce Nádúrtha (BCUN) a fhorbairt ar féidir iad a úsáid mar bhearta mhaolaithe chun aghaidh a thabhairt ar fhadhanna caighdeáin uisce mar chuid den chlár tacar atá leagtha amach i PBA an dara timthriall. Táthar ag súil leis gur iomaí sochar a sholáthróidh na BCUN maidir le caighdeán uisce, bithéagsúlacht, oiriúnú don athrú aeráide, iascach, cuspóirí fontáis tírdhreacha, srl. Táthar ag súil le roinnt sochar maolúcháin tulite freisin.

2. Leathnófar an scéim dheontais chun cabhrú le húinéirí áitreabh atá ceangailte le córais teaghláigh cóireála uisce dramhaíola (CTCUP) maidir leis na costais a bhaineann le deisiú, uasghrádú nó athsholáthar a leithéid de chórais chóireála chun díriú agus cothú a dhéanamh ar an nglacadh leis an scéim sna 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta agus dobharcheantar le cuspóirí Ardstádais. Nuair a aimsíonn na Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha CTCUP easnamhacha, beidh siad in ann sin a fhogairt d'úinéirí na réadmhaoine agus comhairle a thabhairt dóibh maidir lena gcuid dualgas i dtaca le cothabháil a gcuid córas, baint sloda san áireamh. Nuair a bhíonn deisithe, uasghrádú nó athsholáthar riachtanach, tabharfaidh an Fhoireann Mheasúnaithe Dhobharcheantair comhairle d'úinéir na réadmhaoine maidir leis an deontas atá ar fáil agus conas iarratas a chur isteach air.
3. Nuair a aimsíonn na Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha fadhanna le díluchtuithe uisce dramhaíola uirbigh cuirfidih siad sin in iúl d'Uisce Éireann trí rialachas agus struchtúir chomhordaíthe an PBA. Déanfaidh Uisce Éireann athbhreithniú ar fheidhmiú na

ngléasraí ábhartha agus beidh mar aidhm acu aghaidh a thabhairt ar aon cheisteanna oibriochtúla a aimsítear. Nuair a mheasann Uisce Éireann go dteastaíonn mionoibreachá caipítíl, is féidir go smaoineoidh an eagraíocht faoi na hoibreacha seo a chur i gcrích. Nuair a theastaíonn móroibreachá, déanfaidh Uisce Éireann breithniú faoi amlínte chun na hoibreacha a chur san áireamh i dtimthriall todhchaí infheistíochta caipítíl, faoi réir ag comhaontú le húdaráis eile.

4. Nuair a aimsítear géariarmháirtí na foraoise atá ann cheana ar uiscí ag na Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha pléífeart leo sin ar bhonn idirghníomhaireachta. Forbraíodh bearta agus protácaill nua slógaidh idir an tSeirbhís Fhoraoise, údaráis áitiúla agus an GCC. Cuirtear síos orthu seo sa doiciméad *Forestry and Water: Achieving the Objectives and Priorities under Ireland's River Basin Management Plan 2018-2021*. Chomh maith le bheith ag plé le géariarmháirtí na foraoise atá ann cheana ar chaighdeán an uisce, is é is aidhm do na bearta agus do na protácaill nua slógaidh ná cur i bhfeidhm tacair nuafhorbartha bheart foraoise a dhíriú ar mhaolú iarmháirt na ngníomhaíochtaí foraoise ar an uisce agus uasmhádú chosaint agus fheabhsú chaighdeán an uisce ag úsáid roinnt scéimeanna coille dúchasaí. Tá san áireamh sna bearta agus sna protácaill slógaidh seo na rudaí seo a leanas:

- ▲ Díriú ar chomhordú idirghníomhaíochta
- ▲ Oiliúint agus foghlaim idir piaraí
- ▲ Bearta dírithe i Limistéir thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta
- ▲ Díriú ar láithreáin aonair fhoraoise do chosaint agus d'fheabhsú an uisce
- ▲ Cur i bhfeidhm protácaill chun géartheagmhais fhoraoise agus uisce a láimhseáil
- ▲ Feabhsú ghnéithe de mheasúnú na n-iarratas ar cheadúnais choille a bhaineann le huisce

5. Ina theannta sin, cothóidh OUPÚÁ tionscainimh dhobharcheantair a bhfuil an pobal i gceannas orthu chun feabhsuithe i gcaighdeán an uisce a spreagadh ag leibhéal áitiúil. Tá Ciste Forbartha Uisce an Phobail ar fáil chun síolmhaoiniú tosaigh a sholáthar chun tionscadail a chur ag gabháil, faoi réir ag iarratas rafar. Tá comhairleoir maoinithe phobail in áit ag OUPÚÁ chun cabhrú le grúpaí pobail maidir le foinsí breise maoinithe a aimsiú, agus iarratas a chur isteach orthu.


Chomh maith leis na bearta thuasluaite atá ar fáil ag Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha na nÚdarás Áitiúil, soláthroidh obair eile atá ar siúl faoi láthair bearta breise. Mar shampla, beidh mar chuid den phleanáil agus den treoir uisce atá á n-ullmhú faoi láthair ag an RTPRÁ treoir theicniúil faoi oibreacha draenála-cothabhála bunaithe ar na cleachtais timpeallachta is fearr atá ar fáil. Nuair a

sheachadfar sin i 2019, beidh na Foirne Tacaíochta agus Comhairleacha in inmhe an dea-chleachtas seo a chothú agus cothabháil draenála ar siúl. Rianóidh údaráis áitiúla dul chun cinn freisin maidir le cur i bhfeidhm beart ag an leibhéal áitiúil. Táthar ag súil leis go bhforbrófar bearta eile a bhaineann go sonrach le dobharlaigh agus go gcuirfear ar fáil iad le himeacht ama.

### **10.3 Sreabhchairt Tháscach do Chur i bhFeidhm Bheart Áitiúil agus Réigiúnach**

Leanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta orthu de bheith ag spreagadh chur i bhfeidhm bheart náisiúnta le linn an dara timthriall, le hionchur ó struchtúir réigiúnacha na n-údarás áitiúil agus ón GCC maidir le feabhsuithe arbh fhéidir iad a dhéanamh nó díriú níos fearr bheart. Is féidir, mar shampla, gurbh fhéidir le hionchur áitiúil nó réigiúnach feabhas a chur ar chur i bhfeidhm bheart ag an scála náisiúnta i gcásanna sonracha. Chomh maith leis sin, táthar ag glacadh céimeanna, trí mheán an Fhóraim Náisiúnta um Inbhuanaitheacht Déiríochta agus trí struchtúir rialachais agus chomhordaithe an PBA chun na sinéirgí a uasmhéadú idir an

Tionscnamh Inbhuanaitheachta Déiríochta agus obair struchtúr réigiúnacha na n-údarás áitiúil. Príomhdhúshlán a bheidh i gceist le bainistíú éifeachtach éileamh iomaíoch d'acmhainní teoranta, agus beidh sé ríthábhachtach cinntíú go dtugtar aghaidh ar na brúnna éagsúla ar bhealach atá cothrom agus cothromaithe. Soláthraíonn an tsreabhchairt seo a leanas creatlach chun cabhrú le cinnteoireacht ar bhonn leanúnach maidir le beartú tosaíochta na limitéar le haghaidh gníomhaíochta, agus maidir le forbairt bheart gaolmhar ag leibhéal réigiúnacha agus áitiúla de réir mar a bhíonn faisnéis nua ar fáil (féach Figiúr 10.2).



**Figiúr 10.2** - Sreibhchairt a thugann breac-chuntas ar chinnteoireacht faoi bheartú tosaíochta agus bearta gaolmhara tacaíochta ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil

Meastar gur leor, do na 2,113 dhobharlach (44%) atá ag comhlíonadh nó a bhfuiltear ag síul leis go gcomhlíonfaidh siad riachtanais an CTU (i.e. na dobharlaigh sin Nach bhfuil i mBaol), cur i bhfeidhm leanúnach na mbeart sin ar ann dóibh cheana, chomh maith le monatóireacht leanúnach. Do na 1,460 dobharlach (30%) atá i mBaol gan riachtanais an CTU a chomhlíonadh, scrúdófar an fhéidearthacht go ndéanfaí díriú níos fearr ar na bearta sin ar ann dóibh cheana, ar chur i bhfeidhm an dea-chleachtais, agus/nó cur i bhfeidhm tosaíochta bheart cuí breise. Faoi mar a leagadh amach roimhe seo, déanfar tosaíocht de chur i bhfeidhm agus cuirfear i bhfeidhm iad trí struchtúir Réigiúnacha na nÚdarás Áitiúil. Go deireanach, do 1,256 dhobharlach (26%) mar nach dtuigtear an riosca

faoi láthair agus tuilleadh tréithrithe ag teastáil (i.e. iad sin atá Faoi Athbhreithniú), beidh measúnuithe imscrúdaitheacha riachtanach, nuair a cheadaíonn na hacmhainní a leithéid. Déanfaidh siad seo measúnú ar an riosca; aimseoidh siad na brúnna suntasacha, nuair is gá; agus nuair is cuí sin ullmhóidh siad plein gníomhaíochta. Soláthróidh na Clár Bhainistíochta Dobharcheantair Réigiúnacha Chomhtháite 4 bliana an chreatlach chuí chun breac-chuntas a thabhairt ar an dul chun cinn atá pleináilte maidir le gach ceann acu ag leibhéal réigiúnach.

Chun an PBA seo a chur i bhfeidhm go hoptamach, ní mór monatóireacht agus meastóireacht leanúnacha a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na mbeart sna cláir réigiúnacha oibre. Táirgeoidh gach

coiste réigiúnach, mar sin de, tuarascáil bhliantúil achomair a sholáthróidh an t-eolas is deireanaí faoi dhul chun cinn an chur i bhfeidhm agus meastóireacht ar na bearta a cuireadh i bhfeidhm. Déanfar an tuairisciú seo a chomhtháthú le feidhmchlár gréasánbhunaithe an CTU (Féach Alt 10.4), sa mhéid gur féidir. Ionchur criticiúil a bheidh sna tuairisci seo don CNCB agus don CCPU araon. Leanfaidh na tuarascálacha bliantúla seo struchtúr na glár réigiúnach oibre agus tabharfaidh siad breac-chuntas faoin dul chun cinn maidir leis na pleananna atá leagtha amach sna cláir sin.

## 10.4 Monatóireacht agus Meastóireacht

Beidh monatóireacht chur i bhfeidhm na mbeart pleanálte, agus meastóireacht rath na mbeart, lárnach do chinntí sheachadadh éifeachtach chuspóirí an PBA. Cé gurb é an CNCB, sa deireadh thiar thall, a dhéanfaidh maoirseacht ar chur i bhfeidhm na mbeart náisiúnta, is é an GNCFIT a mbeidh mar ról aige, le tacaíocht ó na struchtúir réigiúnacha, monatóireacht a dhéanamh ar iarmhairtí na mbeart ag leibhéal réigiúnach agus náisiúnta.

I dtéarmaí na mbeart réigiúnach agus náisiúnta, leagfaidh na Cláir Réigiúnacha Chomhtháite Bhainistíocha Dobharcheantair amach sonrai na n-idirghabhálacha pleanálte, ar féidir monatóireacht a dhéanamh orthu thar am.

In éineacht le fainseis eile, soláthroidh na cláir na rudaí seo a leanas:

- Sonrai faoin bpróiseas a úsáideadh chun beartú tosaíochta comhaontaithe limistéar agus gníomhartha a chinneadh – in éineacht le fainseis faoi thorthaí an bheartaithe thosaíochta seo
- Liosta comhaontaithe na limistéar (dobharlaigh agus/nó fo-dhobharcheantar) a ndearnadh beartú tosaíochta díobh le haghaidh gníomhaíochta
- Sonrai faoi na bearta pleanálte do gach limistéar tosaíochta, faoin bplean gníomhaíochta chun na bearta seo a chur i gcrích, faoi na comhlachais fhreagracha, faoi na hacmhainní sannta, agus faoi na hamlínte ionchais de chur i bhfeidhm
- Sonrai faoin toradh ionchais do gach dobharlach tosaíochta

Cuireann Feidhmchlár an CTU (WFD APP) leis na Measúnuithe Dobharcheantair agus tá sé faoi réir ag doiciméad treorach ar leith de chuid an GCC. Is feidhmchlár gréasánbhunaithe é an WFD APP atá inrochtana trí EDEN (<https://wfd.edenireland.ie/>)

ag baill fhoirne na GCC, gníomhaireachtaí poibl eile agus údarás áitiúla a thugann faoi obair a bhaineann leis an CTU. Úsáidfear an feidhmchlár seo chun teacht ar fhaisnéis a bhaineann leis an CTU (lena n-áirítear sonrai ó na Measúnuithe Dobharcheantair), chun fainseis a thaifeadadh agus chun tuarascálacha a ullmhú mar chuid de phróiseas an Mheasúnaithe Imscrúdaithigh. Is é atá i gceist leis an WFD APP ná gluaiseacht agus roinnt sonrai agus fainseise a éascú idir údarás áitiúla, an GCC agus údarás ábhartha phoibl eile ag scála an dobharlaigh. Taifeadtar, bainistítear, tuairiscítear agus scaptear fainseis i bhformáid struchtúrtha atá comhsheasmhach le scéimri tuairiscithe an AE.

Ina theannta sin, beidh an suíomh gréasáin [catchments.ie](http://catchments.ie) ina fhoinsí luachmhar fainseise plean bainistíochta abhantraí suas-chun-dáta don phobal ginearálta.

## 10.5 Comhordú i gCeantair Idirnáisiúnta Abhantraí

Tá iachall ar Phoblacht na hÉireann agus ar Thuaisceart Éireann faoin CTU a gcuid iarrachtaí a chomhordú maidir le ceantair idirnáisiúnta abhantraí. Tá gach dlínse lánfhreagrach as cur i bhfeidhm gach gné den Treoir ina gcríoch náisiúnta, lena n-áirítear aon chuid de Cheantar Idiornáisiúnta Abhantraí atá suite laistigh dá gcríoch náisiúnta. Ar oiléan na hÉireann:

- Tá limistéir shuntasacha suite laistigh d'abhantracha trasteorann.
- Téann cuid de na huiscí i ngach dlínse isteach sa dlínse eile nó tríthi.
- Ainmnítear aibhneacha agus lochanna oiléan na hÉireann mar chinn atá laistigh de réigiún éiceolaíoch amháin (réigiún éiceolaíoch 17), rud a fhágann go bhfuil ardleibhéil comhordaithe ag teastáil idir na húdaráis sa dá dhlinse chun bainistiú comhsheasmhach na timpeallachta iomláine uiscí a chinntí.
- Tá gach uisce cóstach agus eatarthu atá thart ar oiléan na hÉireann san áireamh i réigiún éiceolaíoch amháin freisin (réigiún éiceolaíoch 1), agus ní mór a mbainistiú a chomhordú go mion.

Roinntear dhá cheantar abhantraí le Tuaisceart Éireann. Tá 35 dhobharlach roinnte ag CA Idiornáisiúnta Loch nEathach-na Banna as 407 san iomlán. Tá 85 dhobharlach roinnte ag CA Idiornáisiúnta an Iarthuáiscirt as 1,232 san iomlán. Tar éis comhairliúcháin phoibl i 2003 maidir le CAI, cuireadh in áit socruithe riarracháin do chur i bhfeidhm an CTU. Áirítear orthu seo:

- Socruithe comhordaithe a leagadh síos ag Airí sa dá dhlínse
- Bunú an Ghrúpa Thuaidh/Theas um Chomhordú na Creat-Treorach Uisce faoi choimirce an Ghrúpa Oibre Thuaidh/Theas um Chaighdeán Uisce
- Bunú grúpaí éagsúla oibre teicniúla le comhionadaíocht ó shaineolaithe teicniúla laistigh de chomhlachais stáit (grúpa Thuaidh/Theas na n-aibhneacha agus na lochanna, UKTAG agus grúpaí tacaíochta)
- Trasionadaíocht faoi ghrúpaí ag an leibhéal náisiúnta agus CA faoi seach

Maidir le timthriall 2, leanfaidh an Grúpa Thuaidh/Theas um Chomhordú na Creat-treorach Uisce air de bheith ag déanamh maoirseachta ar an gcomhordú leanúnach idir na húdaráis sa dá dhlínse le linn chur i bhfeidhm na bpleananna bainistíochta don am i láthair. Ag brath ar thoradh

na hidirbheartaíochta a bhaineann le haistarraingt na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, faoi Alt 50 de Chonradh Liospóin, is féidir go mbeidh gá ann le hathbhreithniú agus athmheas a dhéanamh ar na socruithe comhordaithe do bhainistiú dhobharlach roinnte chun na cùinsí athraithe a chur san áireamh.

Is ann do 3 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta a bhfuil dobharlaigh trasteorann le fáil iontu, agus a mbeidh sé tábhachtach comhoibriú a dhéanamh i dtaca leo. Áirítear orthu seo 21 dhobharlach I mBaol agus 12 dhobharlach Faoi Athbhreithniú. Ina theannta sin, is ann do 12 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta atá suite go hiomlán laistigh den Phoblacht, ach a chuirfidh le feabhsuithe i gcaighdeán an uisce i ndobharlaigh a théann isteach sa Tuaisceart. Áirítear orthu seo 22 dhobharlach I mBaol agus 10 dhobharlach Faoi Athbhreithniú.



## Cuid 11: Cumarsáid agus Rannpháirtíocht Phoiblí & Pháirtithe Leasmhara

Cuireann Alt 14 de Chreat-Treoir Uisce (an CTU) an AE iachall ar bhallaistáit rannpháirtíocht ghníomhach gach páirtí leasmhair a spreagadh agus í á cur i bhfeidhm, go háirithe i dtáirgeadh, in athbhreithniú agus i nuashonrú na bPleananna Bainistíochta Abhantraí. Aithníonn an Rialtas go bhfuil rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara leis an bPlean reatha Bainistíochta Abhantraí (PBA) (dara timriall) rithábhachtach, lena chur i bhfeidhm, agus le ceisteanna eile a bhaineann le huisce, chun na feabhsuithe a sheachadadh i gcaighdeán an uisce a aithnítear sa Phlean.

Tá comhairliúchán agus ionchur poiblí lárnach don Phlean, mar sin de, ar roinnt bealaí. Cuireann an rannpháirtíocht phoiblí ar bhealach rithábhachtach leis na rudaí seo a leanas:

- Tógail feasacha faoi cheisteanna caighdeáin uisce agus bainistíochta uisce in Éirinn
- Bailiú tuairimí faoi na ceisteanna sin a bhaineann le huisce agus atá tábhachtach do dhaoine
- Fáil amach cad é tuairim an phobail faoi pholasaí uisce go ginearálta, agus gníomhartha an PBA go háirithe
- Ionchur a thabhairt do shaoránaigh agus d'eagraíochtaí ionadaíocha sa phróiseas cinnteoireachta
- Tionscnaimh phobalbhunaithe uisce a spreagadh agus a chumasú

Tionóladh 3 phróiseas comhairliúcháin phoiblí maidir leis an bPlean: an comhairliúchán faoi Cheisteanna Suntasacha Bainistíochta Uisce, ar tugadh sainordú dó faoin CTU agus a tionóladh i 2015–2016; comhairliúchán náisiúnta poiblí faoin dréachtPBA, a tionóladh i 2017, a lig do dhaoine a gcuid tuairimí a thabhairt faoi na struchtúir agus faoi na bearta sin atá leagtha amach sa dréachtdhoiciméad agus faoi conas ba chóir an Plean deiridh a fhobairt; agus comhairliúchán poiblí áitiúil Oifig Uiscí agus Phobal na nÚdarás Áitiúil (OUPÚÁ) faoin dréachtPBA, a bhí ar siúl go comhthráthach leis an bpróiseas náisiúnta comhairliúcháin. Tugtar sonraí faoi na próisis seo i gCuid 2.4.

Léirigh na próisis comhairliúcháin tacaíocht láidir don rannpháirtíocht phoiblí; cuireadh 65 aighneacht go díreach faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (RTPRÁ) faoin ábhar seo. Áirítear i measc na n-eilimintí comhchoiteanna sna haighneachtaí:

- Glaonna do phlé méadaithe le páirtithe leasmhara, le heagraíochtaí cosmhuintire, le pobail agus leis an tsochaí shibhialta faoi fhobairt agus faoi chur i bhfeidhm polasaí
- Tacaíocht do struchtúr OUPÚÁ agus iarratais do níos mó acmhainní le feabhas a chur ar a chuid oibre le pobail áitiúla
- Glaonna do sholáthar feabhsaithe faisnéise agus thionscnamh oideachasúil do phobail
- Aitheantas den luach a d'fhéadfadh bheith ag baint le heolaíocht saoránaigh agus le monatóireacht phobail ar na dobharlaigh, agus béisim ar an ngá atá ann le tionscnaimh chun tacú leis an nglacadh leo

Chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna seo teastaíonn struchtúir agus tionscnaimh ar féidir leo rannpháirtíocht saoránach agus pháirtithe leasmhara a eáscú i bhforbairt pholasaithe agus bheart náisiúnta – agus a chinntíonn rannpháirtíocht freisin le cur i bhfeidhm réigiúnach agus áitiúil ar an talamh. Cuireadh dhá thionscnamh den chineál seo in áit le déanaí le cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na riachtanais seo:

- Bunaíodh an Fóram Uisce chun páirtithe leasmhara a thabhairt le chéile ar spéis leo caighdeán an uisce, ag soláthar ar an tstí sin idirphlé idir eolaíocht, polasaí agus seachadadh cláir.
- Tacaíonn OUPÚÁ le hobair na gcoistí réigiúnacha trí chomhordú a dhéanamh ar iarrachtaí na n-údarás áitiúil ag leibhéal réigiúnach agus dotharcheantair agus trí rannpháirtíocht a dhéanamh le pobail áitiúla chun rannpháirtíocht an phobail a chothú i mbainistiú ár dtimpeallachta uisce.

## 11.1 An Fóram Uisce

Tá sé ríthábhachtach feasacht an phobail a spreagadh maidir leis an uisce mar acmhainn timpeallachta, shóisialta agus eacnamaíoch chun feabhas a chur ar an mbainistiú a dhéanaimid ar an tsócmhainn luachmhar seo. Is comhlacht reachtúil<sup>63</sup> é an Fóram Uisce a thugann aghaidh ar an ngá seo trí idirphlé a sholáthar idir eolaíocht, rannpháirtíocht saoránach/pháirtithe leasmhara agus polasaí uisce. Déanann sé ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara ar spéis leo caighdeán ár gcuid dobarlach, agus bíonn idir 20 agus 40 ball aige (cathaoirleach san áireamh). Faoi láthair 26 ball atá aige. Spreagann agus éascaíonn an Fóram rannpháirtíocht, le fócas aonair ar fheabhsú leanúnach chaighdeán an uisce in Éirinn. Soláthraíonn téarmaí tagartha an Fhóram an deis díospóireacht agus anailís a dhéanamh faoi na rudáin seo a leanas, agus rudaí nach iad:

- Uisce mar acmhainn
- Ceisteanna faoi chaighdeán an uisce
- Ceisteanna faoi uisce tuaithe
- Ceisteanna a théann i bhfeidhm ar chustaiméirí de chuid Uisce Éireann
- Cur i bhFeidhm an CTU

I measc bhaill an Fhóram tá grúpaí tomhalaí; custaiméirí de chuid Uisce Éireann; grúpaí pobail; iontaobhais abhann; grúpaí a ghlacann páirt i ngníomhaiochtaí uisceacha, leithéidí iascaireacht agus spóirt uisce; earnálacha a bhfuil spéis ar leith acu i gceisteanna uisce, leithéidí na hearnálacha talmhaiochta agus gnó: an earnáil phobail agus an earnáil dheonach; an earnáil timpeallachta agus eagraiochtaí a dhéanann ionadaíocht ar earnáil nangrúpaí uisce agus Éire na tuaithe.

Tá sé de lánrogha ag an bhFóram Uisce a chlár oibre féin agus a mheán féin chun a chuid tuairimí agus anailíse a chur in iúl a chinneadh. Den chuid is mó tá sé déanta as ionadaithe ó chomhlachais neamhstáit, agus tá a chuid oibre agus a chuid aschuir go hiomlán neamhspleách ar an rialtas. Chas an Fóram le chéile 9 n-uaire ó bunaíodh é i Mí Aibreáin 2017. Déanfaidh foghrúpaí de chuid an Fhóram díospóireacht agus anailís faoi na 5 théama thusaoluaithe.

Tá príomhról ag an bhFóram chun bonn eolais a chur faoi thuairimí an phobail faoi na naisc idir soláthairtí uisce ghlain, dea-chaighdeán uisce agus sláinte an phobail. Trí mheán díospóireachta agus anailíse leanúnaí, cuireann an Fóram feabhas ar thuisint an phobail faoi uisce mar acmhainn atá

gann agus costasach le hasbhaint, le cóireáil agus le soláthar – acmhainn nach mór í a chaomhnú, a chosaint agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe.

Tá an Fóram ríthábhachtach sna comhthéacsanna seo a leanas:

- Spreagadh agus éascú rannpháirtíochta faoi cheisteanna uisce
- Dúshlán na bpolasaithe a thabhairt
- Bheith ag lorg leithdháileadh acmhainní
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ghníomhartha agus ar phleananna
- Tá feidhm reachtúil ag an bhFóram Uisce comhairle a thabhairt don Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil faoi pholasaí uisce maidir le, inter alia, caomhnú uisce, seirbhísí tuaithe uisce agus leasanna chustaiméirí Uisce Éireann. Cuirtear cinneadh agus aschuir an Fhóram Uisce san áireamh ag an gCiste Comhairleach um Pholasáí Uisce (CCPU) agus ag an gCoiste Náisiúnta Comhordaithe agus Bainistíochta (NCNB), ag cur boinn eolais faoi pholasaí náisiúnta agus faoi chur i bhfeidhm an PBA seo.

## 11.2 Oifig Uiscí agus Phobail na nÚdarás Áitiúil

Soláthraíonn an Fóram Uisce meán chun rannpháirtíocht an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a chinntí, agus chun ionchur an phobail agus na bpáirtithe leasmhara a éascú i bpróisis fhorbartha polasaí. Chun rath an Phlean seo a chinntí, tá sé tábhachtach freisin cinntí go mbíonn an pobal agus na páirtithe leasmhara rannpháirtíochta ag leibhéal réigiúnach agus áitiúil. Ní mór dúinn cur ar a gcumas bheith páirteach i gcineálacha cur chuige atá bunaithe ar an dotharcheantar i dtaca le feabhsú chaighdeán an uisce, agus le forbairt agus le cur i bhfeidhm bheart ar an talamh.

Leis sin a bhaint amach, bunaíodh Oifig náisiúnta Uiscí agus Phobail na nÚdarás Áitiúil (OUPÚÁ) i Mí Feabhra 2016. Spreagann sí rannpháirtíochta phoiblí agus comhairliúchán le pobail agus páirtithe leasmhara agus comhordaitheónn sí na gníomhaiochtaí seo ar fud na 31 údarás áitiúil ar fad. Feidhmítear an oifig, do gach údarás áitiúil, ag Comhairlí Contae Chill Chainnigh agus Thiobraid Árann, ar bhonn seirbhísí roinnte. Is é líon iomlán na foirne ná 3 chomhordaitheoirí réigiúnacha, a dtacaítear leo tuilleadh ag 3 oifigeach

<sup>63</sup> Bunaithe faoin Acht um Sheirbhísí Uisce, 2017

saintacaíochta agus 12 Oifigeach Uisce Phobail atá lonnaithe i lárionaid ar fud na hÉireann. Dírionn na 3 sainoifigeach, faoi seach ar: maoiniú; cumarsáid agus cothú; agus teicneolaíocht agus taighde.

Éilíonn rannpháirtíocht phobail fforstruchtúir rannpháirtíocha mar ar féidir guth an phobail a chlos, agus mar ar féidir iad a chur san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta. Thug OUPÚÁ faoi rannpháirtíocht fhorleathan phobail, agus tá sí fós ag tabhairt faoina leithéid. Le linn chomhairliúchán OUPÚÁ faoin dréacht PBA, tionóladh 124 chruinniú poiblí. Rinneadh anailís ar na tuairimí a cuireadh in iúl ag na cruinnithe seo, go scríofa agus go labhartha, agus tuairiscíodh iad don RTPRÁ, rud a sholáthair ionchur luachmhar do na polasaithe agus do na bearta a cuireadh leis an PBA críochnaithe seo.

Sampla maith d'obair OUPÚÁ is ea an próiseas dírithe rannpháirtíocha pobail ar tugadh faoi i ndobharcheantar na Siúire. Tionscadal píolótach a bhí ann a chuir bonn eolais faoin gcur chuige comhairliúchán ar tugadh faoi sa PBA ar fud na tíre. Tionóladh cruinnithe le pobail laistigh de dhobharcheantar na Siúire. Tá pictiúr mionsonraithe soláthraithe ag an rannpháirtíocht seo maidir le ceisteanna caighdeáin uisce agus gineadh rannpháirtíocht áitiúil aisti i roinnt tionscnamh abhann maidir le ceisteanna mar an bhithéagsúlacht agus speicis choimhthíocha ionracha, lena n-áirítear freagra comhoibritheach ar ráig shuntasach de phlá an għolmaigh fhionnuisce sa phrímhchainéal abhann i 2017.

Tá rannpháirtíocht fhorleathan déanta ag OUPÚÁ trasna na n-údarás áitiúil trí sheisiúin agus trí chruinnithe réigiúnacha eolais le foirne bainistíocha agus le Coistí um Beartais Straitéisearcha. Tharla rannpháirtíocht shuntasach freisin le grúpaí agus le struchtúir ionadaíocha trí Lónraí Rannpháirtíocha Poiblí, Coistí Áitiúla Forbartha Pobail, Grúpaí agus Compháirtíochtaí LEADER, grúpaí leasa earnála, comhlachtaí forbartha tuaithe, Lónra Forbartha Áitiúla na hÉireann agus grúpaí pobail níos leithne.

Gné eile d'obair OUPÚÁ ná cur in áit Foirne Tacáiochta agus Comhairleacha na nÚdarás Áitiúil chun measúnuithe eolaíocha a chur i gcrích agus cur i bhfeidhm bheart maolaithe a spreagadh ag an leibhéál áitiúil. Idir túis agus lár 2018, tá 53 duine a bhaineann le pearsanra eolaíoch á gcur in áit chun an obair seo a chur i gcrích ar fud na cùig réigiún. Cuimseoidh a ról rannpháirtíochta phoiblí agus pháirtithe leasmhara; sula gcuirtear túis leis an obair allamuigh, eagróidh na Foirne cruinnithe poiblí chun páirtithe áitiúla leasmhara agus an pobal go ginearálta a chur ar an eolas

faoin gclár oibre agus chun aon fhaisnéis áitiúil bhreise a bhailiú ar féidir go gcuirfeadh sí bonn eolais faoin bpróiseas. Chun na gníomhartha optamacha maolaithe a aimsiú a theastaíonn chun na feabhsuithe riachtanacha a bhaint amach ó thaobh caighdeán an uisce de, tarlóidh comhairliúchán ag an leibhéál áitiúil leis na daoine sin atá páirteach in aghaidh a thabhairt ar bhrúnna dobharlaigh. Soláthróidh na Foirne Tacáiochta agus Comhairleacha tacáiocht agus comhairle leanúnacha do pháirtithe leasmhara i gcur i bhfeidhm bheart maolaithe laistigh de na limistéir le haghaidh gníomhaíochta.

Is eilimint thábhachtach é rochtain ar mhaoiniú maidir le slógadh agus le cumhachtú na bpobal chun glacadh le ról níos mó i mbainistiú a dtimpeallachta áitiúla uisce. Soláthraíonn OUPÚÁ comhairle agus cabhair theicniúla d'údarás áitiúla, do għrupaí pobail agus do għrupaí deonacha maidir le sruthanna maoinithe áitiúla, réigiúnacha, náisiúnta, AE agus corporaídeacha le nasc don bhainistiú uisce. Tá comhairleoir maoinithe OUPÚÁ in áit chun cabhrú sa chomhthiéacs seo. Áirítar ar na tionscnaimh dhobharcheantair ina bhfuil comhoibriú láidir pobail follasach Cláir LIFE an AE, leithéidí DuhallowLIFE, MulkearLIFE agus BurrenLIFE. Tá a leithéid de chomhoibriú ag tarlú ar fud na tíre faoin gclár LEADER freisin.

Beidh príomhról le cur i gcrích ag OUPÚÁ freisin maidir le cumasú breise thionscnamh uisce phobail, trí bhainistiú Chiste Forbartha Uisce an Phobail (tuilleadh mionsonraí faoi seo thíos, i gCuid 11.3), a sholáthróidh maoiniú cumasaithe do thionscnaimh uisce phobail a ailínionn le haidhmeanna an PBA.

### 11.3 Ciste Forbartha Uisce an Phobail

Is féidir le rannpháirtíochta an phobail ag leibhéál an phobail áitiúil torthaí rafara agus inbhuanaithe a dhéanamh a thacaíonn le caighdeán feabhsaithe uisce agus sochair iomadúla għaolmhara. Tá ceangal curtha ag an RTPRÁ uirthi féin Ciste Forbartha Uisce an Phobail (CFUP) a chruthú, a bhainisteofar ag OUPÚÁ. Tacóidh an CFUP le tionscnaimh uisce phobail, le fócas ar leith ar bhearta atá ailínithe leis na gníomhartha tosaíochta sa Phlean seo. Beidh ról tábhachtach le cur i gcrích aige, mar sin de, i għumasú rannpháirtíochta gníomhaí áitiúla i gcur i bhfeidhm an CTU, faoi mar atá beartaithe faoi Alt 14.

Riarfar an CFUP, a bheidh inrochtana ag na grúpaí pobail sin ar mian leo tabhairt faoi thionscadail uisce, ag OUPÚÁ trí chomhaontú seirbhíse leis an RTPRÁ. Cuirfear maoirseacht an chiste i gcrích ag coiste meastóireachta a tharraingeofar ó na gníomhaireachtaí ábhartha poiblí.

Treorídh na tosaíochtaí atá le fáil sa PBA roghnú na dtionscadal, agus tabharfar ualúchán breise do thionscadail laistigh de na Limistéir Thosaíochtaí le haghaidh Gníomhaíochta (LTG) faoi mar a shainmhínítear iad laistigh den Phlean. Díreoidh an ciste ar ghníomhartha i 3 phriomhréimse:

- Tionscadail fhobhartha, leithéidí staidéir fhéidearthachta agus tuarascálacha pleanála
- Tacáiocht d'lontaobhais Aibhneacha agus d'eagraíochtaí coibhéiseacha pobail agus do thionscnaimh eolaíochta saoránaigh agus fheasachta
- Tionscadail chaipítil

I gcomhréir leis an PBA seo agus le ceangaltais na hÉireann faoin CTU, is é cuspóir an CFUP ná tacú le tionscadail phobalbhunaithe a dhéanfaidh na rudaí seo a leanas:

- Cabhrú chun meath na ndobharlach a chosc
- Cabhrú chun na cuspóirí sonracha a chomhlíonadh a bhaineann le huisce agus atá riachtanach do limistéir chosanta
- Cabhrú chun dobharlaigh a chosaint agus a thabhairt ar ais le cuspóir ardstádais
- Díriú ar dhobharlaigh i LTG
- Scéim phíolótach fho-dhobharcheantair a fhobairt
- Rannpháirtíocht na saoránach a chothú agus feasacht ghinearálta a spreagadh faoi cheisteanna a bhaineann le caighdeán uisce
- Tacú le bunú Chompháirtíochtaí/Lónraí/ lontaobhas Abhann

## 11.4 Roinnt Eolais agus Líonrú

Cuireann bainistiú éifeachtach dobharcheantair iachall ar na húdaráis inniúla, ar na páirtithe leasmhara agus ar an bpobal raon ollmhór faisnéise a thuiscint agus a chomhtháthú faoi dhobharcheantair aonair. Tá san áireamh ann faisnéis faoi na rudaí seo a leanas:

- conas a úsáideann daoine na comhlachais talaimh agus uisce, agus na slite beatha a dtacaítear leo
- tíreolaíocht agus geolaíocht limistéir, ag breathnú ar an tstí i n-sreabann an t-uisce ar fad os ciomhán talaimh agus thíos faoi, ón áit a dtíteann sé mar fhearthainn chun na farraige
- rudaí ad fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí truaillithe, lena n-áirítear gléasraí uirbeacha cóireála uisce dramhaíola, dabhcha séarachais, athruithe fisiciúla, agus rith chun srutha ón bhfeirmeoireacht, ón bhforaoiseacht agus ó láithreáin líonta talaimh

- conas sochair uisce a aithint atá ar ardchaighdeán i gcomhthéacs eacnamaíoch agus sóisialta

Príomhurlis roinne eolais don chuspóir seo is ea an suíomh gréasáin catchments, ie, a forbraíodh ag an GCC. Cuireann an suíomh gréasáin i láthair léarscáileanna agus sonraí faoi na 46 dhobharcheantar, faoi na 583 fho-dhobharcheantar agus faoi 4,829 ndobharlach. Soláthraíonn sé cairteacha maidir lena lán dobharlach, ag cur i láthair treocheataí i bpríomhtháscairí bitheolaíocha agus ceimiceacha, a chabhráonn le daoine tuiscint cé chomh sláintíuil is atá na dobharlaigh, agus cad iad na cúiseanna a d'fhéadfadh bheith taobh thiar d'aon athruithe ina stádas sláinte. Cedaíonn an roinnt eolais seo ón bpróiseas tréithrithe díriú níos fearr ar bhearta. Tá tuilleadh feabhsuithe agus faisnéis bhereise faoi ghníomhartha cur i bhfeidhm ágcur ar fáil tríd an meán seo le linn tréimhse oibríochtúil an Phlean, sa tstí go mbeidh teacht ag na páirtithe leasmhara ar fad – go háirthe an pobal – ar fhaisnéis nuashonraithe timpeallachta chun bonn eolais a chur faoina ngníomhartha. Chomh maith leis sin, de réir mar a chuirtear an cur i bhfeidhm chun cinn, beidh an suíomh gréasáin ina urlis freisin do roinnt eolais sa chiall níos leithne, trí aithint agus trí roinnt samplaí dea-chleachtais ó ar fud an cheantair abhantraí, mar shampla. Cuirfear leis seo ag foilsíú leanúnach na nuachtítreach ráithiúla, *Catchments Newsletter*, a chuirfidh i láthair faisnéis eolaíoch agus a chuirfidh béim ar shamplaí dea-chleachtais chur i bhfeidhm ó ar fud na tíre.

Tairseach bhereise roinnte eolais is ea suíomh gréasáin OUPÚÁ, [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie), a leagann amach eolas faoi Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta, agus a dhéanann poiblíocht faoi obair na hOifige, rannpháirtíocht agus imeachtaí pobail san áireamh. Soláthraíonn sé meán eile freisin trínrí feidir leis an bpobal teagmháil a dhéanamh le húdaráis áitiúla faoi chaighdeán an uisce ag leibhéal an dobharcheantair.

Riachtanas eile do chur i bhfeidhm rafar an Phlean seo is ea roinnt eolais agus líonrú éifeachtacha i measc na saineolaithe. Cé go soláthraíonn an CCPU, an CNCB agus an Grúpa Náisiúnta um Chur i bhFeidhm Teicniúil (GNCFT) fóraim do roinnt eolais ag ardleibhéal, tá sé lán chomh tábhachtach cinntíú go dtarlaíonn roinnt eolais agus líonrú éifeachtacha ag gach leibhéal. Tá an príomhról ag an GCC maidir lena leithéid de cheisteanna líonraithe, agus leanfaidh sí uirthi de bheith á fhobairt seo thar thréimhse an dara timthriall seo. Rinneadh dul chun cinn suntasach cheana féin sa chomhthéacs seo le bunú, i 2014, den Lónra Bainistíochta Dobharcheantair agus roinnt grúpaí oibre teicniúla a bunaíodh faoin GNCFT.

## 11.5 Cumarsáid agus Rannpháirtíocht an Phobail & na bpáirtithe Leasmhara – Príomhgníomhartha don 2ú Timthriall

Forbrófar na príomhgníomhartha seo a leanas i réimse na cumarsáide agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara le linn PBA an dara timthriall:

Príomhgníomhartha	
1	Éascóidh an Fóram Uisce rannpháirtíocht pháirtithe leasmhara ag leibhéal náisiúnta faoi gach ceist uisce, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an CTU.
2	Spreagfaidh OUPÚÁ rannpháirtíocht, baint agus comhairliúchán poiblí le pobail agus le páirtithe leasmhara, agus comhordóidh sé na gníomhaíochtaí seo ar fud na 31 údarás áitiúil.
3	Beidh OUPÚÁ ag obair le cinntíú go mbíonn de thoradh ar rannpháirtíocht phoiblí agus pháirtithe leasmhara baint bhríoch sa chur chuige bainistíocha dobharcheantair ar fud an cheantair abhantraí.
4	Tá ceangal curtha ag an RTPRÁ air féin an CFUP a chruthú chun tionscnaimh uisce phobail a cheadú a ailíníonn le haidhmeanna an PBA seo.
5	Leanfaidh an GCC air de bheith i gceannas ar líonrú agus ar roinnt eolais trí NIECE (Lónra do Chomhlíonadh agus d'Fhorfheidhmiú Timpeallachta na hÉireann); an Lónra Bainistithe Dhobharcheantair, agus grúpaí gaolmhara oibre; feidhmchlár an CTU; suíomh gréasáin <a href="http://catchments.ie">catchments.ie</a> ; agus an Catchments Newsletter. Gníomhóidh na suíomhanna gréasáin <a href="http://catchments.ie">catchments.ie</a> , <a href="http://WFDIreland.ie">WFDIreland.ie</a> agus <a href="http://watersandcommunities.ie">watersandcommunities.ie</a> (a fheidhmítar ag OUPÚÁ) mar stórtha faisnéise agus sonraí agus mar uirlisí roinnte eolais chun síriú níos fearr beart agus comhordú níos fearr cur i bhfeidhm a cheadú.
6	Cinnteoidh an RTPRÁ go bhfuil gníomhaíochtaí cumarsáide agus roinnt eolais OUPÚÁ agus na GCC comhtháite leis na struchtúir chur i bhfeidhm don Phlean seo agus go gcuireann siad le forbairt pholasáí agus cur i bhfeidhm araon.



## Cuid 12: Monatóireacht ar Chaighdeán an Uisce

Tá freaghracht iomlán ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) do bhunú agus do bhainistiú chlár náisiúnta monatóireachta an CTU. Cé go bhfuil freaghracht iomlán ag an GCC freisin do dhearadh an chláir, sannadh an fhreagracht d'eilmintí áirithe ag an GCC do roinnt comhlachas poiblí, lena n-áirítear údarás áitiúla, lascaigh Intíre Éireann, an tSeirbhís Párceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Uiscebhealaí Éireann agus Foras na Mara.

Ceann de phríomhchuspóirí an chláir monatóireachta is ea measúnú a dhéanamh ar shláinte éiceolaíoch uiscí dromchla na hÉireann (aibhneacha, lochanna, uiscí idir eatarthu agus uiscí cóstacha) agus caighdeán agus stádas cainníochtúil a chuid acmhainní screamhuisce. Déantar monatóireacht ar raon eilmintí bitheolaíocha – leithéidí fíteaplanctón, plandaí uisceacha fionnusce, féar mara agus riasc goirt, inverteabraigh beantacha agus éisc abhann agus chóstacha – trasna lónra chuimsíthigh de láithreáin mhonatóireachta (féach Figír 12.1). Tá i gceist leis an monatóireacht freisin bailiú pharaiméadar tacaíochta faoi theocht an uisce, faoi chothaithigh, faoi ocsaigin thuslagtha, faoi aigéadú agus faoi shalandacht chun measúnú a dhéanamh an féidir leis an timpeallacht tacú leis na horgánaigh uisciúla seo. Déantar monatóireacht freisin ar an riocth fisiciúil agus ar shreabhadh aibhneacha agus ar leibhéal lochanna. Déantar monatóireacht freisin ar láithreacht agus ar leibhéal substaintí tosaíochta agus substaintí guaiseacha tosaíochta san uisce chun measúnú a dhéanamh ar stádas ceimiceach na n-uiscí seo.

Is é atá sa lónra abhann ná 3,099 láithreán monatóireachta a chlúdaíonn 2,410 ndobharlach abhann. Is é atá sa lónra lochanna ná 225 loch agus 9 dtaiscumar. Is é atá sa lónra monatóireachta screamhuisce ná 332 láithreán monatóireachta. Is é atá i lónra na n-uiscí idir eatarthu ná 80 dobharlach a ndéantar monatóireacht orthu, agus is é atá i lónra na n-uiscí cóstacha ná 43 dobharlach a ndéantar monatóireacht orthu. Tugtar faoi mhonatóireachta chanála ag 44 láithreán ar an gCanál Ríoga, an Chanál Mhór (Líne na Beartú san áireamh) agus Canál na Sionainne agus na hÉirne.

Tugtar faoi 3 chineál monatóireachta trí chlár monatóireachta an CTU.

1. Deartar Monatóireacht Fhaireachais chun pictíúr iomlán den stádas uisce a sholáthar ar fud ceantair abhantraí chomh maith le faisnéis faoi threochtaí fadtéarmacha.
2. Deartar Monatóireacht Oibríochtúil chun faisnéis dhírithe a sholáthar faoi stádas na ndobharlach sin atá I mBaol gan a gcuid cuspóirí timpeallachta a chomhlíonadh agus chun measúnú a dhéanamh ar aon athruithe i stádas na ndobharlach sin de thoradh ar

bhearta sonracha, agus é mar aidhm cinntíú go gcomhlíontar na cuspóirí timpeallachta atá leagtha amach sa phlean seo.


3. Is eilimint de chuid na measúnuithe imscrúdaitheacha í an Mhonatóireacht Imscrúdaitheach atá deartha chun aicmiú riosca dhobharlach Faoi Athbhreithniú a dheimhniú cé acu mar I mBaol nó Gan a Bheith i mBaol a gcuid cuspóirí timpeallachta a chomhlíonadh, agus i gcás na ndobharlach sin atá I mBaol, cinneadh cad iad na brúnna is cúis leis an riosca sin agus cad iad na gníomhartha a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú.

Tá athbhreithniú teicniúil curtha i gcrích ag an GTT de chlár náisiúnta monatóireachta an CTU chun cinntíú go bhfuil an lónra deartha go hoptamach don dara timthriall PBA suas go 2021. Ba iad aidhmeanna an athbhreithnithe ná:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar an lónra ar ann dó cheana agus ar a chuid fo-lónraí chun cinneadh cad iad na hathruithe a theastaíonn
- Breithniú a dhéanamh faoin ngá atá ann le monatóireacht imscrúdaitheach fheabhsaithe chun fianaise a sheachadadh faoi iarmháirtí éiceolaíocha agus bonn eolais a chur faoi bhearta forlíontacha
- An lónra agus na fo-lónraí monatóireachta a ailíníú le tortaí na measúnuithe riosca tréithrithe agus leis an eolas a bhaintear as an bpróiseas sin
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcomhréim oibre idir an lónra agus na fo-lónraí monatóireachta agus limistéir atá molta le haghaidh gníomhaíochta, agus measúnú a dhéanamh an gá athruithe a dhéanamh sa monatóireacht
- Breithniú a dhéanamh faoin ngá atá ann le monatóireacht níos minice i láithreáin ardstádais chun tacú le bunú "Chlár Dobharcheantair an Spota Ghoirm"
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhreagrachtaí, agus iad a dheimhniú, d'fho-eilmintí éagsúla an chláir mhonatóireachta

Tá an GCC ag déanamh teagmhála leis na príomhpháirtithe leasmhara le freagracht faoin gclár monatóireachta chun cur i bhfeidhm comhtháite aon athruithe sa chlár a chinntiú.

Tabharfaidh an GCC faoi roinnt tionscadal le linn an timthriail PBA seo chun bonn breise eolais a chur faoi athscagadh chlár náisiúnta monatóireachta an CTU. Beidh i gceist le ceann de na tionscadail seo imscrúdú na GCC faoi na factóirí sin a chuireann leis an lón suntasach feabhsuithe agus meathanna i stádas an uisce a thugtar faoi deara ar fud thart ar 900 dobharlach thar an chéad timthriall pleanála abhantraí.



Figiúr 12.1 - Léarscáileanna a thaispeánann láithreacha na láithreán monatóireachta ar fud na hÉireann.

## Cuid 13: ETortháí lonchais Phlean Bainistíochta Abhantraí an Dara Timthriall

Leagann an *Plean Bainistíochta Abhantraí* seo (PBA) amach cad iad na bearta sin ar aidhm leo ár gcuid dobharlach a chosaint agus aghaidh a thabhairt ar na brúnna atá ar na dobharlaigh sin atá i mBaol gan cuspóirí na Creat-Treorach Uisce (CTU) a chomhlíonadh. Dírfonn an cur chuige ar glacadh leis i dtreo cur i bhfeidhm go lárnach ar bheartú tosaíochta dhobharlach le haghaidh gníomhaíochta agus cinntíú sheachadadh éifeachtach thortháí timpeallachta trí idirghabháil chomhordaithe trasna raoin de pháirtithe leasmhara.

Léiríonn an cur chuige seo scála an dúshláin a bhaineann le cosaint agus le hathsholáthar stádais uisce, agus an gá atá ann chun an leas is fearr a bhaint as na hacomhainní sin atá ar fáil. Faoi mar ar tugadh breac-chuntas air i gCuid 6, seo achoimre ar na tosaíochtaí cur i bhfeidhm:

- Na treoracha atá ann cheana a chur i bhfeidhm go hiomlán
- Meath a chosc
- Na cuspóirí sin a bhaineann le huisce a chomhlíonadh do limistéir chosanta
- Uiscí ardstádais a chosaint agus a athsholáthar
- Díriú ar ghníomhartha i Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta

Níl na tosaíochtaí seo comheisiach; mar shampla tá comhréim suntasacha oibre i gceist le cosc meatha, baint amach chuspóirí limistéar cosanta agus baint amach chuspóirí ardstádais.

Rinneadh tosaíocht go náisiúnta de 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta, san iomlán, trí shraith cheardlann eagraití ag údarás áitiúla (féach Tábla 13.1 agus Léarscáil 13.1). Tá san áireamh ann san iomlán 726 dhobharlach, a bhfuil i gceist leo 616 dhobharlach abhann, 89 loch, 14 abhantrach agus 7 ndobharlach cóstach.

Rinneadh socruithe faoi Limistéir Thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta trí na struchtúir réigiúnacha sin a bhfuil na húdaráis áitiúla i gceannas orthu, le tacáiocht ó analís eolaíoch agus ó Bhonn Fianaise na GCC. Chuir socruithe san áireamh na cuspóirí tosaíochta sin atá leagtha amach sa phlean seo chomh maith leis an bhfianaise eolaíoch atá ar fáil agus ceisteanna níos leithne socheacnamaíocha agus féidearthachta.

Faoi mar a chuirtear síos air i gCuid 10, spreagfaidh foirne measúnaithe dobharcheantair na n-údarás áitiúil cur i bhfeidhm bheart maolaithe sna Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta.


Díreofar gníomhartha go príomha i dtreo brúnna ón talmhaíocht, uisce dramhaíola uirbeach, uisce dramhaíola teaghlaigh agus foraoiseacht. Beidh roinnt acmhainní ag na foirne chomh maith le tacar beart maolaithe ónar féidir leo acmhainní nó bearta oiriúnacha a roghnú lena n-úsáid ag scála an chomhlachais áitiúil uisce. Trí struchtúir rialachais agus chomhordaithe an PBA, comhaontaíodh roinnt socruithe agus prótacal oibre chun plé le ceisteanna earnála le bheith ag plé leis na príomhcheisteanna a bhfuiltear ag súil leis go dtiocfar orthu ag an leibhéal áitiúil. Nuair a aimsítear ceisteanna eile nach bhfuil aon bheart oiriúnach ceartaitheach ná maolaithe ar fáil dóibh faoi láthair, atreorófar na ceisteanna seo suas trí struchtúir rialachais an PBA lena réiteach ag an leibhéal cuí. Nuair is ann do choimhlintí soiléire polasaí cheana idir an polasaí uisce agus polasaithe a bhaineann go príomha le ceisteanna eile, leithéidí talmhaíocht nó úsáid talaimh, atreorófar na coimhlintí seo chuig an gCoiste Comhairleach um Pholasaí Uisce (CCPU), le moltaí le haghaidh réitigh.

Cé go bhfuil béim ar leith á cur ar spreagadh gníomhartha comhoibríocha agus trasearnála chun feabhsuithe i gcaighdeán an uisce a sheachadadh sna Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta, leanfar de bheith ag cur lón beart reatha agus nua i bhfeidhm go forleathan ar fud an Stáit, ag dul amach thar na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta. Áirítear orthu seo cur i bhfeidhm na rudaí seo a leanas:

- An Clár nua treisithe Gníomhaíochta Níotráití (2018-2021)
- An Tionscnamh um Inbhuanaitheacht Déiríochta
- An Scéim Ghlas ar Bheagán Carbón do Chomhshaol na Talmhaíochta (GLAS) agus an Scéim um Nuachóiriú Dírithe Talmhaíochta (SNDT) faoin gClár um Fhorbairt Tuaithe
- Clár Infheistíochta Caipítil Uisce Éireann, ag freagairt ar riachtanais na Treorach Cóireála Uisce Dramhaíola Uirbigh, an Treoir um Uisce Óil agus na cuspóirí sin a bunafodh i bPleananna Bainistíochta Abhantraí
- Bearta maolaithe atá le fáil i gclár cothabhála draenála na OOP
- Polasaithe agus reachtaíocht fhoraioiseachta chomh maith le cothú scéimeanna foraoiseachta chun ionchuir thruailleán in uiscí a mhaolú

I dtéarmaí níos ginearálta, beidh bunú struchtúr nua cur i bhfeidhm (féach Cuid 10) agus struchtúir nua do rannpháirtíocht phoiblí agus pháirtithe leasmhara (féach Cuid 11) ríthábhachtach le bheith ag tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach beart ag an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Beidh na bearta a mholtar sa phlean seo chun tuiscint agus bainistiú feabhsaithe a fhorbairt i dtaca le brúnna fisiciúla ar uisce dromchla (m.sh. bacáinní d'imirce na n-iasc agus sioltachán na leapacha abhann) le linn an timthriall 2, beidh siad

bunriachtanach chun buntacú le forbairt rialuithe rialála agus bearta maolaithe éifeachtacha do raon gníomhaíochtaí a théann i bhfeidhm ar chuínsí fisiciúla na n-uiscí dromchla. Cuirfear na rialuithe rialála agus na bearta maolaithe seo i bhfeidhm le linn an timthriall 3 (2022–2027). Ina theannta sin, cabhróidh foilsíú pleánálte treorach faoi phleanáil fhisiciúil agus an CTU i 2019 chun uiscí a chosaint ó mheath a d'eascródh as forbairt mhíchuí sa todhchaí.



**Léarscáil 13.1 - Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta (190) sna cúig réigiún bunaithe ar theorainneacha dobharcheantair**

Réigiún	Líon na Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta (LG)	Líon iomlán na nDobharlach sna LG	Aibhnenacha	Lochanna	Inbhir	Cóstaí
Lár Tíre & Oirthear	29	95	93	2	0	0
Iardheisceart	59	132	111	9	9	3
Iarthar	34	190	143	45	1	1
Oirdheisceart	34	150	141	2	4	3
Cois Teorann	34	159	128	31	0	0
Iomlán	190	726	616	89	14	7

**Tábla 13.1** - Cineálacha dobharlaigh dhromchla a roghnaíodh le haghaidh gníomhaíochta

### 13.1 Príomhfhreagraí Polasaí agus a dToradh Ionchais

Táthar ag súil leis go gcuirfidh na bearta atá molta sa phlean seo go suntasach le cosaint agus le feabhsú dhobharlach go náisiúnta thar an PBA seo agus PBA todhchaí. Áirítear orthu na bearta seo a leanas:

#### Talmhaíocht

Leanfar ar aghaidh le forfheidhmiú an Chláir nua threisithe Gníomhaíochta Níotráití ag údaráis áitiúla agus ag an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) tríd an gclár náisiúnta iniúchta. Gheobhaidh suas le 5,000 feirmeoir tacaíocht ó Theagasc tríd an gClár nua comhoibríoch Tacaíochta agus Comhairleach Inbhuanaitheachta, iad dírithe trí na 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta. Ina theannta sin, gheobhaidh 18,000 feirmeoir déiríochta comhairle faoi chleachtais inbhuanaithe fheirmeoireachta faoin Tionscnamh Inbhuanaitheachta Déiríochta. Mar chuid den PRF, tá 50,000 feirmeoir ag glacadh páirte in GLAS, agus gheobhaidh 27,000 feirmeoir oiliúint faoi dhea-chleachtais timpeallachta.

#### Uisce Dramhaíola Uirbeach

Seachadfaidh Clár Infheistíochta Caipítíl Uisce Éireann 255 mhórthionscadal cóireála uisce dhramhaíola agus córas bailithe i 41 limistéar, a rachaidh chun tairbhe 136 dhobharlach atá i mbaol ó bhrúnna uisce dhramhaíola uirbigh. Bainfidh a lán comhlachas eile uisce leas as feidhmíocht fheabhsaithe ghléasra ag eascairt as optamú próisis agus as minoibreacaha.

#### Uisce Dramhaíola Teaghlaigh

Spreagfaidh an chéad Phlean Náisiúnta Iniúchta eile do Chórás Chóireála Uisce Theaghlaigh (2018-2021) feabhsuithe i gcothabháil na gcóras. Cuirfear ar a laghad 1,000 iniúchadh i gcrích in aghaidh na bliana ag na húdaráis áitiúla. Is féidir le húinéirí tí leas a bhaint as deontas do dheisiú córas easnamhach. Go dtí seo, theip ar 15% de na córais ar fad mar gheall ar fhadhbanna struchtúrtha. Ina theannta sin, spreagfar feachtas eolais a chothaíonn dea-chleachtas sa chothabháil chórais go náisiúnta ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) agus go háitiúil ag Oifig Uiscí agus Phobail na nÚdarás Áitiúil (OUPÚÁ).

#### Asbhaint mhóna

Tá Bord na Móna ag dréim le 9,000 ha. de lagphortaigh (a chlúdaíonn 25 thalamh portaigh) a athshlánú faoi 2021. Tá sin faoi réir ag roinnt rudáin a bhfuiltear ag déanamh talamh slán díobh, lena n-áirítear lagphortaigh le haghaidh athshlánaithe a bheith ar fáil. As na portaigh seo, baineann 11 acu le 12 dhobharlach atá i mBaol gan a gcuid cuspóirí CTU a bhaint amach, mar gheall go pointe ar ghníomhaíochtaí a bhaineann le hasbhaint mhóna. Ag cur san áireamh an méid ama nach mór dó dul thart sula mbíonn biseach nádúrtha ar na héiceachórais críochnaithe, táthar ag súil leis go mbainfidh 11 de na dobharlaigh seo a gcuid cuspóirí amach faoi 2027.

## 13.2 Tortháí lonchais Timpeallachta

D'aimsigh an tréithriú riosca 1,460 as 4,829 ndobharlach san iomlán atá I mBaol gan a gcuid cuspóirí timpeallachta a chomhlónadh. Tá san áireamh iontu gach uisce screamhuisce, abhann, locha, cóstach agus idir eatarthu.

Ag cur san áireamh iarmhaint dhóchúil na mbeart ar fad a gcuirtear síos orthu sa phlean seo, rinneadh meastachán coimeádach de líon na ndobharlach sna 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta (726 dhobharlach) ar dócha go mbainfidh siad amach a gcuid cuspóirí timpeallachta faoi 2021, faoi 2027 nó faoi dháta níos déanaí arís (Clár 13.2).

Réigiún	Iomlán	Dátaí faoina bhfuiltear ag súil leis go gcomhlíonfaidh na Comhlachais Tosaíochta Uisce a gcuid Cuspóirí Timpeallachta		
		2021	2027	Thar 2027 amach
Lár Tíre/Oirthear	95	30	52	13
lárðheisceart	132	20	108	2
lárthar	190	32	149	8
Oirdheisceart	150	29	119	1
Cois Teorann	159	41	114	3
Iomlán	726	152	542	27

**Tábla 13.2 - Limistéir Thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta ar díríodh orthu sa Phlean Bainistíochta Abhantraí seo**

## Torthaí a bhFuitear ag Súil Leo

**255** Líon na dtograí cóireála dramhuisce a ndearnadh dul chun cinn orthu

**€73m** An méid a infheistíodh chun sceitheadh uisce a laghdú faoi 61 milliún m<sup>3</sup> in aghaidh na bliana  
Sceitheadh a laghdú ó 45% - 38%

**30** Comhairleoir inbhuanaitheachta fostaithe chun an Clár Tacaíochta agus Comhairle maidir le hInbhuanaitheacht Talmhaíochta a sheachadadh

**43** An líon pearsanra a imlonnaíodh chuig Foirne Tacaíochta agus Comhairle Uisce na nÚdarás Áitiúil sna réigiúin

**23,000** Líon na bhfeirmeoirí a gheobhaidh comhairle maidir le hinbhuanaitheacht faoin Tionscadal Inbhuanaitheachta Déiríochta agus faoin gClár Tacaíochta agus Comhairle maidir le hInbhuanaitheacht Talmhaíochta

**4,000** Líon na gcigireachtaí faoin bPlean Náisiúnta Cigireachta do Chórais Cóireála Dramhuisce Tí

**3,000+** Líon na n-astarraingtí uisce a cláraíodh, agus cuireadh córas údaraithe chun feidhme

Treoir d'údaráis phleanála maidir le pleanáil fhisiciúil agus na Creat-Treoracha Uisce

**726** Líon na ndobharlach a bhfuil feabhsúcháin le baint amach acu maidir le cáilíocht ghinearálta uisce

**152** Líon na ndobharlach a dtiocfaidh feabhas ar stádas a gcáilíocht uisce

### 13.3 Achoimre na dTortháí lonchais

Bunaithe ar an eolas atá leagtha amach sa Phlean, táthar ag súil leis go mbainfear amach na rudaí seo a leanas thar an tréimhse go 2021:

- ▀ Seachadfaidh infheistíocht i mbailiúchán agus i gcóireáil uisce dhramhaíola uirbhígh 255 thionscadal cóireála uisce dhramhaíola i gceantair uirbeacha, ag baint amach feabhsuithe i gcaighdeán an uisce agus comhlíonadh riachtanais na Treorach um Chóireáil Uisce Dhramhaíola Uirbhígh. Ullmhófar pleannána limistéir dhraenála do 44 limistéar uirbeach.
- ▀ Ullmhófar 353 mheasúnú riosca foinse poibl uisce óil. Déanfar bearta chun aghaidh a thabhairt ar 53 sholáthar uisce le sáruthite lotnaidicídí.
- ▀ Beidh sé mar aidhm ag Uisce Éireann úsáid inbhuanaithe agus éifeachtach uisce a bhaint amach trí aghaidh a thabhairt ar (1) ardleibhéal sceite an lónra agus uisce gan tásc (45% den uisce ar fad a théann isteach sa lónra soláthair), agus (2) an leibhéal an-ard úsáide uisce ag barr raon na húsáide teaghlaigh. Gach bliain suas go 2021, déanfar €73 milliún a infheistiú chun sceitheadh uisce a laghdú faoi 61 mhilliún m<sup>3</sup> per annum. Laghdóidh sin an ráta sceite ó 45% síos go 38% (bunaithe ar fhigiúirí 2017) faoi 2021.
- ▀ Bunófar creatlach nua reacthaíochta do bhainistiú inbhuanaithe asbhaintí uisce, a mbeidh mar chuid di riachtanas do cheadúnú asbhaintí móra, go luath i 2019. Bunófar clár asbhaintí uisce go luath i 2018.
- ▀ Leanfaidh an Clár nua treisithe um Ghníomhaíocht Nítráití (CGN) air de bheith ag soláthar bonnlíne maith timpeallachta don earnáil talmhaíochta. Cuirfear iniúchtaí feirme, suas le 6,000 acu per annum, i gcrích ag údarás áitiúla agus ag an RTBM.
- ▀ Comhfhoinseofar an Clár nua Tacaíochta agus Comhairleach Inbhuanaitheachta ag an RTBM, na Comharchumainn Déiríochta agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil. Beidh mar chuid de 30 comhairleoir inbhuanaitheachta, 20 acu lonnaithe laistigh de Theagasc, agus 10 acu laistigh de na Comharchumainn Déiríochta.
- ▀ Le fócas méadaithe ar aistriú eolais ar aidhm leis athrú iompair a spreagadh i dtreo cleachtas feirmeoireachta níos inbhuanaithe, gheobhaidh suas le 5,000 feirmeoir tacaíocht ó Theagasc tríd an gClár nua comhoibríoch Tacaíochta agus Comhairleach Inbhuanaitheachta, dírithe orthu laistigh de na 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta. Ina theannta sin, gheobhaidh 18,000 feirmeoir déiríochta comhairle faoi chleachtais inbhuanaithe fheirmeoireachta faoin Tionscnamh Inbhuanaitheachta Déiríochta.
- ▀ Spreagfaidh an Plean Náisiúnta Iníúchta do Chórais Chóireála Uisce Theaghlaigh (2018-2021) feabhsuithe i bhfeidhmíocht na gcóras; cuireadh breis is 4,000 iniúchadh i gcrích ag údarás áitiúla thar an tréimhse seo.
- ▀ Tá Bord na Móna i mbun deireadh a chur de réir a chéile le hasbhaint mhóna le haghaidh tárgthe fhuinnimh faoi 2030. Tá sé ag súil le 9,000 ha. de lagphortaigh (a chlúdaíonn 25 lagphortach) a athshlánu faoi 2021 agus beidh sé ag iarraidh na bearta maolaithe is atá le fáil a chur i bhfeidhm chun iarmhairtí a laghdú tuilleadh i dtaca le caighdeán an uisce a ghintear ag asbhaint mhóna, a fhad is atá an céimniú amach ag tarlú.
- ▀ Cuirfidh seachadadh treorach d'údarás phleanála faoin bpleanáil fhisiciúil agus an CTU le cosaint na n-uiscí ar mheath a d'eascródh as forbairt todhchaí mhíchuí. Cinnteofar freisin, trí thacú le treoir theicniúil, go gcuirtear deachleachtas timpeallachta i bhfeidhm nuair a thugtar faoi dhraenáil oibreacha cothabhála. Idir 2018 agus 2021, déanfar 8,000 km de chainéal abhann a chothabháil.
- ▀ Chomh maith leis an OUPÚÁ nua, cuirfear foirne Tacaíochta agus Comhairleacha Uisce Údarás Áitiúil réigiúnbhunaithe in áit. I dtosach báire beidh i gceist leis sin 43 ball pearsanra breise, a bheidh páirteach i gcomhordú agus i gcothú bheart maolaithe sna 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta.
- ▀ Bunófar Ciste Forbartha Uisce an Phobail chun tacú le tionscnaimh áitiúla uisce phobail, le fócas ar leith ar bhearta atá ailínithe leis na gníomhartha tosaíochta sa Phlean seo. Riarfar an ciste ag an OUPÚÁ.
- ▀ Rinneadh tosaíocht de 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta go náisiúnta san iomlán, a bhfuil aird faoi leith le tabhairt orthu le linn an timthriail seo (2018-2021). Áirítear orthu seo 726 dhobharlach san iomlán. Beidh mar chuid de na gníomhartha cineálacha cur chuige ildhisciplíneacha agus trasghníomhaireachta.
- ▀ Beidh an idirghníomhaíocht idir na struchtúir nua rialachais uisce – na cúig choiste réigiúnacha, na Coiste Náisiúnta Comhordaithe agus Bainistíochta, an Grúpa Náisiúnta Cur i bhFeidhm Teicniúil, an Fóram

- Uisce agus an Coiste Comhairleach um Pholasaí Uisce – ríthábhachtach do chur i bhfeidhm éifeachtach an phlean seo.
- Bunaithe ar na gníomhartha thusa, táthar ag súil leis go mbainfear amach feabhsuithe ginearálta i gcaighdeán an uisce sna 726 dhobharlach a ndearnadh tosaíocht síobh don timthriall pleanála seo (2018-2021). Ag cur san áireamh, áfach, na castachtaí atá i gceist agus an deacracht aitheanta a bhaineann le baint amach feabhsuite stádais mar gheall ar agaí moille i mbiseach nádúrtha agus an idirghníomhaíocht idir brú iolrach timpeallachta ar dhobharlaigh, meastar go coimeádach gur dócha go mbeidh de thoradh ar na gníomhartha ar tugadh achoimre orthu thusa go mbeidh feabhsuite stádais le feiceáil faoi 2021 i thart ar 152 chomhlachas breise uisce, le tuilleadh feabhsuite ina dhiaidh sin.
- Bainfidh na dobharlaigh sin atá i mBaol nach bhfuil san áireamh sna 190 Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta leas as bearta ar ann dóibh cheana, agus as bearta a bhfuiltear tar éis iad a thabhairt isteach, mar sin féin. De réir mar a cheadaíonn na hacmhainní é, díreofar ar na dobharlaigh seo do mheasúnuithe imscrúdaitheacha agus do ghníomhaíocht bhereise, nuair is gá sin, trí na próisis tosaíochta ag leibhéal an choiste réigiúnaigh.



## Aguisín 1 Uasghráduithe Sceidealaithe Gléasraí Cóireála Uisce Dramhaíola

<b>Tábla 1 Uasghráduithe a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun tacú le Comhlíonadh Riachtanaí na Treorach Cóireála Uisce Dramhaíola Uirbigh</b>			
<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Baile Átha Fhirdia	6,492	Lú	2019
An tInnbhear Mór	16,261	Cill Mhantáin	2022
Baile Átha an Rí	6,624	Gaillimh	2020
Bealach Féich / Srath an Urláir	6,309	Dún na nGall	2019
Clár Chlainne Mhuiris	5,801	Maigh Eo	2023
An Cóbh	14,990	Corcaigh	2019
Cúil Mhuine	2,064	Sligeach	2021
Cathair Chorcaí	306,667	Cathair Chorcaí	2019
Droichead Átha	70,895	Lú	2018
Dún Dealgan	79,001	Lú	2018
Inis Thuaidh	27,038	Clár	Oibreacha Curtha i gCrích
Inis Córthaidh	15,085	Loch Garman	2019
Fearna	2,035	Loch Garman	2023
Ceannanas	8,375	An Mhí	Oibreacha Curtha i gCrích
Na Cealla Beaga	12,371	Dún na nGall	2018
An Leacht	2,644	An Clár	2023
Leifear	2,194	Dún na nGall	2021
Cluainín	2,692	Liatroim	2019
Baile Mhistéala	5,398	Corcaigh	2021
Fearann na Manach	10,302	Ros Comáin	2019
Uachtar Ard	2,092	Gaillimh	2018
Pasáiste-Baile an Mhanaigh	7,677	Corcaigh	2018
Cúil an tSúdaire	12,159	Laois	Oibreacha Curtha i gCrích
Port Lách	2,150	Port Láirge	2019

Tábla 1 (ar lean): **Uasghráduithe a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun tacú le Comhlíonadh Riachtanais na Treorach Cóireála Uisce Dramhaíola Uirbigh**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Rinn an Scidígh-Bun an Tábhairne-Carraig Uí Leighin	23,588	Corcaigh	Oibreacha Curtha i gCrích
An Rinn	2,225,120	Cathair Átha Cliath	2021
Sionainn	17,990	An Clár	2020
Steach Maoilín	4,294	An Mhí	2023
Trá Lí	36,386	Ciarraí	2018
Tobar an Choire	3,095	Sligeach	2019
An Tulach	6,704	Ceatharlach	2021
Eochaill	15,522	Corcaigh	2018

Tábla 2 **Uasghráduithe a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun tacú le Comhlíonadh Riachtanais na Limistéar Cosanta**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Limistéar Cosanta</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
An Clochán	Láthair shnámha Thrá an Chlocháin	3,431	Gaillimh	2015
Gaillimh	Láthair shnámha Thrá Bhaile an Locháin	107,963	Gaillimh	2016
An Ros	Láthair shnámha an Rois Theas	7,800	Fine Gall	2018
Baile Brigín	Láthair shnámha Thrá Loch Sionnaigh	41,722	Fine Gall	2019
An Rinn	Láthair shnámha Thrá Mhuirfean	2,225,120	Áth Cliath	2021
Uachtar Ard	Limistéar Diúilicíní Péarla Fionnúisce na Coiribe – Abhainn an Chroic	2,092	Gaillimh	2018

Tábla 3:

**Uasghráduithe a bhfuiltear ag tabhairt fúthu chun tacú le Cosaint na nUiscí Ardstádais**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Uisce Ardstádais</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Baile Cloch	An Dubhabhainn (Mumha)	257	Corcaigh	2017
Baile Mhic Íre	An Sulán	799	Corcaigh	2021
An Druipseach	An Druipseach	450	Corcaigh	2021
Cill Gharbháin	An Ruachtach	<500	Ciarraí	2017
An Port Nua (Maigh Eo)	Cuan Bhaile Uí Fhiacháin	1,375	Maigh Eo	2023
Uachtar Ard	Abhainn an Chnoic (Coirib)	2,092	Gaillimh	2018
Ráth Mealtain	Carn Íochtarach	1,658	Dún na nGall	2021
An Leathros	Cuan Shligigh	2,584	Sligeach	2020

Tábla 4

**Uasghráduithe eile Sceidealaithe Gléasra Cóireála Uisce Dhramhaíola**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Mainistir Laoise	2,770	Laois	Curtha i gCrích
Áth Eascrach	<500	Gaillimh	2021
Ard Fhearta	1,273	Ciarraí	2018
Aird Mhóir	1,225	Port Láirge	Curtha i gCrích
Colmán	<500	Loch Garman	2021
Ármhach	569	An Cabhán	Curtha i gCrích
Eas Géitine	1,690	Luimneach	2021
Áth an tSléibhe	551	Luimneach	2019
Baile Átha Luain	24,789	An Iarmhí	2018
Eachroim	2,092	Cill Mhantáin	Curtha i gCrích
Abhóca	850	Cill Mhantáin	2025
Coill an Chollaigh	3,326	An Cabhán	2024
Balla	1,000	Maigh Eo	2018
Bealach an Doirín	1,993	Ros Comáin	2023
Béal an Átha	5,898	Tiobraid Árann	2024
Baile na Cora	<500	Sligeach	2023
Béal Átha na nEach	1,176	An Cabhán	2018
Baile na Coille	636	Laois	2018
Béal an Átha Móir	1,794	Liatroim	Curtha i gCrích

Tábla 4 (ar lean.) **Uasghráduithe eile Sceidealaithe Gléasra Cóireála Uisce Dhramhaíola**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Béal Átha an Ghaorthaidh	615	Corcaigh	2022
Baile an Rodaigh	-	Port Láirge	Curtha i gCrích
Baile an Róba	4,518	Maigh Eo	2023
Baile an tSratha	<500	Dún na nGall	2021
Baile Íomhair	2,376	An Mhí	Curtha i gCrích
Baile Cloch	257	Corcaigh	Curtha i gCrích
Baile Choitín	963	Corcaigh	2021
Béal Átha Ghártha	857	Gaillimh	2020
Baile Hac	<500	Loch Garman	2021
Béal Átha hAmhnais	3,674	Maigh Eo	2024
Baile Shéamais Dhuibh	3,682	An Cabhán	2024
Baile Lifín	891	Dún na nGall	2023
Baile Uí Laigheanáin	1,476	Laois	2018
Baile an Longfoirt	680	Ciarraí	Curtha i gCrích
An Baile Mór	591	An Iarmhí	2018
Baile Mór na nlústasach	901	Cill Dara	Curtha i gCrích
Baile an Mhóta	2,785	Sligeach	Curtha i gCrích
Baile Uí Mhurúin & Purláin	661	Loch Garman	Curtha i gCrích
Baile Uí Bheacháin	648	An Clár	2021
Bealach Conglais	3,466	Cill Mhantáin	2023
Beannchar	2,561	Uíbh Fhailí	2020
Droichead na Bandan	9,801	Corcaigh	2022
Baingear	629	Maigh Eo	Curtha i gCrích
Beanntraí	5,298	Corcaigh	2023
Baile na Cora	365	Maigh Eo	Curtha i gCrích
Béal an Mhuirthead	1,909	Maigh Eo	2018
Baile Coimín	6,099	Cill Mhantáin	2021
An Bóthar Buí	768	Corcaigh	2023
Ceann an Droichid	763	Dún na nGall	2024
Bun Cranncha	10,513	Dún na nGall	2025
Bun Dobhráin	6,510	Dún na nGall	2018
Bun na hAbhann	517	Dún na nGall	2024
Ailt an Chorráin	<500	Dún na nGall	2021
An Chathair	5,316	Tiobraid Árann	2023

Tábla 4 (ar lean.) **Uasghráduithe eile Sceidealaithe Gléasra Cóireála Uisce Dhramhaíola**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Ceapach Choinn	1,530	Port Láirge	Curtha i gCrích
Baile Cheatharlach	31,841	Ceatharlach	2023
An Cheathrú Rua	944	Gaillimh	2021
Carraig Mhachaíre Rois	9,455	Muineachán	2020
Carraig Álainn	<500	Liatroim	2019
Carraig Airt	506	Dún na nGall	2022
Carraig Thuathail	14,113	Corcaigh	Curtha i gCrích
Caiseal	13,089	Tiobraid Árann	2024
Baile na Lorgan	6,722	Muineachán	2019
Caisleán an Chomair	2,129	Cill Chainnigh	Curtha i gCrích
Caisleán na Finne	1,199	Dún na nGall	2021
Oileán Ciarráí	4,033	Ciarráí	2023
Caisleán na Mainge	<500	Ciarráí	2024
Baile na Martra	1,884	Corcaigh	2024
Baile an Chaisleáin	465	Laois	2018
Baile Chaisleán Bhéarra	1,967	Corcaigh	2021
Baile an Chaisleáin	575	Corcaigh	2021
Caladh an Treoigh	39,872	Luimneach	2024
Baile an Chabháin	17,775	An Cabhán	Curtha i gCrích
Baile Chathail	1,714	Maigh Eo	2020
An Ráth agus Purláin	4,758	Corcaigh	2024
Pointe na Síge	<500	Port Láirge	Curtha i gCrích
Droichead an Chláir	1,368	An Clár	2021
Baile Chláir	2,706	Gaillimh	Curtha i gCrích
Cliafuine	697	Sligeach	Curtha i gCrích
Ceann Chlochair	2,707	Lú	2024
Cluain Dalláin	508	Corcaigh	2018
Cluain an Róistigh	604	Loch Garman	Curtha i gCrích
Áth an Chóiste	756	Corcaigh	2021
Coill Dubh	1,380	Cill Dara	Curtha i gCrích
Conmhaigh	1,961	Dún na nGall	2018
Muinchille	3,275	An Cabhán	2024
Cúirt Mhic Shéafraidh agus Tigh Molaise	1,450	Corcaigh	2020

Tábla 4 (ar lean.) **Uasghráduithe eile Sceidealaithe Gléasra Cóireála Uisce Dhramhaíola**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Baile na Cúirte-Guaire	18,778	Loch Garman	Curtha i gCrích
An Chrois	<500	Maigh Eo	Curtha i gCrích
Drom Dhá Liag	720	Corcaigh	2021
Drom Átháin	1,032	Corcaigh	Curtha i gCrích
Baile Dhrom Collachair agus Purláin	912	Luimneach	2021
Droim Conrach	509	An Mhí	2018
Droim Seanbhó	2,304	Liatroim	2022
Dún Canann	1,073	Loch Garman	2021
Dún Fionnachaidh	2,353	Dún na nGall	2024
An Clochán Liath	2,454	Dún na nGall	Curtha i gCrích
Dún Luáin	1,395	Cill Mhantáin	Curtha i gCrích
Dún Mánmhai	2,664	Corcaigh	Curtha i gCrích
Dún Mór	3,564	Port Láirge	Curtha i gCrích
Dún Seachlainn	6,848	An Mhí	2023
Darú	1,264	Laois	Curtha i gCrích
An Bóthar Buí	4,583	An Mhí	2024
Áth na Sceire agus purláin	2,977	Cill Mhantáin	2018
CCDU Inis Díomáin	1,391	An Clár	2021
Dún an Uchta	<500	Gaillimh	2023
Fathain	1,076	Dún na nGall	2024
An Fál Carrach	1,668	Dún na nGall	2020
Fiadh Ard	2,756	Tiobraid Áirinn	2024
Fiadh Ard	674	Loch Garman	2021
Béal Easa	2,804	Maigh Eo	2020
Faing	1,474	Luimneach	2023
Achadh Úr	817	Cill Chainnigh	Curtha i gCrích
Gleann na Madadh	661	Gaillimh	2020
Na Gleannta	572	Dún na nGall	Curtha i gCrích
An Gleann	935	Luimneach	2023
An Droichead Nua	496	Cill Chainnigh	Curtha i gCrích
An Ghráinseach	864	Sligeach	2020
Scéim Tithíochta an Chaisleáin Nua	90	Dún na nGall	2019
Gaoth Dobhair	-	Dún na nGall	2021

Tábla 4 (ar lean.) **Uasghráduithe eile Sceidealaithe Gléasra Cóireála Uisce Dhramhaíola**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Baile Haicéid	974	Ceatharlach	Curtha i gCrích
Inse Geimhleach	<500	Corcaigh	2021
Inis Tíog	<500	Cill Chainnigh	2020
Inis Eonáin	1,015	Corcaigh	2021
Baile Sheáin	659	Cill Chainnigh	Curtha i gCrích
Ceann Toirc	3,588	Corcaigh	2024
Neidín	6,991	Ciarraí	2023
Baile an Cheantaigh	1,436	An Mhí	2019
An Cheathrú Chaol	<500	Dún na nGall	2021
Cill Charthaigh	1,230	Dún na nGall	2021
Cill Chomhghaill	2,524	Cill Mhantáin	Curtha i gCrích
Cill Chuimín	-	Ciarraí	2024
Cill Dairbhre	461	Corcaigh	Curtha i gCrích
Cill Fhionnúrach	<500	An Clár	2021
Cill Chaoi	4,000	An Clár	2021
Cill Ala	1,003	Maigh Eo	2019
Cill an Mhuilinn & Purláin	418	Corcaigh	Curtha i gCrích
Cill Fhéich	709	Dún na nGall	2021
Cill Mhic Réanáin	952	Dún na nGall	2022
Coill Mhic Thomásín	1,401	Port Láirge	Curtha i gCrích
Cill Mocheallóg	2,619	Luimneach	Curtha i gCrích
Cill Maodhóg	1,846	Cill Dara	Curtha i gCrích
Cill Mhichíl	<500	An Clár	2021
Cé na Cille Móire	4,260	Loch Garman	2021
Cill Pheadair	637	Cill Mhantáin	Curtha i gCrích
CCDU Chill Rois	4,680	An Clár	2021
Dún an Rí	3,313	An Cabhán	2024
Cionn Átha Gad	3,540	An Iarmhí	Curtha i gCrích
Cinn Mhara	812	Gaillimh	Curtha i gCrích
Baile an Ridire	816	Ciarraí	Curtha i gCrích
Leathardán	297	Maigh Eo	Curtha i gCrích
Sráidbhaile Liatroma	1,203	Liatroim	2019
Luimneach	116,953	Luimneach	2024
CCDU Lios Ceannúir	414	An Clár	2021

Tábla 4 (ar lean.) **Uasghráduithe eile Sceidealaithe Gléasra Cóireála Uisce Dhramhaíola**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Lios Mór	2,509	Port Láirge	Curtha i gCrích
Léim an Bhradáin	130,084	Cill Dara	Curtha i gCrích
Maigh Chromtha	5,570	Corcaigh	2024
Mala	15,863	Corcaigh	2021
Mainistir na Corann	18,424	Corcaigh	Curtha i gCrích
Baile na nGallglach	2,042	Dún na nGall	2021
Sráid an Mhuilinn	3,163	Corcaigh	2021
Baile an Mhuilinn	<500	Gaillimh	Curtha i gCrích
Maothail	1,635	Liatroim	2019
An Creagán	1,477	Gaillimh	2021
Móinteach Mílic	6,194	Laois	2023
Maighean Rátha	2,676	Laois	Curtha i gCrích
Bun an Phobail	1,753	Dún na nGall	2021
Magh	-	Dún na nGall	2023
Muine Bheag agus Leithlinn an Droichid	12,430	Ceatharlach	2024
An Mullach Mór	717	Sligeach	2024
Muileann na hUamhan	602	Tiobraid Árann	2019
Muileann an Bhata	<500	Cill Chainnigh	2020
An Uaimh	37,680	An Mhí	2024
An tAonach	14,648	Tiobraid Árann	2020
An Caisleán Nua	1,360	Cill Mhantáin	2018
Áth Trasna	1,322	Corcaigh	2024
Cora Chaitlín	1,732	An Clár	2024
An Port Nua	2,792	Tiobraid Árann	2024
An Obair	767	An Mhí	Curtha i gCrích
An Seanchaisleán	2,090	An Mhí	Curtha i gCrích
Ó Méith	<500	Lú	2021
An Pasáiste Thoir	<500	Port Láirge	2023
Port Laoise	29,579	Laois	2024
Port Omna	2,775	Gaillimh	2023
CCDU Chuinché	1,154	An Clár	2021
Ráth Bhoth	2,102	Dún na nGall	2021
Ráth Domhnaigh	1,946	Laois	Curtha i gCrích

Tábla 4 (ar lean.) **Uasghráduithe eile Sceidealaithe Gléasra Cóireála Uisce Dhramhaíola**

<b>Limistéar Uirbeach</b>	<b>Coibhéis Daonra (CD) Ualaigh Ghinte 2016</b>	<b>Contae</b>	<b>Le Críochnú</b>
Ráth Maolán	1,388	Dún na nGall	2021
Córas Cóireála Uisce Dhramhaíola Ráth Bhile	1,321	Ceatharlach	Curtha i gCrích
An Chrois Dhearg	732	Cill Mhantáin	Curtha i gCrích
Ród	1,023	Uíbh Fhailí	Curtha i gCrích
Sráidbhaile Rinn an Scidigh	1,996	Corcaigh	Curtha i gCrích
Áth an Mhaide	842	Corcaigh	Curtha i gCrích
Ros Ó gCairbre /Abha na hInse	4,183	Corcaigh	2023
An Ros	1,679	Sligeach	2024
Cloch na Rón	<500	Gaillimh	2021
Sáilín	<500	Corcaigh	2025
An Scoil	1,708	Corcaigh	Curtha i gCrích
CCDU Bhaile na Sionainne	17,990	An Clár	2020
An Spidéal	165	Gaillimh	2021
Baile Suingeán	469	Dún na nGall	Curtha i gCrích
Áth Stúin	<500	Cill Chainnigh	Curtha i gCrích
An tSráidbhaile	711	Port Láirge	Curtha i gCrích
Ceirtleán an tSráidbhaile	1,768	Laois	Curtha i gCrích
Sord	56,924	Áth Cliath	Curtha i gCrích
Teach Munna	-	Loch Garman	Curtha i gCrích
Tulach an Iarainn	1,548	Port Láirge	Curtha i gCrích
Tairbeart	1,100	Ciarraí	Curtha i gCrích
Tigh na hÉille	1,365	Cill Mhantáin	Curtha i gCrích
Baile Thiobraid Árann	16,528	Tiobraid Árann	2024
Baile Átha Troim	11,948	An Mhí	2023
Tuaim	21,442	Gaillimh	2019
Baile Osbeirn	90,810	Cill Dara	Curtha i gCrích
Áth na nUrlainn	1,394	Cill Chainnigh	Curtha i gCrích
Achadh an Iúir	3,988	An Cabhán	2024
An Geata Bán/Áth Fhada	2,805	Corcaigh	2021
An Ghráig	<500	Gaillimh	2021

## Agisín 2 - Limistéir Thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta

Réigiún	Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta*	Údarás Áitiúla
Cois Teorann		
	Abhainn na Finne	Dún na nGall
	Baile Suingean	Dún na nGall
	Iardheisceart Dhún na nGall & Na Muirlíní	Dún na nGall
	Sruthán na Latháí – Baile an Droichid	Dún na nGall
	Loch Iascaigh	Dún na nGall
	Gleann an Leacaigh	Dún na nGall
	An Leanainn	Dún na nGall
	Rúscraig	Dún na nGall
	Domhnach	Dún na nGall
	(Uisce) sléibhe & Loch loma	Muineachán
	An Casán-Proules	Muineachán /Lú
	Cill Mhaighneann (Níthe)	An Mhí
	Baile an Chaisleáin	Lú
	Abhainn Mhór (Lú)	Lú
	Loch Aillonn	Liatroim
	An Machaire	Muineachán
	An Duibh	Liatroim/Sligeach
	An Éirne	An Cabhán
	An Meithéan	Muineachán
	An Choillidh	An Cabhán/Liatroim
	Cill Rúscaí, Loch Cluster	Muineachán
	Loch Meilbhe agus an Drobhaois	Liatroim
	Teampall an Phoirt	An Cabhán
	An Rú	An Cabhán
	An Abhainn Bhuí (Béal an Átha Móir)	Liatroim
	Eanach Lao	An Cabhán
	Cluain Maine	Dún na nGall
	Málainn	Dún na nGall
	Loch na Stacán	Dún na nGall
	An Uinsinn	Sligeach
	Abhainn Sheanadh Croise/ Loch Theach an Teampla	Sligeach
	An Bhuanaid Uachtarach	Liatroim
	Loch Gile	Liatroim/Sligeach
	Loch Ghleann an Chairthe	Liatroim/Sligeach

\*Tá tuilleadh sonraí faoi na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta ar fáil ag [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie) agus [catchments.ie](http://catchments.ie)

Réigiún	Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta*	Údarás Áitiúla
<b>Iarthar</b>	Damhros	Gaillimh
	Sruthán Díseart Cléircheáin	Gaillimh
	Ráth na Fulrachta	Gaillimh
	Abhainn an Chnoic	Gaillimh
	Tír na Cille	Gaillimh
	Sraith Salach	Gaillimh
	Casla	Gaillimh
	An tOileán	Gaillimh
	An Caisleán Gearr	Gaillimh
	An tSuca	Gaillimh
	Baile an Iúir	Gaillimh
	Cill Abhaicín/ An tSionainn	Liatroim
	Claonloch/Foirbis	Liatroim/An Longfort
	Camlinn	An Longfort
	An Cheathrú Mhór	Maigh Eo
	Baile an Ghleanna	Maigh Eo
	Bun Dorcha	Maigh Eo
	Néifinn Bheag/ An Abhainn Gharbh	Maigh Eo
	Cluain Cearbán/Bun Abhann	Maigh Eo
	Baile Uí Fhiacháin	Maigh Eo
	Loch Measca agus Ceara	Maigh Eo
<b>Lár Tíre agus Oirthear</b>	Gleann Riabh	Maigh Eo /Sligeach
	Abhainn Gharbh/Baile Chathail	Maigh Eo /Sligeach
	Cluain Leamhais/An Ghleoir	Maigh Eo
	Loch Con agus Loch Cuilinn	Maigh Eo
	Caisleán an Bharraigh/Leathnocht	Maigh Eo
	An Daoil Uachtarach & an Daoil Íochtarach	Maigh Eo
	Carraig na mBráthar	Ros Comáin
	Tuilsce	Ros Comáin
	Jiggy/An Eidhneach	Ros Comáin
	Cluain Eich	Ros Comáin
	Loch Cé	Ros Comáin
	Tobar an Choire	Sligeach
	Béal Átha an Mhaide	Sligeach
	Maigh nEalta	An Mhí/An Cabhán

\*Tá tuilleadh sonraí faoi na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta ar fáil ag [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie) agus [catchments.ie](http://catchments.ie)

Réigiún	Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta*	Údaráis Áitiúla
	Loch Léinn/Sruthán na Daoile	An larmhí
	Baile an Bhúsaigh	An Mhí
	Áth Buí	An Mhí
	Loch na dTrí gCaol	An Cabhán
	Abhainn Dhubbh/Maigh Dearmhaí	Cill Dara/An Mhí
	Síleann (leis an Eithne)	An Mhí/An Cabhán/An larmhí
	Dairbhreach/An Abhainn Bhuí	An larmhí
	Loch Ainninn/Sruthán an Dísirt	An larmhí
	Rúscaille	An larmhí/Uíbh Fhailí
	Loch na Buaráí	Uíbh Fhailí
	Abhainn an Airgid (Cill Chormaic)	Uíbh Fhailí
	An Cláirín	Uíbh Fhailí
	Brosnach Bheag	Uíbh Fhailí/Tiobraid Árann
	An Dothra	Cathair Bhaile Átha Cliath/Dún Laoghaire-Ráth an Dúin/Áth Cliath Theas
	An Mhoiréil	Cill Dara
	Cluain Seanbhó/an Laidhrín	Cill Dara
	Abhainn Sheantraibh/na Maighne	Cathair Bhaile Átha Cliath /Fine Gall
	An Tulcha Uachtarach	Cathair Bhaile Átha Cliath /An Mhí/ Fine Gall
	Inbhear Bhaile Roiséir	Fine Gall
	An Ainge Uachtarach	An Mhí
	Cill Dhéaglán	An Mhí
	An Abha	Cill Mhantáin
	Abhainn Phoitéir agus Uisce Trí Mhíle	Cill Mhantáin
	An Deargail agus Carraig Mhaighin	Cill Mhantáin /Dún Laoghaire-Ráth an Dúin/ Áth Cliath Theas
	An Life Uachtarach	Cill Mhantáin
	An Abhainn Bheag-An Abhainn Mhór	Cill Mhantáin
	Bun Abha	Tiobraid Árann/Laois/Uíbh Fhailí

\*Tá tuilleadh sonraí faoi na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta ar fáil ag [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie) agus [catchments.ie](http://catchments.ie)

Réigiún	Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta*	Údaráis Áitiúla
Oirdheisceart	Boirinn	Ceatharlach
	Sliabh	Ceatharlach
	An Ghráine-an Lír	Cill Dara/Ceatharlach
	Sruthán Átha Í	Cill Dara/Laois
	Baile an Bhrúnaigh (Pococke)	Cill Chainnigh
	An Dubhuisce	Cill Chainnigh
	An Bhréagach (Cill Chainnigh)	Cill Chainnigh
	An Deighean (theas, príomhabhainn & Maigh Coillí)	Cill Chainnigh /Ceatharlach
	An Uaithne	Cill Chainnigh /Laois
	An tOircín	Laois
	An Abha Bheag (an Fheoire)	Laois
	Baile Átha an Róine	Laois
	Cearntar Chúil an tSúdaire	Laois/Cill Dara/Uíbh Fhailí
	Ára	Tiobraid Árann
	Buiríos Ó Luigheach	Tiobraid Árann
	An Ghlais Álainn	Tiobraid Árann
	An Loinneán	Tiobraid Árann
	Eatharlach	Tiobraid Árann /Luimneach
	An Chlóideach (Port Lách)	Port Láirge
	Abhainn Naomh Eoin	Port Láirge
	An Tatha	Port Láirge
	Coilleagán-Bríci-Cuan Dún Garbhán	Port Láirge
	Dún Aill	Port Láirge
	An tSubhaigh	Loch Garman
	Murlaigh Chósta Loch Garman	Loch Garman
	Abhainn an Bharra	Loch Garman
	An Urrainn	Loch Garman
	Cuan Loch Garman	Loch Garman
	An Abhainn Dubh (Loch Garman)	Loch Garman
	Banú	Loch Garman
	Cuan Phort Láirge	Loch Garman
	An tSláine	Cill Mhantáin /Ceatharlach
	An Doirín agus Dúglas (Cill Téagáin)	Cill Mhantáin /Ceatharlach
	Doire-An Cúl Buí-Ros na Sraithe	Cill Mhantáin /Ceatharlach

\*Tá tuilleadh sonraí faoi na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta ar fáil ag [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie) agus [catchments.ie](http://catchments.ie)

Réigiún	Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta*	Údarás Áitiúla
Iardheisceart	Córas an Dúnbhig	An Clár
	Córas an Licín	An Clár
	Loch Dúlocha agus Áth na gCaorach	An Clár
	An Aill (an Clár)	An Clár
	An Ghráine Íochtarach	An Clár
	Loch Inse Uí Chuinn & Loch an tSéideáin	An Clár
	Sealaí	An Clár
	Carraig an Chabhaltaigh	An Clár
	Áth Leathan	An Clár
	An Tuar & Loch na Gráine	An Clár / Gaillimh
	Abhainn Airglinn	Corcaigh
	Abhainn Ealla	Corcaigh
	An tÓigín	Corcaigh
	An Fhairche	Corcaigh
	Abhainn Áit Tí Uí Chorráin	Corcaigh
	Na Abha Bheag Thiar (Cill na Mallach)	Corcaigh
	Murlach Chill Chiaráin	Corcaigh
	Cloich na Coillte	Corcaigh
	Inbhear Droichead na Bandan	Corcaigh
	An Cheacha	Corcaigh
	Ros Ó gCairbre	Corcaigh
	Locha Lua	Corcaigh
	An Abhainn Bhúi	Corcaigh
	Abha Mháirtín	Corcaigh
	An Bhríde (Cathair Chorcaí)	Cathair Chorcaí
	An Chill / An Fhothrais	Corcaigh
	Carraig an Droichid	Corcaigh
	Mainistir na Corann	Corcaigh
	An Gleann	Corcaigh
	An Loch Fada/Abhainn na gCapall	Corcaigh
	Eadargóil	Corcaigh
	An Ghráig	Gaillimh
	An Chárthach Uachtarach	Ciarraí
	Baile an Mhuilinn (Ciarraí)	Ciarraí
	An Fhaiche Dhubh agus an Mhaing Uachtarach	Ciarraí

\*Tá tuilleadh sonraí faoi na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta ar fáil ag [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie) agus [catchments.ie](http://catchments.ie)

Réigiún	Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta*	Údaráis Áitiúla
Iardheisceart ar lean.	An Dianach	Ciarraí
	An Fhionnabha	Ciarraí
	An Óinseach	Ciarraí
	Loch Luíoch	Ciarraí
	An Eithne	Ciarraí
	An Abhainn Mhór	Ciarraí
	An Laoi (Trá Lí) & Inbhear	Ciarraí
	An Fhéil	Ciarraí
	Abhainn na Taibhse	Ciarraí
	Loch Goir	Luimneach
	An Chamóg	Luimneach
	An Abha Mheáin	Luimneach
	Drum Camóige	Luimneach
	An Ghrúda	Luimneach
	An Mhaoilchearn (Luimneach)	Luimneach
	An Daoil Uachtarach	Luimneach /Corcaigh
	Tuaim agus an Cheapach	Tiobraid Árann
	An Inse (Béal Átha Bó)	Tiobraid Árann
	An Abhainn Mharbh agus an Coitín	Tiobraid Árann
	An tAonach fochtarach agus Abhainn an Chláirín	Tiobraid Árann
	Béal Átha Fionnmhaí (Uachtarach)	Tiobraid Árann /Uíbh Fhailí
	Sruthán Lothra	Tiobraid Árann
	Gleann Abha Buí	Port Láirge
	An Luice	Port Láirge

\*Tá tuilleadh sonraí faoi na Limistéir le haghaidh Gníomhaíochta ar fáil ag [watersandcommunities.ie](http://watersandcommunities.ie) agus [catchments.ie](http://catchments.ie)





tithiocht.gov.ie

